C/2024/5451

10.10.2024

TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG AN gCÚIRT INIÚCHÓIRÍ

Cuntais bhliantúla an Chiste Eorpaigh Forbraíochta don bhliain airgeadais 2023

(C/2024/5451)

CLÁR

Leathanach

DEIMHNIÚ NA gCUNTAS 2

ACMHAINNÍ CEF A CHUR CHUN FEIDHME AGUS CUNTAS A THABHAIRT ORTHU 3

CISTÍ ARNA mBAINISTIÚ AG AN gCOIMISIÚN EORPACH 7

RÁITIS AIRGEADAIS CEF 9

RÁITIS AIRGEADAIS CHISTÍ IONTAOBHAIS AN AONTAIS ARNA gCOMHDHLÚTHÚ IN CEF 50

RÁITIS AIRGEADAIS CHISTE IONTAOBHAIS BÊKOU AN AONTAIS 2023 51

RÁITIS AIRGEADAIS EUTF DON AFRAIC 2023 58

RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE CEF AGUS CHISTÍ IONTAOBHAIS AN AONTAIS 65

TUARASCÁIL CEF AR CHUR CHUN FEIDHME AIRGEADAIS 70

DEIMNIÚ NA gCUNTAS

Ullmhaíodh cuntais bhliantúla an Chiste Eorpaigh Forbraíochta don bhliain 2023 i gcomhréir le Teideal X de Rialachán Airgeadais an 11ú Ciste Eorpaigh Forbraíochta agus leis na prionsabail chuntasaíochta, na rialacha agus na modhanna a leagtar amach sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

Aithním an fhreagracht atá orm maidir le hullmhú agus cur i láthair chuntais bhliantúla an Chiste Eorpaigh Forbraíochta i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán Airgeadais an 11ú Ciste Eorpaigh Forbraíochta.

Fuair mé ón oifigeach údarúcháin agus ó BEI, a ráthaíonn a hiontaofacht, an fhaisnéis go léir is gá chun na cuntais a chur ar fáil ina dtaispeántar sócmhainní agus dliteanais an Chiste Eorpaigh Forbraíochta agus cur chun feidhme buiséadach an chiste.

Deimhním leis seo bunaithe ar an bhfaisnéis sin, agus ar sheiceálacha den sórt sin de réir mar a mheasaim is gá chun na cuntais a thabhairt i gcrích, go bhfuil dearbhú réasúnach agam go dtugann na cuntais léargas fíor agus cothrom ar staid airgeadais an Chiste Eorpaigh Forbraíochta i ngach gné ábhartha.

Rosa ALDEA BUSQUETS

Oifigeach Cuntasaíochta

19 Meitheamh 2024

ACMHAINNÍ CEF A CHUR CHUN FEIDHME AGUS CUNTAS A THABHAIRT ORTHU

1. CÚLRA

Tá caidreamh comhoibritheach ag an Aontas Eorpach (dá ngairtear 'an tAontas' anseo feasta) le líon mór tíortha i mbéal forbartha. Is é an príomhchuspóir forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil a chur chun cinn, agus é mar phríomhaidhm an bhochtaineacht a laghdú agus a dhíothú go fadtéarmach trí chabhair um fhorbairt agus cúnamh teicniúil a sholáthar do thíortha is tairbhithe. Chun é sin a bhaint amach, déanann an tAontas, i gcomhpháirt le tíortha comhpháirtíochta, straitéisí comhair a dhréachtú agus na hacmhainní airgeadais chun iad a chur chun feidhme a shlógadh. Tagann na hacmhainní sin de chuid an Aontais a leithdháiltear ar chomhar um fhorbairt ó thrí fhoinse:

— Buiséad an Aontais Eorpaigh;

— An Ciste Eorpach Forbraíochta; agus

— An Banc Eorpach Infheistíochta.

Níl CEF á chistiú ag buiséad an Aontais. Bunaíodh é le Comhaontú Inmheánach de chuid Ionadaithe na mBallstát, atá ina suí laistigh den Chomhairle, agus atá á bhainistiú ag coiste sonrach. Tá an Coimisiún Eorpach (dá ngairtear an 'Coimisiún' anseo feasta) freagrach as cur chun feidhme airgeadais na n-oibríochtaí arna ndéanamh le hacmhainní CEF. Bainistíonn an Banc Eorpach Infheistíochta (dá ngairtear 'BEI' anseo feasta) an tSaoráid Infheistíochta.

Tá CEF comhdhéanta de CEFanna aonair. Tugtar gach CEF i gcrích ar feadh tréimhse thart ar 5 bliana agus é á rialú ag a Rialachán Airgeadais féin, lena gceanglaítear go n-ullmhófaí ráitis airgeadais shonracha. Ina theannta sin, déantar na ráitis airgeadais sin a chomhiomlánú ionas go dtabharfaidh siad léargas domhanda ar staid airgeadais na n-acmhainní dá bhfuil an Coimisiún freagrach.

Suas go dtí 2021, nuair a shroich an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta a chéim dheiridh de réir mar a tháinig an clásal éagtha i bhfeidhm an 31 Nollaig 2020, ba é an Ciste Eorpach Forbraíochta (dá ngairtear 'CEF' anseo feasta) an phríomhionstraim maidir le cabhair a sholáthar don chomhar forbartha do Stáit san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (dá ngairtear 'Stáit ACC' anseo feasta) agus do Thíortha agus Críocha Thar Lear. Déanfar comhar idir an tAontas agus tíortha ACC agus tíortha agus críocha thar lear a chistiú trí bhuiséad an Aontais ó 2021 ar aghaidh, áfach.

Faoi chuimsiú Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, bunaíodh an tSaoráid Infheistíochta, arna bainistiú ag BEI, agus úsáideadh í chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na hearnála príobháidí sna Stáit ACC trí mhaoiniú a thabhairt, go príomha ach ní go heisiach, d'infheistíochtaí príobháideacha. Tá an tSaoráid deartha mar chiste inathnuaite, ionas gur féidir aisíocaíochtaí iasachta a athinfheistiú in oibríochtaí eile, rud as a dtiocfaidh saoráid a bheidh neamhspleách ar bhonn airgeadais agus a bheidh in ann í féin a athnuachan. Ós rud é nach bhfuil an tSaoráid Infheistíochta á bainistiú ag an gCoimisiún, níl sí comhdhlúite sa chéad chuid de na cuntais bhliantúla – i ráitis airgeadais CEF ná sa tuarascáil ghaolmhar maidir le cur chun feidhme airgeadais. Áirítear ráitis airgeadais na Saoráide Infheistíochta, arna n-ullmhú ag BEI, mar chuid leithleach de na cuntais bhliantúla (cuid II) chun léargas iomlán a thabhairt ar chabhair um fhorbairt CEF.

2. CÉN CHAOI A nDÉANTAR CEF A CHISTIÚ?

Ghlac an Chomhairle an 2 Nollaig 2013 Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ([1]) lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh 2014–2020. Sa chomhthéacs sin, cinneadh nach ndéanfaí comhar geografach le Stáit ACC a chomhtháthú i mbuiséad an Aontais ach go leanfaí de bheith á mhaoiniú tríd an CEF idir-rialtasach atá ann cheana.

Murab ionann agus Buiséad an Aontais, is ciste é CEF a oibríonn ar bhonn na hilbhliantúlachta. Bunaítear ciste foriomlán le gach CEF chun comhar um fhorbairt a chur chun feidhme ar feadh tréimhse 5 bliana de ghnáth. Toisc go ndéantar acmhainní a leithdháileadh ar bhonn ilbhliantúil, féadfar na cistí arna leithdháileadh a úsáid le linn tréimhse CEF. Cuirtear i dtábhacht an easpa bliantúlachta buiséid sa tuairisciú buiséadach, i gcás ina ndéantar cur chun feidhme buiséadach CEFanna a thomhas in aghaidh na gcistí iomlána.

([1]) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014–2020 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 884, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1311/oj).

Is ranníocaíochtaí '*ad hoc*' ó Bhallstáit an Aontais iad acmhainní CEF. Thart ar gach 5 bliana, bhuail ionadaithe na mBallstát le chéile ar leibhéal idir-rialtasach agus rinne siad cinneadh maidir leis an méid foriomlán a leithdháilfear ar an gciste agus chun formhaoirseacht a dhéanamh ar a chur chun feidhme.

Bainistíonn an Coimisiún CEF i gcomhréir le beartas an Aontais maidir le comhar um fhorbairt. Ó tharla go bhfuil a mbeartais forbartha agus cabhrach féin ag na Ballstáit i gcomhthreo le beartas an Aontais, ní mór do na Ballstáit a gcuid beartais a chomhordú leis an Aontas chun a áirithiú go bhfuil siad comhlántach.

In éineacht leis na ranníocaíochtaí thuasluaite, is féidir leis na Ballstáit socruithe có-mhaoiniúcháin a dhéanamh freisin nó ranníocaíochtaí saorálacha airgeadais a dhéanamh le CEF.

3. GNÍOMHAÍOCHTAÍ CEF TAR ÉIS AN 31 NOLLAIG 2020

Cé gur dúnadh an 8ú CEF go hoifigiúil in 2021, nuair a dúnadh na conarthaí agus na cinntí airgeadais uile, níor léiríodh an dúnadh sin go hiomlán i gcuntais 2021 toisc go raibh roinnt orduithe aisghabhála, cásanna dlíthíochta san áireamh, fós gan réiteach. An 31 Nollaig 2022 bhí glansócmhainní EUR 180 milliún ag CEF. Úsáideadh an caipiteal agus na cúlchistí chun caillteanais charnacha an 8ú CEF a chumhdach agus rinneadh na hiarmhéideanna a bhí fágtha a aistriú chuig an 9ú CEF i gcomhréir le forálacha Chuid 3 den rialachán airgeadais ([2]) is infheidhme maidir leis an 9ú CEF.

Tá an Coimisiún ag obair faoi láthair chun an 9ú CEF a dhúnadh. Faoi láthair, tá 10 gconradh ar bun fós is ceart, i bprionsabal, teacht chun deiridh in 2024. Leanfaidh na conarthaí sin, arna gcistiú faoin 9ú CEF, de bheith gníomhach agus tiocfaidh siad i gcrích laistigh den tréimhse ama shonraithe, rud a rannchuideoidh le tabhairt i gcrích na ngníomhaíochtaí agus na dtionscadal a bhaineann leis an 9ú CEF. Ní féidir dúnadh iomlán an 9ú CEF a bhaint amach go dtí go dtiocfaidh deireadh leis na conarthaí uile agus tar éis a meastóireachtaí agus a n-iniúchtaí a thabhairt chun críche.

Tá dul chun cinn maith á dhéanamh maidir le dúnadh an 10ú CEF agus 96,1 % dá chonarthaí dúnta cheana féin. Tógfaidh sé tamall, áfach, na cinn atá fágtha a dhúnadh ar bhonn oibríochtúil agus airgeadais. Chun an dúnadh airgeadais a chur i gcrích, is gá na meastóireachtaí, na hiniúchtaí agus na haisghabhálacha uile is gá a sheoladh agus a thabhairt chun críche.

Shroich an 11ú CEF a chéim dheiridh de réir mar a tháinig an clásal éagtha i bhfeidhm an 31 Nollaig 2020. Socraítear scoithdháta le haghaidh gealltanas leis an gclásal sin, rud a chiallaíonn nach féidir tuilleadh comhaontuithe maoiniúcháin a shíniú faoin 11ú CEF amhail ó 2021. Mar sin féin, leanfar de chur chun feidhme na dtionscadal leanúnach arna gcistiú ag an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta go dtí go mbeidh siad tugtha chun críche.

I gcomhthéacs an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil 2021–2027 atá i bhfeidhm faoi láthair, comhtháthaítear comhar an Aontais le tíortha ACC san Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – an Eoraip Dhomhanda. Mar an gcéanna, tá an comhar le tíortha agus críocha thar lear cumhdaithe anois ag an gCinneadh maidir le Comhlachas Thar Lear. Ciallaíonn sé sin, cé go raibh na cláir CEF á gcistiú ag ranníocaíochtaí saorálacha Bhallstáit an Aontais suas go dtí 2021, go mbeidh na cláir forbartha á gcistiú trí bhuiséad an Aontais ó 2021 ar aghaidh. Tuigtear leis sin freisin go bhfuil cistiú na gclár forbartha faoi réir údarú Pharlaimint na hEorpa agus go gcaithfidh na hidirbhearta rialacháin airgeadais an Aontais a chomhlíonadh ar an gcaoi chéanna le cláir eile atá á gcistiú ag an Aontas.

4. TUAIRISCIÚ AG DEIREADH NA BLIANA

4.1. CUNTAIS BHLIANTÚLA

I gcomhréir le hAirteagal 18(3) de Rialachán Airgeadais CEF, ullmhaítear ráitis airgeadais CEF bunaithe ar rialacha cuntasaíochta ar bhonn fabhraithe atá bunaithe iad féin ar Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta na hEarnála Poiblí (IPSAS). Na rialacha cuntasaíochta sin a ghlac Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin, cuireann Institiúidí agus comhlachtaí uile an Aontais i bhfeidhm iad chun tacar rialacha comhchoiteanna a bhunú le haghaidh cuntasaíochta, luachála agus chur i láthair na gcuntas d'fhonn comhchuibhiú a dhéanamh ar an bpróiseas chun na ráitis airgeadais a tharraingt suas. Cuireann CEF na rialacha cuntasaíochta sin de chuid an Aontais i bhfeidhm freisin, agus cineál sonrach a chuid gníomhaíochtaí á chur san áireamh.

Cuirtear ullmhúchán chuntais bhliantúla CEF ar iontaoibh Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin arb éard atá ann Oifigeach Cuntasaíochta CEF agus áirithíonn sé go dtugann cuntais bhliantúla CEF léargas fíor agus cothrom ar staid airgeadais CEF.

([2]) IO L 83, 1.4.2003, lch. 27.

Cuirtear na cuntais bhliantúla i láthair mar a leanas:

Cuid I: Cistí atá á mbainistiú ag an gCoimisiún

(i) Ráitis airgeadais agus nótaí míniúcháin CEF

(ii) Ráitis airgeadais chistí iontaobhais an Aontais arna gcomhdhlúthú sa CEF

(iii) Ráitis airgeadais chomhdhlúite CEF agus chistí iontaobhais an Aontais

(iv) Tuarascáil ar chur chun feidhme airgeadais CEF

Cuid II: Tuarascáil bhliantúil maidir le cur chun feidhme - Cistí arna mbainistiú ag BEI

(i) Ráitis airgeadais na Saoráide Infheistíochta

Áirítear leis an gcuid 'Ráitis airgeadais chistí iontaobhais an Aontais arna gcomhdhlúthú sa CEF' ráitis airgeadais an dá chiste iontaobhais a cruthaíodh faoi CEF: Ciste Iontaobhais Bêkou de chuid an Aontais (féach an roinn 'Ráitis airgeadais Chiste Iontaobhais Bêkou de chuid an Aontais') agus Ciste Iontaobhais an Aontais don Afraic (féach an roinn 'Ráitis airgeadais Chiste Iontaobhais an Aontais don Afraic'). Ullmhaítear ráitis airgeadais aonair na gcistí iontaobhais faoi chúram Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin agus tá siad faoi réir iniúchta sheachtraigh arna dhéanamh ag iniúchóir príobháideach. Is figiúirí sealadacha iad figiúirí na gcistí iontaobhais atá áirithe sna cuntais bhliantúla sin.

Ní mór don Choimisiún cuntais bhliantúla CEF a ghlacadh tráth nach déanaí ná an 31 Iúil den bhliain tar éis dháta an chláir chomhardaithe agus ní mór dó iad a chur i láthair Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle lena n-urscaoileadh.

5. INIÚCHADH AGUS URSCAOILEADH


5.1. INIÚCHADH

Déanann iniúchóir seachtrach CEF, Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (dá ngairtear 'CIE' anseo feasta), iniúchadh ar chuntais bhliantúla CEF, agus tarraingíonn suas CIE tuarascáil bhliantúil le haghaidh Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

5.2. URSCAOILEADH

Is ionann an t-urscaoileadh agus an rialú críochnaitheach ar chur chun feidhme airgeadais acmhainní CEF le haghaidh bliain airgeadais ar leith. Tar éis iniúchadh a dhéanamh ar na cuntais bhliantúla agus iad a thabhairt chun críche, is ar an gComhairle a bhíonn an cúram moladh a dhéanamh, agus ansin is ar Pharlaimint na hEorpa a bhíonn an cúram cinneadh a dhéanamh, i dtaobh urscaoileadh a dheonú don Choimisiún maidir le cur chun feidhme airgeadais acmhainní CEF le haghaidh bliain airgeadais ar leith. Bíonn an cinneadh sin bunaithe ar athbhreithniú ar chuntais agus ar thuarascáil bhliantúil CIE (ina n-áirítear ráiteas oifigiúil dearbhaithe) agus freagraí an Choimisiúin ar cheisteanna agus breis iarrataí ar fhaisnéis ón údarás urscaoilte.

BUAICPHOINTÍ AN CHUR CHUN FEIDHME AIRGEADAIS 2023



* Glanmhéid, an 10ú & 11ú CEF amháin

Cur chun feidhme an bhuiséid

In 2023, rinneadh gealltanais aonair agus glaníocaíochtaí EUR 720 milliún agus EUR 2 053 milliún faoi seach faoin 10ú agus faoin 11ú CEF. Is é EUR 2 103,48 milliún atá i méid iomlán na n-íocaíochtaí comhlána le haghaidh CEF, méid a léiríonn 105,17 % den sprioc EUR 2 000 mhilliún a cuireadh in iúl do na Ballstáit.

In 2022 chinn an Chomhairle d'aon toil EUR 600 milliún de chistí saortha ón 10ú agus ón 11ú CEF a athúsáid chun gníomhaíochtaí a mhaoiniú ar gníomhaíochtaí iad lena dtugtar aghaidh ar an ngéarchéim slándála bia agus ar an turraing eacnamaíoch i dtíortha ACC tar éis chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine. Bhí an EUR 600 milliún sin geallta ag an gCoimisiún cheana féin agus d'eisíoc sé EUR 221 mhilliún in 2022, agus EUR 87 milliún ina dhiaidh sin in 2023.

Tionchar na ngníomhaíochtaí sna ráitis airgeadais

Sna ráitis airgeadais, tá tionchar na ngníomhaíochtaí thuasluaite níos feiceálaí nuair a fhéachtar ar na nithe seo a leanas:

— Réamh-mhaoiniú (féach nóta 2.2): laghdú EUR 356 mhilliún mar thoradh go príomha ar líon níos lú réamhíocaíochtaí a bheith á n-eisíoc. Is é is cúis leis an laghdú sin, den chuid is mó, an laghdú ar líon na gconarthaí nua a síníodh ó bhí 2021 ann. In 2021, EUR 2 118 milliún a bhí sna conarthaí nua, ar tháinig laghdú suntasach orthu go EUR 853 mhilliún in 2022. In 2023, d'fhan conarthaí nua ar an leibhéal sin, is é sin EUR 860 milliún, mar thoradh ar an gcinneadh ón gComhairle cistí nár úsáideadh a atreorú ón 10ú agus ón 11ú CEF chun cabhrú le tíortha ACC mar fhreagairt ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine;

— Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim (féach nóta 2.5): laghdú EUR 426 mhilliún mar gheall go príomha ar an laghdú ar ranníocaíochtaí ó dheontóirí, ar laghdú é ó EUR 2 500 milliún in 2022 go EUR 1 800 milliún in 2023;

— Muirir Fhabhraithe (féach nóta 2.8): laghdú EUR 147 milliún de thoradh an laghdaithe i líon na gconarthaí oscailte ag deireadh na bliana nach ndearnadh aon éileamh ar chostais a bhailíochtú ina leith faoi dheireadh na bliana; agus

— Caiteachais oibriúcháin (féach nóta 3.4): laghdú foriomlán EUR 608 milliún ar chostais oibriúcháin mar thoradh, den chuid is mó, ar an laghdú ar chostais a bhaineann le cabhair inchláraithe, le tionscadail taobh istigh de ACC agus le ranníocaíochtaí leis na Cistí Iontaobhais. D'ainneoin an mhéid sin, tháinig méadú ar chaiteachais a bhaineann le cabhair éigeandála toisc gur mar athúsáideadh cistí saortha ón 10ú agus 11ú CEF chun éifeachtaí diúltacha chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine i dtíortha ACC a chomhrac.

CISTÍ ARNA mBAINISTIÚ AG AN gCOIMISIÚN EORPACH

CLÁR

Leathanach

RÁITIS AIRGEADAIS CEF 9

CLÁR COMHARDAITHE CEF 10

RÁITEAS CEF MAIDIR LE FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS 11

RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID CEF 11

RÁITEAS CEF MAIDIR LE hATHRUITHE AR GHLANSÓCMHAINNÍ 13

CLÁR COMHARDAITHE DE RÉIR CEF 13

RÁITEAS MAIDIR LE FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS DE RÉIR CEF 15

RÁITEAS MAIDIR LE hATHRUITHE AR GHLANSÓCMHAINNÍ DE RÉIR CEF 16

NÓTAÍ A GHABHANN LE RÁITIS AIRGEADAIS CEF 19

RÁITIS AIRGEADAIS CHISTÍ IONTAOBHAIS AN AONTAIS ARNA gCOMHDHLÚTHÚ IN CEF 50

RÁITIS AIRGEADAIS CHISTE IONTAOBHAIS BÊKOU AN AONTAIS 2023 51

CLÁR COMHARDAITHE 55

RÁITEAS MAIDIR LE FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS 56

RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID 57

RÁITIS AIRGEADAIS EUTF DON AFRAIC 2023 58

CLÁR COMHARDAITHE 62

RÁITEAS MAIDIR LE FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS 63

RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID 64

RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE CEF AGUS CHISTÍ IONTAOBHAIS AN AONTAIS 65

CLÁR COMHARDAITHE COMHDHLÚITE 66

RÁITEAS COMHDHLÚITE MAIDIR LE FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS 67

RÁITEAS COMHDHLÚITE FAOI SHREABHADH AIRGID 67

RÁITEAS COMHDHLÚITE MAIDIR LE hATHRUITHE AR GHLANSÓCMHAINNÍ 69

TUARASCÁIL CEF AR CHUR CHUN FEIDHME AIRGEADAIS 70

RÁITIS AIRGEADAIS CEF ([3])

([3]) Ba cheart a thabhairt faoi deara, i ngeall ar shlánú na bhfigiúirí go dtí na milliúin euro, go bhféadfadh an chuma a bheith ar an scéal nach bhfuil roinnt sonraí airgeadais sna táblaí thíos suimithe i gceart.

CLÁR COMHARDAITHE CEF

EUR milliún

	Nóta	31.12.2023	31.12.2022
SÓCMHAINNÍ NEAMHREATHA			
Sócmhainní airgeadais	2.1	*87*	*67*
Réamh-mhaoiniú	2.2	*574*	*488*
Ranníocaíochtaí le Ciste Iontaobhais	2.3	*216*	*254*
Earraí infhaighte malairte	2.4	*5*	*7*
		883	**816**
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Sócmhainní Airgeadais	2.1	*3*	*3*
Réamh-mhaoiniú	2.2	*954*	*1 396*
Earraí infhaighte malairte agus méideanna in-aisghabhála neamh-mhalairte	2.4	*24*	*27*
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	2.5	*601*	*1 027*
		1 583	**2 454**
IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ		**2 466**	**3 270**
DLITEANAIS NEAMHREATHA			
Dliteanais airgeadais	2.6	*(5)*	*(7)*
		(5)	**(7)**
DLITEANAIS REATHA			
Suimeanna iníoctha	2.7	*(391)*	*(426)*
Muirir fhabhraithe	2.8	*(984)*	*(1 131)*
		(1 375)	**(1 558)**
IOMLÁN NA nDLITEANAS		**(1 380)**	**(1 565)**
GLANSÓCMHAINNÍ		**1 086**	**1 705**
CISTÍ & CÚLCHISTÍ			
Caipiteal ciste glaoite - CEFanna gníomhacha	2.9	*54 566*	*65 100*
Caipiteal ciste glaoite ó CEFanna dúnta tugtha ar aghaidh	2.9	*2 252*	*2 252*
Toradh eacnamaíoch tugtha ar aghaidh ó bhlianta roimhe seo		*(53 484)*	*(62 834)*
Toradh eacnamaíoch na bliana		*(2 249)*	*(2 813)*
GLANSÓCMHAINNÍ		**1 086**	**1 705**

RÁITEAS CEF MAIDIR LE FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS

EUR milliún

	Nóta	2023	2022
IONCAM			
Ioncam ó idirbhearta neamh-mhalairte			
Gníomhaíochtaí gnóthaithe	3.1	*14*	*18*
		14	**18**
Ioncam ó idirbhearta malairte			
Ioncam airgeadais	3.2	*9*	*2*
Ioncam eile	3.2	*43*	*77*
		52	**80**
Ioncam iomlán		**65**	**98**
CAITEACHAIS			
Arna chur chun feidhme ag eintitis eile	3.3	*(3)*	*(1)*
Ionstraimí cabhrach	3.4	*(2 181)*	*(2 789)*
Caiteachais chómhaoiniúcháin	3.5	*(8)*	*4*
Costais airgeadais	3.6	*(7)*	*(6)*
Caiteachais eile	3.7	*(116)*	*(119)*
Caiteachais iomlána		**(2 315)**	**(2 911)**
TORADH EACNAMAÍOCH NA BLIANA		**(2 249)**	**(2 813)**

RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID CEF

EUR milliún

	Nóta	2023	2022
Toradh eacnamaíoch na bliana		*(2 249)*	*(2 813)*
Gníomhaíochtaí oibriúcháin			
Méadú caipitil - ranníocaíochtaí (glan)		*1 630*	*2 458*
(Méadú)/laghdú ar ranníocaíochtaí i gcistí iontaobhais		*37*	*128*
(Méadú)/laghdú ar réamh-mhaoiniú		*356*	*239*
(Méadú)/laghdú ar earraí infhaighte malairte agus méideanna in-aisghabhála neamh-mhalairte		*4*	*5*
Méadú/(laghdú) ar fhorálacha		*2*	*1*
Méadú/(laghdú) ar dhliteanais airgeadais		*(3)*	*(1)*
Méadú/(laghdú) ar shuimeanna iníoctha		*(35)*	*(75)*
Méadú/(laghdú) ar mhuirir fhabhraithe agus ioncam iarchurtha		*(148)*	*123*
Gluaiseachtaí eile nach gluaiseachtaí airgid iad		*–*	*–*

EUR milliún

	Nóta	2023	2022
Gníomhaíochtaí infheistíochta			
*(Méadú)/laghdú ar shócmhainní airgeadais neamhdhíorthacha ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh**		*(20)*	*(31)*
GLANSREABHADH AIRGID		**(426)**	**34**
Glanmhéadú/(glanlaghdú) ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim		*(426)*	*34*
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag tús na bliana	2.5	*1 027*	*994*
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag deireadh bliana	2.5	*601*	*1 027*

RÁITEAS CEF MAIDIR LE hATHRUITHE AR GHLANSÓCMHAINNÍ

EUR milliún

	Caipiteal ciste - CEFanna gníomhacha (A)	Cistí neamhghlaoite - CEFanna gníomhacha (B)	Caipiteal ciste glaoite - CEFanna gníomhacha (C) = (A)-(B)	Cúlchistí Carntha (D)	Caipiteal ciste glaoite ó CEFanna dúnta a tugadh ar aghaidh (E)	Cúlchiste cóirluacha (F)	Glansócmhainní Iomlána (C)+(D)+(E)+(F)
IARMHÉID AN 31.12.2021	**72 998**	**10 355**	**62 643**	**(62 834)**	**2 252**	–	**2 061**
Méadú caipitil - ranníocaíochtaí	*(43)*	*(2 500)*	*2 457*	–	–		*2 457*
Toradh eacnamaíoch na bliana	–	–	–	*(2 813)*	–		*(2 813)*
IARMHÉID AN 31.12.2022	**72 955**	**7 855**	**65 100**	**(65 647)**	**2 252**	–	**1 705**
Méadú caipitil - ranníocaíochtaí	*(185)*	*(1 815)*	*1 630*	–	–		*1 630*
Dúnadh an 8ú CEF	*(12 164)*		*(12 164)*	*12 164*	–		*(0)*
Toradh eacnamaíoch na bliana	–	–	–	*(2 249)*	–		*(2 249)*
IARMHÉID AN 31.12.2023	**60 607**	**6 040**	**54 566**	**(55 732)**	**2 252**	–	**1 086**

CLÁR COMHARDAITHE DE RÉIR CEF

EUR milliún

		31.12.2023					31.12.2022				
	Nóta	8ú CEF	9ú CEF	10ú CEF	11ú CEF	Iomlán	8ú CEF	9ú CEF	10ú CEF	11ú CEF	Iomlán
SÓCMHAINNÍ NEAMHREATHA											
Sócmhainní airgeadais	2.1	–	–	*14*	*73*	*87*	–	–	*(1)*	*67*	*67*
Réamh-mhaoiniú	2.2	–	–	*447*	*127*	*574*	–	–	*221*	*267*	*488*
Ranníocaíochtaí le Ciste Iontaobhais	2.3	–	*31*	*9*	*176*	*216*	–	*31*	*9*	*213*	*254*
Earraí infhaighte malairte	2.4	–	–	–	*5*	*5*	–	–	–	*7*	*7*
		–	**31**	**470**	**381**	**883**	–	**31**	**229**	**555**	**816**
SÓCMHAINNÍ REATHA											
Sócmhainní Airgeadais	2.1	–	–	–	*3*	*3*	–	–	–	*3*	*3*

EUR milliún

	Nóta	31.12.2023					31.12.2022				
		8ú CEF	9ú CEF	10ú CEF	11ú CEF	Iomlán	8ú CEF	9ú CEF	10ú CEF	11ú CEF	Iomlán
Réamh-mhaoiniú	2.2	–	*5*	*113*	*835*	*954*	–	*14*	*427*	*954*	*1 396*
Earraí infhaighte malairte agus méideanna in-aisghabhála neamh-mhalairte	2.4	–	–	*10*	*14*	*24*	–	–	*10*	*16*	*27*
Cuntais idir-CEF		–	*(200)*	*426*	*(226)*	–	*180*	*(369)*	*803*	*(612)*	–
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	2.5	–	–	–	*601*	*601*	–	–	–	*1 027*	*1 027*
		–	**(195)**	**549**	**1 229**	**1 583**	**180**	**(355)**	**1 240**	**1 389**	**2 454**
IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ		–	**(163)**	**1 020**	**1 610**	**2 466**	**180**	**(324)**	**1 469**	**1 945**	**3 270**
DLITEANAIS NEAMHREATHA											
Dliteanais airgeadais	2.6	–	–	–	*(5)*	*(5)*	–	–	*(0)*	*(7)*	*(7)*
		–	–	–	**(5)**	**(5)**	–	–	**(0)**	**(7)**	**(7)**
DLITEANAIS REATHA						–					
Suimeanna iníoctha	2.7	–	–	*(63)*	*(328)*	*(391)*	–	*(0)*	*(34)*	*(391)*	*(426)*
Muirir fhabhraithe	2.8	–	–	*(129)*	*(855)*	*(984)*	–	*(7)*	*(119)*	*(1 006)*	*(1 131)*
		–	–	**(192)**	**(1 183)**	**(1 375)**	–	**(7)**	**(153)**	**(1 397)**	**(1 558)**
IOMLÁN NA nDLITEANAS		–	–	**(192)**	**(1 188)**	**(1 380)**	–	**(7)**	**(153)**	**(1 404)**	**(1 565)**
GLANSÓCMHAINNÍ		–	**(163)**	**827**	**422**	**1 086**	**180**	**(331)**	**1 315**	**541**	**1 705**
Caipiteal ciste glaoite - CEFanna gníomhacha	2.9	–	*10 442*	*20 834*	*23 290*	*54 566*	*12 164*	*10 450*	*20 960*	*21 527*	*65 100*
Caipiteal ciste glaoite ó CEFanna dúnta tugtha ar aghaidh	2.9	–	*2 252*	–	–	*2 252*	*627*	*1 625*	–	–	*2 252*
Aistrithe den chaipiteal ciste glaoite idir CEFanna gníomhacha	2.9	–	*(509)*	*(120)*	*628*	–	*(2 513)*	*2 010*	*(38)*	*541*	-
Toradh eacnamaíoch tugtha ar aghaidh ó bhlianta roimhe seo		–	*(12 350)*	*(19 607)*	*(21 527)*	*(53 484)*	*(10 098)*	*(14 410)*	*(19 325)*	*(19 001)*	*(62 834)*

EUR milliún

	Nóta	31.12.2023					31.12.2022				
		8ú CEF	9ú CEF	10ú CEF	11ú CEF	Iomlán	8ú CEF	9ú CEF	10ú CEF	11ú CEF	Iomlán
Toradh eacnamaíoch na bliana		–	*1*	*(280)*	*(1 970)*	*(2 249)*	–	*(6)*	*(282)*	*(2 526)*	*(2 813)*
GLANSÓCMHAINNÍ		–	**(163)**	**827**	**422**	**1 086**	**180**	**(331)**	**1 315**	**541**	**1 705**

RÁITEAS MAIDIR LE FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS DE RÉIR CEF

EUR milliún

	Nóta	2023					2022				
		8ú CEF	9ú CEF	10ú	11ú CEF	Iomlán	8ú CEF	9ú CEF	10ú CEF	11ú CEF	Iomlán
IONCAM											
Ioncam ó idirbhearta neamh-mhalairte											
Gníomhaíochtaí gnóthaithe	3.1	–	–	*2*	*12*	*14*	–	*(1)*	*(8)*	*28*	*18*
		–	–	**2**	**12**	**14**	–	**(1)**	**(8)**	**28**	**18**
Ioncam ó idirbhearta malairte											
Ioncam airgeadais	3.2	–	–	*(1)*	*10*	*9*	–	–	*2*	*1*	*2*
Ioncam eile	3.2	–	*2*	*4*	*37*	*43*	–	*3*	*8*	*66*	*77*
		–	**2**	**4**	**46**	**52**	–	**3**	**10**	**67**	**80**
Ioncam iomlán		–	**2**	**5**	**58**	**65**	–	**1**	**2**	**94**	**98**
CAITEACHAIS											
Arna chur chun feidhme ag eintitis eile	3.3	–	–	–	*(3)*	*(3)*	–	–	–	*(1)*	*(1)*
Ionstraimí cabhrach	3.4	–	*1*	*(276)*	*(1 906)*	*(2 181)*	–	*(5)*	*(295)*	*(2 489)*	*(2 789)*
Caiteachais chómhaoiniúcháin	3.5	–	–	–	*(8)*	*(8)*	–	–	*22*	*(18)*	*4*
Costais airgeadais	3.6	–	*1*	*(2)*	*(6)*	*(7)*	*1*	*2*	*(3)*	*(5)*	*(6)*

EUR milliún

	Nóta	2023					2022				
		8ú CEF	9ú CEF	10ú	11ú CEF	Iomlán	8ú CEF	9ú CEF	10ú CEF	11ú CEF	Iomlán
Caiteachais eile	3.7	-	*(3)*	*(8)*	*(106)*	*(116)*	–	*(5)*	*(8)*	*(107)*	*(119)*
Caiteachais iomlána		–	**(1)**	**(286)**	**(2 028)**	**(2 315)**	**1**	**(7)**	**(284)**	**(2 620)**	**(2 911)**
TORADH EACNAMAÍOCH NA BLIANA		–	**1**	**(280)**	**(1 970)**	**(2 249)**	**1**	**(6)**	**(282)**	**(2 526)**	**(2 813)**

RÁITEAS MAIDIR LE hATHRUITHE AR GHLANSÓCMHAINNÍ DE RÉIR CEF

EUR milliún

8ú CEF	Caipiteal ciste - CEFanna gníomhacha (A)	Cistí neamhghlaoite - CEFanna gníomhacha (B)	Caipiteal ciste glaoite - CEFanna gníomhacha (C) = (A)-(B)	Cúlchistí Carntha (D)	Caipiteal ciste glaoite ó CEFanna dúnta a tugadh ar aghaidh (E)	Aistrithe den chaipiteal ciste glaoite idir CEFanna gníomhacha (F)	Glansócmhainní Iomlána (C)+(D)+(E)+(F)
IARMHÉID AN 31.12.2021	**12 164**	–	**12 164**	**(10 098)**	**627**	**(2 512)**	**181**
Aistrithe chuig/ón 10ú CEF			–			*(1)*	*(1)*
IARMHÉID AN 31.12.2022	**12 164**	–	**12 164**	**(10 098)**	**627**	**(2 513)**	**180**
Dúnadh an 8ú CEF	*(12 164)*		*(12 164)*	*10 098*	*(627)*	*2 513*	*(180)*
IARMHÉID AN 31.12.2023	–	–	–	–	–	–	–

EUR milliún

9ú CEF	Caipiteal ciste - CEFanna gníomhacha (A)	Cistí neamhghlaoite - CEFanna gníomhacha (B)	Caipiteal ciste glaoite - CEFanna gníomhacha (C) = (A)-(B)	Cúlchistí Carntha (D)	Caipiteal ciste glaoite ó CEFanna dúnta a tugadh ar aghaidh (E)	Aistrithe den chaipiteal ciste glaoite idir CEFanna gníomhacha (F)	Glansócmhainní Iomlána (C)+(D)+(E)+(F)
IARMHÉID AN 31.12.2021	**10 507**	**15**	**10 492**	**(14 410)**	**1 625**	**2 018**	**(274)**
Aistrithe chuig/ón 10ú CEF		–	–				–
Aistrithe chuig/ón 10ú CEF			–			*(8)*	*(8)*

ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/5451/oj

EUR milliún

9ú CEF	Caipiteal ciste - CEFanna gníomhacha (A)	Cistí neamhghlaoite - CEFanna gníomhacha (B)	Caipiteal ciste glaoite - CEFanna gníomhacha (C) = (A)-(B)	Cúlchistí Carntha (D)	Caipiteal ciste glaoite ó CEFanna dúnta a tugadh ar aghaidh (E)	Aistrithe den chaipiteal ciste glaoite idir CEFanna gníomhacha (F)	Glansócmhainní Iomlána (C)+(D)+(E)+(F)
Aisíocaíocht leis na Ballstáit	*(43)*		*(43)*				*(43)*
Toradh eacnamaíoch na bliana			–	*(6)*			*(6)*
IARMHÉID AN 31.12.2022	**10 464**	**15**	**10 450**	**(14 416)**	**1 625**	**2 010**	**(331)**
Méadú caipitil - ranníocaíochtaí		*(15)*	*15*				*15*
Aistrithe ó/chuig an 10ú agus an 11ú CEF			–			*(4)*	*(4)*
Aisíocaíocht leis na Ballstáit	*(22)*		*(22)*				*(22)*
Dúnadh an 8ú CEF				*2 066*	*627*	*(2 514)*	*179*
Toradh eacnamaíoch na bliana			–	*1*		–	*1*
IARMHÉID AN 31.12.2023	**10 442**	–	**10 442**	**(12 348)**	**2 252**	**(509)**	**(163)**

EUR milliún

10ú CEF	Caipiteal ciste - CEFanna gníomhacha (A)	Cistí neamhghlaoite - CEFanna gníomhacha (B)	Caipiteal ciste glaoite - CEFanna gníomhacha (C) = (A)-(B)	Cúlchistí Carntha (D)	Caipiteal ciste glaoite ó CEFanna dúnta a tugadh ar aghaidh (E)	Glansócmhainní Iomlána (C)+(D)+(E)+(F)
IARMHÉID AN 31.12.2021	**20 960**	–	**20 960**	**(19 324)**	**101**	**1 737**
Aistrithe ó/chuig an 8ú agus 9ú CEF			–		*9*	*9*
Aistrithe chuig/ón 11ú CEF			–		*(148)*	*(148)*
Toradh eacnamaíoch na bliana			–	*(282)*		*(282)*
IARMHÉID AN 31.12.2022	**20 960**	–	**20 960**	**(19 606)**	**(38)**	**1 315**
Aistrithe ó/chuig an 8ú agus 9ú CEF			–		*6*	*6*
Aistrithe chuig/ón 11ú CEF		–	–		*(87)*	*(87)*
Aisíocaíocht leis na Ballstáit	*(126)*	–	*(126)*		–	*(126)*

EUR milliún

10ú CEF	Caipiteal ciste - CEFanna gníomhacha (A)	Cistí neamhghlaoite - CEFanna gníomhacha (B)	Caipiteal ciste glaoite - CEFanna gníomhacha (C) = (A)-(B)	Cúlchistí Carntha (D)	Caipiteal ciste glaoite ó CEFanna dúnta a tugadh ar aghaidh (E)	Glansócmhainní Iomlána (C)+(D)+(E)+(F)
Toradh eacnamaíoch na bliana		–	–	*(280)*	–	*(280)*
IARMHÉID AN 31.12.2023	**20 834**	–	**20 834**	**(19 886)**	**(120)**	**827**

EUR milliún

11ú CEF	Caipiteal ciste - CEFanna gníomhacha (A)	Cistí neamhghlaoite - CEFanna gníomhacha (B)	Caipiteal ciste glaoite - CEFanna gníomhacha (C) = (A)-(B)	Cúlchistí Carntha (D)	Caipiteal ciste glaoite ó CEFanna dúnta a tugadh ar aghaidh (E)	Aistrithe den chaipiteal ciste glaoite idir CEFanna gníomhacha (F)	Glansócmhainní Iomlána (C)+(D)+(E)+(F) +(G)
IARMHÉID AN 31.12.2021	**29 367**	**10 340**	**19 027**	**(19 002)**	–	**394**	**419**
Méadú caipitil - ranníocaíochtaí		*(2 500)*	*2 500*			*148*	*2 648*
Toradh eacnamaíoch na bliana			–	*(2 526)*		–	*(2 526)*
IARMHÉID AN 31.12.2022	**29 367**	**7 840**	**21 527**	**(21 528)**	–	**541**	**541**
Méadú caipitil - ranníocaíochtaí		*(1 800)*	*1 800*			*87*	*1 887*
Aisíocaíocht leis na Ballstáit	*(36)*		*(36)*				*(36)*
Toradh eacnamaíoch na bliana			–	*(1 970)*		–	*(1 970)*
IARMHÉID AN 31.12.2023	**29 331**	**6 040**	**23 290**	**(23 498)**	–	**628**	**422**

ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/5451/oj

NÓTAÍ A GHABHANN LE RÁITIS AIRGEADAIS CEF ([4])

([4]) Ba cheart a thabhairt faoi deara, i ngeall ar shlánú na bhfigiúirí go dtí na milliúin euro, go bhféadfadh an chuma a bheith ar an scéal nach bhfuil roinnt sonraí airgeadais sna táblaí suimithe i gceart.

1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA SHUNTASACHA

1.1. PRIONSABAIL CHUNTASAÍOCHTA

Is é is cuspóir do ráitis airgeadais faisnéis a sholáthar maidir le staid airgeadais, feidhmíocht airgeadais agus sreafaí airgid eintitis atá úsáideach do raon leathan páirtithe leasmhara.

Tá na comaoineacha foriomlána (nó na prionsabail chuntasaíochta) a bheidh le comhlíonadh le linn ullmhú na ráiteas airgeadais leagtha síos i Riail Chuntasaíochta 1 de chuid an Aontais 'Ráitis Airgeadais' agus tá siad mar an gcéanna leo sin a thuairiscítear in IPSAS 1: cur i láthair cóir, bunús fabhraithe, gnóthas leantach, comhsheasmhacht maidir le cur i láthair, ábharthacht, comhiomlánú, frithváireamh agus faisnéis chomparáideach. Ábharthacht, léiriú dílis (iontaofacht), sothuigtheacht, tráthúlacht, inchomparáideacht agus infhíoraitheacht, is iad sin saintréithe cáilíochtúla an tuairiscithe airgeadais.

1.2. BUNÚS AN ULLMHÚCHÁIN

1.2.1. *Tréimhse tuairiscithe*

Cuirtear ráitis airgeadais i láthair go bliantúil. Tosaíonn an bhliain chuntasaíochta an 1 Eanáir agus críochnaíonn sí an 31 Nollaig.

1.2.2. *Airgeadra agus an bunús i gcomhair tiontaithe*

Cuirtear na cuntais bhliantúla i láthair in euro, toisc gurb é an euro airgeadra feidhmiúil an Aontais. Aistrítear idirbhearta in airgeadra eachtrach go euro, trí úsáid a bhaint as na rátaí malairte atá i réim ar dhátaí na n-idirbheart. Gnóthachain agus caillteanais malairte eachtraí mar thoradh ar idirbhearta airgeadra eachtraigh a shocrú agus ar ath-aistriú rátaí malairte na sócmhainní agus na ndliteanas airgeadaíochta arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha ag deireadh na bliana, aithnítear iad sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais. Tá feidhm ag modhanna difriúla tiontaithe maidir le réadmhaoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe, rudaí a choinníonn a luach in euro ar an dáta ar ceannaíodh iad.

Iarmhéideanna sócmhainní agus dliteanas airgeadaíochta deireadh bliana, arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha, déantar iad a aistriú go euro ar bhonn rátaí malairte an Bhainc Ceannais Eorpaigh a bhfuil feidhm leo an 31 Nollaig.

Rátaí malairte in Euro

Airgeadra	31.12.2023	31.12.2022	Airgeadra	31.12.2023	31.12.2022
BGN	**1,9558**	1,9558	**PLN**	**4,3395**	4,6808
CZK	**24,724**	24,1160	**RON**	**4,9756**	4,9495
DKK	**7,4529**	7,4365	**SEK**	**11,096**	11,1218
GBP	**0,86905**	0,88693	**CHF**	**0,926**	0,9847
NOK	**11,2405**	10,5138	**JPY**	**156,33**	140,6600
HUF	**382,8**	400,8700	**USD**	**1,105**	1,0666

1.2.3. *Measatacháin a úsáid*

I gcomhréir le IPSAS agus le prionsabail chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo, is gá méideanna atá bunaithe ar mheastacháin agus ar thoimhdí ón mbainistíocht bunaithe ar an bhfaisnéis is iontaofa atá ar fáil a áireamh leis na ráitis airgeadais. Áirítear le meastacháin shuntasacha an méid seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dó: méideanna le haghaidh dliteanais sochair fostaithe, riosca airgeadais na gcuntas infhaighte agus na méideanna a nochtar sna nótaí a bhaineann leis na hionstraimí airgeadais, lamháltas lagaithe le haghaidh sócmhainní airgeadais ar chostas amúchta agus le haghaidh dliteanais conartha ráthaíochta airgeadais, ioncam fabhraithe agus muirir fhabhraithe, forálacha, méid lagaithe na sócmhainní doláimhsithe agus na réadmhaoine, an ghléasra agus an trealaimh, glanluach inréadaithe fardal, sócmhainní agus dliteanas teagmhasach. D'fhéadfadh na torthaí iarbhír a bheith éagsúil leis na meastacháin sin.

Is cuid fhíor-riachtanach d'ullmhú na ráiteas airgeadais iad na measteacháin réasúnta agus ní dhéanann siad dochar dá n-iontaofacht. D'fhéadfadh gá a bheith le hathbhreithniú a dhéanamh ar mheastachán má tharlaíonn athruithe sna tosca ar ar bunaíodh an meastachán nó de thoradh faisnéise nua nó tuilleadh taithí. De réir chineál an mheastacháin, ní bhaineann an t-athbhreithniú ar mheastachán le tréimhsí roimhe agus ní ceartúchán earráide atá i gceist leis. Aithneofar éifeacht athraithe ar mheastachán cuntasaíochta sa bharrachas nó san easnamh sna tréimhsí a dtagann sé chun solais.

1.2.4. *Cur i bhfeidhm Rialacha Cuntasaíochta nua agus athbhreithnithe an Aontais Eorpaigh (EAR)*

EAR nua atá éifeachtach le haghaidh tréimhsí bliantúla dár tús an 1 Eanáir 2023 nó dá éis

Níl aon EAR nua ann atá éifeachtach le haghaidh tréimhsí bliantúla dár tús an 1 Eanáir 2023 nó dá éis.

EAR nua glactha ach níl sé éifeachtach go fóill an 31 Nollaig 2023

Níor glacadh aon EAR nua le linn 2023.

1.3. **CLÁR COMHARDAITHE**

1.3.1. *Sócmhainní airgeadais*

Aicmiú tráth na haitheanta tosaigh

Cinntear aicmiú na n-ionstraimí airgeadais tráth na haitheanta tosaigh. Bunaithe ar an tsamhail bhainistíochta agus ar shaintréithe an tsreafa airgid chonarthaigh sócmhainne, is féidir na sócmhainní airgeadais a aicmiú i dtrí chatagóir: 'Sócmhainní airgeadais ar chostas amúchta' (AC), 'sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí ghlansócmhainní/chothromas (FVNA), nó 'sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh' (FVSD).

(i) *Sócmhainní airgeadais ar chostas amúchta*

Is sócmhainní airgeadais neamhdhíorthacha iad na sócmhainní airgeadais ar chostas amúchta a chomhlíonann dhá choinníoll: (1) Tá siad i seilbh an eintitis chun na sreafaí airgid conarthacha a bhailiú. (2) Ar laethanta sonraithe, tá sreafaí airgid conarthacha ann nach bhfuil iontu ach íocaíochtaí na príomhshuime agus an úis ar an bpríomhshuim gan íoc.

Cuimsítear leis an gcatagóir sin an méid seo a leanas:

— Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim;

— Iasachtaí (lena n-áirítear taiscí téarma lena ngabhann aibíocht tosaigh de bhreis is 3 mhí);

— Earraí infhaighte malairte

Áirítear sócmhainní airgeadais ar chostas amúchta i sócmhainní reatha, ach amháin iad siúd lena ngabhann aibíocht de bhreis is 12 mhí ón dáta tuairiscithe.

(ii) *Sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí ghlansócmhainní/chothromas*

Tá sreafaí airgid conarthacha ag na sócmhainní airgeadais neamhdhíorthacha sin nach léiríonn ach an phríomhshuim agus an t-ús ar an bpríomhshuim gan íoc. Ina theannta sin, sealbhóidh an tsamhail bhainistíochta na sócmhainní airgeadais chun sreafaí airgid conarthacha a bhailiú agus chun na sócmhainní airgeadais a dhíol araon.

Aicmítear sócmhainní sa chatagóir seo mar shócmhainní reatha, má tá coinne leis go ndéanfar iad a réadú laistigh de 12 mhí ón dáta tuairiscithe.

Ní bhíonn sócmhainní den sórt sin i seilbh an eintitis ag deireadh na bliana.

(iii) *Sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh*

Déanann an t-eintiteas díorthaigh agus infheistíochtaí cothromais a aicmiú mar FVSD toisc nach léiríonn na sreafaí airgid conarthacha ach an phríomhshuim agus na húis ar an bpríomhshuim.

Ina theannta sin, déanann an t-eintiteas na hurrúis fiachais atá á sealbhú aige a aicmiú mar FVSD toisc go ndéantar bainistíocht agus meastóireacht ar phunanna na n-urrús fiachais ar bhonn luacha chóir na punainne.

Aicmítear sócmhainní sa chatagóir seo mar shócmhainní reatha, má tá coinne leis go ndéanfar iad a réadú laistigh de 12 mhí ón dáta tuairiscithe.

Aithint agus tomhas tosaigh

Ceannacháin sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh, aithnítear iad ar a ndáta trádála – an dáta a gheallann an t-eintiteas go gceannóidh sé an tsócmhainn. Aithnítear coibhéisí airgid thirim agus iasachtaí nuair a thaisctear an t-airgead in institiúid airgeadais nó nuair a réamhíoctar le hiasachtóirí é.

Tomhaistear sócmhainní airgeadais ar dtús báire ar luach cóir. Gach sócmhainn airgeadais nach dtugtar ar aghaidh ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh, cuirtear na costais idirbhirt leis an luach cóir tráth na haitheanta tosaigh. I gcás sócmhainní airgeadais a thugtar ar aghaidh ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh, caitear na costais idirbhirt sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais.

De ghnáth is éard a bhíonn i luach cóir sócmhainne airgeadais tráth na haitheanta tosaigh an praghas idirbhirt, ach amháin más idirbheart é nach bhfuil ar neamhthuilleamaí i.e. ní hann do chomaoin nó is ar éigean gur ann di chun críoch beartais phoiblí. Sa chás sin, is éard atá sa difríocht idir luach cóir na hionstraime airgeadais agus an praghas idirbhirt comhpháirt neamh-mhalairte a aithnítear mar chaiteachas sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais. Sa chás sin, díorthaítear luach cóir sócmhainne airgeadais ó idirbhearta margaidh reatha le haghaidh ionstraim atá coibhéiseach go díreach. Mura bhfuil aon mhargadh gníomhach ann le haghaidh na hionstraime, díorthaítear an luach cóir ó theicníc luachála a úsáideann sonraí atá ar fáil ó mhargaí inbhraite.

Tomhas dá éis sin

Tomhaistear sócmhainní airgeadais ar chostas amúchta dá éis sin ar chostas amúchta trí úsáid a bhaint as modh an úis ghlain.

Tomhaistear sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh dá éis sin ar luach cóir. Gnóthachain agus caillteanais ó athruithe ar an luach cóir (lena n-áirítear athruithe a eascraíonn ó aistriúchán malairte eachtraigh agus aon ús a thuilltear), déantar iad a áireamh sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais sa tréimhse ina dtarlaíonn siad.

Luach cóir ar thomhas dá éis sin

Tá luachanna córa na n-infheistíochtaí luaite i margaí gníomhacha bunaithe ar phraghsanna tairisceana reatha. Mura bhfuil an margadh le haghaidh sócmhainn airgeadais gníomhach (agus le haghaidh urrúis neamhliostaithe agus díorthaigh thar an gcuntar), bunaíonn an tAontas luach cóir trí theicnící luachála a úsáid. Áirítear leo sin úsáid idirbhearta ar neamhthuilleamaí le déanaí, tagairt d'ionstraimí eile atá mar an gcéanna go substaintiúil, anailís shreabhadh airgid lascainithe, samhlacha praghsála céadrogha agus teicnící luachála eile a úsáideann rannpháirtithe sa mhargadh go coitianta.

Infheistíochtaí i gcistí caipitil fiontair nach ngabhann praghas margaidh luaite leo i margadh gníomhach, déantar iad a luacháil ar an luach glansócmhainne is inchurtha, rud a mheastar mar choibhéis dá luach cóir.

Lagú sócmhainní airgeadais

Aithníonn agus tomhaiseann an tAontas caillteanas lagaithe le haghaidh caillteanais chreidmheasa ionchasacha ar shócmhainní airgeadais a thomhaistear ar chostas amúchta agus ar luach cóir trí ghlansócmhainní/chothromas.

Is éard atá sa chaillteanas creidmheasa ionchasach (ECL) luach reatha na difríochta idir na sreafaí airgid conarthacha agus na sreafaí airgid a bhfuil coinne ag an Aontas go bhfaighidh sé iad. Ionchorpraítear in ECL faisnéis réasúnach ar féidir tacú léi atá ar fáil gan costas míchuí nó iarracht mhíchuí ar an dáta tuairiscithe.

I gcás sócmhainní ar chostas amúchta, laghdaítear suim ghlanluacha na sócmhainne le méid an chaillteanais lagaithe a aithnítear sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais. Má tharlaíonn sé, i dtréimhse dá éis, go laghdaítear méid an chaillteanais lagaithe, déantar an caillteanas lagaithe a aithníodh roimhe sin a chealú tríd an ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais.

(a) *Earraí infhaighte*

Tomhaiseann an t-eintiteas an caillteanas lagaithe ar mhéid an ECL saoil, agus réitigh phraiticiúla á n-úsáid (e.g. maitrís sholáthair).

(b) *Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim*

Tá airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim i seilbh an eintitis i gcuntais bhainc reatha agus i dtaiscí téarma suas le 3 mhí. Sealbhaítear an t-airgead tirim i mbainc a bhfuil rátálacha creidmheasa an-ard acu, rud a fhágann go bhfuil dóchúlachtaí mainneachtana an-íseal acu. I bhfianaise na tréimhse giorra agus na dóchúlachtaí ísle mainneachtana, tá na caillteanais chreidmheasa ionchasacha ó airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim diomaibhseach. Ní aithnítear aon lamháltas lagaithe le haghaidh coibhéisí airgid thirim dá bharr sin.

(c) *Iasachtaí*

Tomhaistear ECL le samhail trí chéim a chuireann teagmhais mhainneachtana atá ualaithe ó thaobh dóchúlachta san áireamh le linn shaolré na sócmhainne airgeadais agus éabhlóid an riosca creidmheasa ó thionscnamh na sócmhainne airgeadais. I gcás iasachtaí, is ionann an tionscnamh agus dáta an ghealltanais iasachta neamh-inchúlghairthe

Mura dtagann aon mhéadú suntasach ar an riosca creidmheasa ó thráth an tionscnaimh ('céim 1'), is ionann an caillteanas lagaithe agus ECL ó theagmhais mhainneachtana fhéideartha as seo go ceann 12 mhí ón dáta tuairiscithe ('ECL 12 mhí'). Má thagann méadú suntasach ar an riosca creidmheasa ón túsphointe ('céim 2') nó má tá fianaise oibiachtúil ann de lagú creidmheasa ('céim 3'), is ionann an caillteanas lagaithe agus ECL ó theagmhais mhainneachtana fhéideartha thar shaolré iomlán na sócmhainne airgeadais ('ECL saolré')

Dí-aithint

Déantar ionstraimí airgeadais a dhí-aithint nuair a théann na cearta chun sreafaí airgid a fháil ó na hinfheistíochtaí in éag nó nuair a aistríonn an t-eintiteas gach riosca agus gach luaíocht úinéireachta go substaintiúil chuig páirtí eile. Aithnítear díol sócmhainní airgeadais trí bharrachas nó easnamh ar a ndáta trádála.

1.3.2. *Méideanna réamh-mhaoinithe*

Is íocaíocht é réamh-mhaoiniú atá beartaithe chun réamhíocaíocht airgid a sholáthar don tairbhí, i.e. cúlchnap. Féadfar é a dheighilt i roinnt íocaíochtaí thar thréimhse a shainítear sa chonradh, sa chinneadh, sa chomhaontú nó sa ghníomh bunúsach dlí. Úsáidtear an cúlchnap nó an réamhíocaíocht don chríoch dár soláthraíodh é le linn na tréimhse a shainítear sa chomhaontú nó aisíoctar é. Mura dtabhaíonn na tairbhithe caiteachas incháilithe, beidh sé de dhualgas orthu an réamhíocaíocht réamh-mhaoiniúcháin a sheoladh ar ais chuig an eintiteas. Dá réir sin, toisc go gcoinníonn an t-eintiteas smacht ar an réamh-mhaoiniú agus toisc go bhfuil sé i dteideal aisíocaíocht a fháil don chuid neamh-incháilithe, aithnítear an méid mar shócmhainn.

Aithnítear réamh-mhaoiniú ar dtús ar an gclár comhardaithe nuair a aistrítear airgead tirim chuig an bhfaighteoir. Tomhaistear é ag méid na comaoine a thugtar. I dtréimhsí dá éis, tomhaistear réamh-mhaoiniú ag an méid a aithnítear ar dtús ar an gclár comhardaithe lúide caiteachais incháilithe (lena n-áirítear méideanna measta i gcás inar gá) arna dtabhú le linn na tréimhse.

1.3.3. *Earraí infhaighte agus méideanna in-aisghabhála*

Le rialacha cuntasaíochta an Aontais ceanglaítear go ndéanfaí idirbhearta malairte agus idirbhearta neamh-mhalairte a chur i láthair ar leithligh. Chun idirdhealú a dhéanamh idir an dá chatagóir, forchoimeádtar an téarma 'infhaighte' le haghaidh idirbhearta malairte, ach i gcás idirbhearta neamh-mhalairte, i.e. i gcás ina fhaigheann an tAontas luach ó eintiteas eile gan thart ar luach cothrom a thabhairt go díreach sa mhalairt, úsáidtear an téarma 'méideanna in-aisghabhála' (e.g. méideanna in-aisghabhála ó Bhallstáit a bhaineann le hacmhainní dílse).

Comhlíonann earraí infhaighte ó idirbhearta malairte an sainmhíniú ar ionstraimí airgeadais. Rinne an t-eintiteas iad a aicmiú mar shócmhainní airgeadais ar chostas amúchta agus thomhais sé iad dá réir sin.

Tugtar méideanna in-aisghabhála ó idirbhearta neamh-mhalairte ar aghaidh ar luach cóir amhail ó dháta na héadála lúide an díluacháil maidir le lagú. Bunaítear díluacháil maidir le lagú i gcás ina bhfuil fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an t-eintiteas in ann na méideanna uile atá dlite de réir téarmaí bunaidh na méideanna in-aisghabhála a bhailiú. Is ionann méid na díluachála agus an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne agus an méid in-aisghabhála. Aithnítear méid na díluachála sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais.

1.3.4. *Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim*

Is sócmhainní airgeadais ar chostas amúchta iad airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim agus áirítear leo airgead ar láimh, taiscí arna sealbhú ar glao nó ar ghearrfhógra le bainc, agus infheistíochtaí fíorleachtacha gearrthéarmacha eile ag a bhfuil aibíochtaí bunaidh de 3 mhí nó níos lú.

1.3.5. *Suimeanna iníoctha*

I measc na gcuntas iníoctha tá méideanna a bhaineann le hidirbhearta malairte amhail ceannach earraí agus seirbhísí, agus le hidirbhearta neamh-mhalairte e.g. le héilimh ar chostais ó thairbhithe, deontais nó cistiú eile ón Aontas, nó réamh-mhaoiniú arna fháil (féach nóta **1.4.1**).

I gcás ina soláthraítear deontais nó cistiú eile do na tairbhithe, taifeadtar na héilimh ar chostas mar shuimeanna iníoctha don mhéid arna iarraidh, tráth a fhaightear an t-éileamh ar chostas. Tar éis na costais incháilithe a fhíorú agus a ghlacadh, déantar na suimeanna iníoctha a luacháil ag an méid incháilithe ar glacadh leis.

Aithnítear suimeanna iníoctha a eascraíonn as ceannach earraí agus seirbhísí tráth a fhaightear an sonrasc don mhéid bunaidh. Cuirtear na caiteachais chomhfhreagracha isteach sna cuntais nuair a sheachadtar na soláthairtí nó na seirbhísí agus nuair a ghlacann an t-eintiteas leo.

1.3.6. *Dliteanais airgeadais*

Aicmítear dliteanais airgeadais mar dhliteanais airgeadais a thugtar ar aghaidh ar chostas amúchta, mar dhliteanais airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh, nó mar dhliteanais conartha ráthaíochta airgeadais.

Aithnítear dliteanais airgeadais ar chostas amúchta ar dtús ar luach cóir lena n-áirítear costais idirbhirt a tabhaíodh agus a tugadh ar aghaidh dá éis ar chostas amúchta trí úsáid a bhaint as modh an úis ghlain. Dí-aithnítear iad ón ráiteas maidir leis an staid airgeadais má dhéantar an oibleagáid a urscaoileadh, a tharscaoileadh, a chealú nó má théann sé in éag, agus sna cásanna sin amháin.

Áirítear le dliteanais airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh díorthaigh i gcás ina bhfuil an luach cóir diúltach. I gcás ina n-éilítear leis an gconradh ráthaíochta go ndéanfadh an t-eintiteas íocaíochtaí mar fhreagairt ar athruithe ar phraghsanna ionstraimí airgeadais nó ar rátaí malairte eachtraí, is díorthach é an conradh. Leanann siad an láimhseáil chuntasaíochta chéanna le sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh.

Aithníonn an t-eintiteas dliteanas conartha ráthaíochta airgeadais nuair a dhéanann sé conradh lena gceanglaítear air íocaíochtaí sonraithe a dhéanamh chun an sealbhóir ráthaíochta a aisíoc i ndáil le caillteanas a thabhaíonn sé toisc go dteipeann ar fhéichiúnaí sonraithe íocaíocht a dhéanamh agus í dlite i gcomhréir le téarmaí bunaidh nó téarmaí modhnaithe ionstraime fiachais. Aithnítear dliteanais chonartha ráthaíochta airgeadais ar luach cóir ar dtús báire.

Bíonn an tomhas dá éis sin ag brath ar éabhlóid nochtadh an riosca creidmheasa ón ráthaíocht airgeadais. Mura mbíonn aon mhéadú suntasach ar an riosca creidmheasa (‘céim 1’), tomhaistear dliteanais ráthaíochta airgeadais ag an gceann is airde de na caillteanais chreidmheasa ionchasacha 12 mhí agus an méid arna haithint ar dtús, lúide, nuair is iomchuí, amúchadh carntha. Má bhíonn méadú suntasach ar an riosca creidmheasa (‘céim 2’), tomhaistear dliteanais ráthaíochta airgeadais ag an gceann is airde de na caillteanais chreidmheasa ionchasacha saolré agus an méid arna haithint ar dtús, lúide, nuair is iomchuí, amúchadh carntha.

Aicmítear dliteanais airgeadais mar dhliteanais nach dliteanais reatha iad, ach amháin aibíochtaí níos giorra ná 12 mhí tar éis dáta an chláir chomhardaithe. Ní aicmítear conarthaí ráthaíochta airgeadais mar dhliteanais reatha ach amháin má tá ceart neamhchoinníollach ag an eintiteas socraíocht an dliteanais a chur siar ar feadh 12 mhí ar a laghad tar éis an dáta tuairiscithe.

1.3.7. *Ioncam agus muirir fhabhraithe agus iarchurtha*

Aithnítear idirbhearta agus teagmhais sna ráitis airgeadais sa tréimhse lena mbaineann siad. Ag deireadh na bliana, más rud é nach bhfuil sonrasc eisithe go fóill ach gur soláthraíodh an tseirbhís, nó gur sheachaid an t-eintiteas na soláthairtí nó gurb ann do chomhaontú conarthach (e.g. faoi threoir conartha), aithneofar ioncam fabhraithe sna ráitis airgeadais. Ina theannta sin, ag deireadh na bliana, má eisítear sonrasc ach nár soláthraíodh na seirbhísí go fóill nó nár seachadadh na hearraí a soláthraíodh go fóill, cuirfear siar an t-ioncam agus aithneofar é sa tréimhse chuntasaíochta dá éis.

Tugtar cuntas freisin ar chaiteachais sa tréimhse lena mbaineann siad. Ag deireadh na tréimhse cuntasaíochta, aithnítear caiteachais fhabhraithe bunaithe ar mhéid measta d’oibleagáid aistrithe na tréimhse. Ríomhtar caiteachais fhabhraithe i gcomhréir le treoirlínte sonraithe oibríochtúla agus praiticiúla arna n-eisiúint ag an Oifigeach Cuntasaíochta. Is é is aidhm dóibh a áirithiú go dtugann na ráitis airgeadais léiriú dílis ar fheiniméin eacnamaíocha agus ar fheiniméin eile a airbheartaíonn siad a léiriú. De réir analaí, má dhéantar íocaíocht roimh ré as seirbhísí nó earraí nach bhfuarthas go fóill, déanfar an caiteachas a iarchur agus aithneofar í sa tréimhse chuntasaíochta dá éis.

1.4. **RÁITEAS MAIDIR LE FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS**

1.4.1. *Ioncam*

Cuimsítear le hioncam insreafaí comhlána de thairbhí eacnamaíocha nó de phoitéinseal seirbhíse arna fháil agus atá infhaighte ag an eintiteas, a léiríonn méadú ar ghlansócmhainní, seachas méaduithe a bhaineann le ranníocaíochtaí ó úinéirí.

Ag brath ar chineál na n-idirbheart is bun leis sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais, déantar ioncam a idirdhealú idir:

Ioncam ó idirbhearta neamh-mhalairte

Cánacha agus aistrithe atá san ioncam ó idirbhearta neamh-mhalairte, toisc go soláthraíonn an t-aistreoir acmhainní don eintiteas is faighteoir, gan an t-eintiteas is faighteoir a bheith ag soláthar tuairim is luach cothrom go díreach sa mhalairt. Is ionann aistrithe agus insreafaí de leasanna eacnamaíocha a bheidh ann amach anseo nó de phoitéinseal seirbhíse ó idirbhearta neamh-mhalairte, seachas cánacha. I gcás na n-eintiteas AE, cuimsítear leis na haistrithe den chuid is mó cistí arna bhfáil ón gCoimisiún (e.g. fóirdheontas comhardaithe do na gníomhaireachtaí traidisiúnta, fóirdheontas oibríochtúil le haghaidh na gcomhaontuithe tarmligin).

Aithneoidh an t-eintiteas sócmhainn i leith aistrithe i gcás ina rialaíonn an t-eintiteas na hacmhainní de thoradh teagmhais roimhe sin (an t-aistriú) agus i gcás ina mbíonn coinne aige leasanna eacnamaíocha a bheidh ann amach anseo nó poitéinseal seirbhíse a fháil ó na hacmhainní sin, agus i gcás inar féidir an luach cóir a thomhas go hiontaofa. Insreabhadh acmhainní ó idirbheart neamh-mhalairte a aithnítear mar shócmhainn (i.e. airgead tirim), aithnítear é mar ioncam freisin, ach amháin a mhéid atá oibleagáid reatha ar an eintiteas i leith an aistrithe sin (coinníoll), rud nach mór a chomhlíonadh sular féidir an t-ioncam a aithint. Déantar an t-ioncam a chur siar go dtí go gcomhlíontar an coinníoll agus aithnítear é mar dhliteanas.

Ioncam ó idirbhearta malairte

Aithnítear ioncam ó dhíol earraí agus seirbhísí i gcás ina n-aistrítear riosca suntasach agus luaíochtaí úinéireachta na n-earraí chuig an gceannaitheoir. Aithnítear ioncam atá bainteach le hidirbheart lena ndéantar seirbhísí a sholáthar faoi threoir chéim thabhairt i gcrích an idirbhirt ar an dáta maidir le tuairisciú.

(a) *Ioncam ó ús agus caiteachas ar ús*

Aithnítear ioncam ó ús agus caiteachas ar ús ó shócmhainní airgeadais agus ó dhliteanais airgeadais ar chostas amúchta sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais trí úsáid a bhaint as modh an úis ghlain. Is modh é sin chun costas amúchta sócmhainne airgeadais nó dliteanais airgeadais a ríomh agus chun an t-ioncam ó ús nó an caiteachas ar ús a leithdháileadh thar an tréimhse ábhartha.

(b) *Ioncam ó dhíbhinní*

Aithnítear ioncam ó dhíbhinní agus ó dháiltí comhchosúla i gcás ina mbunaítear an ceart maidir le híocaíocht a fháil.

(c) *Ioncam agus caiteachas ó shócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh*

Tagraíonn sé sin do ghnóthachain ar luach cóir (ioncam) agus caillteanais ar luach cóir (caiteachas) ó na sócmhainní airgeadais sin, lena n-áirítear iad sin a eascraíonn ó aistriúchán malairte eachtraigh. I gcás sócmhainní airgeadais úsmhara, áirítear ús leis sin freisin.

(d) *Ioncam ó chonarthaí ráthaíochta airgeadais*

Aithnítear an t-ioncam ó chonarthaí ráthaíochta airgeadais (préimh ráthaíochta) thar an tréimhse ina mbíonn an t-eintiteas réidh chun sealbhóir an chonartha ráthaíochta airgeadais a chúiteamh as an gcaillteanas creidmheasa a d'fhéadfadh sé a fhabhrú.

1.4.2. *Caiteachais*

Is laghduithe ar leasanna eacnamaíocha nó poitéinseal seirbhíse le linn na tréimhse tuairiscithe iad caiteachais i bhfoirm eis-sreafaí nó ídiú sócmhainní nó fabhrú dliteanas a mbíonn laghduithe ar ghlansócmhainní mar thoradh orthu. Áirítear leo na caiteachais ó idirbhearta malairte agus caiteachais ó idirbhearta neamh-mhalairte.

Aithnítear caiteachais ó idirbhearta malairte a eascraíonn ó cheannach earraí agus seirbhísí nuair a sheachadtar na soláthairtí agus nuair a ghlacann an t-eintiteas leo. Déantar iad a luacháil ag méid an tsonraisc bhunaidh. Ina theannta sin, ar dháta an chláir chomhardaithe, caiteachais a bhaineann leis an tseirbhís arna seachadadh le linn na tréimhse nach bhfuarthas sonrasc nó nár glacadh le sonrasc ina leith go fóill, aithnítear iad sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais.

Baineann caiteachais ó idirbhearta neamh-mhalairte le haistrithe chuig tairbhithe agus is féidir trí chineál caiteachas a bheith i gceist leo: teidlíochtaí, aistrithe faoi chomhaontú agus deontais, ranníocaíochtaí agus tabhartais lánroghnacha. Aithnítear aistrithe mar chaiteachais sa tréimhse inar tharla na teagmhais as ar eascair an t-aistriú, ar choinníoll go gceadaítear cineál an aistrithe le rialachán nó gur síníodh comhaontú lena n-údaraítear an t-aistriú; ar choinníoll gur chomhlíon an tairbhí aon chritéar incháilitheachta; agus ar choinníoll gur féidir meastachán réasúnta den tsuim a dhéanamh.

Nuair a fhaightear iarraidh ar éileamh íocaíochta nó costais agus nuair a chomhlíontar na critéir maidir le haitheantas, aithnítear é mar chaiteachas maidir leis an méid incháilithe. Ag deireadh na bliana, tugtar meastachán maidir le caiteachais incháilithe arna dtabhú agus atá dlite do na tairbhithe ach nach bhfuil tuairiscithe go fóill agus taifeadtar iad mar chaiteachas fabhraithe.

1.5. **SÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAIS THEAGMHASACHA**

1.5.1. *Sócmhainní teagmhasacha*

Is sócmhainn fhéideartha í sócmhainn theagmhasach a eascraíonn as teagmhais roimhe seo agus nach ndeimhneofar gurb ann di ach amháin i gcás ina dtarlóidh nó nach dtarlóidh teagmhas éiginnte amháin nó níos mó amach anseo nach bhfuil go hiomlán faoi rialú an eintitis. Nochtar sócmhainn theagmhasach i gcás ina bhfuil insreabhadh de leasanna eacnamaíocha nó de phoitéinseal seirbhíse dóchúil.

1.5.2. *Dliteanais theagmhasacha*

Is éard is dliteanas teagmhasach oibleagáid fhéideartha nach ndeimhneofar gurb ann di ach amháin i gcás ina dtarlóidh nó nach dtarlóidh teagmhas éiginnte amháin nó níos mó amach anseo nach bhfuil go hiomlán faoi rialú an eintitis; nó oibleagáid láithreach i gcás nach bhfuil sé dóchúil go gceanglófar eis-sreabhadh acmhainní ina gcuimsítear leasanna eacnamaíocha nó poitéinseal seirbhíse chun an oibleagáid a shocrú.

Tagann dliteanas teagmhasach chun cinn freisin sna himthosca neamhchoitianta ina bhfuil oibleagáid láithreach ach nach féidir í a thomhas le hiontaofacht leordhóthanach.

Ní aithnítear dliteanais theagmhasacha sna cuntais. Nochtar iad ach amháin má tá caolseans ann go dtarlóidh eis-sreabhadh acmhainní ina gcuimsítear leasanna eacnamaíocha nó poitéinseal seirbhíse.

1.6. **CAIPITEAL CISTE**

Soláthraíonn ballstáit CEF ranníocaíochtaí don Chiste chun cláir CEF a chur chun feidhme mar a leagtar síos i gComhaontú Inmheánach gach CEF. De réir an bhunúis dlí is infheidhme, cinntear na glaonna caipitil, i.e. na hiarrataí ar chistiú le haghaidh bliain N ar leith, le Cinneadh ón gComhairle i mbliain n-1, agus na cistí atá le fáil á sannadh go soiléir do gach tréimhse sonraithe sa todhchaí.

Comhlíonann na ranníocaíochtaí na critéir ranníocaíochta ó úinéirí (EAR 1) agus caitear leo dá bhrí sin mar chaipiteal ciste i ráitis airgeadais CEF. Léiríonn an caipiteal ciste an méid iomlán ranníocaíochtaí atá le fáil ó bhallstáit CEF. Toisc go n-asbhaintear go hoscailte an caipiteal ciste nach nglaoitear ón gcaipiteal ciste iomlán (féach an Ráiteas maidir le hAthruithe ar Ghlansócmhainní), ní aithnítear ach an caipiteal ciste glaoite sa Chlár Comhardaithe.

Toisc go sanntar na ranníocaíochtaí comhaontaithe do thréimhsí tuairiscithe sonraithe, agus nach dtagann éileamh dlíthiúil CEF in aghaidh bhallstáit CEF chun cinn ach amháin sna tréimhsí sin, aithnítear aon mhéid a fhaightear roimh ré mar ranníocaíochtaí caipitil iarchurtha faoi mhéideanna iníoctha seachas mar chaipiteal glaoite.

1.7. **CÓMHAOINIÚ**

Comhlíonann na ranníocaíochtaí cómhaoinithe a fuarthas na critéir maidir le hioncaim ó idirbhearta neamh-mhalairte faoi choinníollacha agus cuirtear i láthair mar shuimeanna iníoctha iad do na Ballstáit, do Stáit nach Ballstáit iad agus do dhreamanna eile. Ceanglaítear ar CEF na ranníocaíochtaí a úsáid chun seirbhísí a sholáthar do thríú páirtithe nó ceanglaítear ar shlí eile na sócmhainní a thabhairt ar ais (na ranníocaíochtaí a fuarthas). Léiríonn na suimeanna iníoctha atá gan íoc a bhaineann leis na comhaontuithe cómhaoinithe na ranníocaíochtaí cómhaoinithe a fuarthas lúide na caiteachais a tabhaíodh a bhaineann leis an tionscadal. Is nialas an éifeacht ar ghlansócmhainní.

Aithnítear caiteachais a bhaineann le tionscadail cómhaoinithe de réir mar a thabhaítear iad. Aithnítear an méid comhfhreagrach ranníocaíochtaí mar ioncam oibriúcháin agus tá an éifeacht ar thoradh eacnamaíoch na bliana cothrom le nialas.

2. NÓTAÍ A GHABHANN LEIS AN gCLÁR COMHARDAITHE

SÓCMHAINNÍ

2.1. SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS

Is ionann sócmhainn airgeadais agus aon sócmhainn ar ionann í agus:

(a) Airgead tirim;

(b) Ionstraim chothromais le heintiteas eile;

(c) Ceart conarthach: chun airgead nó sócmhainn airgeadais eile a fháil ó eintiteas eile; nó chun sócmhainní airgeadais nó dliteanais airgeadais a mhalartú le heintiteas eile de réir coinníollacha a d'fhéadfadh a bheith fabhrach don eintiteas; nó

(d) Conradh a shocrófar, nó a d'fhéadfaí a shocrú, in ionstraimí cothromais dílse an eintitis.

Aicmítear sócmhainní airgeadais sna catagóirí seo a leanas: 'sócmhainní airgeadais ar chostais amúchta', 'sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh' agus 'sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí ghlansócmhainní/chothromas'. Cinntear aicmiú na n-ionstraimí airgeadais tráth na haitheanta tosaigh agus déantar meastóireacht an athuair orthu ar gach dáta den chlár comhardaithe.

Cuimsítear le sócmhainní airgeadais CEF sócmhainní airgeadais ag FVSD agus iasachtaí agus is mar a leanas atá siad:

EUR milliún

	31.12.2023	31.12.2022
Neamhreatha		
Sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh (FVSD)	*70*	*61*
Iasachtaí	*16*	*5*
	87	**67**
Reatha		
Sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh (FVSD)	*3*	*3*
	3	**3**
Iomlán	**89**	**69**

Baineann an EUR 70 milliún de shócmhainní airgeadais ar FVSD le hinfheistíochtaí cothromais sna réimsí seo a leanas:

— Fuinneamh inbhuanaithe inathnuaite trí Climate Investor One, ElectriFI agus GEEREF;

— Maoiniú ionchuimsitheach do FBManna tuaithe agus d'fheirmeoirí beaga a chur chun cinn trí CHISTE ABC;

— Cuimsiú airgeadais in Uganda trí Mhaoiniú aBi; agus

— Poist agus fás inbhuanaithe a chruthú san Afraic tríd an tionscnamh 'Boost Africa'.

Baineann an EUR 16 mhilliún d'iasachtaí neamh-reatha le dhá phríomhréimse: talmhaíocht inbhuanaithe trí AgriFI agus rochtain ar leictreachas agus giniúint leictreachais ó fhoinsí fuinnimh inbhuanaithe trí shaoráid infheistíochta ElectriFI.

Baineann an EUR 3 mhilliún faoin gceannteideal sócmhainní airgeadais reatha go hiomlán le hinfheistíocht chothromais faoi ionstraim airgeadais ElectriFI atá ceaptha chun tionscadail bheaga luathchéime a mhaoiniú, lena ndírítear ar rochtain ar leictreachas agus ar ghiniúint leictreachais ó fhoinsí fuinnimh inbhuanaithe i margaí atá ag teacht chun cinn, le béim faoi leith ar an Afraic Fho-Shaharach.

2.2. **RÉAMH-MHAOINIÚ**

Tá foráil i gcuid mhaith conarthaí le haghaidh réamhíocaíochtaí sula gcuirtear tús le hoibreacha, sula seachadtar soláthairtí nó sula soláthraítear seirbhísí. Foráiltear uaireanta i sceidil íocaíochta na gconarthaí go ndéanfar íocaíochtaí bunaithe ar thuarascálacha dul chun cinn. Íoctar réamh-mhaoiniú de ghnáth in airgeadra na tíre nó na críche ina dtugtar an tionscadal chun críche.

Rialaíonn uainiú úsáid an réamh-mhaoiniúcháin cé acu an nochtar é mar réamh-mhaoiniú reatha nó neamhreatha. Sainítear an úsáid le comhaontú bunúsach an tionscadail. Aon úsáid a bhíonn dlite laistigh de 12 mhí tar éis an dáta tuairiscithe, nochtar í mar réamh-mhaoiniú reatha. Toisc gur tionscadail fhadtéarmacha a bhíonn i gceist le go leor de thionscadail CEF, is gá go mbeadh na réamhíocaíochtaí bainteacha ar fáil ar feadh níos mó ná 1 bhliain amháin. Taispeántar roinnt méideanna réamh-mhaoiniúcháin dá bhrí sin mar shócmhainní neamh-reatha.

EUR milliún

	Nóta	8ú CEF	9ú CEF	10ú CEF	11ú CEF	31.12.2023	31.12.2022
Réamh-mhaoiniú neamhreatha	2.2.1	–	–	*447*	*127*	*574*	*488*
Réamh-mhaoiniú reatha	2.2.2	–	*5*	*113*	*836*	*954*	*1 396*
Iomlán		–	**5**	**560**	**963**	**1 529**	**1 884**

Is féidir an laghdú EUR 356 mhilliún ar réamh-mhaoiniú an 31 Nollaig 2023 a mhíniú den chuid is mó mar gheall ar an laghdú ar réamh-mhaoiniú a íocadh le tairbhithe faoin 11ú CEF, a thit ó EUR 1 221 mhilliún in 2022 go EUR 963 mhilliún in 2023. Tá sé sin i gcomhréir le saolré CEF agus baineann sé freisin le forbairt líon na gconarthaí oscailte. Shroich an 11ú CEF aibíocht de réir mar a tháinig an clásal éagtha i bhfeidhm ag deireadh 2020. Dá bhrí sín, ón 1 Eanáir 2021 níorbh fhéidir aon chomhaontú maoiniúcháin eile a shíniú faoin 11ú CEF, ach is féidir conarthaí sonracha i leith na gcomhaontuithe atá ann faoi láthair a shíniú áfach. Mar thoradh air sin tháinig laghdú ar líon na gconarthaí nua arna síniú ó EUR 2 118 milliún in 2021 go dtí EUR 853 mhilliún in 2022 agus EUR 860 milliún in 2023.

Tháinig laghdú ar réamh-mhaoiniú ón 10ú CEF ó EUR 648 milliún in 2022 go EUR 560 milliún in 2023, rud a ailíníonn leis an ngnáth-threocht a tugadh faoi deara in 2021 agus atá i gcomhréir le saolré CEF.

Baineann EUR 427 milliún de réamh-mhaoiniú neamhreatha leis an réamh-mhaoiniú oscailte le haghaidh dhá chonradh faoi Chiste Iontaobhais Bonneagair an Aontais Eorpaigh don Afraic. Is é is aidhm don Chiste Iontaobhais sin tacaíocht airgeadais a chur ar fáil lena n-áirítear deontais do thionscadail bhonneagair mar aon le maoiniú fadtéarmach a chuireann maoinitheoirí tionscadail ar fáil. Trí chistí deontais den sórt sin a sholáthar, déantar soláthar maoinithe fhadtéarmaigh ag institiúidí airgeadais rannpháirteacha a ghiaráil. Tráth a síníodh na conarthaí, measadh go raibh cineál gníomhaíochtaí an Chiste Iontaobhais cumhdaithe go leordhóthanach leis an gcomhaontú (ní raibh teimplead ar bith ar fáil go fóill le haghaidh ionstraimí airgeadais, agus níor luadh an cineál sin ionstraime sa Rialachán). Dá thoradh sin, cláraíodh íocaíochtaí a rinneadh faoi na comhaontuithe sin mar réamh-mhaoiniú seachas mar chomhpháirt ionstraime airgeadais. Mar gheall ar chineál fadtéarmach na n-oibríochtaí arna gcur chun feidhme ag an gCiste Iontaobhais, tá imréiteach bliantúil shean-réamhmhaoiniú Chiste Iontaobhais Bonneagair an Aontais Eorpaigh don Afraic an-teoranta agus scaiptear amach é thar na blianta. Dá bhrí sin, chun léiriú níos fearr a thabhairt ar choinníollacha an tionscadail, rinneadh an réamh-mhaoiniú oscailte EUR 427 milliún a athaicmiú go réamh-mhaoiniú fadtéarmach (féach nóta **3.4**).

2.2.1. *Réamh-mhaoiniú neamhreatha de réir modh bainistíochta*

EUR milliún

	31.12.2023	31.12.2022
Bainistíocht Dhíreach		
Arna chur chun feidhme ag:		
An Coimisiún	*15*	*11*
Gníomhaireachtaí feidhmiúcháin an Aontais	*2*	*10*
Toscaireachtaí Aontais	*7*	*7*
	24	**28**

EUR milliún

	31.12.2023	31.12.2022
Bainistíocht Indíreach		
Arna chur chun feidhme ag:		
BEI agus CEI	*436*	*181*
Eagraíochtaí idirnáisiúnta	*74*	*221*
Comhlachtaí dlí príobháideacha ag a bhfuil misean seirbhíse poiblí	*16*	*16*
Comhlachtaí dlí phoiblí	*17*	*25*
Tríú tíortha	*7*	*16*
Comhlachtaí an Aontais agus Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí	–	*1*
	550	**460**
Iomlán	**574**	**488**

2.2.2. *Réamh-mhaoiniú reatha*

EUR milliún

	8ú CEF	9ú CEF	10ú CEF	11ú CEF	31.12.2023	31.12.2022
Réamh-mhaoiniú (comhlán)	–	*7*	*749*	*4 150*	*4 906*	*5 616*
Imréitithe trí scoitheadh	–	*(2)*	*(636)*	*(3 314)*	*(3 952)*	*(4 220)*
Iomlán	–	**5**	**113**	**835**	**954**	**1 396**

2.2.3. *Réamh-mhaoiniú reatha de réir modh bainistíochta*

EUR milliún

	31.12.2023	31.12.2022
Bainistíocht Dhíreach		
Arna chur chun feidhme ag:		
An Coimisiún	*55*	*85*
Gníomhaireachtaí feidhmiúcháin an Aontais	*3*	*10*
Toscaireachtaí Aontais	*82*	*105*
	140	**200**
Bainistíocht Indíreach		
Arna chur chun feidhme ag:		
BEI agus CEI	*87*	*209*
Eagraíochtaí idirnáisiúnta	*431*	*642*
Comhlachtaí dlí príobháideacha ag a bhfuil misean seirbhíse poiblí	*78*	*96*
Comhlachtaí dlí phoiblí	*98*	*116*

EUR milliún

	31.12.2023	31.12.2022
Tríú tíortha	*119*	*131*
Comhlachtaí an Aontais agus Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí	*1*	*2*
	814	**1 196**
Iomlán	**954**	**1 396**

2.2.4. *Ráthaíochtaí arna bhfáil i ndáil le réamh-mhaoiniú*

Sealbhaítear ráthaíochtaí chun réamh-mhaoiniú a áirithiú agus eisítear iad nuair a íoctar an t-éileamh deiridh faoi thionscadal.

EUR milliún

	31.12.2023	31.12.2022
Ráthaíochtaí i gcomhair réamh-mhaoinithe	*32*	*37*

Cuimsítear leis an EUR 32 mhilliún ráthaíochtaí atá beartaithe chun réamh-mhaoiniú arna íoc faoi bhainistíocht dhíreach a dhaingniú, agus is é CEF tairbhí na ráthaíochta. Mar sin féin, íoctar formhór an réamh-mhaoinithe faoin modh bainistíochta indírí, i gcás nach é CEF tairbhí na ráthaíochta ach gurb é an t-údarás conarthach é. Cé nach é CEF an tairbhí, déanann na ráthaíochtaí sin a sócmhainní a urrú. In 2023, EUR 426 mhilliún a bhí i luach iomlán na ráthaíochtaí sin.

2.3. **RANNÍOCAÍOCHTAÍ LE CISTE IONTAOBHAIS**

Léirítear leis an gceannteideal seo an méid a íocadh mar ranníocaíochtaí le Ciste Iontaobhais an Aontais don Afraic agus le Ciste Iontaobhais Bêkou de chuid an Aontais. Tá na ranníocaíochtaí glan ar na costais arna dtabhú ag na cistí iontaobhais agus tá siad inchurtha i leith CEF.

Cuirtear ranníocaíochtaí an chiste iontaobhais chun feidhme le CEF faoin modh bainistíochta dírí.

EUR milliún

	Glan-ranníocaíocht an 31.12.2022	Ranníocaíochtaí a íocadh in 2023	Leithdháileadh ghlanchaiteachais an Chiste Iontaobhais 2023	Glan-ranníocaíocht an 31.12.2023
An Afraic	*243*	*231*	*(287)*	*186*
Bêkou	*11*	*43*	*(24)*	*30*
Iomlán	**254**	**274**	**(311)**	**216**

Eascraíonn an laghdú ar ranníocaíochtaí a íocadh ó EUR 330 milliún in 2022 go dtí EUR 274 mhilliún in 2023 ón laghdú ar chaiteachais Cistí Iontaobhais mar gheall ar phróiseas foirceanta an dá Chiste Iontaobhais. Ag deireadh 2021, bhí buaicphointe a ngníomhaíochtaí bainte amach ag EUTF don Afraic agus EUTF Bêkou de réir mar a tháinig deireadh leis an tréimhse chonarthach. De thoradh fhoirceannadh na gCistí Iontaobhais, ar cuireadh tús leis ina dhiaidh sin, tháinig laghdú ar líon na gconarthaí oscailte agus laghdú ar an gcaiteachas dá réir sin.

2.4. **EARRAÍ INFHAIGHTE MALAIRTE AGUS MÉIDEANNA IN-AISGHABHÁLA NEAMH-MHALAIRTE**

Is idirbhearta iad idirbhearta malairte ina bhfaigheann an t-eintiteas sócmhainní nó seirbhísí, nó ina gcuirtear dliteanais an eintitis ar ceal, agus ina dtugtar thart ar an luach cothrom go díreach (i bhfoirm earraí, seirbhísí nó úsáid sócmhainní go príomha) don pháirtí eile sa mhalairt. Is idirbhearta iad idirbhearta neamh-mhalairte ina bhfaigheann an t-eintiteas luach ó eintiteas eile gan thart ar luach cothrom a thabhairt go díreach sa mhalairt, nó ina dtugann sé luach d'eintiteas eile gan thart ar luach cothrom a fháil go díreach sa mhalairt.

2.4.1. *Earraí infhaighte malairte neamhreatha*

An 31.12.2023, bhí EUR 5 mhilliún d'earraí infhaighte malairte fadtéarmacha ag CEF, arb é atá iontu go príomha muirir iarchurtha a eascraíonn as roinnt ionstraimí airgeadais.

2.4.2. *Earraí infhaighte malairte agus méideanna in-aisghabhála neamh-mhalairte*

EUR milliún

	Nóta	31.12.2023	31.12.2022
Méideanna in-aisghabhála ó idirbhearta neamh-mhalairte	2.4.2.1	*13*	*15*
Earraí infhaighte ó idirbhearta malairte	2.4.2.2	*12*	*12*
Iomlán		**24**	**27**

2.4.2.1. Méideanna in-aisghabhála ó idirbhearta neamh-mhalairte

EUR milliún

	8ú CEF	9ú CEF	10ú CEF	11ú CEF	31.12.2023	31.12.2022
Custaiméirí	–	*3*	*44*	*9*	*55*	*56*
Comhlachtaí poiblí	–	*4*	*13*	*2*	*19*	*19*
Tríú stáit	–	*1*	*4*	*1*	*6*	*7*
Díluacháil	–	*(7)*	*(55)*	*(6)*	*(68)*	*(67)*
Iomlán	–	**1**	**7**	**5**	**13**	**15**

2.4.2.2. Earraí infhaighte ó idirbhearta malairte

EUR milliún

	8ú CEF	9ú CEF	10ú CEF	11ú CEF	31.12.2023	31.12.2022
Ioncam fabhraithe	-	-	-	*1*	*1*	*1*
Cuntais idir-CEF	–	*(200)*	*426*	*(225)*	–	*1*
Eile	–	–	*4*	*7*	*11*	*10*
Iomlán	–	**(200)**	**430**	**(218)**	**12**	**12**

Ar chúiseanna éifeachtúlachta, leithdháiltear an cisteán aonair a chumhdaíonn na CEFanna uile don 11ú CEF; as sin cruthaítear oibríochtaí idir na CEFanna éagsúla, oibríochtaí a chothromaítear sna cuntais idir-CEF idir na cláir chomhardaithe CEF éagsúla.

Cuimsítear leis an gceannteideal 'eile' earraí infhaighte a thagann ó suimeanna infhaighte ionstraime airgeadais go príomha. As an EUR 11 mhilliún d'earraí infhaighte eile, baineann EUR 4 mhilliún le hearra infhaighte ón gCiste Éifeachtúlachta Fuinnimh agus Fuinnimh Inathnuaite ar fud an Domhain (GEEREF) agus baineann EUR 7 milliún le hearra infhaighte ó Climate Investor One.

2.5. **AIRGEAD TIRIM AGUS COIBHÉISÍ AIRGID THIRIM** ([5])

Is ionstraimí airgeadais ar chostas amúchta iad airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim agus áirítear leo airgead ar láimh, taiscí arna sealbhú ar glao nó ar ghearrfhógra le bainc (amhail cuntais reatha agus cuntais choigiltis), agus infheistíochtaí fíorleachtacha gearrthéarmacha eile ag a bhfuil aibíochtaí bunaidh de 3 mhí nó níos lú.

EUR milliún

	8ú CEF	9ú CEF	10ú CEF	11ú CEF	31.12.2023	31.12.2022
Cuntais speisialta						
Bainc cheannais	–	–	–	*341*	*341*	*835*
	–	–	–	**341**	**341**	**835**
Cuntais reatha						
Bainc thráchtála	–	–	–	*193*	*193*	*161*
Airgead tirim de chuid na n-ionstraimí airgeadais	–	–	–	*67*	*67*	*31*
	–	–	–	**260**	**260**	**192**
Iomlán	–	–	–	**601**	**601**	**1 027**

Is é an laghdú ar chúlchistí airgid atá i seilbh na mbanc ceannais den chuid is mó is cúis leis an laghdú EUR 426 mhilliún ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim. Is féidir an laghdú sin a chur i leith an laghdaithe ar ranníocaíochtaí glaoite a thit ó EUR 2 500 milliún in 2022 go EUR 1 800 milliún in 2023. Ina theannta sin, fuair na Ballstáit aisíocaíocht EUR 43 mhilliún ón 9ú CEF don chéad tráthchuid de 2023, agus d'iarr an Ríocht Aontaithe go ndéanfaí a ranníocaíochtaí le haghaidh an dara agus an tríú tráthchuid de 2023 ar fiú EUR 154 mhilliún í a fhritháireamh óna sciar gan íoc sa 10ú agus sa 11ú CEF (féach nóta **2.9.1**).

Mar a tharla blianta roimhe sin agus chun teorainn a chur leis an riosca contrapháirtí, coinnítear níos mó airgid i gcuntais leis na bainc cheannais ná mar a choinnítear leis na bainc thráchtála (féach nóta **5.1**).

DLITEANAIS

2.6. **DLITEANAIS AIRGEADAIS**

Is éard is dliteanas airgeadais ann aon dliteanas atá:

(a) Ina oibleagáid chonarthach: chun airgead nó sócmhainn airgeadais eile a sholáthar chuig eintiteas eile; chun sócmhainní airgeadais nó dliteanais airgeadais a mhalartú le heintiteas eile de réir coinníollacha a d'fhéadfadh a bheith neamhfhabhrach don eintiteas; nó

(b) Conradh a shocrófar, nó a d'fhéadfaí a shocrú, in ionstraimí cothromais dílse an eintitis.

Aicmítear dliteanais airgeadais sna catagóirí seo a leanas: 'dliteanais airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh', 'dliteanais airgeadais eile arna dtomhas ar chostas amúchta' nó dliteanais chonartha ráthaíochta airgeadais.

EUR milliún

	Nóta	31.12.2023	31.12.2022
Neamhreatha			
Forálacha Airgeadais	2.2.62.6.1	*3*	*1*
Dliteanas ráthaíochta airgeadais	2.6.2	*1*	*1*

([5]) I gcomhréir le hAirteagal 53 den Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta, cuirtear an cisteán i láthair i gclár comhardaithe an 11ú CEF. Tá cur síos ar chineál na gcuntas bainc éagsúil i gcaibidil 5, Bainistíocht Riosca Airgeadais.

EUR milliún

	Nóta	31.12.2023	31.12.2022
Dliteanais airgeadais eile	2.6.3	*1*	*2*
Suimeanna cómhaoiniúcháin iníoctha	2.6.4	*1*	*3*
Iomlán		**5**	**7**

2.6.1. *Forálacha Airgeadais*

Léiríonn na forálacha sin na caillteanais chreidmheasa mheasta a thabhófar i ndáil leis na hiasachtaí arna dtabhairt faoi ionstraimí airgeadais difriúla.

EUR milliún

	8ú CEF	9ú CEF	10ú CEF	11ú CEF	31.12.2023	31.12.2022
Forálacha airgeadais	–	–	–	*3*	*3*	*1*

Léiríonn an EUR 3 mhilliún an caillteanas measta i ndáil leis an ráthaíocht arna tabhairt faoi na hionstraimí airgeadais seo a leanas: ElectriFI CW agus ElectriFI CW II agus AgriFI ACC Réigiúnach.

2.6.2. *Ráthaíochtaí Airgeadais*

Léiríonn na forálacha sin na caillteanais mheasta a thabhófar i ndáil leis na ráthaíochtaí arna dtabhairt faoi ionstraimí airgeadais éagsúla i gcás ina dtugtar de chumhacht d'eintitis iontaoibhe ráthaíochtaí a eisiúint ina n-ainm féin ach thar ceann CEF, agus ar riosca do CEF. Cuirtear uasteorainn le riosca airgeadais CEF a bhaineann leis na ráthaíochtaí agus soláthraítear sócmhainní airgeadais de réir a chéile chun glaonna ráthaíochta a bheidh ann amach anseo a chumhdach.

EUR milliún

	8ú CEF	9ú CEF	10ú CEF	11ú CEF	31.12.2023	31.12.2022
Dliteanas ráthaíochta airgeadais	–	–	–	*1*	*1*	*1*

Léiríonn an méid EUR 1 mhilliún an caillteanas measta i ndáil leis an ráthaíocht arna tabhairt faoi ionstraim airgeadais Euritz de EUR 11 mhilliún (féach nóta **3.2.1**).

2.6.3. *Dliteanais Airgeadais Eile*

EUR milliún

	8ú CEF	9ú CEF	10ú CEF	11ú CEF	31.12.2023	31.12.2022
Dliteanais airgeadais ar luach cóir trí bharrachas agus easnamh	–	–	–	*1*	*1*	*2*

Baineann an EUR 1 mhilliún go hiomlán le suimeanna iníoctha a eascraíonn as an ionstraim airgeadais ElectriFI ABI.

2.6.4. *Suimeanna cómhaoiniúcháin iníoctha*

Léiríonn suimeanna cómhaoiniúcháin iníoctha cistí arna bhfáil ag CEF i leith na gcomhaontuithe cómhaoiniúcháin. Ceanglaítear ar CEF na ranníocaíochtaí sin a úsáid chun seirbhísí comhaontaithe a sholáthar do thríú páirtithe agus na cistí gan úsáid a thabhairt ar ais do na ranníocóirí. Cinntear le huainiú úsáid na méideanna cómhaoinithe cé acu an nochtar é mar mhéid reatha nó neamhreatha.

Ag deireadh na bliana déantar measúnú cás ar chás ar gach méid cómhaoinithe atá iníoctha agus meastar gur méid neamhreatha na méideanna uile nach dóigh go n-úsáidfear iad sa 12 mhí dár gcionn. Taispeántar méideanna reatha faoi nóta **2.7.2**.

EUR milliún

	8ú CEF	9ú CEF	10ú CEF	11ú CEF	31.12.2023	31.12.2022
Suimeanna iníoctha cómhaoinithe neamhreatha	–	–	–	*1*	*1*	*3*
Suimeanna iníoctha cómhaoinithe reatha	–	–	*18*	*23*	*41*	*46*
Iomlán	–	–	**19**	**24**	**42**	**49**

2.7. **SUIMEANNA INÍOCTHA**

Is dliteanais iad na suimeanna iníoctha chun íoc as earraí nó seirbhísí a fuarthas nó a soláthraíodh agus - murab ionann le muirir fhabhraithe - a bhfuil sonrasc seolta ina leith cheana féin nó atá comhaontaithe go foirmiúil leis an soláthróir. Is féidir le suimeanna iníoctha a bheith bainteach le hidirbhearta malairte (amhail ceannach earraí agus seirbhísí) agus le hidirbhearta neamh-mhalairte (e.g. éilimh ar chostais ó thairbhithe deontas, réamh-mhaoiniúcháin nó maoiniú eile de chuid an Aontais).

EUR milliún

	Nóta	8ú CEF	9ú CEF	10ú CEF	11ú CEF	31.12.2023	31.12.2022
Suimeanna reatha iníoctha	2.7.1	–	-	*50*	*210*	*260*	*230*
Suimeanna ilghnéitheacha iníoctha	2.7.2	–	*0*	*14*	*118*	*132*	*196*
Iomlán		–	**0**	**63**	**328**	**391**	**426**

2.7.1. *Suimeanna reatha iníoctha*

EUR milliún

	8ú CEF	9ú CEF	10ú CEF	11ú CEF	31.12.2023	31.12.2022
Soláthróirí	–	*2*	*7*	*89*	*98*	*63*
Tríú stáit	–	–	*3*	*29*	*32*	*126*
Comhlachtaí poiblí	–	–	*19*	*110*	*129*	*41*
Suimeanna iníoctha reatha eile	–	*(2)*	*20*	*(18)*	–	–
Iomlán	–	–	**50**	**210**	**260**	**230**

Cuimsítear le suimeanna iníoctha den chuid is mó ráitis ar chostais arna bhfáil ag CEF i leith deontas arna soláthar do na tairbhithe. Taifeadtar iad tráth a fhaightear an ráiteas ar chostas agus maidir le méid iomlán an ráitis ar chostas. Tar éis seiceáil incháilitheachta ní íoctar ach na méideanna incháilithe amháin leis na tairbhithe. Ag deireadh na bliana déantar anailís ar na héilimh ar chostais gan íoc agus aithnítear na méideanna incháilithe measta a bhaineann leis na héilimh sin ar chostais sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais. Taispeántar na méideanna neamh-incháilithe measta faoi shuimeanna iníoctha reatha eile.

Is é is cúis leis an méadú ar shuimeanna iníoctha le comhlachtaí poiblí agus soláthraithe líon níos airde sonrasc a fuarthas nár íocadh go fóill roimh dheireadh na bliana. Os a choinne sin, tháinig laghdú ar shuimeanna iníoctha le tríú stáit go príomha toisc gur cuireadh sonrasc ar fiú EUR 60 milliún é le haghaidh tacaíocht bhuiséadach don Aetóip ar ceal in 2023. Cuireadh an sonrasc sin ar fionraí ó mhí na Samhna 2020 i leith mar gheall ar an staid sa tír.

2.7.2. *Suimeanna ilghnéitheacha iníoctha*

EUR milliún

	Nóta	8ú CEF	9ú CEF	10ú CEF	11ú CEF	31.12.2023	31.12.2022
Suimeanna cómhaoiniúcháin iníoctha	2.6.4	–	–	*18*	*23*	*41*	*46*
Ranníocaíochtaí caipitil iarchurtha	2.7.2.1	–	–	–	*88*	*88*	*147*
Suimeanna iníoctha ilghnéitheacha eile		–	–	*(5)*	*7*	*3*	*2*
Iomlán		–	–	**14**	**117**	**132**	**196**

2.7.2.1. Ranníocaíochtaí caipitil iarchurtha

Baineann EUR 7,8 milliún de ranníocaíochtaí caipitil iarchurtha le haisíocaíocht a rinneadh le Ballstáit agus leis an Ríocht Aontaithe ó chistí saortha nó neamhúsáidte ó thionscadail faoin Naoú CEF (féach nóta **2.9.1**). Chomhaontaigh na Ballstáit go ndéanfaí an aisíocaíocht a fhritháireamh in aghaidh na ranníocaíochtaí ón 11ú CEF le linn an chéad ghlao ar ranníocaíochtaí in 2024.

Anuas ar an aisíocaíocht, baineann méid EUR 80 milliún leis an gcéad tráthchuid de 2024 a d'íoc an Ríocht Aontaithe roimh ré. As an tsuim sin, baineadh EUR 8 milliún den sciar a bhí fágtha ag an Ríocht Aontaithe de chistí nár úsáideadh ón 10ú agus ón 11ú CEF. De réir Airteagal 152 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, tá an Ríocht Aontaithe fós ina páirtí de CEF go dtí go ndúnfar an 11ú CEF agus gach CEF roimhe sin nár dúnadh go fóill, agus glacann sí leis na hoibleagáidí céanna agus atá ag na Ballstáit ina leith sin (féach nóta **2.9.1**).

2.8. **MUIRIR FHABHRAITHE**

Is dliteanais iad fabhruithe chun íoc as earraí nó seirbhísí a fuarthas nó a soláthraíodh ach - murab ionann le suimeanna iníoctha - nár eisíodh sonrasc ina leith nó nár comhaontaíodh go foirmiúil leis an soláthróir. Tá ríomh na bhfabhruithe bunaithe ar mhéid oscailte na ngealltanas buiséadach ag deireadh na bliana. Taifeadadh an chuid de na muirir fhabhraithe mheasta a bhaineann le réamh-mhaoiniú a íocadh mar laghdú ar na méideanna réamh-mhaoinithe.

EUR milliún

	8ú CEF	9ú CEF	10ú CEF	11ú CEF	31.12.2023	31.12.2022
Muirir fhabhraithe	–	–	*129*	*854*	*983*	*1 130*
Fabhruithe agus iarchur eile	–	–	–	*1*	*1*	*2*
Iomlán	–	–	**129**	**855**	**984**	**1 131**

Cuimsítear le muirir fhabhraithe caiteachais oibriúcháin mheasta le haghaidh conarthaí atá fós ar siúl nó conarthaí atá tugtha chun críche nach ngabhann éilimh bhailíochtaithe ar chostais leo i gcás ina ndearnadh na caiteachais incháilithe ar thabhaigh tairbhithe iad a mheas tríd an bhfaisnéis ab fhearr a bhí ar fáil tráth ullmhú na ráiteas airgeadais a úsáid. Tugtar faoi deara nach ndéantar faisnéis ó ghníomhaíochtaí mórscála ó lá go lá, amhail síntí conartha arna síniú tar éis an dáta tuairiscithe, a mheas go córasach, agus nach féidir an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar na muirir fhabhraithe a mheas go hiontaofa. An chuid de na muirir fhabhraithe mheasta a bhaineann le réamh-mhaoiniú a íocadh, taifeadadh í mar laghdú ar na méideanna réamh-mhaoiniúcháin (féach nóta **2.2** thuas).

Mínítear an laghdú EUR 147 milliún ar mhuirir fhabhraithe mar gheall ar an laghdú ar líon na gconarthaí ar ghá muirir a mheas agus a fhabhrú ina leith. Tá an laghdú sin i gcomhréir le saolré CEF agus an líon bunúsach conarthaí oscailte.

GLANSÓCMHAINNÍ

2.9. **CAIPITEAL CISTE**

Soláthraíonn ballstáit CEF ranníocaíochtaí don Chiste chun cláir CEF a chur chun feidhme mar a leagtar síos i gComhaontú Inmheánach gach CEF. De réir an bhunúis dlí is infheidhme, cinntear na glaonna caipitil, i.e. na hiarrataí ar chistiú le haghaidh bliain N ar leith, le Cinneadh ón gComhairle i mbliain n-1, agus na cistí atá le fáil á sannadh go soiléir do gach tréimhse sonraithe sa todhchaí.

Comhlíonann na ranníocaíochtaí na critéir ranníocaíochta ó úinéirí (EAR 1) agus caitear leo dá bhrí sin mar chaipiteal ciste i ráitis airgeadais CEF. Léiríonn an caipiteal ciste an méid iomlán ranníocaíochtaí atá le fáil ó bhallstáit CEF. Toisc go n-asbhaintear an caipiteal ciste nach nglaoitear ón gcaipiteal ciste iomlán (féach an Ráiteas maidir le hAthruithe ar Ghlansócmhainní), ní aithnítear ach an caipiteal ciste glaoite sa Chlár Comhardaithe.

Toisc go sanntar na ranníocaíochtaí comhaontaithe do thréimhsí tuairiscithe sonraithe, agus nach dtagann éileamh dlíthiúil CEF in aghaidh bhallstáit CEF chun cinn ach amháin sna tréimhsí sin, aithnítear aon mhéid a fhaightear roimh ré mar ranníocaíochtaí caipitil iarchurtha faoi mhéideanna iníoctha seachas mar chaipiteal glaoite.

2.9.1. *Caipiteal ciste glaoite - CEFanna gníomhacha*

EUR milliún

	8ú CEF	9ú CEF	10ú CEF	11ú CEF	Iomlán
Caipiteal ciste	*12 164*	*10 464*	*20 960*	*29 367*	*72 955*
Caipiteal ciste neamhghlaoite	–	*(15)*	-	*(7 840)*	*(7 855)*
Caipiteal ciste glaoite 31.12.2022	**12 164**	**10 450**	**20 960**	**21 527**	**65 100**
Caipiteal ciste	–	*10 442*	*20 834*	*29 331*	*60 607*
Caipiteal ciste neamhghlaoite	–	–	-	*(6 040)*	*(6 040)*
Caipiteal ciste glaoite 31.12.2023	–	**10 442**	**20 834**	**23 290**	**54 566**

Léiríonn na cistí neamhghlaoite méideanna nár glaodh go fóill ó Bhallstáit. Léiríonn an caipiteal ciste glaoite na ranníocaíochtaí atá glaoite ag CEF agus a d'aistrigh na Ballstáit chuig cuntais an chisteáin (féach thíos **2.9.2**.).

Trí bhíthin Chinneadh (AE) 2023/2586 ón gComhairle ([6]), laghdaíodh ranníocaíochtaí na mBallstát a leagtar amach i gComhaontuithe Inmheánacha an Ochtú agus an Naoú CEF dá réir sin ar mhéid EUR 7,8 milliún ó chistí a saoradh faoin Ochtú agus faoin Naoú CEF. Aisíocaíochtaí a d'eascair as an laghdú sin, cúitíodh dóibh in aghaidh glaonna breise ar chistí faoin 11ú CEF. Go deimhin, úsáidfear an aisíocaíocht in aghaidh na chéad tráthchoda de 2024 (féach nóta **2.7.2.1**).

Cé go bhfuil an Ríocht Aontaithe fós ina pháirtí don CEF go dtí go ndúnfar gach clár, i gcomhréir le hAirteagal 153 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, ní féidir a sciar de chistí neamhcheangailteacha agus saortha ón Ochtú, Naoú agus 10ú CEF a athúsáid. In 2023, d'iarr an Ríocht Aontaithe go ndéanfaí an dara agus an tríú tráthchuid le haghaidh na bliana a chúiteamh trína sciar gan íoc i gcúlchiste an 10ú agus an 11ú CEF a úsáid. Ina theannta sin, aisíocadh 8 milliún eile leis an Ríocht Aontaithe i dtreo a chéad tráthchoda de 2024 (féach nóta **2.7.2.1**). Mar thoradh air sin, tháinig laghdú EUR 126 mhilliún agus EUR 36 mhilliún ar chaipiteal ciste an 10ú agus an 11ú CEF faoi seach.

Dúnadh an 8ú CEF go héifeachtach in 2021, nuair a cuireadh gníomhaíochtaí oibríochtúla i gcrích agus nuair a dúnadh na cinntí maoiniúcháin uile. Ina ainneoin sin, níor léiríodh dúnadh an 8ú CEF go hiomlán i ráitis airgeadais 2021. Léirítear sa ráiteas comhiomlánaithe maidir le hathruithe ar ghlansócmhainní dúnadh an 8ú CEF mar theagmhas a tharla in 2023. In 2023, aistríodh glansócmhainní an 8ú CEF, ar fiú EUR 180 milliún iad san iomlán, chuig an 9ú CEF, rud a thug clabhsúr cuntasaíochta an 8ú CEF i gcrích. Úsáideadh aon iarmhéid a bhí fágtha ón gcaipiteal glaoite agus na cúlchistí chun an toradh eacnamaíoch ó bhlianta roimhe sin a chumhdach, agus aistríodh na méideanna a bhí fágtha chuig an 9ú CEF de réir fhorálacha Chuid 3 den Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir leis an 9ú CEF.

([6]) Cinneadh (AE) 2023/2586 ón gComhairle an 13 Samhain 2023 maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais a bheidh le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta chun an ciste sin a mhaoiniú, lena sonraítear an uasteorainn le haghaidh 2025, an méid bliantúil le haghaidh 2024, méid na chéad tráthchoda le haghaidh 2024 agus réamhaisnéis thráscach, neamhcheangailteach i dtaca leis na méideanna bliantúla a mheastar a bheidh sna ranníocaíochtaí le haghaidh na mblianta 2026 agus 2027 (OJ L, 2023/2586, 15.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2586/oj).

2.9.2. *Caipiteal ciste glaoite agus neamhghlaoite ag na Ballstáit agus ag an Ríocht Aontaithe*

EUR milliún

Ranníocaíochtaí an 11ú CEF	%	Caipiteal neamhghlaoite 31.12.2022	Caipiteal glaoite in 2023	Caipiteal neamhghlaoite 31.12.2023
An Ostair	*2,40*	*188*	*(43)*	*145*
An Bheilg	*3,25*	*255*	*(58)*	*196*
An Bhulgáir	*0,22*	*17*	*(4)*	*13*
An Chróit	*0,23*	*18*	*(4)*	*14*
An Chipir	*0,11*	*9*	*(2)*	*7*
An tSeicia	*0,80*	*63*	*(14)*	*48*
An Danmhairg	*1,98*	*155*	*(36)*	*120*
An Eastóin	*0,09*	*7*	*(2)*	*5*
An Fhionlainn	*1,51*	*118*	*(27)*	*91*
An Fhrainc	*17,81*	*1 397*	*(321)*	*1 076*
An Ghearmáin	*20,58*	*1 614*	*(370)*	*1 243*
An Ghréig	*1,51*	*118*	*(27)*	*91*
An Ungáir	*0,61*	*48*	*(11)*	*37*
Éire	*0,94*	*74*	*(17)*	*57*
An Iodáil	*12,53*	*982*	*(226)*	*757*
An Laitvia	*0,12*	*9*	*(2)*	*7*
An Liotuáin	*0,18*	*14*	*(3)*	*11*
Lucsamburg	*0,26*	*20*	*(5)*	*15*
Málta	*0,04*	*3*	*(1)*	*2*
An Ísiltír	*4,78*	*375*	*(86)*	*289*
An Pholainn	*2,01*	*157*	*(36)*	*121*
An Phortaingéil	*1,20*	*94*	*(22)*	*72*
An Rómáin	*0,72*	*56*	*(13)*	*43*
An tSlóvaic	*0,38*	*29*	*(7)*	*23*
An tSlóivéin	*0,22*	*18*	*(4)*	*14*
An Spáinn	*7,93*	*622*	*(143)*	*479*
An tSualainn	*2,94*	*230*	*(53)*	*178*
An Ríocht Aontaithe	*14,68*	*1 151*	*(264)*	*887*
Iomlán	**100,00**	**7 840**	**(1 800)**	**6 040**

Toisc gur glaodh caipiteal an Ochtú, an Naoú agus an 10ú CEF agus toisc go bhfuarthas ina iomláine é sna blianta roimhe sin, glaodh suim EUR 1 800 milliún in 2023 a bhaineann go hiomlán leis an 11ú CEF. Tháinig laghdú ar an gcaipiteal glaoite ó EUR 2 500 milliún in 2022 go EUR 1 800 milliún in 2023.

2.9.3. *Aistrithe den chaipiteal ciste glaoite idir CEFanna gníomhacha*

EUR milliún

	8ú CEF	9ú CEF	10ú CEF	11ú CEF	Iomlán
Iarmhéid an 31.12.2021	**(2 512)**	**2 018**	**101**	**394**	–
Aistriú méideanna chuig cúlchiste feidhmíochta an 10ú CEF ó CEFanna roimhe sin	*(1)*	*(8)*	*9*	–	–
Aistriú méideanna chuig cúlchiste feidhmíochta an 11ú CEF ó CEFanna roimhe sin	–	–	*(148)*	*148*	–
Iarmhéid an 31.12.2022	**(2 513)**	**2 010**	**(38)**	**541**	–
Aistriú méideanna chuig cúlchiste feidhmíochta an 8ú CEF ó CEFanna roimhe sin	*2 762*	*(2 762)*		–	–
Aistriú méideanna chuig cúlchiste feidhmíochta an 10ú CEF ó CEFanna roimhe sin	*427*	*(432)*	*6*	–	–
Aistriú méideanna chuig cúlchiste feidhmíochta an 11ú CEF ó CEFanna roimhe sin	*(676)*	*676*	*(87)*	*87*	–
Iarmhéid an 31.12.2023	–	**(509)**	**(120)**	**628**	–

Áirítear leis an gceannteideal seo na hacmhainní a aistríodh idir na CEFanna gníomhacha.

Ó theacht i bhfeidhm Chomhaontú Cotonou, aistrítear na cistí uile nár caitheadh in CEFanna gníomhacha roimhe seo chuig an CEF is déanaí a osclaíodh tar éis iad a shaoradh. Méadaítear leithreasuithe an chiste fála leis na hacmhainní a aistrítear ó CEFanna eile agus laghdaítear leithreasuithe an chiste tionscnaimh. Cistí a aistrítear chuig cúlchiste feidhmíochta an 10ú agus an 11ú CEF, ní féidir iad a shaoradh ach amháin faoi choinníollacha sonracha a leagtar amach sna Comhaontuithe Inmheánacha.

Cé gur dúnadh an 8ú CEF go hoifigiúil in 2021, níor léiríodh an dúnadh sin i gcuntais 2021. In 2023, aistríodh aon chúlchiste agus aon chaillteanas ó CEFanna roimhe sin chuig an 9ú CEF (féach nóta **2.9.1** thuas).

3. NÓTAÍ A GHABHANN LEIS AN RÁITEAS MAIDIR LE FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS

IONCAM

EUR milliún

	Nóta	2023	2022
Ioncam ó idirbhearta neamh-mhalairte	3.1	*14*	*18*
Ioncam ó idirbhearta malairte	3.2	*52*	*80*
Iomlán		**65**	**98**

3.1. IONCAM Ó IDIRBHEARTA NEAMH-MHALAIRTE

Baineann an t-ioncam ó idirbhearta neamh-mhalairte le hidirbhearta ina soláthraíonn an t-aistreoir acmhainní don eintiteas fála gan an t-eintiteas fála a bheith ag soláthar thart ar luach cothrom sa mhalairt. Áirítear leis an gceannteideal go príomha suimeanna arna bhfáil ón gCoimisiún le linn na bliana agus aisghabhálacha de chaiteachais oibriúcháin.

EUR milliún

	Nóta	8ú CEF	9ú CEF	10ú CEF	11ú CEF	2023	2022
Aisghabháil caiteachas		–	–	*1*	*4*	*6*	*17*
Ioncam cómhaoiniúcháin	3.1.1	–	–	–	*8*	*8*	*(4)*
Iomlán		–	–	**2**	**12**	**14**	**18**

Is féidir ioncam neamh-mhalairte a mhiondealú de réir modh bainistíochta mar a leanas:

EUR milliún

	2023	2022
Bainistíocht Dhíreach		
Arna chur chun feidhme ag:		
An Coimisiún	–	*1*
Toscaireachtaí Aontais	*5*	*(3)*
	5	**(2)**
Bainistíocht Indíreach		
Arna chur chun feidhme ag:		
Tríú tíortha	*6*	*13*
Comhlachtaí dlí phoiblí	–	*(3)*
Eagraíochtaí idirnáisiúnta	*3*	*7*
Comhlachtaí dlí príobháideacha ag a bhfuil misean seirbhíse poiblí	–	*3*
	9	**20**
Iomlán	**14**	**18**

3.1.1. *Ioncam cómhaoiniúcháin*

Comhlíonann na ranníocaíochtaí cómhaoiniúcháin a fhaightear na critéir maidir le hioncaim ó idirbhearta neamh-mhalairte faoi choinníollacha agus dá bhrí sin níor cheart dóibh difear a dhéanamh don ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais nuair a fhaightear iad. Fanann na ranníocaíochtaí faoi dhliteanais (féach nóta **2.6.4** & **2.7.2**) go dtí go gcomhlíontar na coinníollacha a ghabhann leis na cistí arna ndeonú, i.e. tabhaítear caiteachais incháilithe (féach nóta **3.5**). Aithnítear an méid comhfhreagrach ansin sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais mar ioncam neamh-mhalairte ó chómhaoiniú. Dá dheasca sin, is nialas an éifeacht a bhíonn aige ar thoradh eacnamaíoch na bliana.

3.2. **IONCAM Ó IDIRBHEARTA MALAIRTE**

EUR milliún

	8ú CEF	9ú CEF	10ú CEF	11ú CEF	2023	2022
Ioncam airgeadais	–	–	*(1)*	*10*	*9*	*3*
Ioncam eile	–	*2*	*4*	*37*	*43*	*77*
Iomlán	–	**2**	**4**	**46**	**52**	**80**

Is éard atá sa EUR 9 milliún faoin gceannteideal ioncam airgeadais den chuid is mó ús fabhraithe ar orduithe aisghabhála neamhíoctha, ús ar réamh-mhaoiniú agus ioncam ó ionstraimí airgeadais.

Baineann ioncam eile go príomha le gnóthachain malairte eachtraí. Déantar na caillteanais chomhfhreagracha maidir le malairt eachtrach a thaifeadadh faoi chaiteachais eile (féach nóta **3.7**).

CAITEACHAIS

3.3. **CAITEACHAIS ARNA gCUR CHUN FEIDHME AG EINTITIS EILE**

EUR milliún

	8ú CEF	9ú CEF	10ú CEF	11ú CEF	2023	2022
Caiteachais cúnaimh theicniúil	–	–	–	*3*	*3*	*1*

Cuimsítear leis an méid EUR 3 mhilliún caiteachais chúnaimh theicniúil arna dtabhú ag roinnt ionstraimí airgeadais.

3.4. **IONSTRAIMÍ CABHRACH**

EUR milliún

	8ú CEF	9ú CEF	10ú CEF	11ú CEF	2023	2022
Cabhair in-chlársceidealta	–	–	*33*	*808*	*841*	*1 307*
Tacaíocht mhaicreacnamaíoch	–	*7*	–	–	*7*	*4*
Beartas earnálach	–	*(1)*	–	–	*(1)*	–
Tionscadail taobh istigh de ACC	–	–	*128*	*651*	*779*	*896*
Cabhair éigeandála	–	*(7)*	*113*	*124*	*230*	*118*
Tacaíocht institiúideach	–	–	–	*12*	*12*	*6*
Cúiteamh d'Fháltais Easpórtála	–	–	*2*	–	*2*	–
Ranníocaíochtaí le Cistí Iontaobhais	–	–	–	*311*	*311*	*458*
Iomlán	–	**(1)**	**276**	**1 906**	**2 181**	**2 789**

Cumhdaítear le caiteachas oibriúcháin CEF ionstraimí éagsúla cabhrach agus tá cineálacha difriúla i gceist leis, ag brath ar an gcaoi a n-íoctar an t-airgead agus a mbainistítear é.

In 2023, tháinig an laghdú EUR 608 milliún ar chaiteachas oibriúcháin go príomha mar gheall ar an laghdú ar chaiteachais faoin 11ú CEF (EUR 2 489 milliún in 2022 go dtí EUR 1 906 milliún in 2023). Is féidir an laghdú sin a mhíniú den chuid is mó leis an laghdú ar chaiteachais a bhaineann le cabhair in-ríomhchláraithe, le tionscadail taobh istigh de ACC agus leis na ranníocaíochtaí leis na Cistí Iontaobhais (féach nóta **2.3**). Ina ainneoin sin, tháinig méadú EUR 105 milliún ar chaiteachais a bhaineann le cabhair éigeandála. Tagann an méadú sin sna sála ar Chinneadh ón gComhairle an 12 Iúil 2022 chun cistí ón 10ú agus ón 11ú CEF a athúsáid chun gníomhaíochtaí a mhaoiniú lena dtugtar aghaidh ar ghéarchéim na slándála bia agus ar an turraing eacnamaíoch i dtíortha ACC mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine.

Is é is cúis leis an laghdú ar chostais a bhaineann le tionscadail taobh istigh de ACC an laghdú ar mhuirir fhabhraithe le haghaidh dhá thionscadal faoi Chiste Iontaobhais Bonneagair an Aontais Eorpaigh don Afraic. Ós rud é nach gcuirtear an dá thionscadal sin chun feidhme go rialta agus in éagmais tuarascála, rinneadh an réamh-mhaoiniú oscailte a athaicmiú go réamh-mhaoiniú fadtéarmach agus níor ríomhadh aon mhuirear fabhraithe le haghaidh na dtionscadal sin le haghaidh 2023. Mar sin féin, bhí tionchar ag aisiompú fhabhruithe na bliana seo caite, arbh fhiú EUR 130 milliún iad, ar na costais a bhaineann le tionscadail taobh istigh de ACC (féach nóta **2.2**).

Tá na hathruithe ar chaiteachais faoin 9ú agus faoin 10ú CEF i gcomhréir le saolré CEF agus baineann siad freisin leis an bhforbairt ar an líon conarthaí oscailte. Tugadh a lán conarthaí chun críche agus cuireadh clabhsúr leo faoi na CEFanna sin in 2023, agus dá thoradh sin tabhaíodh níos lú caiteachas faoi na CEFanna sin.

Is é is cúis leis an méid diúltach faoin 9ú CEF a bhaineann leis an gclár cúnaimh éigeandála aisiompú fhabhruithe 2022 maidir le conradh a saoradh in 2023.

3.5. **CAITEACHAIS CHÓMHAOINITHE**

EUR milliún

	8ú CEF	9ú CEF	10ú CEF	11ú CEF	2023	2022
Cómhaoiniú	–	–	–	*8*	*8*	*(4)*

Áirítear faoin gceannteideal seo tá na caiteachais a tabhaíodh ar thionscadail chómhaoiniúcháin in 2023. Ba cheart a thabhairt faoi deara go n-áirítear leis na caiteachais a tabhaíodh méideanna measta a bhaineann leis an scoith-chleachtadh (agus dá dheasca sin, aisiompuithe ar na méideanna measta a bhaineann leis an mbliain seo caite).

In 2023, tháinig méadú EUR 12 mhilliún ar chaiteachais chómhaoinithe toisc go príomha go raibh chaiteachais chómhaoinithe níos ísle ná mar a bhí in 2022. Tharla an laghdú ar chaiteachais chómhaoinithe in 2022 mar gheall ar fheabhsuithe a rinneadh ar an modh chun caiteachais a leithdháileadh ar dheontóirí comhchistiúcháin, rud a chuireann aisghabháil méideanna a íocadh go míchuí san áireamh anois.

I gcomhréir leis na rialacha cuntasaíochta maidir le cómhaoiniú, ní raibh aon tionchar ag na méideanna a tabhaíodh ar thoradh CEF na bliana toisc gur aithníodh iad sna caiteachais chómhaoiniúcháin agus san ioncam cómhaoiniúcháin araon (féach freisin nóta **3.1.1**).

Ionstraimí cabhrach agus caiteachais chómhaoinithe de réir cineál bainistíochta

EUR milliún

	2023	2022
Bainistíocht Dhíreach		
Arna chur chun feidhme ag:		
An Coimisiún	*50*	*70*
Gníomhaireachtaí feidhmiúcháin an Aontais	*16*	*6*
Cistí Iontaobhais	*290*	*431*
Toscaireachtaí Aontais	*235*	*1 121*
	591	**1 628**
Bainistíocht Indíreach		
Arna chur chun feidhme ag:		
BEI agus CEI	*(45)*	*39*
Eagraíochtaí idirnáisiúnta	*994*	*(544)*
Comhlachtaí dlí príobháideacha ag a bhfuil misean seirbhíse poiblí	*201*	*325*
Comhlachtaí dlí phoiblí	*147*	*99*
Tríú tíortha	*297*	*1 234*
Comhlachtaí an Aontais a bhfuil Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí acu	*3*	*4*
	1 597	**1 157**
Iomlán	**2 189**	**2 785**

3.6. **COSTAIS AIRGEADAIS**

EUR milliún

	8ú CEF	9ú CEF	10ú CEF	11ú CEF	2023	2022
Glan-chaillteanais lagaithe ar iasachtaí agus ar earraí infhaighte	–	*(1)*	*1*	*2*	*2*	*2*
Caillteanas ar shócmhainní nó dliteanais airgeadais ag FVSD	–	–	*1*	*2*	*3*	*2*
Fóirdheontas Táille	–	–	–	*1*	*1*	*1*
Caillteanais lagaithe ó ráthaíochtaí airgeadais	–	–	–	–	–	*1*
Iomlán	-	**(1)**	**1**	**5**	**7**	**6**

Cuimsíonn glanchaillteanais lagaithe ar iasachtaí agus ar earraí infhaighte caillteanais lagaithe ar ionstraimí airgeadais agus caiteachais mheasta ar mhéideanna neamh-inghnóthaithe a eascraíonn as orduithe aisghabhála aosaithe (os cionn 2 bhliain), féimheachtaí agus tarscaoiltí.

Baineann an EUR 3 mhilliún de chaiteachais airgeadais le haghaidh sócmhainní airgeadais ag FVSD go príomha le difríochtaí malairte, le hús agus le hathruithe ar luach cóir le haghaidh roinnt ionstraimí airgeadais.

Baineann an EUR 1 mhilliún faoin gceannteideal ‘fóirdheontas táille’ le caiteachais arna dtabhú faoi ionstraim airgeadais Kulima.

3.7. **CAITEACHAIS EILE**

Áirítear faoin gceannteideal seo caiteachais de chineál riaracháin amhail seirbhísí seachtracha nach mbaineann le TF, caiteachais léasaithe oibriúcháin, cumarsáid agus foilseacháin, costais oiliúna etc.

EUR milliún

	8ú CEF	9ú CEF	10ú CEF	11ú CEF	2023	2022
Caiteachais riaracháin agus TF	–	-	*2*	*49*	*51*	*56*
Soláthar maidir le rioscaí agus muirir	–	-	–	*2*	*1*	–
Caillteanais réadaithe ar fhéichiúnaithe trádála	–	–	–	–	–	*4*
Caillteanais mhalairte	–	*2*	*5*	*55*	*62*	*60*
Caillteanais malairte eachtraí ar Ionstraimí airgeadais	–	–	–	*1*	*1*	–
Iomlán	–	**3**	**7**	**106**	**116**	**119**

Áirítear leis an gceannteideal ‘Caiteachais riaracháin agus TF’ méideanna atá bunaithe ar chomhaontú inmheánach CEF leis an gCoimisiún chun an caiteachas riaracháin arna thabhú ag an gCeanncheathrú agus ag na Toscaireachtaí araon a chumhdach i ndáil leis na cláir CEF a bhainistiú.

Tharla an méadú ar chaillteanais malairte eachtraí mar gheall den chuid is mó ar an méadú ar chaillteanais neamhréadaithe ó athluacháil iarmhéideanna arna sealbhú in airgeadraí ag deireadh na bliana.

4. SÓCMHAINNÍ & DLITEANAIS THEAGMHASACHA AGUS NOCHTAÍ SUNTASACHA EILE

4.1. SÓCMHAINNÍ TEAGMHASACHA

Is sócmhainní féideartha iad sócmhainní teagmhasacha a eascraíonn as teagmhais roimhe seo, agus nach ndeimhneofar gurb ann dóibh ach amháin i gcás ina dtarlóidh nó nach dtarlóidh teagmhas éiginnte amháin nó níos mó amach anseo nach bhfuil go hiomlán faoi rialú an eintitis.

EUR milliún

	8ú CEF	9ú CEF	10ú CEF	11ú CEF	31.12.2023	31.12.2022
Ráthaíochtaí réamh-mhaoiniúcháin	–	–	*2*	*30*	*32*	*37*
Ráthaíochtaí feidhmíochta	–	–	–	–	–	*1*
Iomlán	–	–	**2**	**30**	**32**	**38**

Iarrtar ráthaíochtaí réamh-mhaoinithe i gcásanna áirithe ó thairbhithe nach Ballstáit iad, le linn dóibh réamhíocaíochtaí a dhéanamh.

Iarrtar ráthaíochtaí um fheidhmíocht lena áirithiú go gcomhlíonann tairbhithe an chistiúcháin CEF oibleagáidí a gcuid conarthaí le CEF.

I gcás conarthaí a bhainistítear faoi bhainistíocht indíreach, is le húdarás conarthach seachas CEF na ráthaíochtaí agus ní nochtar iad dá bhrí sin ag CEF.

4.2. DLITEANAIS THEAGMHASACHA

Is ionann dliteanais theagmhasacha agus oibleagáidí féideartha a eascraíonn as teagmhais roimhe seo agus nach ndeimhneofar gurb ann dóibh ach amháin i gcás ina dtarlóidh nó nach dtarlóidh teagmhas éiginnte amháin nó níos mó amach anseo nach bhfuil go hiomlán faoi rialú an eintitis, nó is ionann iad agus oibleagáidí reatha a eascraíonn as teagmhais roimhe seo i gcás nach bhfuil an t-eis-sreabhadh acmhainní dóchúil nó nach féidir an méid a thomhas go hiontaofa.

4.2.1. *Ráthaíochtaí arna dtabhairt*

EUR milliún

	8ú CEF	9ú CEF	10ú CEF	11ú CEF	31.12.2023	31.12.2022
Ráthaíochtaí arna dtabhairt	–	–	–	*28*	*28*	*25*

Taispeántar sa tábla thuas méid neamhchosanta CEF ar íocaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo atá nasctha le ráthaíochtaí a thugtar do ghrúpa BEI nó d'institiúidí airgeadais eile. Cuirtear na méideanna i láthair glan ar fhorálacha airgeadais nó ar dhliteanais airgeadais a aithnítear do na cláir sin.

Baineann an méid de EUR 28 milliún le ráthaíochtaí faoi na hionstraimí airgeadais seo a leanas: EUR 11 mhilliún faoi ionstraim airgeadais EURITZ, EUR 10 milliún faoi CHISTE KULIMA agus 7 milliún eile faoi shaoráid slabhra luacha talmhaíochta na SAIMBIA.

4.2.2. *Dliteanais theagmhasacha a bhaineann le cásanna dlí*

EUR milliún

	8ú CEF	9ú CEF	10ú CEF	11ú CEF	31.12.2023	31.12.2022
Cásanna dlí ar feitheamh	–	–	–	*7*	*7*	*18*

Ag deireadh 2023, ní raibh ach dhá chás ar feitheamh, arbh fhiú EUR 7 milliún san iomlán iad. I rith na bliana, dúnadh dhá chás dlí arbh fhiú EUR 11 mhilliún san iomlán iad.

4.3. **NOCHTAÍ SUNTASACHA EILE**

4.3.1. *Gealltanais le híoc nár caitheadh go fóill*

Is ionann an méid a nochtar thíos agus RAL buiséadach ('Reste à Liquider') lúide méideanna gaolmhara a áiríodh mar chaiteachais sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais. Is méid atá in RAL buiséadach a léiríonn na gealltanais nach ndearnadh íocaíochtaí agus/nó saoradh ina leith go fóill. Is é sin an ghnáth-iarmhairt ar chláir ilbhliantúla a bheith ann.

EUR milliún

	8ú CEF	9ú CEF	10ú CEF	11ú CEF	31.12.2023	31.12.2022
Gealltanais le híoc nár caitheadh go fóill	–	*16*	*216*	*3 217*	*3 449*	*4 853*

Tá an laghdú ar RAL á thiomáint den chuid is mó ag an laghdú ar RAL buiséadach arbh fhiú é agus EUR 5 116 mhilliún (2022: EUR 6 459 milliún). Tá sé sin i gcomhréir le saolré CEF agus baineann sé freisin le forbairt líon na gconarthaí oscailte (féach nóta **2.2**).

5. **BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS**

Baineann na nochtaí seo a leanas i dtaca le bainistíocht riosca airgeadais CEF leis na hoibríochtaí cisteáin arna ndéanamh ag an gCoimisiún thar ceann CEF chun a chuid acmhainní a chur chun feidhme.

5.1. **BEARTAIS BAINISTÍOCHTA RIOSCA AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ FÁLAITHE**

Leagtar síos na rialacha agus na prionsabail maidir le bainistíocht oibríochtaí cisteáin i Rialachán Airgeadais an 11ú CEF agus sa Chomhaontú Inmheánach.

De thoradh an rialacháin thuas, tá feidhm ag na príomhphrionsabail seo a leanas:

(a) Íocann na Ballstáit na ranníocaíochtaí le CEF i gcuntais speisialta arna n-oscailt leis an mbanc eisiúna i ngach Ballstát nó san institiúid airgeadais arna hainmniú aige. Fanfaidh méideanna na ranníocaíochtaí sna cuntais speisialta sin go dtí go gcaithfear íocaíochtaí CEF a dhéanamh.

(b) Íocann na Ballstáit ranníocaíochtaí CEF in EUR, agus ainmnítear íocaíochtaí CEF in EUR agus in airgeadraí eile.

(c) Ní fhéadfar cuntais bhainc arna n-oscailt ag an gCoimisiún thar ceann CEF a rótharraingt.

I dteannta na gcuntas speisialta, osclaíonn an Coimisiún cuntais bhainc eile in ainm CEF, le hinstitiúidí airgeadais (bainc cheannais agus bainc thráchtála), chun íocaíochtaí a dhéanamh agus fáltais a fháil seachas na ranníocaíochtaí a dhéanann na Ballstáit leis an mbuiséad.

Tá oibríochtaí cisteáin agus íocaíochta uathoibrithe go mór agus bíonn siad ag brath ar chórais faisnéise nua-aimseartha. Cuirtear nósanna imeachta sonracha i bhfeidhm chun slándáil an chórais a ráthú agus chun leithscaradh dualgas a áirithiú i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, le caighdeáin rialaithe inmheánaigh an Choimisiúin, agus le prionsabail iniúchóireachta.

Rialaíonn tacar treoirlínte agus nósanna imeachta i scríbhinn bainistíocht oibríochtaí cisteáin agus íocaíochtaí agus é mar chuspóir an riosca oibriúcháin agus airgeadais a theorannú agus leibhéal rialaithe leordhóthanach a áirithiú. Cumhdaítear na réimsí difriúla oibríochta leo, agus déantar comhlíontacht leis na treoirlínte agus na nósanna imeachta a sheiceáil go tráthrialta.

5.2. **RIOSCA AIRGEADRA**

Neamhchosaint CEF ar riosca airgeadra ag deireadh na bliana - an suíomh glan

EUR milliún

	31.12.2023				31.12.2022			
	USD	EUR	Eile	Iomlán	USD	EUR	Eile	Iomlán
Sócmhainní airgeadais								
Sócmhainní airgeadais ar chostas amúchta	*7*	*7*	3	*17*	–	6	–	*6*
*Sócmhainní airgeadais ag FVSD**	16	49	8	*73*	14	42	9	*65*
*Earraí infhaighte***	*7*	*4*	–	*11*	*6*	*4*	–	*10*
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	*6*	*595*	–	*601*	*7*	*1 015*	*5*	*1 027*
	36	**655**	**11**	**704**	**27**	**1 067**	**14**	**1 108**
Dliteanais airgeadais								
Dliteanas agus forálacha ráthaíochta airgeadais	–	*2*	*2*	*4*	–	*3*	–	*3*
	–	**2**	**2**	**4**	–	**3**	–	**3**
Iomlán	**36**	**657**	**13**	**706**	**27**	**1 069**	–	**1 110**

Coinnítear na ranníocaíochtaí uile in EUR, agus ní cheannaítear airgeadraí eile ach amháin nuair a bhíonn gá leo chun íocaíochtaí a dhéanamh. Mar thoradh air sin, ní nochtar oibríochtaí cisteáin CEF do riosca airgeadra.

5.3. **RIOSCA AN RÁTA ÚIS**

Ní fhaigheann CEF airgead ar iasacht agus dá dheasca sin níl sé nochta do riosca ráta úis.

Fabhraítear ús ar iarmhéideanna a shealbhaíonn sé sna cuntais bhainc éagsúla atá aige. Chuir an Coimisiún, thar ceann CEF, bearta i bhfeidhm dá bhrí sin chun a áirithiú go léiríonn ús a thuilltear go tráthrialta na rátaí úis sa mhargadh chomh maith leis an luaineacht a d'fhéadfadh tarlú leo.

Déanann gach Ballstát ranníocaíochtaí le buiséad CEF a chreidiúnú do chuntas speisialta a osclaítear leis an institiúid airgeadais atá ceaptha aige. Chun aghaidh a thabhairt ar an riosca a bhaineann le haisíocaíocht dhiúltach, a bhí ann cúpla bliain ó shin, tá nósanna imeachta bainistíochta airgid i bhfeidhm chun iarmhéideanna a choimeádtar ar na cuntais lena mbaineann a íoslaghdú. Ina theannta sin, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/888 ([7]) ón gComhairle, is é an Ballstát ábhartha a iompraíonn aon luach saothair diúltach ar na cuntais sin.

Íoctar iarmhéideanna thar oíche a shealbhaítear i gcuntais bhainc thráchtála ar bhonn laethúil. Tá íocaíocht iarmhéideanna ar chuntais den sórt sin bunaithe ar rátaí margaidh athraitheacha a gcuirtear corrlach conarthach (deimhneach nó diúltach) i bhfeidhm ina leith. I gcás fhormhór na gcuntas, nasctar ríomh an úis le ráta tagartha margaidh agus déantar é a choigeartú chun aon luaineacht sa ráta sin a léiriú. Mar thoradh air sin, ní ghlacann CEF aon riosca go bhféadfaí a chuid iarmhéideanna a íoc ag rátaí níos ísle ná na rátaí margaidh.

5.4. **RIOSCA CREIDMHEASA (RIOSCA CONTRAPHÁIRTÍ)**

Uas-neamhchosaint ar riosca creidmheasa

Maidir le sócmhainní airgeadais, is ionann na méideanna tuairiscithe agus suimeanna glanluacha agus léiríonn siad neamhchosaint CEF ar riosca creidmheasa ag deireadh na tréimhse tuairiscithe.

EUR milliún

	31.12.2023	31.12.2022
Sócmhainní airgeadais		
Iasachtaí	*16*	*6*
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	*601*	*1 027*
Earraí infhaighte malairte (*)	*11*	*11*
Ráthaíochtaí arna dtabhairt		–
Conarthaí ráthaíochta airgeadais	*14*	*12*
Iomlán an 31.12.2023	**642**	**1 056**

(*) Gan muirir iarchurtha san áireamh

Iasachtaí Ionstraimí Airgeadas: cáilíocht chreidmheasa

EUR milliún

	31.12.2023				
	Céim 1	Céim 2	Céim 3	POCI	Iomlán
Rátáil chreidmheasa					
Príomhghrád agus ardghrád	–	–	–	–	–
Meánghrád uachtarach	–	–	–	–	–

([7]) (IO L 149, 7.6.2016, lch.. 1).

EUR milliún

31.12.2023					
	Céim 1	Céim 2	Céim 3	POCI	Iomlán
Meánghrád íochtarach	–	–	–	–	–
Grád neamhinfheistíochta agus grád mainneachtana	*18*	*1*	–	–	*19*
Oll-luach de réir na leabhar	**18**	**1**	–	–	**19**
Lúide liúntas caillteanais	*2*	*1*	–	–	3
Suim ghlanluacha	**16**	–	–	–	**16**

Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim: cáilíocht chreidmheasa

EUR milliún

	31.12.2023	31.12.2022
Rátáil chreidmheasa		
Príomhghrád agus ardghrád	*514*	*724*
Meánghrád uachtarach	*77*	*299*
Meánghrád íochtarach	*11*	*4*
Grád neamhinfheistíochta agus grád mainneachtana	–	–
Oll-luach de réir na leabhar	**601**	**1 027**
Lúide liúntas caillteanais	-	-
Suim ghlanluacha	**601**	**1 027**

Earraí infhaighte: cáilíocht chreidmheasa

EUR milliún

31.12.2023						
	Gan a bheith dlite	Thar téarma	Thar téarma	Thar téarma	Thar téarma	Iomlán
		0-30 lá	31-90 lá	91 lá - 1 bhliain	> 1 bhliain	
Oll-luach de réir na leabhar	11	–	–	–	–	*11*
Lúide liúntas caillteanais	–	–	–	–	–	–
Suim ghlanluacha	**11**	–	–	–	–	*11*

Sócmhainní airgeadais ag FVSD: cáilíocht chreidmheasa

In 2023 baineann na sócmhainní airgeadais ag FVSD a áiríodh sna ráitis airgeadais sin le hinfheistíochtaí cothromais nach bhfuil faoi réir riosca creidmheasa (féach nóta **2.1**).

5.5. **RIOSCA LEACHTACHTA**

Anailís aibíochta ar dhliteanais airgeadais de réir na haibíochta conarthaí atá fágtha

Nochtar na dliteanais airgeadais agus na suimeanna iníoctha faoin gceannteideal seo leis na suimeanna glanluacha ón gClár Comhardaithe.

EUR milliún

	< 1 bhliain	1-5 bliana	> 5 bliana	Iomlán
Dliteanais airgeadais an 31.12.2023	*391*	*2*	–	*393*
Dliteanais airgeadais an 31.12.2022	*426*	*5*	–	*431*

Áirithíonn prionsabail bhuiséid a chuirtear i bhfeidhm maidir le CEF go mbíonn na hacmhainní airgid foriomlána don tréimhse bhuiséadach leordhóthanach i gcónaí chun íocaíochtaí a dhéanamh. Go deimhin, is ionann ranníocaíochtaí iomlána na mBallstát agus an méid foriomlán leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a dhéantar don tréimhse bhuiséadach ábhartha.

Déantar ranníocaíochtaí na mBallstát le CEF, áfach, i dtrí thráthchuid in aghaidh na bliana, agus bíonn na híocaíochtaí faoi réir séasúrachta.

Chun a áirithiú go mbíonn acmhainní an chisteáin leordhóthanach i gcónaí chun na híocaíochtaí a bheidh le déanamh in aon mhí ar leith a chumhdach, déantar faisnéis maidir le staid an chisteáin a mhalartú go tráthrialta idir cisteán an Choimisiúin agus na ranna caiteachais ábhartha.

I dteannta an méid thuas, i gcomhthéacs oibríochtaí cisteáin CEF, áirithíonn uirlisí bainistíochta airgid uathoibrithe go mbíonn leachtacht leordhóthanach ar fáil ar gach ceann de chuntais bhainc CEF, ar bhonn laethúil.

6. NOCHTUITHE PÁIRTITHE GAOLMHARA

Is iad Cistí Iontaobhais Bêkou, Ciste Iontaobhais an Aontais Eorpaigh don Afraic agus an Coimisiún Eorpach páirtithe gaolmhara CEF. Tarlaíonn na hidirbhearta idir na heintitis sin mar chuid de ghnáthoibríochtaí CEF agus toisc gurb amhlaidh an cás, níl gá le ceanglais shonracha maidir le nochtadh le haghaidh na n-idirbheart sin i gcomhréir le rialacha cuntasaíochta an Aontais.

Níl aon bhainistíocht ar leithligh ag CEF toisc go bhfuil sé á bhainistiú ag an gCoimisiún. Nochtadh na teidlíochtaí maidir le príomhbhainistíocht an Aontais, lena n-áirítear an Coimisiún, i gcuntais bhliantúla chomhdhlúite an Aontais Eorpaigh faoi cheannteideal 7.2 'Teidlíochtaí príomhbhainistíochta'.

7. TEAGMHAIS TAR ÉIS DHÁTA AN CHLÁIR CHOMHARDAITHE

Ar dháta sínithe na gcuntas sin, níor tháinig aon saincheist ábhartha ar aird Oifigeach Cuntasaíochta CEF nó níor tuairiscíodh aon saincheist ábhartha dó, rud a d'éileodh nochtadh ar leithligh faoin roinn seo. Ullmhaíodh na cuntais bhliantúla agus na nótaí gaolmhara trí úsáid a bhaint as an bhfaisnéis is déanaí a bhí ar fáil agus léirítear é sin san fhaisnéis a chuirtear i láthair thuas.

8. AN TORADH EACNAMAÍOCH AGUS AN TORADH BUISÉID A RÉITEACH

Ríomhtar toradh eacnamaíoch na bliana bunaithe ar phrionsabail cuntasaíochta fabhraithe. Bíonn an toradh buiséid bunaithe áfach ar rialacha cuntasaíochta airgid. Toisc go gcumhdaítear leis an toradh eacnamaíoch agus leis an toradh buiséid araon na bun-idirbhearta oibríochtúla céanna, is rialú áisiúil é a áirithiú gur féidir iad a réiteach. Taispeántar an réiteach sin sa tábla thíos, lena gcuirtear i dtábhacht na príomh-mhéideanna réitigh, deighilte idir míreanna ioncaim agus caiteachais. Soláthraíonn na nótaí a ghabhann leis an tábla faisnéis bhreise maidir le cineál na bpríomh-mhíreanna réitigh.

EUR milliún

	2023	2022
TORADH EACNAMAÍOCH NA BLIANA	**(2 249)**	**(2 813)**
Ioncam		
Teidlíochtaí nach ndéanann difear don toradh buiséid	*(11)*	*(5)*

EUR milliún

	2023	2022
Teidlíochtaí a bunaíodh sa bhliain reatha ach nár bailíodh go fóill	*(2)*	*(3)*
Teidlíochtaí a bunaíodh sna blianta roimhe seo agus a bailíodh sa bhliain reatha	*12*	*19*
Glanéifeacht an réamh-mhaoiniúcháin	*36*	*37*
Ioncam fabhraithe (glan)	*(54)*	*(82)*
Caiteachais		
Caiteachais na bliana reatha nár íocadh go fóill	*(55)*	*16*
Caiteachais na mblianta roimhe seo a íocadh sa bhliain reatha	*(349)*	*(408)*
Glanéifeacht an réamh-mhaoiniúcháin	*556*	*244*
Caiteachais fhabhraithe (glan)	*59*	*607*
TORADH BUISÉID NA BLIANA	**(2 056)**	**(2 387)**

8.1. **MÍREANNA RÉITIGH - IONCAM**

Comhfhreagraíonn ioncam buiséadach bliana airgeadais leis an ioncam a bailíodh ó theidlíochtaí arna mbunú le linn na bliana agus méideanna a bailíodh ó theidlíochtaí arna mbunú sna blianta roimhe sin.

Déantar na **teidlíochtaí nach ndéanann difear don toradh buiséid** a thaifeadadh sa toradh eacnamaíoch ach ó thaobh an bhuiséid de, ní féidir iad a mheas mar ioncam ós rud é go n-aistrítear an méid airgeadaithe chuig cúlchistí agus nach féidir é a athghealladh gan cinneadh ón gComhairle.

Déanfar **na teidlíochtaí arna mbunú sa bhliain reatha ach nár bailíodh go fóill** a asbhaint ón toradh eacnamaíoch chun críoch réitigh, toisc nach cuid den ioncam buiséadach iad. I gcodarsnacht leis sin, **na teidlíochtaí arna mbunú sna blianta roimhe sin agus arna mbailiú sa bhliain reatha**, ní mór iad a chur leis an toradh eacnamaíoch chun críoch réitigh.

Tagraíonn an líne **'glanéifeacht an réamh-mhaoinithe'** d'imréiteach an réamh-mhaoinithe le méideanna a aisghabháladh ó na tairbhithe. Léirítear leis na fáltais airgid sin ioncam buiséadach ach ní bhíonn aon tionchar acu ar an toradh eacnamaíoch agus ní mór dá bhrí sin iad a chur isteach chun críoch réitigh.

Cuimsítear leis an **nglan-ioncam fabhraithe** den chuid is mó fabhruithe arna ndéanamh chun críoch scoite deireadh bliana. Ní chuirtear san áireamh ach an ghlan-éifeacht amháin, i.e. ioncam fabhraithe na bliana reatha lúide aisiompú an ioncaim fhabhraithe den bhliain roimhe sin.

8.2. **MÍREANNA RÉITIGH - CAITEACHAS**

Tá **caiteachais na bliana reatha nár íocadh go fóill** le cur isteach chun críoch réitigh toisc go n-áirítear sa toradh eacnamaíoch iad ach nach cuid den chaiteachas buiséadach iad. I gcodarsnacht leis sin, **caiteachais na mblianta roimhe sin a íocadh sa bhliain reatha**, ní mór iad a asbhaint ón toradh eacnamaíoch chun críoch réitigh toisc gur cuid de chaiteachas buiséadach na bliana reatha iad ach níl tionchar acu ar an toradh eacnamaíoch nó laghdaíonn siad na caiteachais i gcás ceartúchán.

Na fáltais airgid ó **chealuithe íocaíochta**, ní dhéanann siad difear don toradh eacnamaíoch ach déanann siad difear don toradh buiséid.

Is é atá i **nglan-éifeacht an réamh-mhaoinithe** teaglaim de na méideanna réamh-mhaoinithe nua a íocadh sa bhliain reatha (a aithnítear mar chaiteachas buiséadach na bliana) agus imréiteach an réamh-mhaoinithe a íocadh sa bhliain reatha nó sna blianta roimhe sin trí chostais incháilithe a ghlacadh. Léiríonn na costais incháilithe sin caiteachas i dtéarmaí fabhraithe ach ní caiteachas iad sna cuntais bhuiséadacha ós rud é gur measadh cheana gur caiteachas buiséadach é íocaíocht an réamh-mhaoinithe tosaigh tráth a íoctha.

Is éard atá sna **glan-chaiteachais fhabhraithe** den chuid is mó fabhruithe arna ndéanamh chun críoch scoite deireadh bliana, i.e. caiteachais incháilithe arna dtabhú ag tairbhithe cistí CEF ach nár tuairiscíodh do CEF go fóill. Ní chuirtear san áireamh ach amháin an ghlan-éifeacht, i.e. caiteachais fhabhraithe na bliana reatha lúide aisiompú chaiteachais fhabhraithe na bliana roimhe sin.

RÁITIS AIRGEADAIS CHISTÍ IONTAOBHAIS AN AONTAIS ARNA gCOMHDHLÚTHÚ IN CEF

RÁITIS AIRGEADAIS CHISTE IONTAOBHAIS BÊKOU AN AONTAIS 2023 ([8])

([8]) Ba cheart a thabhairt faoi deara i ngeall ar shlánú na bhfigiúirí go dtí na mílte euro (kEUR), go bhféadfadh an chuma a bheith ar an scéal nach bhfuil roinnt sonraí airgeadais sna táblaí suimithe i gceart.

FAISNÉIS CHÚLRA

Cúlra ginearálta maidir le Cistí Iontaobhais an Aontais

Cur ar bun

I gcomhréir le hAirteagail 234 agus 235 den Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (RA AE) ([9])agus Airteagal 35 den Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta (RA CEF) ([10]), féadfaidh an Coimisiún Eorpach Cistí Iontaobhais an Aontais a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí seachtracha ('Cistí Iontaobhais an Aontais/EUTFanna'). Bunaítear Cistí Iontaobhais an Aontais faoi chomhaontú arna thabhairt i gcrích le deontóirí eile le haghaidh gníomhaíochtaí éigeandála agus iar-éigeandála is gá chun freagairt do ghéarchéim, nó le haghaidh gníomhaíochtaí téamacha.

Bunaíonn an Coimisiún Eorpach Cistí Iontaobhais an Aontais trí chinneadh tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle nó tar éis dóibh an cinneadh a fhormheas. Áirítear leis an gcinneadh sin an comhaontú bunaidh le deontóirí eile.

Ní dhéantar cistí iontaobhais an Aontais a bhunú agus a chur chun feidhme ach amháin faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

— Tá breisluach leis an idirghabháil ón Aontas: féadfar cuspóirí Chistí Iontaobhais an Aontais, go háirithe de bharr a scála nó a n-éifeachtaí féideartha, a ghnóthú níos fearr ar leibhéal an Aontais ná ar an leibhéal náisiúnta agus ní bheadh úsáid na n-ionstraimí maoinithe atá ann cheana leordhóthanach chun cuspóirí beartais an Aontais a bhaint amach;

— tugann Cistí Iontaobhais an Aontais infheictheacht pholaitiúil shoiléir don Aontas agus buntáistí bainistíochta chomh maith le rialú níos fearr ag an Aontas ar rioscaí agus eisíocaíochtaí an Aontais agus ranníocaíochtaí deontóirí eile;

— ní dhéanann Cistí Iontaobhais an Aontais dúbláil ar bhealaí cistiúcháin eile atá ann cheana ná ar ionstraimí comhchosúla gan aon bhreisíocht a chur ar fáil;

— Tá cuspóirí Chistí Iontaobhais an Aontais ailínithe le cuspóirí ionstraim an Aontais nó le cuspóirí na míre buiséadaí óna gcistítear iad.

Cistí Iontaobhais an Aontais atá ann faoi láthair

Tá ceithre EUTF curtha ar bun ag an gCoimisiún go dtí seo:

— EUTF BÊKOU, arb é is aidhm dó tacú le gach gné d'imeacht Phoblacht na hAfraice Láir ón ngéarchéim agus lena hiarrachtaí atógála. Bunaíodh é an 15 Iúil 2014;

— EUTF MADAD, Ciste Iontaobhais Réigiúnach an Aontais Eorpaigh mar fhreagairt ar an ngéarchéim sa tSiria. Bunaíodh é an 15 Nollaig 2014;

— EUTF don Afraic, Ciste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don chobhsaíocht agus chun aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna atá leis an imirce mhírialta agus le daoine a bheith á n-easáitiú san Afraic. Bunaíodh é an 12 Samhain 2015;

— EUTF DON CHOLÓIM, a thacaíonn le cur chun feidhme an chomhaontaithe síochána sa téarnamh luath agus sa chobhsú tar éis na coinbhleachta. Bunaíodh é an 12 Nollaig 2016.

Misean

Bunaíodh EUTF Bêkou d'fhonn cobhsú agus atógáil Phoblacht na hAfraice Láir (PAL) a chur chun cinn. Is é an príomhchuspóir atá aige, mar a leagtar amach sa Chomhaontú Bunaidh, 'cabhair chomhsheasmhach spriocdhírithe a sholáthar le haghaidh athléimneacht grúpaí leochaileacha agus tacaíocht a thabhairt do gach gné d'imeacht Phoblacht na hAfraice Láir ón ngéarchéim agus den atógáil, chun gníomhaíochtaí sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma a chomhordú, agus chun tacú le tíortha comharsanacha déileáil le hiarmhairtí na géarchéime'.

([9]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046.IO L 166, 30.4.2004, lch. 1., ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1046/oj
([10]) Rialachán (AE) 2018/1877.IO L 307, 3.12.2018, lch. 1., ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1877/oj

Príomhghníomhaíochtaí oibriúcháin

Déanann ciste iontaobhais an Aontais acmhainní ó dheontóirí éagsúla a chomhthiomsú chun cláir a chistiú ar bhonn cuspóirí comhaontaithe. Ó cruthaíodh é i mí Iúil 2014, ghlac EUTF Bêkou 22 chlár agus chuaigh sé i bhfeidhm ar bhreis is 2.5 milliún tairbhí. Is é is aidhm do na cláir cabhrú le Poblacht na hAfraice Láir (PAL) agus leis an daonra tar éis ghéarchéim 2013. Go sonrach, is é is aidhm do EUTF Bêkou rochtain ar sheirbhísí bunúsacha (sláinte, uisce agus sláintíocht go príomha) a áirithiú, tacú leis an téarnamh eacnamaíoch agus le cruthú post, agus an comhtháthú sóisialta agus an t-athmhuintearas a chur chun cinn.

Rialachas

Is é an Coimisiún Eorpach a áirithíonn bainistiú EUTF Bêkou, agus feidhmíonn sé freisin mar rúnaíocht don dá chomhlacht rialaithe – Bord an Chiste Iontaobhais agus an Coiste Oibríochtúil. Ar Bhord an Chiste Iontaobhais agus ar Choiste Oibríochtúil EUTF Bêkou, tá ionadaithe na ndeontóirí, an Choimisiúin, Pharlaimint na hEorpa, ionadaí údaráis Phoblacht na hAfraice Láir, agus breathnóirí. Leagtar síos na rialacha maidir le comhdhéanamh an bhoird agus a rialacha inmheánacha i gcomhaontú bunaidh Chiste Iontaobhais an Aontais.

Is é príomhchúram an Bhoird straitéis fhoriomlán an Chiste Iontaobhais a bhunú agus a athbhreithniú. Tá an Bord Oibríochtúil freagrach as roghnú na ngníomhaíochtaí arna maoiniú ag an gCiste agus déanann sé a gcur chun feidhme a mhaoirsiú. Formheasann sé freisin na cuntais bhliantúla agus na tuarascálacha bliantúla ar na gníomhaíochtaí a mhaoinítear leis an gCiste Iontaobhais.

Foinsí maoiniúcháin

Maoinítear EUTF Bêkou trí ranníocaíochtaí ó dheontóirí.

Cuntais bhliantúla

An bonn leis an ullmhúchán

Leagtar amach an creat dlíthiúil agus na sprioc-amanna chun na cuntais bhliantúla a ullmhú sa 'Chomhaontú lena mbunaítear Ciste Iontaobhais an Aontais Eorpaigh do Phoblacht na hAfraice Láir, "Ciste Iontaobhais Bêkou an Aontais Eorpaigh", agus a rialacha inmheánacha' ('Comhaontú Bunaidh'). De réir an Chomhaontaithe Bunaidh sin, ullmhaítear na cuntais bhliantúla i gcomhréir leis na rialacha arna nglacadh ag Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin (Rialacha Cuntasaíochta an Aontais Eorpaigh), a bhunaítear ar chaighdeáin chuntasaíochta a nglactar leo go hidirnáisiúnta le haghaidh na hearnála poiblí (IPSAS).

Oifigeach Cuntasaíochta

Feidhmíonn Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin mar Oifigeach Cuntasaíochta ar Chistí Iontaobhais an Aontais. Is é an tOifigeach Cuntasaíochta atá freagrach as nósanna imeachta cuntasaíochta agus cairt na gcuntas is coiteann do Chistí Iontaobhais uile an Aontais a leagan síos. Feidhmíonn Iniúchóir Inmheánach an Choimisiúin, OLAF agus an Chúirt Iniúchóirí na cumhachtaí céanna ar Chistí Iontaobhais an Aontais is a fheidhmíonn siad i ndáil le gníomhaíochtaí eile a dhéanann an Coimisiún. Bíonn Cistí Iontaobhais an Aontais faoi réir iniúchóireacht sheachtrach neamhspleách gach bliain freisin.

Comhdhéanamh na gcuntas bliantúil

Cumhdaítear leis na cuntais bhliantúla an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig agus cuimsítear leo na ráitis airgeadais agus na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid. Cé go n-ullmhaítear na ráitis airgeadais agus na nótaí a ghabhann leo ar bhonn cuntasaíocht fabhraithe, tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid bunaithe go príomha ar ghluaiseachtaí airgid thirim.

Próiseas ó chuntais shealadacha go dtí urscaoileadh

Bíonn na cuntais bhliantúla faoi réir iniúchóireacht sheachtrach neamhspleách. Na cuntais bhliantúla a ullmhaíonn an tOifigeach Cuntasaíochta, déantar iad a tharchur, faoin 15 Feabhra an bhliain dár gcionn, chuig an gCoiste Oibríochtúil a dhéanann iad a tharchur ansin chuig an gcuideachta iniúchóireachta arna roghnú ag an eintiteas tar éis nós imeachta tairisceana. Tar éis na hiniúchóireachta, ullmhaíonn an tOifigeach Cuntasaíochta na cuntais bhliantúla chríochnaitheacha agus cuireann sé faoi bhráid an Choiste Oibríochtúil iad lena bhformheas (Airteagal 8.3.4(c)).

Déantar cuntais bhliantúla EUTF Bêkou a chomhdhlúthú i gcuntais bhliantúla an Chiste Eorpaigh Forbraíochta.

Buaicphointí oibriúcháin

Éachtaí na bliana

Sheol an tAontas a chéad Chiste Iontaobhais (EUTF) riamh ar a dtugtar Bêkou ('dóchas' an chiall atá le Bêkou sa tSangóis) i mí Iúil 2014 chun cabhrú le Poblacht na hAfraice Láir (PAL) agus leis na daoine ann tar éis ghéarchéim 2013. Is é is aidhm do EUTF Bêkou rochtain ar sheirbhísí bunúsacha (sláinte, uisce agus sláintíocht go príomha) a áirithiú, tacú leis an bhforbairt tuaithe agus leis an téarnamh eacnamaíoch, agus an t-athmhuintearas a chur chun cinn. Ó cruthaíodh é, mhaoinigh EUTF Bêkou 22 chlár agus chuaigh sé i bhfeidhm ar bhreis agus leath de dhaonra na tíre.

In 2023, ba é príomhthréith na staide slándála i bPoblacht na hAfraice Láir méadú ar líon na dteagmhas a bhaineann le caismirtí idir Fórsaí Armtha Phoblacht na hAfraice Láir (FACA) agus Comhghuaillíocht na dTírghráthóirí le haghaidh Phoblacht na hAfraice Láir (CPC), ach tá laghdú ag teacht ar an líon básanna a bhaineann leis an bhforéigean armtha. Thairis sin, léiríonn formhór na troda atá ar siúl i réigiúin fhorimeallacha na tíre go bhfuil laghdú suntasach tagtha ar an bhforéigean in aghaidh sibhialtach.

Ó thaobh na polaitíochta de, glacadh Bunreacht nua i mí Lúnasa agus rinneadh dul chun cinn sa chomhrac i gcoinne na saoirse ó phionós ar mhol an tUachtarán TOUADERA é. Mar shampla, ghabh an Chúirt Choiriúil Speisialta Abdoulaye HISSENE, ceannaire míleata agus polaiteoir ó Phoblacht na hAfraice Láir, agus ghearr sí pianbhreith air as coireanna cogaidh.

In 2023, mhéadaigh díchobhsú na dtíortha comharsanachta an teannas polaitiúil agus slándála i bPoblacht na hAfraice Láir. Mar thoradh ar an gcoinbhleacht sa tSúdáin, tá líon ollmhór daoine easáitithe i maoracht VAKAGA. Ar deireadh, cuireann bunú dhá ghrúpa armtha nua Seadacha i bhfad ó thuaidh i bPoblacht na hAfraice Láir leis an teannas idir an dá thír agus fágann sé sin go mbíonn daoine á n-easáitiú.

Sa chomhthéacs sin atá luaineach i gcónaí, bhí cúnamh daonnúil de dhíth ar 3,4 milliún duine i mí Lúnasa 2023, nó 56 % de dhaonra Phoblacht na hAfraice Láir. Cé gur cúis imní í, tá an staid sin cobhsaí i gcomparáid le 2022. Is iad seo a leanas na hearnálacha lena mbaineann an líon is mó daoine atá i ngátar in 2023: uisce, sláinteachas agus sláintíocht (WASH), sábháilteacht bia, sláinte agus cosaint. Agus coinbhleachtaí ag imeacht ó phríomhlimistéir uirbeacha na tíre, tá laghdú fós ag teacht ar líon na ndaoine easáitithe ina dtír féin i bPoblacht na hAfraice Láir don tríú bliain as a chéile. Dá bhrí sin, tá an leibhéal is ísle bainte amach aige ó bhí 2016 ann, agus 489 000 duine easáitithe an 31 Lúnasa 2023 (laghdú ó 515 700 in 2022).

Príomhéachtaí i réimsí fócais sonracha

Sna príomhéachtaí ó 2023 atá curtha i láthair thíos léirítear príomhchuspóirí/príomhréimsí sonracha idirghabhála an Chiste Iontaobhais.

Maidir le rochtain ar sheirbhísí, lean Ciste Iontaobhais Bêkou de bheith ag tacú leis na hearnálacha Sláinte agus WASH.

In 2023, bhain 44 566 duine breise tairbhe as rochtain fheabhsaithe ar sheirbhísí uisce, sláinteachais agus sláintíochta (EHA - táscaire 1.1), rud a d'fhág go raibh 1 068 695 tairbhí san iomlán ann ó cuireadh tús leis an gCiste.

Le linn 2023, soláthraíodh 55 289 comhairliúchán leighis agus idirghabháil sláinte (táscaire 1.2), laghdú suntasach i gcomparáid leis na blianta roimhe sin mar gheall ar dhúnadh na dtionscadal a bhaineann leis an tríú sraith de chlár HEALTH ag deireadh 2022. Comhairliúcháin leighis a bhí i 63 % de na hidirghabhálacha sláinte a cuireadh ar fáil agus tacaíocht shíceasóisialta a bhí i 24 % díobh. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur tháinig laghdú suntasach ar líon na gcomhairliúchán agus na n-idirghabhálacha a bhaineann le sláinte máithreacha agus leanaí agus le vacsaíní in 2023, cé go raibh cion tairiseach acu ó bhliain amháin go dtí an chéad bhliain eile ó cuireadh tús le tionscadail HEALTH.

I réimse an chomhtháthaithe shóisialta, bhí sé d'aidhm ag an gcuid is mó de na gníomhaíochtaí a cuireadh chun feidhme le tacaíocht ó EUTF Bêkou mná a chumhachtú agus dul i ngleic le foréigean inscnebhunaithe, agus chun na meáin sa tír a threisiú. In 2023, bhain 32 529 gcailín nó mbean tairbhe as gníomhaíochtaí cumhachtaithe socheacnamaíocha i 13 cinn de 20 maoracht na tíre (táscaire 2.1) ar tugadh tacaíocht eacnamaíoch do níos mó ná leath de na tairbhithe (58 %) díobh, fuair 30 % díobh tacaíocht shocheacnamaíoch agus fuair 12 % díobh tacaíocht shóisialta. Fuair 4 092 dhuine a tháinig slán as foréigean inscnebhunaithe tacaíocht ó Bêkou (táscaire 2.2) trí thacaíocht shíceasóisialta, cúram leighis, cúnamh dlíthiúil, seachadadh fearas dínite, etc.

Ar an leibhéal náisiúnta, rannchuidíonn cúnamh teicniúil don Aireacht Ban, Teaghlaigh agus Cosanta Leanaí (MPFFPE) agus do na haireachtaí earnála ábhartha le hiarrachtaí múscailte feasachta maidir leis an bhforéigean inscnebhunaithe a chur ar bhonn foirmiúil, a neartú agus a chomhchuibhiú.

Maidir le tacú le téarnamh na n-earnálacha eacnamaíocha agus táirgiúla, thug EUTF Bêkou cúnamh do thalmhaíocht tháirgiúil agus talmhaíocht atá dírithe ar chothú araon, thacaigh sé le grúpaí talmhaíochta agus feirmeoirí beaga, chothaigh sé cruthú post (obair dhlúthshaothair, gairmoiliúint, forbairt gníomhaíochtaí a ghineann ioncam) agus d'éascaigh sé rochtain ar sheirbhísí airgeadais do ghnólachtaí beaga agus do dhaoine aonair. In 2023, fuair 28 093 duine tacaíocht chun gníomhaíocht giniúna ioncaim a bhunú (táscaire 3.4), arb ionann é agus 30 % den táscaire iomlán ó cuireadh tús leis an gCiste. Ina theannta sin, tugadh tacaíocht do 5 551 feirmeoir chun a dtáirgeadh a mhéadú ar bhealach inbhuanaithe (táscaire 3.3) le tionscadail RELSUDE ACTED agus PAPEUR Rural in 2023. Lean an tionscadal PAPEUR Rural de bheith ag tacú leis na 35 chomharchumann a bunaíodh sna blianta roimhe sin agus sa chomhthéacs sin, shroich sé 5 498 gcomhoibreoir breise le cineálacha éagsúla cúnaimh. Bhain 3 469 duine tairbhe as gníomhaíochtaí gairmoiliúna i rith na bliana (táscaire 3.6), sin méadú 40 % i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Nuair a tugadh gníomhaíochtaí athshlánaithe na n-ionad oiliúna agus na n-ionad oiliúna d'oiliúnóirí chun críche de réir a chéile faoi thionscadal DEVRUR II, bhíothas in ann dlús a chur le gníomhaíochtaí oiliúna do thairbhithe in 2023.

Buiséad agus cur chun feidhme buiséid

Faoi dheireadh 2023, bhí breis is EUR 310 milliún i gceist leis na ranníocaíochtaí le EUTF Bêkou. Chuir an Ciste Iontaobhais bailchríoch ar na gealltanais agus ar chonraitheoireacht na ranníocaíochtaí uile a fuarthas an 31 Nollaig 2021, cé is moite de chistí atá curtha i leataobh le haghaidh faireacháin, meastóireachta, iniúchóireachta agus cumarsáide ar féidir conradh a dhéanamh ina leith fós tar éis an dáta sin.

Conraíodh cúig chonradh nua ar mhéid iomlán EUR 128 303 in 2023. Bhain na conarthaí sin le hiniúchóireacht agus gníomhaíochtaí cumarsáide.

Íocadh níos mó ná EUR 19 milliún in 2023; eisíocadh breis agus EUR 283 mhilliún ar an iomlán ó cruthaíodh EUTF Bêkou.

Tionchar na ngníomhaíochtaí sna ráitis airgeadais

Sna ráitis airgeadais, tá tionchar na ngníomhaíochtaí thuasluaite níos feiceálaí nuair a fhéachtar ar na nithe seo a leanas:

— Réamh-mhaoiniú: tháinig laghdú kEUR 7 420 air de thoradh fhoirceannadh an Chiste Iontaobhais agus an laghdaithe dá dhroim sin ar líon na gconarthaí nua: níor síníodh ach 4 chonradh in 2023, a bhain le gníomhaíochtaí iniúchóireachta, meastóireachta agus cumarsáide dar luach kEUR 1 111;

— Dliteanais airgeadais: tháinig méadú kEUR 18 449 orthu sin go príomha toisc go raibh na ranníocaíochtaí ó na deontóirí a tiontaíodh go hairgead níos airde ná na glanchostais a leithdháileadh ar na deontóirí;

— Caiteachais oibriúcháin: tháinig méadú kEUR 4 027 orthu mar thoradh ar an méadú ar chostais mheasta 3 chlár: Faoiseamh agus Athshlánú Atógála, Cúram Sláinte Bunúsach agus Forbairt Uirbeach.

CLÁR COMHARDAITHE

EUR '000

		31.12.2023	31.12.2022
SÓCMHAINNÍ NEAMHREATHA			
Réamh-mhaoiniú		–	*336*
		–	**336**
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Réamh-mhaoiniú		*3 745*	*10 829*
Earraí infhaighte malairte agus méideanna in-aisghabhála neamh-mhalairte		*3 462*	*3 595*

EUR '000

		31.12.2023	31.12.2022
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		*28 420*	*4 316*
		35 627	**18 740**
IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ		**35 627**	**19 076**
DLITEANAIS NEAMHREATHA			
Dliteanais airgeadais		*(31 001)*	*(12 552)*
		(31 001)	**(12 552)**
DLITEANAIS REATHA			
Suimeanna iníoctha		*–*	*(4 563)*
Muirir fhabhraithe		*(4 626)*	*(1 961)*
		(4 626)	**(6 524)**
IOMLÁN NA nDLITEANAS		**(35 627)**	**(19 076)**
GLANSÓCMHAINNÍ		*–*	*–*

RÁITEAS MAIDIR LE FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS

EUR '000

		2023	2022
IONCAM			
Ioncam ó idirbhearta neamh-mhalairte			
Ioncam ó thabhartais		*24 550*	*21 504*
Aisghabháil caiteachas		*717*	*42*
		25 268	**21 546**
Ioncam ó idirbhearta malairte			
Ioncam airgeadais		*636*	*40*
		636	**40**
Ioncam iomlán		**25 904**	**21 586**
CAITEACHAIS			
Caiteachais oibriúcháin		*(24 278)*	*(20 251)*
Costais airgeadais		*–*	*(12)*
Caiteachais eile		*(1 626)*	*(1 323)*
Caiteachais iomlána		**(25 904)**	**(21 586)**
TORADH EACNAMAÍOCH NA BLIANA		*–*	*–*

RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID

EUR '000

	2023	2022
Toradh eacnamaíoch na bliana	–	–
(Méadú)/laghdú ar réamh-mhaoiniú	*7 420*	*811*
(Méadú)/laghdú ar earraí infhaighte malairte agus méideanna in-aisghabhála neamh-mhalairte	*132*	*851*
Méadú/(laghdú) ar dhliteanais airgeadais	*18 450*	*9 385*
Méadú/(laghdú) ar shuimeanna iníoctha	*(4 563)*	*1 716*
Méadú/(laghdú) ar mhuirir fhabhraithe	*2 665*	*(12 240)*
GLANSREABHADH AIRGID	**24 104**	**524**
Glanmhéadú/(glanlaghdú) ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim	*24 104*	*524*
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag tús na bliana	*4 316*	*3 792*
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag deireadh bliana	*28 420*	*4 316*

RÁITIS AIRGEADAIS EUTF DON AFRAIC 2023 ([11])

([11]) Ba cheart a thabhairt faoi deara i ngeall ar shlánú na bhfigiúirí go dtí na mílte euro (kEUR), go bhféadfadh an chuma a bheith ar an scéal nach bhfuil roinnt sonraí airgeadais sna táblaí suimithe i gceart.

FAISNÉIS CHÚLRA MAIDIR LE EUTF DON AFRAIC

Cúlra ginearálta maidir le Cistí Iontaobhais an Aontais

Cur ar bun

I gcomhréir le hAirteagail 234 agus 235 den Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (RA AE) ([12]) agus Airteagal 35 den Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta (RA CEF) ([13]), féadfaidh an Coimisiún Eorpach Cistí Iontaobhais an Aontais a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí seachtracha ('Cistí Iontaobhais an Aontais/EUTFanna'). Bunaítear Cistí Iontaobhais an Aontais faoi chomhaontú arna thabhairt i gcrích le deontóirí eile le haghaidh gníomhaíochtaí éigeandála agus iar-éigeandála is gá chun freagairt do ghéarchéim, nó le haghaidh gníomhaíochtaí téamacha.

Bunaíonn an Coimisiún Eorpach Cistí Iontaobhais an Aontais trí chinneadh tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle nó tar éis dóibh an cinneadh a fhormheas. Áirítear leis an gcinneadh sin an comhaontú bunaidh le deontóirí eile.

Ní dhéantar Cistí Iontaobhais an Aontais a bhunú agus a chur chun feidhme ach amháin faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

— Tá breisluach leis an idirghabháil ón Aontas: féadfar cuspóirí Chistí Iontaobhais an Aontais, go háirithe de bharr a scála nó a n-éifeachtaí féideartha, a ghnóthú níos fearr ar leibhéal an Aontais ná ar an leibhéal náisiúnta agus ní bheadh úsáid na n-ionstraimí maoinithe atá ann cheana leordhóthanach chun cuspóirí beartais an Aontais a bhaint amach;

— tugann Cistí Iontaobhais an Aontais infheictheacht pholaitiúil shoiléir don Aontas agus buntáistí bainistíochta chomh maith le rialú níos fearr ag an Aontas ar rioscaí agus eisíocaíochtaí an Aontais agus ranníocaíochtaí deontóirí eile;

— ní dhéanann Cistí Iontaobhais an Aontais dúbláil ar bhealaí cistiúcháin eile atá ann cheana ná ar ionstraimí comhchosúla gan aon bhreisíocht a chur ar fáil;

— Tá cuspóirí Chistí Iontaobhais an Aontais ailínithe le cuspóirí ionstraim an Aontais nó le cuspóirí na míre buiséadaí óna gcistítear iad.

Cistí Iontaobhais an Aontais atá ann faoi láthair

Tá ceithre EUTF curtha ar bun ag an gCoimisiún go dtí seo:

— EUTF BÊKOU, arb é is aidhm dó tacú le gach gné d'imeacht Phoblacht na hAfraice Láir ón ngéarchéim agus lena hiarrachtaí atógála. Bunaíodh é an 15 Iúil 2014;

— EUTF MADAD, Ciste Iontaobhais Réigiúnach an Aontais Eorpaigh mar fhreagairt ar an ngéarchéim sa tSiria. Bunaíodh é an 15 Nollaig 2014;

— EUTF don Afraic, Ciste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don chobhsaíocht agus chun aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna atá leis an imirce mhírialta agus le daoine a bheith á n-easáitiú san Afraic. Bunaíodh é an 12 Samhain 2015;

— EUTF DON CHOLÓIM, a thacaíonn le cur chun feidhme an chomhaontaithe síochána sa téarnamh luath agus sa chobhsú tar éis na coinbhleachta. Bunaíodh é an 12 Nollaig 2016.

Misean

Is iad príomhchuspóirí EUTF don Afraic tacú le gach gné den chobhsaíocht agus rannchuidiú le bainistíocht imirce níos fearr mar aon le haghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna an díchobhsaithe, an easáitithe éigeantais agus na himirce mírialta, go háirithe trí athléimneacht, deiseanna eacnamaíocha agus comhdheiseanna, slándáil agus forbairt a chur chun cinn agus trí dhul i ngleic le sáruithe ar chearta an duine.

([12]) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais.

([13]) Rialachán (AE) 2018/1877.

Príomhghníomhaíochtaí oibriúcháin

Déanann Ciste Iontaobhais an Aontais acmhainní ó dheontóirí éagsúla a chomhthiomsú chun gníomhaíocht a mhaoiniú ar bhonn cuspóirí comhaontaithe. Feidhmíonn EUTF don Afraic i dtrí phríomhréimse thíreolaíocha, mar atá an tSaiheil agus limistéar Loch Shead, Corn na hAfraice agus Tuaisceart na hAfraice. D'fhéadfadh tíortha comharsanacha na dtíortha incháilithe tairbhiú, ar bhonn cás ar chás, de thionscadail an Chiste Iontaobhais. Bunaítear an Ciste Iontaobhais ar feadh tréimhse theoranta, chun freagairt a sholáthar sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma ar na dúshláin sna réigiúin.

Rialachas

Is é an Coimisiún Eorpach a áirithíonn bainistiú EUTF don Afraic, agus feidhmíonn sé freisin mar rúnaíocht don dá chomhlacht rialaithe – Bord an Chiste Iontaobhais agus an Coiste Oibríochtúil. Ar Bhord an Chiste Iontaobhais agus ar Choiste Oibríochtúil EUTF don Afraic, tá ionadaithe ó na deontóirí agus ón gCoimisiún, chomh maith le hionadaithe ó Bhallstáit neamh-rannpháirteacha an Aontais, ó údaráis na dtíortha incháilithe agus ó eagraíochtaí réigiúnacha mar bhreathnóirí. Leagtar síos na rialacha maidir le comhdhéanamh an bhoird agus a rialacha inmheánacha i gcomhaontú bunaidh Chiste Iontaobhais an Aontais.

Is é príomhchúram an Bhoird straitéis fhoriomlán an Chiste Iontaobhais a bhunú agus a athbhreithniú. Tá an Bord Oibríochtúil freagrach as roghnú na ngníomhaíochtaí arna maoiniú ag an gCiste agus déanann sé a gcur chun feidhme a mhaoirsiú. Formheasann sé freisin na cuntais bhliantúla agus na tuarascálacha bliantúla ar na gníomhaíochtaí a mhaoinítear leis an gCiste Iontaobhais.

Foinsí maoiniúcháin

Maoinítear EUTF don Afraic trí ranníocaíochtaí ó dheontóirí.

An bonn leis an ullmhúchán

Leagtar amach an creat dlíthiúil agus na sprioc-amanna chun na cuntais bhliantúla a ullmhú sa 'Chomhaontú lena mbunaítear Ciste Iontaobhais éigeandála an Aontais Eorpaigh don chobhsaíocht agus chun aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna atá leis an imirce mírialta agus le daoine a bheith á n-easáitiú san Afraic agus a rialacha inmheánacha' ('Comhaontú Bunaidh'). De réir an Chomhaontaithe Bunaidh sin, ullmhaítear na cuntais bhliantúla i gcomhréir leis na rialacha arna nglacadh ag Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin (Rialacha Cuntasaíochta an Aontais Eorpaigh), a bhunaítear ar chaighdeáin chuntasaíochta a nglactar leo go hidirnáisiúnta le haghaidh na hearnála poiblí (IPSAS).

Oifigeach Cuntasaíochta

Bunaithe ar an gComhaontú Bunaidh, feidhmíonn Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin mar Oifigeach Cuntasaíochta ar an gCiste Iontaobhais.

Comhdhéanamh na gcuntas bliantúil

Cumhdaítear leis na cuntais bhliantúla an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig agus cuimsítear leo na ráitis airgeadais agus na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid. Cé go n-ullmhaítear na ráitis airgeadais agus na nótaí a ghabhann leo ar bhonn cuntasaíocht fabhraithe, tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid bunaithe go príomha ar ghluaiseachtaí airgid thirim.

Próiseas ó chuntais shealadacha go dtí urscaoileadh

Bíonn na cuntais bhliantúla faoi réir iniúchóireacht sheachtrach neamhspleách. Na cuntais bhliantúla a ullmhaíonn an tOifigeach Cuntasaíochta, déantar iad a tharchur, faoin 15 Feabhra an bhliain dár gcionn, chuig an gCoiste Oibríochtúil a dhéanann iad a tharchur ansin chuig an gcuideachta iniúchóireachta arna roghnú ag an eintiteas tar éis nós imeachta tairisceana. Tar éis na hiniúchóireachta, ullmhaíonn an tOifigeach Cuntasaíochta na cuntais bhliantúla chríochnaitheacha agus cuireann sé faoi bhráid an Choiste Oibríochtúil iad lena bhformheas.

Déantar cuntais bhliantúla EUTF don Afraic a chomhdhlúthú i gcuntais bhliantúla an Chiste Eorpaigh Forbraíochta.

Buaicphointí oibriúcháin

Éachtaí na bliana

I gcomhréir le dheireadh na tréimhse conarthaí an 31 Nollaig 2021, amhail ó Eanáir 2022 ní dhearna EUTF don Afraic aon ghealltanas airgeadais nua ná aon bhreisiú buiséadach nua a chistiú. Is iad gealltanais airgeadais a bhaineann le gníomhaíochtaí riaracháin amhail iniúchtaí, meastóireachtaí, gníomhaíochtaí faireacháin agus cumarsáide an t-aon chineál gealltanais airgeadais is féidir a thabhairt ar conradh. Leanfar de chláir EUTF don Afraic a chur chun feidhme go dtí deireadh 2025.

Le linn 2023, léirigh EUTF an Afraic freisin gur uirlis cur chun feidhme ghasta éifeachtach é, lena n-éascaítear idirphlé beartais le tíortha comhpháirtíochta san Afraic, lena gcuirtear cuir chuige nuálacha i bhfeidhm, agus lena gcuirtear torthaí nithiúla ar fáil ar fud na dtrí réigiún (an tSaiheil agus Loch Shead, Corn na hAfraice, agus Tuaisceart na hAfraice).

I réigiún Chorn na hAfraice, bhí iarmhairtí leanúnacha an athraithe aeráide fós ann in 2023. Mharaigh tuilte tromchúiseacha sa tSomáil, sa Chéinia, san Aetóip agus sa tSúdáin Theas na scórtha daoine agus ba chúis le heasáitiú os cionn 2 mhilliún duine iad, agus tháinig meath ar an ngéarchéim maidir le neamhshlándáil an tsoláthair bia ar fud an réigiúin. Tá na dúshláin eacnamaíocha, shóisialta agus slándála ard agus gan staonadh, agus tá tionchar ag an gcoinbhleacht armtha a thit amach sa tSúdáin i mí Aibreáin 2023 ar an réigiún ar fad. Mar thoradh air sin, anois is í an tSúdáin an tír ina bhfuil an líon is mó daoine easáitithe agus an ghéarchéim easáitithe leanaí is mó ar domhan de réir UNHCR. Mar sin féin, is cosúil go bhfuil feabhas faichilleach ag teacht ar an staid slándála sa tSomáil, agus an tráth céanna leanann an Chéinia agus Djibouti dá gconair i dtreo na cobhsaíochta d'ainneoin na ndúshlán leanúnach.

Sa chomhthéacs deacair sin, thuairiscigh EUTF, sa chéad seimeastar de 2023, an t-aschur leathbhliantúil is airde maidir le cúnamh cothaithe ó cuireadh tús leis an EUTF i gCorn na hAfraice. Go deimhin, sna chéad sé mhí sin, bhain 433 728 nduine tairbhe as cúnamh cothaithe ón EUTF, i.e. 15 % de na tairbhithe iomlána go dtí seo (2 833 594 duine). Baineadh amach an leibhéal aschuir sin go háirithe trí phúdar il-mhicreachothaitheach a dháileadh ar leanaí faoi bhun cúig bliana d'aois agus trí bheathú scoile ar an láthair sa tSúdáin.

Ar an gcaoi chéanna, sa seimeastar seo thuairiscigh EUTF an t-aschur leathbhliantúil is mó d'imircigh, dídeanaithe, fillithe agus daoine easáitithe inmheánacha a fuair cúnamh nó atá faoi chosaint (sa tSúdáin den chuid is mó), 103 436 dhuine as 198 826 dhuine a fuair tacaíocht go dtí seo.

Thacaigh EUTF freisin le hiarrachtaí cobhsaíochta agus cothaithe síochána sa réigiún agus bhain 65 369 mball foirne ó ghníomhaithe stáit agus neamhstáit tairbhe as gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta maidir le scileanna síochána, slándála agus rialachais, lena n-áirítear 2 392 thairbhí nua sa chéad seimeastar de 2023. Is ó réigiún Gambella na hAetóipe agus ón tSúdáin Theas a tháinig formhór na n-aschur i mbliana.

Bhí ar réigiún na Saiheile agus Loch Shead aghaidh a thabhairt ar an iliomad dúshlán eacnamaíoch agus daonnúil in 2023, amhail boilsciú, fás eacnamaíoch luasghéaraithe, anás fiachais, géarchéim bhia, easáitiú, imirce, géarchéim slándála, agus foréigean.

Ba chur chuige mór de chuid EUTF é infheistíocht a dhéanamh i gcaipiteal daonna chun tacú le poist a chruthú sa réigiún. Sa chéad leath de 2023, cruthaíodh nó thacaigh cláir arna gcistiú ag EUTF 11 087 bpost, an chuid is mó acu sa Nígir, sa Ghuine agus sa tSeineagáil. Tá an t-oideachas agus an ghairmoiliúint theicniúil agus ghairmiúil agus forbairt scileanna ríthábhachtach chun táirgiúlacht saothair a fheabhsú, agus bhain 23 266 dhuine tairbhe as oideachas agus gairmoiliúint theicniúil agus ghairmiúil agus as forbairt scileanna.

Chomh maith leis sin, sa chéad seimeastar de 2023, dhírigh gníomhaíochtaí arna gcistiú ag EUTF ar fheasacht a mhúscailt maidir leis na rioscaí a bhaineann leis an imirce neamhrialta, agus bhain 2 943 412 dhuine leis na gníomhaíochtaí sin. Thacaigh EUTF le 420 filleadh deonach agus le hath-imeascadh 509 n-imirceach a bhí ag filleadh. Ó seoladh EUTF, bhain 73 215 imirceach a bhí ag filleadh tairbhe as cúnamh um fhilleadh deonach agus bhain 91 642 díobh tairbhe as cúnamh ath-imeasctha sa réigiún SLC.

I bhfianaise an dianteannais, agus an ghéarchéim slándála sa réigiún ag géarú, sa chéad leath de 2023 cuireadh cláir arna gcistiú ag EUTF oiliúint ar 11 520 duine maidir le rialachas, cosc coinbhleachtaí agus cearta an duine ar fud réigiún na Saiheile agus Loch Shead. Éacht suntasach a baineadh amach sa seimeastar is ea oiliúint a chur ar 8 823 duine i Mailí chun tacú le próiseas an reifrinn as ar eascair glacadh Bunreachta nua i mí an Mheithimh. Ina theannta sin, ghlac 1 397 417 duine páirt i ngníomhaíochtaí maidir le coinbhleachtaí a chosc agus maidir le cearta an duine. Ar deireadh, le cláir arna gcistiú ag EUTF, cuireadh 10 034 phíosa trealaimh ar fáil d'institiúidí sibhialtacha agus d'fhórsaí slándála, chun rialachas agus slándáil a neartú.

Cé go raibh tionchar fós á imirt ag iarmhairtí chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, tharla roinnt géarchéimeanna gan choinne in 2023 a raibh tionchar acu ar thíortha i dTuaisceart na hAfraice agus ar a gcomharsana, lena n-áirítear an tSúdáin, an Nígir agus na críocha Palaistíneacha le déanaí, rud a d'fhág go raibh cúlú leanúnach polaitiúil agus eacnamaíoch sa réigiún mar aon le tuilleadh teannais agus gluaiseachtaí imirce. In 2023, tháinig méadú 50 % ar thrasnuithe teorann neamhrialta ar bhealach na Meánmhara Láir, ón Túinéis agus ón Libia go dtí an Iodáil agus Málta, in 2023 i gcomparáid le 2022; tháinig 157 951 duine isteach san iomlán ar an mbealach sin. Is í an Túinéis an tír is mó a n-imíonn daoine uaithi i dtreo na hIodáile (agus an Aontais) in 2023, agus an Libia ina dhiaidh sin. In 2023, ba iad an Ghuine agus an Túinéis príomhnáisiúntachtaí teachta chun na hIodáile fós, agus tháinig breis agus 17 000 duine isteach ó gach ceann acu, agus bhí Cote d'Ivoire agus an Bhanglaidéis ina ndiaidh sin. Ar an gcaoi chéanna, tá méadú suntasach tagtha ar an mbrú ar bhealaí na Meánmhara Thiar agus an Atlantaigh i gcomparáid leis an tréimhse chéanna anuraidh, agus 56 039 nduine ag teacht isteach san iomlán (+95 % i gcomparáid le 2022).

Buiséad agus cur chun feidhme buiséid

Ní dhearnadh aon chlár nua ná aon bhreisiú buiséadach nua in aon cheann de na trí réigiún san EUTF don Afraic in 2023, i gcomhréir le deireadh na tréimhse conarthaí an 31 Nollaig 2021. Is é EUR 5 053,27 milliún an méid iomlán a gealladh do chaiteachas oibríochtúil agus riaracháin ó cuireadh tús leis an EUTF don Afraic. Is é atá i méid na gclár oibríochtúil formheasta ó cuireadh tús leis an EUTF don Afraic EUR 1 810 milliún do réigiún Chorn na hAfraice; EUR 2 217,8 milliún do réigiún na Saiheile agus Loch Shead agus EUR 907,3 milliún do réigiún na hAfraice Thuaidh.

Conraíodh 28 gconradh nua ar mhéid iomlán EUR 5,08 milliún in 2023. Bhain na conarthaí sin le gníomhaíochtaí riaracháin amháin (iniúchadh, meastóireacht, cumarsáid, faireachán), mar ní féidir cláir oibríochtúla ná gníomhaíochtaí oibríochtúla a chistiú a thuilleadh ón 31 Nollaig 2021 ar aghaidh.

Bhain na híocaíochtaí in 2023 luach EUR 332,4 milliún amach, méid a bhí EUR 110 milliún ní ba lú ná mar a bhí in 2022 (EUR 442 mhilliún). Tá na híocaíochtaí níos lú in 2023, toisc gur tháinig roinnt tionscadal go dtí deireadh a dtréimhse cur chun feidhme.

Tionchar na ngníomhaíochtaí sna ráitis airgeadais

Sna ráitis airgeadais, tá tionchar na ngníomhaíochtaí thuasluaite níos feiceálaí nuair a fhéachtar ar na nithe seo a leanas:

— **Réamh-mhaoiniú**: tháinig laghdú kEUR 122 362 air de thoradh fhoirceannadh an Chiste Iontaobhais agus an laghdaithe ina dhiaidh sin ar líon na gconarthaí nua: níor síníodh ach 28 gconradh in 2023, a bhain le gníomhaíochtaí riaracháin: iniúchadh, meastóireacht, cumarsáid agus faireachán a dhéanamh ar EUR 5,08 milliún;

— **Dliteanais airgeadais**: tháinig laghdú kEUR 70 236 air go príomha toisc go raibh na ranníocaíochtaí a tiontaíodh go hairgead le linn na bliana níos ísle ná na glanchaiteachais a leithdháileadh ar na deontóirí;

— **Caiteachais oibriúcháin**: tháinig laghdú kEUR 203 251 air de thoradh fhoirceannadh an Chiste Iontaobhais, rud a d'fhág gur tháinig laghdú ar líon na gconarthaí oscailte agus, dá bhrí sin, gur tháinig laghdú ar chaiteachais.

CLÁR COMHARDAITHE

EUR '000

		31.12.2023	31.12.2022
SÓCMHAINNÍ NEAMHREATHA			
Sócmhainní Airgeadais		*3 949*	*1 943*
Réamh-mhaoiniú		*18 254*	*14 927*
		22 204	**16 870**
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Réamh-mhaoiniú		*178 366*	*304 055*

EUR '000

		31.12.2023	31.12.2022
Earraí infhaighte malairte agus méideanna in-aisghabhála neamh-mhalairte		*22 396*	*35 914*
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		*177 553*	*157 587*
		378 315	**497 556**
IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ		**400 519**	**514 426**
DLITEANAIS NEAMHREATHA			
Dliteanais airgeadais		*(264 555)*	*(334 791)*
		(264 555)	**(334 791)**
DLITEANAIS REATHA			
Suimeanna iníoctha		*(14 261)*	*(30 975)*
Muirir fhabhraithe		*(121 704)*	*(148 660)*
		(135 965)	**(179 635)**
IOMLÁN NA nDLITEANAS		**(400 519)**	**(514 426)**
GLANSÓCMHAINNÍ		–	–

RÁITEAS MAIDIR LE FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS

EUR '000

		2023	2022
IONCAM			
Ioncam ó idirbhearta neamh-mhalairte			
Ioncam ó thabhartais		*408 274*	*605 739*
Aisghabháil caiteachas		*179*	*754*
		408 453	**606 493**
Ioncam ó idirbhearta malairte			
Ioncam airgeadais		*4 865*	*251*
Ioncam malairte eile		*13 446*	*18 902*
		18 311	**19 152**
Ioncam iomlán		**426 764**	**625 645**
CAITEACHAIS			
Caiteachais oibriúcháin		*(387 294)*	*(590 545)*
Costas airgeadais		*(434)*	*(643)*
Caiteachais eile		*(39 036)*	*(34 457)*
Caiteachais iomlána		**(426 764)**	**(625 645)**
TORADH EACNAMAÍOCH NA BLIANA		–	–

RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID

EUR '000

	2023	2022
Toradh eacnamaíoch na bliana	–	–
Gníomhaíochtaí oibriúcháin		
(Méadú)/laghdú ar réamh-mhaoiniú	*122 362*	*173 980*
(Méadú)/laghdú ar earraí infhaighte malairte agus méideanna in-aisghabhála neamh-mhalairte	*13 517*	*9 425*
Méadú/(laghdú) ar dhliteanais airgeadais	*(70 236)*	*(190 739)*
Méadú/(laghdú) ar shuimeanna iníoctha	*(16 715)*	*(22 168)*
Méadú/(laghdú) ar mhuirir fhabhraithe	*(26 956)*	*9 272*
Gníomhaíochtaí infheistíochta		
*(Méadú)/laghdú ar shócmhainní airgeadais neamhdhíorthacha ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh**	*(2 007)*	*(1 943)*
GLANSREABHADH AIRGID	**19 966**	**(22 172)**
Glanmhéadú/(glanlaghdú) ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim	*19 966*	*(22 172)*
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag tús na bliana	*157 587*	*179 759*
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag deireadh bliana	*177 553*	*157 587*

RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE CEF AGUS CHISTÍ IONTAOBHAIS AN AONTAIS ([14])

([14]) Ba cheart a thabhairt faoi deara i ngeall ar shlánú na bhfigiúirí go dtí na milliúin euro, go bhféadfadh an chuma a bheith ar an scéal nach bhfuil roinnt sonraí airgeadais sna táblaí suimithe i gceart.

CLÁR COMHARDAITHE COMHDHLÚITE

EUR milliún

	31.12.2023	31.12.2022
SÓCMHAINNÍ NEAMHREATHA		
Sócmhainní airgeadais	*91*	*69*
Réamh-mhaoiniú	*592*	*503*
Earraí infhaighte malairte	*5*	*7*
	689	**580**
SÓCMHAINNÍ REATHA		
Sócmhainní airgeadais	*3*	*3*
Réamh-mhaoiniú	*1 137*	*1 711*
Earraí infhaighte malairte agus méideanna in-aisghabhála neamh-mhalairte	*50*	*66*
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	*807*	*1 189*
	1 997	**2 970**
IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ	**2 686**	**3 550**
DLITEANAIS NEAMHREATHA		
Dliteanais airgeadais	*(85)*	*(101)*
	(85)	**(101)**
DLITEANAIS REATHA		
Suimeanna iníoctha	*(406)*	*(462)*
Muirir fhabhraithe agus ioncam iarchurtha	*(1 110)*	*(1 282)*
	(1 516)	**(1 744)**
IOMLÁN NA nDLITEANAS	**(1 600)**	**(1 845)**
GLANSÓCMHAINNÍ	**1 086**	**1 705**
CISTÍ & CÚLCHISTÍ		
Caipiteal ciste glaoite – CEFanna gníomhacha	*54 566*	*65 100*
Caipiteal ciste glaoite ó CEFanna dúnta tugtha ar aghaidh	*2 252*	*2 252*
Toradh eacnamaíoch tugtha ar aghaidh ó bhlianta roimhe seo	*(53 484)*	*(62 834)*
Toradh eacnamaíoch na bliana	*(2 249)*	*(2 813)*
GLANSÓCMHAINNÍ	**1 086**	**1 705**

RÁITEAS COMHDHLÚITE MAIDIR LE FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS

EUR milliún

	2023	2022
IONCAM		
Ioncam ó idirbhearta neamh-mhalairte		
Gníomhaíochtaí gnóthaithe	*15*	*19*
Ioncam ó thabhartais do chistí iontaobhais	*122*	*169*
	136	**188**
Ioncam ó idirbhearta malairte		
Ioncam airgeadais	*14*	*3*
Ioncam eile	*56*	*96*
	70	**99**
Ioncam iomlán	**207**	**287**
CAITEACHAIS		
Ionstraimí cabhrach	*(1 870)*	*(2 331)*
Caiteachais arna gcur chun feidhme ag eintitis eile	*(3)*	*(1)*
Caiteachais arna gcur chun feidhme ag cistí iontaobhais	*(412)*	*(611)*
Caiteachais chómhaoiniúcháin	*(8)*	*4*
Costais airgeadais	*(7)*	*(7)*
Caiteachais eile	*(157)*	*(155)*
Caiteachais iomlána	**(2 456)**	**(3 100)**
TORADH EACNAMAÍOCH NA BLIANA	**(2 249)**	**(2 813)**

RÁITEAS COMHDHLÚITE FAOI SHREABHADH AIRGID

EUR milliún

	2023	2022
Toradh eacnamaíoch na bliana	*(2 249)*	*(2 813)*
Gníomhaíochtaí oibriúcháin		
Méadú caipitil - ranníocaíochtaí	*1 630*	*2 458*
(Méadú)/laghdú ar ranníocaíochtaí i gcistí iontaobhais	–	–
(Méadú)/laghdú ar réamh-mhaoiniú	*486*	*414*
(Méadú)/laghdú ar earraí infhaighte malairte agus méideanna in-aisghabhála neamh-mhalairte	*18*	*16*
Méadú/(laghdú) ar fhorálacha	*2*	*1*
Méadú/(laghdú) ar dhliteanais airgeadais	*(18)*	*(54)*
Méadú/(laghdú) ar shuimeanna iníoctha	*(56)*	*(96)*
Méadú/(laghdú) ar mhuirir fhabhraithe agus ioncam iarchurtha	*(172)*	*120*

EUR milliún

	2023	2022
Gluaiseachtaí eile nach gluaiseachtaí airgid iad	–	-
Gníomhaíochtaí infheistíochta		
(Méadú)/laghdú ar shócmhainní airgeadais atá ar fáil lena ndíol	*(22)*	*(33)*
GLANSREABHADH AIRGID	**(382)**	**12**
Glanmhéadú/(glanlaghdú) ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim	(382)	12
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag tús na bliana	1 189	1 177
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag deireadh bliana	807	1 189

RÁITEAS COMHDHLÚITE MAIDIR LE hATHRUITHE AR GHLANSÓCMHAINNÍ

EUR milliún

	Caipiteal ciste - CEFanna gníomhacha (A)	Cistí neamhghlaoite - CEFanna gníomhacha (B)	Caipiteal ciste glaoite - CEFanna gníomhacha (C) = (A)-(B)	Cúlchistí Carntha (D)	Caipiteal ciste glaoite ó CEFanna dúnta a tugadh ar aghaidh (E)	Glansócmhainní Iomlána (C)+(D)+(E)+(F)
IARMHÉID AN 31.12.2021	**72 998**	**10 355**	**62 643**	**(62 834)**	**2 252**	**2 061**
Méadú caipitil - ranníocaíochtaí	*(43)*	*(2 500)*	*2 457*	–	–	*2 457*
Toradh eacnamaíoch na bliana	–	–	–	*(2 813)*	–	*(2 813)*
IARMHÉID AN 31.12.2022	**72 955**	**7 855**	**65 100**	**(65 647)**	**2 252**	**1 705**
Méadú caipitil - ranníocaíochtaí	*(185)*	*(1 815)*	*1 630*			*1 630*
Dúnadh an 8ú CEF	*(12 164)*		*(12 164)*	*12 164*		–
Toradh eacnamaíoch na bliana			–	*(2 249)*		*(2 249)*
IARMHÉID AN 31.12.2023	**60 607**	**6 040**	**54 566**	**(55 733)**	**2 252**	**1 086**

TUARASCÁIL CEF AR CHUR CHUN FEIDHME AIRGEADAIS

CLÁR

Leathanach

1. CÚLRA 72
   1.1. CEFanna roimhe seo 72
   1.2. An 10ú agus an 11ú CEF 73
2. CUR CHUN FEIDHME AIRGEADAIS 74
   2.1. Olltoradh airgeadais 74
   2.2. Acmhainní 79
   2.3. Caiteachas Oibriúcháin agus cláir shonracha 79
3. GLUAIS 90

1. **CÚLRA**

Is é an Ciste Eorpach Forbraíochta, a seoladh in 1959, an phríomhionstraim maidir le cabhair an Aontais a sholáthar don chomhar forbartha do Stáit san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC) agus do Thíortha agus Críocha Thar Lear. An príomhchuspóir atá leis is ea an bhochtaineacht a laghdú agus, ar deireadh, í a dhíothú.

Bunaítear CEF le Comhaontú Inmheánach de chuid Ionadaithe na mBallstát, agus tá sé á bhainistiú ag coiste sonrach. Is ranníocaíochtaí 'ad hoc' ó Bhallstáit an Aontais iad acmhainní CEF, agus cinneann siad ar mhéid foriomlán a leithdháilfear ar an gciste (thar thréimhse 5 bliana). De bhreis ar na ranníocaíochtaí sin, is féidir leis na Ballstáit socruithe cómhaoinithe a dhéanamh nó ranníocaíochtaí saorálacha airgeadais a dhéanamh le CEF freisin. Tá an Coimisiún Eorpach freagrach as cur chun feidhme airgeadais na n-oibríochtaí arna ndéanamh le hacmhainní CEF. Is é an Banc Eorpach Infheistíochta a dhéanann an tSaoráid Infheistíochta a bhainistiú.

Is ciste é CEF a oibríonn ar bhonn na hilbhliantúlachta. Tugtar gach CEF i gcrích ar feadh tréimhse thart ar 5 bliana agus tá sé faoi rialú ag a Rialachán Airgeadais féin. Maidir leis an gComhaontú Inmheánach lena mbunaítear an CEF deireanach, tháinig an 11ú CEF (2014–2020) i bhfeidhm an 1 Márta 2015. Ó 2021 ar aghaidh, áirítear an comhar le tíortha ACC san Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (NDICI). Mar sin féin, maidir leis na tionscadail leanúnacha arna gcistiú faoi CEF, leanfar dá gcur chun feidhme faoi bhunús dlí CEF faoi seach.

Táirgtear an tuarascáil seo i gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán Airgeadais an 11ú CEF ([15]). Soláthraítear faisnéis inti ar oibríochtaí ioncaim agus caiteachais CEF, agus dírítear ar theagmhais thábhachtacha a raibh tionchar suntasach acu ar chur chun feidhme airgeadais na bliana.

Ó tharla nach ann d'aon oibríocht leanúnach faoi CEFanna roimhe seo ([16]), ní áirítear leis an tuarascáil seo ach figiúirí le haghaidh an 10ú agus an 11ú CEF.

1.1. **CEFanna roimhe seo**

AN 6ú AGUS AN 7ú CEF

Tugadh an 6ú CEF i gcrích in 2006 agus tugadh an 7ú CEF i gcrích in 2008.

I gcomhréir le hAirteagal 1(2)(b) de Chomhaontú Inmheánach an 9ú CEF, aistríodh iarmhéideanna agus gealltanais shaortha CEFanna roimhe sin don 9ú CEF.

AN 8ú AGUS AN 9ú CEF

Tugadh an tOchtú CEF i gcrích ón taobh oibríochtúil de agus ó thaobh airgeadais de in 2021 ar mhéid iomlán caiteachais EUR 10 374 mhilliún. D'fhógair an Coimisiún do na Ballstáit go ndúnfar an 8ú CEF sa Teachtaireacht a cuireadh i láthair na Comhairle i mí Dheireadh Fómhair 2021.

Tugadh gníomhaíochtaí go léir an 8ú CEF i gcrích, rinneadh na seiceálacha agus na rialuithe ar fad, agus tugadh i gcrích gach conradh agus cinneadh airgeadais i gcuntais CEF. Gach ordú gnóthaithe a bhí ar oscailt i gcónaí nuair a tugadh an CEF i gcrích go hoibríochtúil, rinneadh iad a scor nó a tharscaoileadh cé is moite de dheich n-ordú gnóthaithe (lena n-áirítear sé chás dlíthíochta a bhfuil an tSeirbhís Dlí ina mbun). I gcomhréir le Cinneadh C(2003)19044 ón gCoimisiún, aistríodh na horduithe gnóthaithe sin chuig an 9ú CEF.

Tá tabhairt i gcrích an 9ú CEF ag dul ar aghaidh go maith. Tá 10 gconradh fós oscailte agus baineann 6 chonradh díobh le gníomhaíochtaí sa tSúdáin Theas (Cinneadh 2011/315/AE ón gComhairle ([17])). Cinneadh iad sin tar éis clásal éagtha an 9ú CEF agus ba cheart, i bprionsabal, iad a thabhairt i gcrích faoi 2024.

([15]) Rialachán (AE) 2018/1877.
([16]) Cé is moite d'oibríochtaí sa tSúdáin Theas.
([17]) IO L 142, 28.5.2011, lch. 61, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2011/315/oj.

Idir 2015 go 2023, rinne an Coimisiún cúig aisíoc ar chreidmheasanna an 8ú/9ú CEF ar mhéid iomlán EUR 1 911,1 milliún ([18]). Aisíocadh iarmhéid EUR 7,8 milliún in Eanáir 2024 ([19]) i gcomhthéacs íocaíocht na chéad tráthchoda de ranníocaíochtaí na mBallstát le CEF le haghaidh na bliana 2024.

1.2. **An 10ú agus an 11ú CEF**

Shínigh Ballstáit an Chomhphobail Eorpaigh agus Stáit san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (Stáit ACC) Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-CE an 23 Meitheamh 2000 in Cotonou. Tháinig an comhaontú i bhfeidhm an 1 Aibreán 2003 (lenar bunaíodh an 9ú CEF). Leasaíodh Comhaontú Cotonou faoi dhó: ar dtús leis an gcomhaontú a síníodh i Lucsamburg an 25 Meitheamh 2005 (lenar bunaíodh an 10ú CEF), agus ansin leis an gcomhaontú a síníodh in Ouagadougou an 22 Meitheamh 2010 (lenar bunaíodh an 11ú CEF).

Cinneadh 2001/822/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2001 maidir le comhlachú na dtíortha agus na gcríoch thar lear leis an gComhphobal Eorpach ([20]), tháinig sé i bhfeidhm an 2 Nollaig 2001. Leasaíodh an Cinneadh sin an 19 Márta 2007 (Cinneadh 2007/249/CÉ ón gComhairle ([21])).

An Comhaontú Inmheánach maidir le maoiniú chabhair an Chomhphobail faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil don tréimhse 2014–2020 i gcomhréir le Comhaontú Cotonou athbhreithnithe, a ghlac Ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Chomhphobail Eorpaigh i mí Lúnasa 2013, tháinig sé i bhfeidhm i mí an Mhárta 2015.

Faoi Chomhaontú Cotonou, don dara tréimhse (2008–2013), bhí buiséad foriomlán EUR 22 682 mhilliún ag an 10ú CEF. Den mhéid sin:

— leithdháileadh EUR 21 966 mhilliún do thíortha ACC;

— EUR 286 mhilliún do na tíortha agus críocha thar lear; agus

— EUR 430 milliún don Choimisiún mar chaiteachas tacaíochta le haghaidh chlárú agus chur chun feidhme CEF.

Roinntear an méid le haghaidh thíortha ACC mar a leanas:

— EUR 17 766 mhilliún le haghaidh cláir tháscacha náisiúnta agus réigiúnacha;

— EUR 2 700 milliún le haghaidh comhar laistigh de thíortha ACC agus laistigh de réigiúin; agus

— EUR 1 500 milliún le haghaidh Saoráidí Infheistíochta.

Go háirithe, tiomnaítear cion méadaithe den bhuiséad do chláir réigiúnacha, rud a chuireann i dtábhacht a thábhachtaí atá an lánpháirtiú eacnamaíoch réigiúnach mar an bunchreat le haghaidh na forbartha náisiúnta agus áitiúla. Nuálaíocht sa 10ú EDF ab ea cruthú 'méideanna dreasachta' le haghaidh gach tíre.

Faoi Chomhaontú Cotonou, maoinítear an tríú tréimhse (2014–2020) de chabhair Chomhphobail le Stáit ACC agus tíortha agus críocha thar lear leis an 11ú CEF ar mhéid EUR 30 506 mhilliún:

— a leithdháiltear EUR 29 089 mhilliún de do thíortha ACC i gcomhréir le hAirteagal 1.2(a) agus Airteagal 2(d) den Chomhaontú Inmheánach, a ndéanann an Coimisiún Eorpach bainistíocht ar EUR 27 955 mhilliún de;

— ar leithdháiltear EUR 364,5 milliún de do thíortha agus críocha thar lear i gcomhréir le hAirteagal 1.2(a) agus Airteagal 3.1 den Chomhaontú Inmheánach, a ndéanann an Coimisiún Eorpach bainistíocht ar EUR 359,5 milliún de; agus

— a leithdháiltear EUR 1 052,5 milliún de don Choimisiún chun na costais a eascraíonn as clárú agus cur chun feidhme acmhainní an 11ú CEF a mhaoiniú, i gcomhréir le hAirteagal 1.2(a) den Chomhaontú Inmheánach.

([18]) 1 402,57 milliún Saoráid Idirlinne (Cinneadh 2015/0246 ón gComhairle), 200 milliún (Cinneadh (AE) 2017/1206 ón gComhairle), 223 mhilliún (Cinneadh (AE) 2020/1708 ón gComhairle), 43 mhilliún (Cinneadh (AE) 2021/1941 ón gComhairle) agus 42,5 milliún (Cinneadh (AE) 2022/2242 ón gComhairle).

([19]) CINNEADH (AE) 2023/1223 ÓN gCOMHAIRLE.

([20]) IO L 314, 30.11.2001, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2001/822.

([21]) IO L 109, 26.4.2007, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2007/249.

2. **CUR CHUN FEIDHME AIRGEADAIS**

2.1. **OLLTORADH AIRGEADAIS**

FORBAIRT LEITHREASUITHE AN 10ú CEF

10ú CEF

FORBAIRT LEITHREASUITHE: 31 Nollaig 2023

ANAILÍS AR CHREIDMHEASANNA IN AGHAIDH NA hIONSTRAIME

(EUR milliún)

IONSTRAIM		LEITHREASÚ TOSAIGH	MÉADUITHE/LAGHDUITHE AR ACMHAINNÍ CARNACHA AN 31 NOLLAIG 2022	MÉADÚ NÓ LAGHDÚ AR ACMHAINNÍ IN 2023	Nótaí	LEIBHÉAL REATHA LEITHREASAITHE
ACC	***Cómhaoiniú***	***0***	***202***			***202***
	Gnáth-ranníocaíochtaí ó Bhallstáit	***21 326***	***(526)***	***(95)***		***20 705***
	FO-IOMLÁN ACC	**21 326**	**(324)**	**(95)**		**20 907**
TÍORTHA AGUS CRÍOCHA THAR LEAR	***Gnáth-ranníocaíochtaí ó Bhallstáit***	***0***	***240***	***(0)***		***239***
	FO-IOMLÁN TÍORTHA AGUS CRÍOCH THAR LEAR	**0**	**240**	**(0)**		**239**
	IOMLÁN 10ú CEF	**21 326**	**(84)**	**(96)**		**21 146**

FORBAIRT LEITHREASUITHE AN 11ú CEF

11ú CEF

FORBAIRT LEITHREASUITHE: 31 Nollaig 2023

ANAILÍS AR CHREIDMHEASANNA IN AGHAIDH NA hIONSTRAIME

(EUR milliún)

IONSTRAIM		**LEITHREASÚ TOSAIGH**	**MÉADUITHE/LAGHDUITHE AR ACMHAINNÍ CARNACHA AN 31 NOLLAIG 2022**	**MÉADÚ NÓ LAGHDÚ AR ACMHAINNÍ IN 2023**	**Nótaí**	**LEIBHÉAL REATHA LEITHREASAITHE**
ACC	***Cómhaoiniú***	***0***	***89***	***0***		***89***
	Comhaontú inmheánach CE ar leibhéal seirbhíse	***0***	***1***			***1***
	Gnáth-ranníocaíochtaí ó Bhallstáit	***30 060***	***(822)***	***(74)***		***29 164***
	FO-IOMLÁN ACC	**30 060**	**(732)**			**29 255**
TÍORTHA AGUS CRÍOCHA THAR LEAR	***Cómhaoiniú***	***0***	***0***			***0***
	Comhaontú inmheánach CE ar leibhéal seirbhíse	***0***	***0***			***0***
	Gnáth-ranníocaíochtaí ó Bhallstáit	***0***	***355***	***(4)***		***351***
	FO-IOMLÁN TÍORTHA AGUS CRÍOCH THAR LEAR	**0**	**355**			**351**
	IOMLÁN 11ú CEF	30 060	(526)	71		29 605

FORBAIRT GEALLTANAS, CISTÍ SANNTA AGUS ÍOCAÍOCHTAÍ LE hAGHAIDH AN 10ú CEF

CUNTAIS CHOMHIOMLÁNAITHE CEF AN 31 Nollaig 2023

AICME CHABHRACH

ACC + PTOM - 10ú CEF

(EUR milliún)

		CREIDMH-EASANNA	CINNTÍ			CISTÍ SANNTA			ÍOCAÍOCHTAÍ		
			COMH-IOMLÁNAI-THE	BLIANTÚIL	%	COMH-IOMLÁNAI-THE	BLIANTÚIL	%	COMH-IOMLÁNAI-THE	BLIANTÚIL	%
		(1)	(2)		(2) : (1)	(3)		(3) : (2)	(4)		(4) : (3)
ACC	**Gnáth-ranníocaíochtaí ó Bhallstáit**										
	Leithdháiltí										
	FO-IOMLÁN: CLÚDACH A - LEITHDHÁILTÍ NÁISIÚNTA	**12 297**	**12 288**	**(36)**	**100**	**12 264**	**(19)**	**100**	**12 199**	**37**	**99**
	FO-IOMLÁN: CLÚDACH B - LEITHDHÁILTÍ NÁISIÚNTA	**1 965**	**1 962**	**(4)**	**100**	**1 961**	**(0)**	**100**	**1 960**	**1**	**100**
	FO-IOMLÁN: SLÁNDÁIL BIA	**343**	**484**	0	**141**	**482**	**166**	**100**	**306**	**74**	**64**
	FO-IOMLÁN: COSTAIS CHUR CHUN FEIDHME AGUS IONCAM Ó ÚS	**527**	**526**	**(0)**	**100**	**526**	0	**100**	**522**		**99**
	FO-IOMLÁN: LEITHDHÁILTÍ TAOBH ISTIGH DE ACC	**3 612**	**3 596**	**(22)**	**100**	**3 572**	**23**	**99**	**3 384**	**60**	**95**
	FO-IOMLÁN: LEITHDHÁILTÍ RÉIGIÚNACHA	**1 948**	**1 792**	**(18)**	**92**	**1 768**	**(10)**	**99**	**1 692**	**(2)**	**96**
	Cómhaoiniú										
	Leithdháiltí										
	FO-IOMLÁN: CLÚDACH A - LEITHDHÁILTÍ NÁISIÚNTA	**185**	**175**	**(3)**	**95**	**175**	**(0)**	**100**	**173**	**1**	**99**
	FO-IOMLÁN: COSTAIS CHUR CHUN FEIDHME AGUS IONCAM Ó ÚS	**5**	**5**	**(0)**	**110**	**5**	**(0)**	**100**	**5**	**1**	**100**
	FO-IOMLÁN: LEITHDHÁILTÍ TAOBH ISTIGH DE ACC	**12**	**11**		**91**	**11**		**100**	**11**		**100**

(EUR milliún)

		CREIDMH-EASANNA	CINNTÍ			CISTÍ SANNTA			ÍOCAÍOCHTAÍ		
			COMH-IOMLÁNAITHE	BLIANTÚIL	%	COMH-IOMLÁNAITHE	BLIANTÚIL	%	COMH-IOMLÁNAITHE	BLIANTÚIL	%
		(1)	(2)		(2) : (1)	(3)		(3) : (2)	(4)		(4) : (3)
	Cúlchiste nach féidir a shlógadh										
	FO-IOMLÁN: CÚLCHISTE NEAMH-INSLÓGAITHE AN 08/09ú CEF	**14**									
TÍORTHA AGUS CRÍOCHA THAR LEAR	**Gnáth-ranníocaíochtaí ó Bhallstáit**										
	Leithdháiltí										
	FO-IOMLÁN: CLÚDACH A - LEITHDHÁILTÍ NÁISIÚNTA	**186**	**186**	0	**100**	**182**	**(1)**	**98**	**172**	**2**	**95**
	FO-IOMLÁN: CLÚDACH B - LEITHDHÁILTÍ NÁISIÚNTA	**14**	**14**	0	**100**	**14**		**100**	**14**		**100**
	FO-IOMLÁN: COSTAIS CHUR CHUN FEIDHME AGUS IONCAM Ó ÚS	**5**	**5**		**100**	**5**		**100**	**5**		**100**
	FO-IOMLÁN: LEITHDHÁILTÍ RÉIGIÚNACHA	**34**	**34**	0	**100**	**34**	**(0)**	**99**	**34**	**(0)**	**100**
	IOMLÁN: ACC + TÍORTHA AGUS CRÍOCHA THAR LEAR (CÚLCHISTÍ SAN ÁIREAMH) (A+B)	**21 146**	**21 078**	**(84)**	**100**	**20 999**	**158**	**100**	**20 477**	**175**	**98**

FORBAIRT GEALLTANAS, CISTÍ SANNTA AGUS ÍOCAÍOCHTAÍ LE hAGHAIDH AN 11ú CEF

CUNTAIS CHOMHIOMLÁNAITHE CEF AN 31 Nollaig 2023

AICME CHABHRACH

ACC + PTOM - 11ú CEF

(EUR milliún)

		CREIDMH-EASANNA	CINNTÍ			CISTÍ SANNTA			ÍOCAÍOCHTAÍ		
			COMH-IOM-LÁNAI-THE	BLIANTÚIL	%	COMH-IOM-LÁNAI-THE	BLIANTÚIL	%	COMH-IOM-LÁNAI-THE	BLIANTÚIL	%
		(1)	(2)		(2) : (1)	(3)		(3) : (2)	(4)		(4) : (3)
ACC	**Gnáth-ranníocaíochtaí ó Bhallstáit**										
	Leithdháiltí										
	FO-IOMLÁN: CLÚDACH A - LEITHDHÁILTÍ NÁISIÚNTA	**15 369**	**15 329**	**(92)**	**100**	**14 723**	**311**	**96**	**12 124**	**1 061**	**82**
	FO-IOMLÁN: CLÚDACH B - LEITHDHÁILTÍ NÁISIÚNTA	**1 060**	**1 059**	**(0)**	**100**	**1 053**	**13**	**99**	**1 007**	**27**	**96**
	FO-IOMLÁN: SLÁNDÁIL BIA	**112**	**112**	0	**100**	**112**	**91**	**100**	**41**	**37**	**36**
	FO-IOMLÁN: COSTAIS CHUR CHUN FEIDHME AGUS IONCAM Ó ÚS	**1 072**	**1 066**	**(1)**	**99**	**1 062**	**(0)**	**100**	**958**	**48**	**90**
	FO-IOMLÁN: LEITHDHÁILTÍ TAOBH ISTIGH DE ACC	**4 004**	**3 894**	**(13)**	**97**	**3 926**	**104**	**101**	**3 340**	**155**	**85**
	FO-IOMLÁN: LEITHDHÁILTÍ RÉIGIÚNACHA	**7 253**	**7 227**	**(59)**	**100**	**7 090**	**44**	**98**	**5 964**	**512**	**84**
	Cómhaoiniú										
	Leithdháiltí										
	FO-IOMLÁN: CLÚDACH A - LEITHDHÁILTÍ NÁISIÚNTA	**46**	**45**	**(1)**	**99**	**45**	0	**100**	**40**	**14**	**89**
	FO-IOMLÁN: COSTAIS CHUR CHUN FEIDHME AGUS IONCAM Ó ÚS	**4**	**4**		**100**	**4**	0	**100**	**4**	**3**	**100**
	FO-IOMLÁN: LEITHDHÁILTÍ TAOBH ISTIGH DE ACC	**33**	**33**	0	**100**	**33**	**(0)**	**100**	**28**	**0**	**85**
	FO-IOMLÁN: LEITHDHÁILTÍ RÉIGIÚNACHA	**8**	**6**	0	**75**	**6**	0	**100**	**6**	**2**	**100**
	Cúlchiste nach féidir a shlógadh										
	Cúlchistí										

(EUR milliún)

		CREIDMH-EASANNA	CINNTÍ			CISTÍ SANNTA			ÍOCAÍOCHTAÍ		
			COMH-IOM-LÁNAI-THE	BLIANTÚIL	%	COMH-IOM-LÁNAI-THE	BLIANTÚIL	%	COMH-IOM-LÁNAI-THE	BLIANTÚIL	%
		(1)	(2)		(2) : (1)	(3)		(3) : (2)	(4)		(4) : (3)
	FO-IOMLÁN: CÚLCHISTE NEAMH-INSLÓGAITHE AN 10ú CEF	**128**									
	FO-IOMLÁN: CÚLCHISTE NEAMH-INSLÓGAITHE AN 11ú CEF	**167**									
	Comhaontú inmheánach CE ar leibhéal seirbhíse										
	Cúlchistí										
	FO-IOMLÁN: CLÚDACH A - LEITHDHÁILTÍ NÁISIÚNTA	**1**	**1**		**52**	**1**		**100**	**1**		**100**
TÍOR-THA AGUS CRÍO-CHA THAR LEAR	**Gnáth-ranníocaíochtaí ó Bhallstáit**										
	Leithdháiltí										
	FO-IOMLÁN: CLÚDACH A - LEITHDHÁILTÍ NÁISIÚNTA	**211**	**211**	**(0)**	**100**	**194**	**0**	**92**	**193**	**1**	**100**
	FO-IOMLÁN: CLÚDACH B - LEITHDHÁILTÍ NÁISIÚNTA	**12**	**12**	0	**100**	**12**	0	**100**	**12**	**0**	**99**
	FO-IOMLÁN: SAORÁID IDIRLINNE	**0**									
	FO-IOMLÁN: COSTAIS CHUR CHUN FEIDHME AGUS IONCAM Ó ÚS	**8**	**7**	**(2)**	**79**	**6**	**(0)**	**96**	**6**	**1**	**94**
	FO-IOMLÁN: LEITHDHÁILTÍ RÉIGIÚNACHA	**102**	**102**	0	**100**	**102**	0	**100**	**69**	**17**	**67**
	Cúlchiste nach féidir a shlógadh										
	Cúlchistí										
	FO-IOMLÁN: CÚLCHISTE NEAMH-INSLÓGAITHE AN 10ú CEF	**15**									
	FO-IOMLÁN: CÚLCHISTE NEAMH-INSLÓGAITHE AN 11ú CEF	**1**									
	IOMLÁN: ACC + TÍORTHA AGUS CRÍOCHA THAR LEAR (CÚLCHISTÍ SAN ÁIREAMH) (A+B)	**29 605**	**29 106**	**(168)**	**98**	**28 368**	**562**	**97**	**23 791**	**1 878**	**84**

ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/5451/oj


IO C, 10.10.2024

2.2. **ACMHAINNÍ**

Cineál na nAcmhainní

Is iad ranníocaíochtaí na mBallstát príomhacmhainní CEF. Glaonn an Coimisiún Eorpach agus an Banc Eorpach Infheistíochta ar na Ballstáit ranníocaíocht a dhéanamh le CEF trí huaire in aghaidh na bliana. Léiríonn méid na ranníocaíochtaí a ghlaoitear gach bliain méid na n-íocaíochtaí atá le cumhdach i rith na bliana.

Forbhreathnú ar ranníocaíochtaí de réir an Bhallstáit




2.3. **CAITEACHAS OIBRIÚCHÁIN AGUS CLÁIR SHONRACHA**

Cineál caiteachais

Cuimsítear leis an méid atá ar fáil faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil 3 % a leithdháiltear ar an gCoimisiún le haghaidh caiteachas tacaíochta agus 97 % a leithdháiltear le haghaidh chur chun feidhme thionscadail CEF. Socraítear na méideanna le gach Comhaontú Inmheánach agus is féidir iad a mhéadú le ranníocaíochtaí deonacha agus ioncam a fhaightear ó oibríochtaí.

Miondealú ar an méid geallta, an méid ar conradh agus an méid íoctha de réir an chineáil caiteachais:

	CREIDM-HEAS-ANNA	CINNTÍ			CISTÍ SANNTA			ÍOCAÍOCHTAÍ		
		COMH-IOM-LÁNAI-THE	BLIAN-TÚIL	%	COMH-IOM-LÁNAI-THE	BLIAN-TÚIL	%	COMH-IOM-LÁNAI-THE	BLIAN-TÚIL	%
	(1)	(2)		(2) : (1)	(3)		(3) : (2)	(4)		(4) : (3)
COSTAIS CUR CHUN FEIDHME AGUS IONCAM Ó ÚS 10ú + 11ú CEF	**1 620**	**1 612**	**(3)**	**99,5**	**1 608**	(1)	**99,8**	**1 499**	**53**	**93,2**
CUR CHUN FEIDHME OIBRÍOCHTÚIL (A+B) 10ú + 11ú CEF	**50 751**	**50 184**	**(252)**	**98,9**	**49 367**	720	**98,4**	**44 268**	**2 053**	**89,7**


An ráta cur chun feidhme (%) le haghaidh an 10ú agus an 11ú CEF
102,0%
100,0%
98,0%
96,0%
94,0%
92,0%
90,0%
88,0%
86,0%
84,0%
Ráta gealltanais
Ráta conartha
Ráta íocaíochta
Riarthach
Oibríochtúil

Miondealú ar an méid geallta, an méid ar conradh agus an méid íoctha de réir an réigiúin agus na tíre

CUNTAIS CHARNACHA CEF AN 31 NOLLAIG 2023 DE RÉIR TÍRE, MAR % DE LEITHREASUITHE								
An 10ú + 11ú CEF		IOMLÁN AN 10ú AGUS AN 11ú CEF (EUR i milliúin)						
Carnach 2023		Leithreasuithe	Cinntí	% leithreasuithe	Cistí sannta	% leithreasuithe	Íocaíochtaí	% leithreasuithe
	Clúdach/leasanna ginearálta/riaracháin	**1 624**	1 614	99	1 615	99	1 494	92
	Cúlchiste/Nár dáileadh de réir tíre	**2 862**	2 553	89	2 553	89	2 553	89
	Gach tír ACC	**4 486**	**4 167**	**93**	**4 168**	**93**	**4 047**	**90**
	Angóla	**346**	346	100	344	99	300	87
	Beinin	**735**	732	100	720	98	679	92
	An Bhotsuáin	**129**	127	98	126	97	126	97
	Buircíne Fasó	**1 302**	1 302	100	1 297	100	1 261	97
	An Bhurúin	**569**	567	100	564	99	541	95
	Camarún	**521**	520	100	519	100	482	93
	Cabo Verde	**145**	145	100	144	100	144	100
ACC	**Oileáin Chomóra**	**78**	77	99	76	98	72	92
	An Congó (Brazzaville)	**163**	163	100	159	98	139	85
	Poblacht Dhaonlathach an Chongó	**1 409**	1 407	100	1 371	97	1 219	87
	An Cósta Eabhair	**705**	705	100	701	100	676	96
	Djibouti	**181**	181	100	178	98	156	86
	An Eiritré	**215**	215	100	215	100	75	35
	An Aetóip	**1 604**	1 603	100	1 594	99	1 400	87
	An Ghabúin	**33**	33	99	32	97	30	91
	An Ghaimbia	**314**	303	96	301	96	277	88
	Gána	**787**	786	100	782	99	726	92
	Guine Bissau	**186**	186	100	185	100	175	94

CUNTAIS CHARNACHA CEF AN 31 NOLLAIG 2023 DE RÉIR TÍRE, MAR % DE LEITHREASUITHE								
An 10ú + 11ú CEF		IOMLÁN AN 10ú AGUS AN 11ú CEF (EUR i milliúin)						
Carnach 2023		Leithreasuithe	Cinntí	% leithreasuithe	Cistí sannta	% leithreasuithe	Íocaíochtaí	% leithreasuithe
	Guine (Conacraí)	**502**	502	100	494	98	434	86
	Oileán Mhuirís	**82**	82	100	82	100	82	100
	An Chéinia	**863**	863	100	855	99	753	87
	Leosóta	**250**	249	100	248	99	197	79
	an Libéir	**488**	487	100	443	91	436	89
	Madagascar	**782**	782	100	730	93	591	76
	An Mhaláiv	**1 020**	1 020	100	970	95	883	87
	Mailí	**1 423**	1 421	100	1 414	99	1 230	86
	An Mháratáin	**344**	344	100	341	99	321	93
	Mósaimbíc	**1 455**	1 448	100	1 391	96	1 124	77
	An Namaib	**188**	188	100	178	95	169	90
	An Nígir	**1 275**	1 275	100	1 259	99	1 247	98
	An Nigéir	**1 101**	1 100	100	1 097	100	1 025	93
	Uganda	**989**	989	100	983	99	834	84
	Poblacht na hAfraice Láir	**610**	610	100	609	100	584	96
	Ruanda	**840**	840	100	831	99	816	97
	São Tomé agus Príncipe	**56**	56	100	54	96	49	88
	An tSeineagáil	**663**	663	100	659	99	620	94
	Na Séiséil	**23**	23	100	23	100	22	98
	Siarra Leon	**662**	659	99	646	98	597	90
	An tSomáil	**900**	898	100	895	99	889	99
	An tSúdáin	**298**	298	100	298	100	298	100

ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/5451/oj

CUNTAIS CHARNACHA CEF AN 31 NOLLAIG 2023 DE RÉIR TÍRE, MAR % DE LEITHREASUITHE								
An 10ú + 11ú CEF		IOMLÁN AN 10ú AGUS AN 11ú CEF (EUR i milliúin)						
Carnach 2023		Leithreasuithe	Cinntí	% leithreasuithe	Cistí sannta	% leithreasuithe	Íocaíochtaí	% leithreasuithe
	An tSúdáin Theas	**91**	91	100	91	100	91	100
	Eswatini (an tSuasalainn)	**125**	124	99	122	97	108	86
	An Tansáin	**1 172**	1 171	100	1 161	99	1 060	90
	Sead	**936**	936	100	902	96	794	85
	Tóga	**377**	377	100	375	99	355	94
	An tSaimbia	**830**	830	100	784	94	648	78
	An tSiombáib	**469**	462	99	460	98	453	97
	*** Iomlán na hAfraice**	**28 235**	28 185	100	27 703	98	25 192	89
	Antigua agus Barbúda	**15**	15	100	15	100	15	95
	Barbadós	**22**	22	99	22	99	21	94
	An Bheilís	**42**	42	100	41	96	35	83
	Doiminice	**41**	41	100	40	98	40	98
	Greanáda	**21**	21	100	21	100	20	98
	An Ghuáin	**79**	79	100	77	97	77	97
	Háití	**1 009**	1 002	99	876	87	773	77
	Iamáice	**236**	236	100	233	99	222	94
	An Phoblacht Dhoiminiceach	**283**	281	99	280	99	278	98
	Saint Lucia	**32**	32	100	32	100	31	96
	San Críostóir-Nimheas	**8**	8	100	6	72	6	72
	San Uinseann agus na Greanáidíní	**26**	26	100	26	99	22	84
	Suranam	**27**	27	100	27	99	26	96

CUNTAIS CHARNACHA CEF AN 31 NOLLAIG 2023 DE RÉIR TÍRE, MAR % DE LEITHREASUITHE								
An 10ú + 11ú CEF		IOMLÁN AN 10ú AGUS AN 11ú CEF (EUR i milliúin)						
Carnach 2023		Leithreasuithe	Cinntí	% leithreasuithe	Cistí sannta	% leithreasuithe	Íocaíochtaí	% leithreasuithe
	Oileán na Tríonóide agus Tobága	**29**	28	99	28	99	24	85
	*** Iomlán Mhuir Chairib**	**1 870**	1 861	100	1 724	92	1 590	85
	Fidsí	**48**	48	100	48	99	48	98
	Oileáin Cook	**5**	5	100	5	100	5	100
	Oileáin Sholomón	**68**	68	100	68	100	61	90
	Cireabas	**42**	42	100	41	98	37	87
	Oileáin Marshall	**17**	17	100	17	100	16	98
	An Mhicrinéis	**23**	23	100	22	97	16	68
	Nárú	**4**	4	98	4	98	4	98
	Niue	**3**	3	100	3	100	3	100
	Oileáin Palau	**5**	5	100	4	70	4	68
	Nua-Ghuine Phapua	**239**	239	100	233	97	202	84
	Samó Thiar	**67**	67	100	67	99	67	99
	Tíomór Thoir	**174**	171	98	169	97	157	90
	Tonga	**28**	28	100	28	100	28	100
	Túvalú	**13**	13	100	13	99	13	97
	Vanuatú	**55**	55	100	54	99	49	90
	*** Iomlán an Aigéin Chiúin**	**793**	789	100	776	98	709	89
	Leithdháiltí taobh istigh de ACC	**8 097**	7 970	98	7 973	98	6 988	86
	PALOP	**60**	60	100	60	99	55	91
	Réigiún Dheisceart na hAfraice FED 10	**137**	135	99	135	99	132	96
	Réigiún na hAfraice Láir	**558**	554	99	546	98	422	76

CUNTAIS CHARNACHA CEF AN 31 NOLLAIG 2023 DE RÉIR TÍRE, MAR % DE LEITHREASUITHE								
An 10ú + 11ú CEF		IOMLÁN AN 10ú AGUS AN 11ú CEF (EUR i milliúin)						
Carnach 2023		Leithreasuithe	Cinntí	% leithreasuithe	Cistí sannta	% leithreasuithe	Íocaíochtaí	% leithreasuithe
	Réigiún na hAfraice Thoir agus Theas	**3 092**	3 066	99	2 973	96	2 383	77
	Réigiún na hAfraice Thiar	**1 946**	1 943	100	1 917	99	1 613	83
	Réigiún Mhuir Chairib	**539**	538	100	526	98	397	74
ACC	**Réigiún an Aigéin Chiúin**	**323**	321	99	299	93	224	69
	Cúlchiste/Nár dáileadh de réir réigiúin	**0**	0	0	0	0	0	0
	*** Iomlán chomhar réigiúnach ACC**	**14 752**	14 587	99	14 429	98	12 213	83
	ACC	**50 137**	49 589	99	48 801	97	43 750	87
	Cúlchiste/Nár dáileadh de réir tíre/réigiúin	**30**	12	39	11	38	11	36
	Gach tír agus críoch thar lear	**30**	12	39	11	38	11	36
	Angaíle	**28**	27	99	27	99	27	99
	Oileáin Fháclainne	**10**	10	100	10	100	10	100
TÍORTHA AGUS CRÍOCHA THAR LEAR	**Oileáin Pitcairn**	**5**	5	100	5	100	5	100
	Oileáin na dTurcach agus Caicos	**32**	32	100	32	100	32	100
	Ógh-Oileáin na Breataine	**2**	2	100	2	98	2	93
	Montsarat	**33**	33	100	33	100	33	100
	San Héilin	**38**	38	100	38	100	38	100
	*** Iomlán na dtíortha agus na gcríoch Briotanach thar lear**	**147**	146	100	146	100	146	100
	Aintillí na hÍsiltíre	**40**	40	100	23	56	20	51
	Aintillí na hÍsiltíre - Bonaire	**4**	4	100	4	98	2	56
	Aintillí na hÍsiltíre - Saba	**3**	3	100	3	100	3	100

CUNTAIS CHARNACHA CEF AN 31 NOLLAIG 2023 DE RÉIR TÍRE, MAR % DE LEITHREASUITHE								
An 10ú + 11ú CEF		IOMLÁN AN 10ú AGUS AN 11ú CEF (EUR i milliúin)						
Carnach 2023		Leithreasuithe	Cinntí	% leithreasuithe	Cistí sannta	% leithreasuithe	Íocaíochtaí	% leithreasuithe
	Aintillí na hÍsiltíre - Sint-Eustatius	**2**	2	100	2	100	2	100
	Arúba	**21**	21	100	21	99	21	96
	Sint Maarten	**14**	14	100	8	55	5	33
	*** Iomlán na dtíortha agus na gcríoch thar lear de chuid na hÍsiltíre**	**85**	85	100	61	72	54	63
	Oileáin Wallis agus Futuna	**39**	39	100	37	95	29	75
	Mayotte	**29**	29	100	29	100	29	100
	An Nua-Chaladóin	**50**	50	100	50	100	50	100
	Polainéis na Fraince	**51**	51	100	49	97	49	97
	Saint Pierre et Miquelon	**47**	47	100	47	100	47	100
	*** Iomlán na dtíortha agus na gcríoch thar lear de chuid na Fraince**	**215**	215	100	212	98	204	95
	réigiún	**137**	137	100	136	99	103	75
	*** Iomlán chomhar réigiúnach na dtíortha agus na gcríoch thar lear**	**137**	137	100	136	99	103	75
	TÍORTHA AGUS CRÍOCHA THAR LEAR	**614**	595	97	566	92	517	84
IOMLÁN: Tíortha ACC agus tíortha agus críocha thar lear		**50 751**	50 184	99	49 367	97	44 268	87

ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/5451/oj

Miondealú ar an méid geallta, an méid ar conradh agus an méid íoctha de réir limistéir caiteachais le haghaidh an 11[ú] CEF

11ú CEF - Miondealú ar an méid geallta, an méid ar conradh agus an méid íoctha de réir réimse caiteachais (cóid earnála DAC) ([1])

(EUR milliún)


Earnáil	Geallta	Ar conradh	Íoctha
Bonneagar agus seirbhísí sóisialta			
110-Oideachas	1 192,46	1 132,83	995,48
120-Sláinte	2 131,40	2 510,72	2 263,73
130-Beartais/cláir daonra agus sláinte atáirgthe	352,44	50,31	35,95
140-Uisce agus sláintíocht	788,50	848,83	547,53
150-Rialtas agus an tsochaí shibhialta	5 826,37	6 047,02	5 540,34
160-Bonneagar agus seirbhísí sóisialta eile	996,71	1 385,46	1 611,09
Bonneagar agus seirbhísí sóisialta IOMLÁN	11 287,88	11 975,17	10 994,13
Bonneagair agus seirbhísí eacnamaíocha			
210-Iompar agus stóráil	1 425,48	2 055,09	1 083,29
220-Cumarsáid	140,96	146,96	114,64
230-Fuinneamh	2 015,13	1 943,06	1 220,76
240-Baincéireacht agus seirbhísí airgeadais	82,03	129,29	83,97
250-Gnó agus seirbhísí eile	343,43	324,93	223,51
Bonneagar agus seirbhísí eacnamaíocha IOMLÁN	4 007,01	4 599,33	2 726,17
Earnálacha táirgeachta			
310-Talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht	3 344,16	3 105,92	2 351,62
320-Tionsclaíocht, acmhainní mianra agus mianadóireacht, tógáil	641,59	492,66	297,21
330-Trádáil agus turasóireacht	507,49	436,11	272,06
Earnálacha táirgeachta IOMLÁN	4 493,24	4 034,69	2 920,88
Ilearnálach/Crosghearradh			
410-Cosaint comhshaoil ghinearálta	989,82	841,85	658,36
430-Ilearnálach eile	3 886,22	2 610,66	1 685,71
Ilearnálach/trasnaí IOMLÁN	4 876,04	3 452,51	2 344,07
Cúnamh tráchtearraí agus cúnamh cláir ghinearálta			
510-Tacaíocht bhuiséadach ghinearálta	3 116,32	3 165,05	2 480,30
520-Cúnamh bia forbartha	617,50	391,67	367,06
Cabhair tráchtearraí agus cúnamh cláir ghinearálta IOMLÁN	3 733,82	3 556,73	2 847,36


(EUR milliún)


Earnáil	Geallta	Ar conradh	Íoctha
Gníomhaíocht a bhaineann le fiachas			
600-Gníomhaíocht a bhaineann le fiachas	183,00	183,00	183,00
Gníomhaíocht a bhaineann le fiachas IOMLÁN	183,00	183,00	183,00
Cabhair dhaonnúil			
720-Práinnfhreagairt	746,19	452,54	451,93
730-Faoiseamh atógála agus athshlánú	137,83	65,05	42,29
740-Ullmhacht maidir le tubaistí	72,79	110,05	93,41
Cabhair dhaonnúil IOMLÁN	956,81	627,64	587,63
Costais riaracháin deontóirí / Neamh-leithdháilte / Neamhshonraithe			
910-Costais riaracháin deontóirí	995,52	948,63	857,45
998-Neamh-leithdháilte / neamhshonraithe	183,74	56,05	38,45
N/A-Níl sé ar fáil	260,50	1,64	1,21
Costais riaracháin deontóirí / Neamh-leithdháilte / Neamhshonraithe IOMLÁN	1 439,76	1 006,32	897,11
COMHIOMLÁN AN 11Ú CEF	**30 977,56**	**29 435,38**	**23 500,34**

([1]) Ollmhéideanna (i.e. gan saoradh ná orduithe gnóthaithe san áireamh)
Tá na méideanna sna colúin Geallta, Ar conradh agus Íoctha ualaithe ó thaobh datha

Forbairt ar an méid carnach geallta, an méid carnach ar conradh agus an méid carnach íoctha de réir limistéir caiteachais le haghaidh an 11ú CEF







3. **GLUAIS**

Leithreasuithe riaracháin

Leithreasuithe chun costais reatha na n-eintiteas a chumhdach (foireann, foirgnimh, trealamh oifige).

Buiséad glactha

Bíonn an dréachtbhuiséad ina bhuiséad glactha a luaithe is a fhormheasann an t-údarás buiséid é.

Buiséad leasaitheach

Cinneadh a nglactar leis le linn na bliana airgeadais chun gnéithe de bhuiséad glactha na bliana sin a leasú (méadú, laghdú, aistriú).

Leithreasuithe

Cistiú buiséid.

Tuartar sa bhuiséad idir ghealltanais (gealltanais dhlíthiúla chun maoiniú a sholáthar) agus íocaíochtaí (airgead tirim nó aistrithe bainc chuig na tairbhithe). Is minic a bhíonn difríocht idir leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus faoi chomhair íocaíochtaí — leithreasuithe difreáilte — toisc gur gnách cláir agus tionscadail ilbhliantúla a ghealladh go hiomlán sa bhliain a chinntear iad agus toisc gur gnách go n-íoctar iad thar na blianta de réir mar a théann cur chun feidhme an chláir agus an tionscadail ar aghaidh.

Ioncam sannta

Ioncam atá tiomnaithe chun míreanna sonracha caiteachais a mhaoiniú.

Toradh buiséid

An difríocht idir an t-ioncam a fuarthas agus na méideanna a íocadh, lena n-áirítear coigeartuithe le haghaidh méideanna a thugtar ar aghaidh, cealuithe agus difríochtaí sa ráta malairte.

Maidir le gníomhaíochtaí, ní mór an méid sin a aisíoc leis an údarás cistiúcháin.

Cur chun feidhme an bhuiséid

Ídiú an bhuiséid trí chaiteachas agus oibríochtaí ioncaim.

Mír bhuiséid / Líne bhuiséid / Staid bhuiséid

Léirítear ioncam agus caiteachas sa struchtúr buiséid i gcomhréir le hainmníocht cheangailteach lena léirítear cineál agus cuspóir gach míre, mar a fhorchuireann an t-údarás buiséid. Tugtar tuairisc fhoirmiúil ar an ainmníocht sna ceannteidil aonair (teideal, caibidil, airteagal nó mír).

Gealltanas buiséadach

Oibríocht trína bhforchoimeádann an t-oifigeach údarúcháin na leithreasuithe buiséid is gá chun íocaíochtaí ina dhiaidh sin a chumhdach chun gealltanais dhlíthiúla a chomhlíonadh.

Cealú leithreasuithe

Leithreasuithe nár úsáideadh faoi dheireadh na bliana airgeadais agus nach féidir a thabhairt anonn, cuirfear ar ceal iad.

Tabhairt anonn na leithreasuithe

Eisceacht le prionsabal na bliantúlachta a mhéid is féidir leithreasuithe nárbh fhéidir a úsáid i mbliain airgeadais ar leith, faoi choinníollacha dochta, a thabhairt anonn go heisceachtúil lena n-úsáid le linn na bliana dár gcionn.

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas

Cumhdaíonn leithreasuithe faoi chomhair gealltanas luach iomlán na n-oibleagáidí dlíthiúla (conarthaí, comhaontuithe deontais nó cinntí) a d'fhéadfaí a shíniú sa bhliain airgeadais reatha.

Saoradh

Oibríocht lena ndéanann an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach cur i leataobh na leithreasuithe a rinneadh roimhe sin trí bhíthin gealltanas buiséadach a chur ar ceal go hiomlán nó go páirteach.

Leithreasuithe difreáilte

Úsáidtear leithreasuithe difreáilte chun oibríochtaí ilbhliantúla a mhaoiniú; cumhdaítear leo, le haghaidh na bliana airgeadais reatha, costas iomlán na n-oibleagáidí dlíthiúla arna ndéanamh le haghaidh oibríochtaí a shíneann a gcur chun feidhme thar níos mó ná 1 bhliain airgeadais amháin.

Toradh eacnamaíoch

Tionchar an chaiteachais agus an ioncaim ar an gclár comhardaithe bunaithe ar rialacha cuntasaíochta ar bhonn fabhraithe.

Teidlíochtaí arna mbunú

An ceart chun ioncam a bhailiú ó fhéichiúnaí de réir mar a aithnítear trí eisiúint ordaithe gnóthaithe.

Difríocht sa ráta malairte

An difríocht a eascraíonn ó rátaí malairte airgeadra a chuirtear i bhfeidhm ar na hidirbhearta a bhaineann le tíortha lasmuigh den limistéar euro, nó ó athmheasúnú sócmhainní agus dliteanas in airgeadraí coigríche ar dháta na gcuntas.

Caiteachas

An téarma a úsáidtear chun tuairisc a thabhairt ar chaitheamh an bhuiséid ó gach cineál foinse chistiúcháin.

Deontais

Ranníocaíochtaí airgeadais díreacha ón mbuiséad le tairbhithe tríú páirtí a bhíonn i mbun gníomhaíochtaí a fhónann do bheartais an Aontais.

Leithreasuithe atá ag dul i léig

Leithreasuithe nár úsáideadh a bheidh le cealú ag deireadh na bliana airgeadais. Ciallaíonn dul i léig cealú an t-údarú iomlán nó cuid den údarú chun caiteachas a dhéanamh agus/nó dliteanais a thabhú, mar a léirítear le leithreasú, a chealú.

I gcás comhghnóthas (agus EIT), mar a shonraítear ina Rialacha Airgeadais, féadfar aon leithreasú nár úsáideadh a iontráil sa mheastachán ar ioncam agus ar chaiteachas suas go dtí na 3 bliana airgeadais ina dhiaidh sin (riail 'N+3' mar a thugtar uirthi). Dá bhrí sin, is féidir leithreasuithe atá ag dul i léig le haghaidh comhghnóthas a athghníomhachtú go dtí an bhliain airgeadais 'N+3'.

Bunús dlí / bunghníomh

An gníomh dlí arna ghlacadh ag an údarás reachtach (an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa go hiondúil) lena sonraítear an cuspóir atá le clár caiteachais de chuid an Aontais, an cuspóir leis na leithreasuithe, na rialacha idirghabhála, an dáta éaga agus na rialacha airgeadais ábhartha a fheidhmeoidh mar bhunús dlí le haghaidh chur chun feidhme an chláir caiteachais.

Gealltanas dlíthiúil

An gníomh lena dtéann an tOifigeach Údarúcháin faoi oibleagáid i leith tríú páirtithe as a n-eascraíonn muirear do bhuiséad an Aontais.

Is cineálacha coitianta gealltanas dlíthiúil iad conarthaí i gcás soláthair, comhaontuithe deontais agus cinntí deontais.

Leithreasuithe neamhdhifreáilte

Leithreasuithe a chomhlíonann riachtanais bhliantúla agus, dá bhrí sin, nach mór iad a ghealladh le linn na bliana airgeadais. Ní féidir ach méideanna atá incháilithe do thabhairt anonn uathoibríoch a eisíoc sa bhliain ina dhiaidh sin. Maidir le leithreasuithe neamhdhifreáilte nár úsáideadh *i.e.* nár gealladh, faoi dheireadh na bliana, déantar iad a chealú (mura rud é, ar bhonn eisceachtúil, go dtugtar cead le cinneadh ón gCoimisiún maidir le tabhairt anonn neamh-uathoibríoch). Baineann leithreasuithe neamhdhifreáilte le caiteachas riaracháin agus bíonn leithreasuithe faoi chomhair gealltanas cothrom le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

Le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, maoinítear na beartais éagsúla, i bhfoirm deontas nó soláthair go príomha.

Gealltanais le híoc

Sainmhínítear gealltanais le híoc (nó RAL ón téarma Fraincise *reste à liquider*) mar an méid leithreasuithe a gealladh nár íocadh go fóill. Tagann siad go díreach as cláir ilbhliantúla a bheith ann agus as an dícheangal idir leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí

Cumhdaíonn leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí caiteachas atá dlite sa bhliain reatha, ar caiteachas é a eascraíonn as gealltanais dhlíthiúla a tugadh sa bhliain reatha agus/nó sna blianta roimhe sin.

RAL (*Reste à liquider*)

An méid atá fós le híoc ar ghealltanas buiséadach tráth ar leith. Cf. Gealltanais le híoc

Barrachas

Difríocht dhearfach idir ioncam agus caiteachas, rud nach mór a thabhairt ar ais don údarás cistiúcháin. Cf. Toradh buiséid

Aistriú idir línte buiséid

Is é atá i gceist le haistrithe idir línte buiséid go ndéanfar leithreasuithe a athlonnú ó líne buiséid amháin go líne bhuiséid eile, le linn na bliana airgeadais, agus ar an gcaoi sin is eisceacht iad ó phrionsabal buiséadach na sonraíochta.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME – CISTÍ ARNA mBAINISTIÚ AG AN mBANC EORPACH INFHEISTÍOCHTA

AN BANC EORPACH INFHEISTÍOCHTA

AN BORD STIÚRTHÓIRÍ

RÁITIS AIRGEADAIS

NA SAORÁIDE INFHEISTÍOCHTA

AN 31 NOLLAIG 2023

(1) Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

(2) Ráiteas maidir le staid airgeadais

(3) Ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas agus ar ioncam cuimsitheach eile

(4) Ráiteas ar athruithe ar acmhainní ranníocóirí

(5) Ráiteas ar shreafaí airgid

(6) Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais

RÁITEAS MAIDIR LE STAID AIRGEADAIS

AN 31 NOLLAIG 2023

(in EUR 000)

	Nótaí	31.12.2023	31.12.2022
SÓCMHAINNÍ			
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	5	1 376 824	1 451 970
Méideanna is infhaighte ó ranníocóirí	9/16	85 321	85 321
Sócmhainní airgeadais cisteáin	10	-	73 003
Ionstraimí airgeadais díorthacha	6	55 765	75 852
Iasachtaí agus airleacain	7	1 683 312	1 849 786
Scaireanna agus urrúis toraidh athraithigh eile	8	820 713	797 341
Sócmhainní eile	11	616	950
Iomlán na sócmhainní		**4 022 551**	**4 334 223**
DLITEANAIS AGUS ACMHAINNÍ RANNÍOCÓIRÍ			
DLITEANAIS			
Ioncam iarchurtha	12	48 515	52 417
Forálacha maidir le gealltanais iasachta	13	19 038	16 583
Méideanna atá dlite do thríú páirtithe	14	427 828	190 927
Dliteanais eile	15	3 338	2 419
Iomlán na ndliteanas		**498 719**	**262 346**
Acmhainní ranníocóirí	16/17	**3 523 832**	**4 071 877**
Iomlán na ndliteanas agus acmhainní na ranníocóirí		**4 022 551**	**4 334 223**

RÁITEAS AR BHRABÚS NÓ AR CHAILLTEANAS AGUS AR IONCAM CUIMSITHEACH EILE

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2023

(in EUR 000)

	Nótaí	Ón 1.1.2023 go dtí an 31.12.2023	Ón 1.1.2022 go dtí an 31.12.2022
Ús agus ioncam comhchosúil (*)	19	148 336	93 786
Ús agus caiteachais chomhchosúla	19	-	- 5 479
Ús glan agus ioncam comhchosúil		**148 336**	**88 307**
Ioncam ó tháillí agus ó choimisiún	20	25	511
Caiteachais táillí agus coimisiúin	20	- 62	- 761
Ioncam glan ó tháillí agus ó choimisiúin		**- 37**	**- 250**

(in EUR 000)

	Nótaí	Ón 1.1.2023 go dtí an 31.12.2023	Ón 1.1.2022 go dtí an 31.12.2022
Athrú ar luach cóir ionstraimí airgeadais díorthacha	6	- 20 087	94 680
Glantoradh ar scaireanna agus ar urrúis toraidh athraithigh eile	21	- 8 457	24 432
Glantoradh ar iasachtaí agus airleacain arna dtomhas ag FVTPL	7	- 8 932	- 3 080
Glantoradh malairte eachtraí	22	- 67 885	- 140 104
Glantoradh ar oibríochtaí airgeadais		**- 105 361**	**- 24 072**
Athrú ar lagú ar iasachtaí agus ar airleacain, glan ar aisiompuithe	7.2	9 055	8 562
Athrú ar fhorálacha maidir le gealltanais iasachta, glan ar aisiompuithe	13	- 2 470	20
Caiteachais riaracháin ghinearálta	23	- 29 655	- 33 628
Brabús don bhliain		**19 868**	**38 939**
Brabús ioncaim cuimsitheach iomlán don bhliain		**19 868**	**38 939**

(*) Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, áirítear le hÚs agus ioncam comhchosúil EUR 118,5 milliún (2022: EUR 85,8 milliún) arna ríomh ar shócmhainní arna sealbhú ar chostas amúchta bunaithe ar mhodh an úis ghlain.

RÁITEAS AR ATHRUITHE AR ACMHAINNÍ RANNÍOCÓIRÍ

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2023

(in EUR 000)

	Nótaí	Ranníocaíocht ghlaoite	Ranníocaíochtaí arna n-íoc amach	Tuilleamh coimeádta	Iomlán
An 1 Eanáir 2023		**3 701 695**	-	**370 182**	**4 071 877**
Ranníocaíochtaí na mBallstát a glaodh le linn na bliana	16	20 000	-	-	**20 000**
Ranníocaíochtaí na mBallstát arna n-íoc amach le linn na bliana	17	-	- 587 913	-	**- 587 913**
Brabús do 2023		-	-	19 868	**19 868**
Athruithe ar acmhainní ranníocóirí		**20 000**	**- 587 913**	**19 868**	**- 548 045**
An 31 Nollaig 2023		**3 721 695**	**- 587 913**	**390 050**	**3 523 832**

		Ranníoc-aíocht ghlaoite	Ranníoc-aíochtaí arna n-íoc amach	Tuilleamh coimeádta	Iomlán
An 1 Eanáir 2022		**3 471 695**	-	**331 243**	**3 802 938**
Ranníocaíocht ghlaoite na mBallstát le linn na bliana		230 000	-	-	**230 000**
Brabús do 2022		-	-	38 939	**38 939**
Athruithe ar acmhainní ranníocóirí		**230 000**	-	**38 939**	**268 939**
An 31 Nollaig 2022		**3 701 695**	-	**370 182**	**4 071 877**

RÁITEAS AR SHREAFAÍ AIRGID

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2023

(in EUR 000)

	Nótaí	Ón 1.1.2023 go dtí an 31.12.2023	Ón 1.1.2022 go dtí an 31.12.2022
GNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN			
Brabús don bhliain		**19 868**	**38 939**
Arna choigeartú le haghaidh an mhéid seo a leanas:			
Glantoradh ar luach cóir ar scaireanna agus ar urrúis toraidh athraithigh eile	8	15 142	- 9 271
Athrú ar lagú ar iasachtaí agus ar airleacain, glan ar aisiompuithe	7,2	- 9 055	- 8 562
Glantoradh ar iasachtaí agus airleacain arna dtomhas ag FVTPL	7	8 932	3 080
Athrú ar ús fabhraithe agus costas amúchta ar iasachtaí agus airleacain		708	2 291
Glanathrú ar fhorálacha maidir le gealltanais iasachta, glan ar aisiompuithe		2 455	- 19
Athruithe ar luach chóir ar dhíorthaigh		20 087	- 94 680
Athrú ar ús fabhraithe agus costas amúchta ar shócmhainní airgeadais cisteáin	10	- 248	321
Athrú ar ioncam iarchurtha		- 3 902	3 985
Iarmhairt athruithe ar rátaí malairte ar iasachtaí	7,1	86 765	- 53 747
Iarmhairt athruithe ar rátaí malairtí ar scaireanna agus ar urrúis toraidh athraithigh eile	8	30 026	- 25 463
Iarmhairt athruithe ar rátaí malairte ar airgead tirim arna shealbhú		- 8 031	- 12 006
Brabús / (Caillteanas) ar ghníomhaíochtaí oibriúcháin roimh athruithe ar shócmhainní oibriúcháin agus ar dhliteanais		**162 747**	**- 155 132**
Eisíocaíochtaí iasachta	7	- 207 237	- 260 493
Aisíocaíochtaí iasachtaí	7	288 155	458 381

(in EUR 000)

	Nótaí	Ón 1.1.2023 go dtí an 31.12.2023	Ón 1.1.2022 go dtí an 31.12.2022
Athrú ar ús fabhraithe ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim	5	4 039	1 822
Sócmhainní airgeadais cisteáin a fháil	10	- 348 523	- 920 290
Aibíochtaí sócmhainní airgeadais cisteáin	10	421 278	847 608
Méadú ar scaireanna agus urrúis toraidh athraithigh eile	8	- 101 100	- 139 935
Glanfháltais ó scaireanna agus urrúis toraidh athraithigh eile		39 246	90 219
Laghdú ar shócmhainní eile		334	136
Méadú ar dhliteanais eile		919	86
Méadú / (Laghdú) ar mhéideanna iníoctha leis an mBanc Eorpach Infheistíochta		33 951	- 58 093
Glansreafaí airgid a úsáidtear i ngníomhaíochtaí oibriúcháin / ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		**293 809**	**- 135 691**
GNÍOMHAÍOCHTAÍ MAOINIÚCHÁIN			
Ranníocaíochtaí arna bhfáil ó na Ballstáit		79 710	238 450
Méideanna arna bhfáil ó na Ballstáit maidir le fóirdheontais úis agus cúnamh teicniúil		220 290	61 450
Méideanna a íoctar thar ceann na mBallstát maidir le fóirdheontais úis agus cúnamh teicniúil		- 77 050	- 60 619
Ranníocaíochtaí arna n-íoc amach thar ceann na mBallstát	17	- 587 913	-
Glansreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin		**- 364 963**	**239 281**
Glanmhéadú ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim		**- 71 154**	**103 590**
Ráiteas achomair ar shreafaí airgid:			
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag tús na bliana airgeadais		**1 450 589**	**1 359 005**
Glansreafaí airgid a úsáidtear sna nithe seo a leanas / ó na nithe seo a leanas:			
Gníomhaíochtaí oibriúcháin		293 809	- 135 691
Gníomhaíochtaí maoiniúcháin		- 364 963	239 281
Iarmhairtí athruithe ar rátaí malairte ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim		- 8 031	- 12 006
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag deireadh na bliana airgeadais		**1 371 404**	**1 450 589**
Tá airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim comhdhéanta díobh seo a leanas:			
Airgead ar láimh	5	146 494	328 079
Taiscí téarma (cé is moite d'ús fabhraithe)	5	625 403	963 004
Páipéir thráchtála	5	599 507	159 506
		1 371 404	**1 450 589**

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais an 31 Nollaig 2023

1 **Eolas ginearálta**

Bunaíodh an tSaoráid Infheistíochta ('an tSaoráid') faoi chuimsiú Chomhaontú Cotonou (an 'Comhaontú') maidir le comhar agus cabhair um fhorbairt a caibidlíodh idir Grúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin ('Stáit ACC') agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit an 23 Meitheamh 2000, arna athbhreithniú an 25 Meitheamh 2005 agus an 22 Meitheamh 2010.

Ní eintiteas dlítheanach ar leith í an tSaoráid agus déanann an Banc Eorpach Infheistíochta ('BEI' nó 'an Banc') bainistíocht ar na ranníocaíochtaí thar ceann na mBallstát ('Deontóirí') i gcomhréir le téarmaí an Chomhaontaithe agus gníomhaíonn sé mar riarthóir ar an tSaoráid.

Soláthraítear maoiniú faoin gComhaontú ó bhuiséid Bhallstáit an Aontais. Rannchuidíonn Ballstáit an Aontais leis na méideanna a leithdháiltear chun an tSaoráid a mhaoiniú agus deontais chun na fóirdheontais úis a mhaoiniú mar a fhoráiltear faoi na creataí airgeadais ilbhliantúla (an Chéad Phrótacal Airgeadais lena gcumhdaítear an tréimhse 2000-2007 ar a dtugtar an 9ú Ciste Eorpach Forbraíochta (CEF), an Dara Prótacal Airgeadais lena gcumhdaítear an tréimhse 2008-2013 ar a dtugtar an 10ú CEF agus an Tríú Prótacal Airgeadais lena gcumhdaítear an tréimhse 2014-2020 ar a dtugtar an 11ú CEF). Cuirtear bainistíocht na nithe seo a leanas ar iontaoibh BEI:

(i) an tSaoráid, ciste imrothlach rioscúil EUR 3 685,5 milliún atá dírithe ar infheistíocht earnála príobháidí i Stáit ACC a chothú, agus leithdháiltear EUR 48.5 milliún de sin do thíortha agus críocha thar lear;

(ii) deontais le haghaidh mhaoiniú fóirdheontas úis dar luach EUR 1 220,85 milliún ar a mhéad do Stáit ACC agus EUR 8.5 milliún ar a mhéad do thíortha agus críocha thar lear. Is féidir suas le 15 % de na fóirdheontais sin a úsáid chun cúnamh teicniúil a bhaineann le tionscadal a chistiú.

An 23 Nollaig 2020, chinn an Chomhairle síneadh a chur le tréimhse ghealltanais na Saoráide Infheistíochta ar feadh 6 mhí ar a laghad. Tar éis an tsínidh, d'fhormheas an Banc oibríochtaí i gcomhréir lena shainordú go dtí an 30 Meitheamh 2021 (Cinneadh 2020/2233 ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 a bhaineann le gealltanas na gcistí a eascraíonn ó athshreabha faoi Shaoráid Infheistíochta ACC maidir le hoibríochtaí faoin 9ú, 10ú agus 11ú CEF ([22])).

Thoiligh an tAontas agus Stáit ACC an cinneadh maidir le bearta idirthréimhseacha a leasú chun síneadh a chur le cur i bhfeidhm fhorálacha an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir Stáit ACC agus an tAontas go dtí an 31 Nollaig 2023, nó go dtí teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe nua nó cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe nua idir an tAontas agus Stáit ACC, cé acu is luaithe (Cinneadh Uimh. 3/2019 ó Choiste Ambasadóirí ACC-AE maidir le bearta idirthréimhseacha a ghlacadh de bhun Airteagal 95(4) de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE a leasaíodh ina dhiaidh sin le Cinneadh leasaitheach Uimh. 3/2021 ó Choiste Ambasadóirí ACC-AE an 26 Samhain 2021, Cinneadh Uimh. 2022/970 ó Choiste Ambasadóirí ACC-AE an 16 Meitheamh 2022 agus Cinneadh Uimh. 2/2023 ó Choiste Ambasadóirí ACC-AE an 25 Deireadh Fómhair 2023).

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthas leantach faoina nglactar leis go mbeidh sé ar a cumas ag an tSaoráid an t-airgead go léir is iníoctha faoi aon oibríocht a íoc go ceann i bhfad. Ní chinntear fad na Saoráide. Tá Comhaontú Inmheánach an 11ú CEF i bhfeidhm i gcónaí (de bhun Airteagal 14(3) de sin) go ceann cibé tréimhse is gá chun na hoibríochtaí go léir faoin gComhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus Stáit ACC, faoin gCinneadh maidir le Comhlachas Thar Lear agus faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil a fhorghníomhú ina n-iomláine.

Tháinig Rialachán NDICI – an Eoraip Dhomhanda i bhfeidhm an 14 Meitheamh 2021 (Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([23]) an 9 Meitheamh 2021) agus soláthraítear leis an príomhbhunús dlí le haghaidh cúnamh ón Aontas Eorpach lasmuigh den Aontas in 2021-2027, agus an rialachán le haghaidh shainordú institiúideach nua an Bhainc maidir le hoibríochtaí lasmuigh den Aontas Eorpach, lena n-áirítear réigiún ACC. Áirítear leis sin comhtháthú an CEF sheachbhuiséadaigh reatha i mbuiséad an Aontais. Soláthraítear le Rialachán NDICI an bunús dlí don Choimisiún sainorduithe de chuid an Aontais a bheidh ann amach anseo a chur de chúram ar BEI le haghaidh a ghníomhaíochta lasmuigh den Aontas Eorpach. Soláthrófar leis freisin an creat infheistíochta seachtraí don Aontas dul i gcomhar le hinstitiúidí comhpháirtíochta trí dheontais nó ráthaíochtaí ó bhuiséad an Aontais.

([22]) IO L 437, 28.12.2020, lch. 188, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/2233/oj.

([23]) Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (IO L 209, 14.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/947/oj).

Amach anseo, déanfar athshreabha ón tSaoráid a imscaradh faoi chuimsiú chreat NDICI trí mheascán d'ionú tiomnaithe earnála príobháidí ACC faoin gCiste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe (CEFI+) agus Ciste Iontaobhais. An 15 Feabhra 2023, síníodh comhaontú aistrithe idir BEI agus an Coimisiún Eorpach ('Comhaontú Aistrithe'). Is é is cuspóir don chomhaontú sin aistriú na gcistí a eascraíonn ó athshreabha, faoin tSaoráid, de réir mar a bheidh siad ar fáil, i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2020/2233 ('Athshreabha Shaoráid ACC') agus le Cinneadh (AE) 2021/1764 ón gComhairle ([24]) ('Athshreabha Shaoráid na dtíortha agus na gcríoch thar lear', agus in éineacht le hAthshreabha Shaoráid ACC, na 'hAthshreabha'). Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach Nóta 2.4.6 agus Nóta 17.

Cumhdaítear leis na ráitis airgeadais seo an tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023.

Ar thogra ón gCoiste Bainistíochta, ghlac an Bord Stiúrthóirí na Ráitis Airgeadais an 21 Márta 2024 agus d'údaraigh siad iad a chur faoi bhráid an Bhoird Gobharnóirí lena bhformheas faoin 26 Aibreán 2024.

2 **Beartais chuntasaíochta ábhartha**

2.1 ***Bunús an ullmhúcháin – Ráiteas comhlíontachta***

Ullmhaíodh ráitis airgeadais na Saoráide i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) arna nglacadh ag an Aontas Eorpach. Áirítear sna ráitis airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023 an ráiteas ar an staid airgeadais, an ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas agus ar ioncam cuimsitheach eile, ráiteas faoi athruithe ar acmhainní ranníocóirí, an ráiteas ar shreafaí airgid, agus na nótaí.

2.2 ***Breithiúnais, toimhdí agus meastacháin chuntasaíochta shuntasacha***

Chun ráitis airgeadais a ullmhú, ní mór meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a dhéanann difear d'ioncam tuairiscithe, costais, sócmhainní, dliteanais agus nochtadh sócmhainní teagmhasacha agus dliteanas teagmhasach. Baineann úsáid na faisnéise atá ar fáil agus cur i bhfeidhm breithiúnais go dlúth le foirmiú na meastachán. D'fhéadfadh torthaí iarbhír sa todhchaí a bheith difriúil ó mheastacháin den sórt sin agus d'fhéadfadh na difríochtaí a bheith ábhartha do na ráitis airgeadais. Déantar athbhreithniú leanúnach ar na meastacháin agus ar na toimhdí foluiteacha. Déantar meastacháin athbhreithnithe a aithint go hionchasach.

Is mar a leanas an úsáid is suntasaí a bhaintear as breithiúnais agus meastacháin:

— **Luach chóir ionstraimí airgeadais**

I gcás nach féidir luachanna córa ionstraimí airgeadais a chláraítear ar an gclár comhardaithe a dhíorthú ó mhargaí gníomhacha, cinntear iad le teicnící luachála éagsúla lena n-áirítear úsáid samhlacha matamaiticiúla. Tógtar an t-ionchur le haghaidh na samhlacha sin ó mhargaí inbhraite nuair is féidir, ach i gcás nach bhfuil sé sin indéanta, tá gá le méid áirithe breithiúnais chun luachanna córa a bhunú. Déantar na luachálacha a chatagóiriú i leibhéil éagsúla san ordlathas luacha chóir bunaithe ar na hionchuir a úsáidtear sna teicnící luachála a thuairiscítear agus a nochtar i Nótaí 2.4.2 agus 4.

— **Caillteanais lagaithe ar iasachtaí agus ar airleacain**

Ceanglaítear le tomhas an chaillteanais creidmheasa ionchasaigh ('ECL') ar an mbainistíocht breithiúnais shuntasacha a chur i bhfeidhm, go háirithe measúnú a dhéanamh ar mhéadú suntasach ar an riosca creidmheasa ón aithint tosaigh, cuimsiú faisnéise réamhbhreathnaithí agus dul chun cinn a dhéanamh ar an measúnú ar mhéid agus ar uainiú sreafaí airgid agus luachanna comhthaobhachta amach anseo agus caillteanais lagaithe á gcinneadh. Tá na meastacháin sin bunaithe ar roinnt tosca, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le hathruithe suntasacha ar uainiú agus ar mhéid an lamháltais le haghaidh caillteanas creidmheasa atá le haithint (Nóta 2.4.2). Mionsonraítear toimhdí ábhartha maidir leis na héifeachtaí ar lagú a eascraíonn as comhthéacs ginearálta na neamhchinnteachta agus na suaiteachta a tharla in 2022 agus a lean ar aghaidh in 2023 faoi Nóta 2.4.2.2 agus Nóta 3.2.3.7.

([24]) Cinneadh (AE) 2021/1764 ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 maidir le Comhlachas na dTíortha agus na gCríoch Thar Lear leis an Aontas Eorpach lena n-áirítear caidreamh idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Ghaonlainn agus Ríocht na Danmhairge, den pháirt eile (an Cinneadh maidir le Comhlachú Thar Lear, lena n-áirítear an Ghaonlainn) (IO L 355, 7.10.2021, LCH. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/1764/oj).

— **Luacháil infheistíochtaí cothromais neamhluaite**

Bunaítear luacháil infheistíochtaí cothromais neamhluaite ar cheann díobh seo a leanas go hiondúil:

— idirbhearta margaidh ar neamhthuilleamaí le déanaí;

— luach cóir reatha ionstraime eile atá mar an gcéanna go substaintiúil;

— na sreafaí airgid a bhfuil coinne leo arna lascainiú ag rátaí reatha is infheidhme le haghaidh míreanna lena mbaineann téarmaí agus saintréithe riosca comhchosúla;

— modh maidir le glansócmhainní coigeartaithe; nó

— samhlacha luachála eile.

Is gá meastachán suntasach a dhéanamh chun na sreafaí airgid agus na tosca lascaine a chinneadh le haghaidh infheistíochtaí cothromais neamhluaite. Déanann an tSaoráid calabrú ar na teicnící luachála go tréimhsiúil agus déanann sí tástáil bhailíochta orthu bunaithe ar an bpraghas ó idirbhearta margaidh reatha inbhraite san ionstraim chéanna nó ó shonraí margaidh inbhraite eile.

— **Comhdhlúthú eintiteas ina bhfuil leas ag an tSaoráid**

Rinne BEI breithiúnais nach bhfuil aon cheann de na heintitis ina bhfuil leas aige faoi rialú na Saoráide. Is é is cúis leis sin gurb é an Comhpháirtí Ginearálta nó Bainisteoir an Chiste nó an Bord Bainistíochta amháin atá freagrach as gníomhaíochtaí agus gnóthaí na comhpháirtíochta a bhainistiú agus a rialú i ngach eintiteas den sórt sin, agus go bhfuil an chumhacht agus an t-údarás acu gach rud is gá a dhéanamh chun aidhm agus cuspóirí na comhpháirtíochta a chur i gcrích agus na treoirlínte infheistíochta agus beartais á gcomhlíonadh.

2.3 ***Athruithe ar chaighdeáin chuntasaíochta***

Cé is moite de na hathruithe a leagtar amach thíos, rinne an tSaoráid na beartais chuntasaíochta a leagtar amach i Nóta 2.4 a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir leis na tréimhsí go léir a chuirtear i láthair sna ráitis airgeadais sin. Ghlac an tSaoráid na caighdeáin nua agus na leasuithe ar chaighdeáin seo a leanas.

Caighdeáin nua agus leasaithe a ghlac an tSaoráid

Na caighdeáin nua seo a leanas agus na leasuithe seo a leanas ar chaighdeáin reatha, tháinig siad i bhfeidhm maidir le ráitis airgeadais na Saoráide ón 1 Eanáir 2023:

— Leasuithe ar IAS 1 Cur i Láthair na Ráiteas Airgeadais agus Ráiteas Cleachtais IFRS 2: Nochtadh Beartas cuntasaíochta;

— Leasuithe ar IAS 8 Beartais Chuntasaíochta, Athruithe ar Mheastacháin agus Earráidí Cuntasaíochta: Sainmhíniú ar Mheastacháin Chuntasaíochta;

Ní raibh aon tionchar ag na leasuithe a liostaítear thuas ar na méideanna a aithníodh i dtréimhsí roimhe sin agus meastar nach ndéanfaidh siad difear ábhartha do na tréimhsí reatha ná do thréimhsí sa todhchaí.

Caighdeáin nua, leasuithe agus léirmhínithe nár ghlac an tSaoráid go fóill

An 31 Nollaig 2023, bhíothas tar éis na leasuithe seo a leanas ar na Caighdeáin a bhí ann cheana féin a eisiúint ach ní raibh siad éigeantach le haghaidh tréimhsí tuairiscithe bliantúla dar críoch an 31 Nollaig 2023:

Leasuithe ar Chaighdeáin atá ann cheana féin arna bhformhuiniú ag an Aontas, agus atá éifeachtach le haghaidh tréimhsí bliantúla dár tús an 1 Eanáir 2024 nó dá éis:

Leasuithe ar IAS 1 Cur i láthair Ráiteas Airgeadais: Aicmiú Dliteanas mar Dhliteanais Reatha nó Neamh-reatha agus Dliteanais Neamhreatha le Cúnaint.

Leasuithe ar Chaighdeáin atá ann cheana féin nach ndearna an tAontas iad a fhormhuiniú go fóill:

— Leasuithe ar IAS 7 Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid agus ar IFRS 7 Ionstraimí Airgeadais: Socruithe Maoiniúcháin um Íoc Soláthróirí;

— Leasuithe ar IAS 21 Iarmhairtí Athruithe ar Rátaí Malairte Eachtraí: Easpa Inmhalartaitheachta;

— Leasuithe ar IFRS 10 Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite agus IAS 28 Infheistíochtaí i gComhlaigh agus i gComhfhiontair: Díol Ranníoca Sócmhainní idir Infheisteoir agus a Chomhlach nó a Chomhfhiontar.

Ar an dáta a údaraíodh na ráitis airgeadais sin ní raibh an tSaoráid tar éis aon cheann de na Caighdeáin nó leasuithe ar Chaighdeáin a bhí ann cheana féin atá liostaithe thuas a ghlacadh go luath agus ní raibh aon Léirmhíniú eisithe atá infheidhme agus nach mór don tSaoráid é a chur san áireamh ag ceachtar de na dátaí tuairiscithe. Measann an lucht bainistíochta go ndéanfar na fógairtí ábhartha uile a ghlacadh don chéad tréimhse dar tús dáta éifeachtach na fógartha nó dá éis, agus nach mbeidh aon tionchar ábhartha acu ar ráitis airgeadais na Saoráide.

2.4 *Achoimre ar bheartais chuntasaíochta ábhartha*

Léirítear leis an ráiteas maidir le staid airgeadais sócmhainní agus dliteanais in ord íslitheach leachtachta agus ní dhéantar aon idirdhealú idir míreanna reatha agus neamhreatha.

2.4.1 Aistriú airgeadra eachtraigh

Úsáideann an tSaoráid an euro (EUR) chun a ráitis airgeadais a chur i láthair, agus is é an euro an t-airgeadra feidhmiúil. Ach amháin i gcás ina sonraítear a mhalairt, déantar faisnéis airgeadais a chuirtear i láthair in EUR a shlánú chuig an míle is gaire.

Aistrítear idirbhearta in airgeadra eachtrach ag an ráta malairte atá i réim ar dháta an idirbhirt.

Maidir le sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta ainmnithe in airgeadraí seachas an euro, déantar iad a aistriú go euro ag an ráta malairte atá i réim ar dháta an ráitis maidir le staid airgeadais. Déantar an gnóthachan nó an caillteanas a eascraíonn as an aistriú sin a thaifeadadh sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas agus ar ioncam cuimsitheach eile.

Míreanna neamhairgeadaíochta a thomhaistear i dtéarmaí costas stairiúil in airgeadra eachtrach, aistrítear iad ag na rátaí malairte amhail ar dhátaí na n-idirbheart tosaigh. Míreanna neamhairgeadaíochta a thomhaistear ar luach cóir in airgeadra eachtrach, aistrítear iad ag na rátaí malairte amhail ar an dáta ar cinneadh an luach cóir.

Aithnítear sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas agus ar ioncam cuimsitheach eile difríochtaí ráta malairte a eascraíonn as socrú idirbheart ag rátaí atá éagsúil leis na rátaí ar dháta an idirbhirt, agus difríochtaí ráta malairte eachtraí neamhréadaithe ar shócmhainní agus ar dhliteanais airgeadaíochta in airgeadra eachtrach.

2.4.2 **Sócmhainní airgeadais seachas díorthaigh**

Aithnítear ionstraimí airgeadais neamhdhíorthacha i dtosach ar bhonn an dáta socraíochta.

Aicmiú agus tomhas

Sócmhainní airgeadais

Ar aithint tosaigh, aicmítear acmhainn airgeadais mar a thomhaistear í ar chostas amúchta nó ar luach cóir trí P&L ('FVTPL') agus aicmítear dliteanas airgeadais mar a thomhaistear é ar chostas amúchta nó FVTPL.

Faoi IFRS 9, tosaíonn aicmiú le cinneadh a dhéanamh cibé acu a mheastar an tsócmhainn airgeadais mar ionstraim fiachais nó mar ionstraim chothromais. Tagraíonn IFRS 9 do na sainmhínithe in IAS 32 Ionstraimí Airgeadais: Cur i láthair.

Is ionstraimí fiachais iad na hionstraimí sin a chomhlíonann an sainmhíniú ar dhliteanas airgeadais ó pheirspictíocht an chontrapháirtí, iasachtaí agus urrúis fiachais lena n-áirítear bannaí, nótaí nó deimhnithe arna n-eisiúint ag eintitis struchtúrtha, rialtas nó corparáidí.

Aicmítear ionstraim fiachais ar chostas amúchta má chomhlíonann sí an dá choinníoll seo a leanas agus mura n-ainmnítear í mar ionstraim fiachais ar FVTPL:

— sealbhaítear an tsócmhainn laistigh de shamhail ghnó arb é a cuspóir sócmhainní a shealbhú chun sreafaí airgid conarthacha a bhailiú; agus

— eascraíonn sreafaí airgid as téarmaí conarthacha na sócmhainne airgeadais ar dhátaí sonraithe, ar íocaíochtaí príomhshuime agus úis ar mhéid na príomhshuime gan íoc amháin iad (critéir SPPI).

Ba cheart na ceanglais thuas a chur i bhfeidhm maidir le sócmhainn airgeadais iomlán, fiú más rud é go bhfuil díorthach leabaithe inti.

Is ionstraimí iad ionstraimí cothromais a chomhlíonann an sainmhíniú ar chothromas ó pheirspictíocht an eisitheora de; is é sin, ionstraimí nach gcuimsítear iontu oibleagáid chonarthach chun íoc agus lena bhfianaítear leas iarmharach i nglansócmhainní an eisitheora. Tomhaistear ionstraimí cothromais ar FVTPL.

Ar aithint tosaigh infheistíochta cothromais nach sealbhaítear í lena trádáil, féadfaidh an tSaoráid a roghnú go neamh-inchúlghairthe athruithe a dhéanfar ina dhiaidh sin ar ioncam cuimsitheach eile a thíolacadh. Is ar bhonn 'infheistíocht trí infheistíocht' a dhéantar an rogha sin.

Aicmítear gach sócmhainn airgeadais eile mar a bheith á dtomhas ar FVTPL.

Measúnú ar an tsamhail ghnó

Déanann BEI, mar bhainisteoir ar an tSaoráid, measúnú ar chuspóir samhla gnó ina sealbhaítear ionstraim fiachais ar leibhéal punainne toisc gur fearr a léiríonn sé sin an chaoi a mbainistítear an ghnólacht agus an chaoi a soláthraítear faisnéis don bhainistíocht. Áirítear an méid seo a leanas ar an bhfaisnéis atá á breithniú:

— na beartais agus cuspóirí sonraithe le haghaidh na punainne agus feidhmiú na mbeartas sin sa chleachtas. Go háirithe, an ndíríonn straitéis na bainistíochta ar ioncam úis chonarthaigh a thuilleamh, ar phróifíl ráta úis ar leith a choinneáil ar bun, ar fhad na sócmhainní airgeadais a mheaitseáil le fad na ndliteanas lena maoinítear na sócmhainní sin nó ar shreafaí airgid a réadú trí na sócmhainní a dhíol;

— conas a dhéantar meastóireacht ar fheidhmíocht na punainne agus conas a dhéantar í sin a thuairisciú do bhainistíocht na Saoráide;

— na rioscaí a dhéanann difear d'fheidhmíocht na samhla gnó (agus na sócmhainní airgeadais a shealbhaítear laistigh den tsamhail ghnó sin) agus conas a dhéantar na rioscaí sin a bhainistiú; agus

— minicíocht, méid agus uainiú an díolacháin i dtréimhsí roimhe seo, na cúiseanna leis an díolachán sin agus a ionchas maidir le gníomhaíocht díolacháin amach anseo.

Mar sin féin, ní bhreithnítear faisnéis ar ghníomhaíocht díolacháin ina haonar, ach mar chuid de mheasúnú foriomlán ar an gcaoi a mbaintear amach cuspóir sonraithe na Saoráide chun na sócmhainní airgeadais a bhainistiú agus ar an gcaoi a réadaítear sreafaí airgid.

Tuairiscítear agus nochtar i Nóta 25 an tsamhail ghnó le haghaidh oibríochtaí iasachta dírí Imchlúdach Maoiniúcháin an Tionchair.

Critéir íocaíochta príomhshuime agus úis amháin ('SPPI')

Chun críocha an mheasúnaithe seo, sainmhínítear 'príomhshuim' mar luach cóir na hionstraime fiachais tráth na haitheanta tosaigh. Sainmhínítear 'ús' mar chomaoin i leith luach ama an airgid agus i leith an riosca creidmheasa a bhaineann leis an bpríomhshuim gan íoc le linn tréimhse ama ar leith agus i leith rioscaí agus costais eile de dheasca iasachtaí (e.g. riosca leachtachta agus costais riaracháin), chomh maith le corrlach brabúis.

Agus measúnú á dhéanamh an íocaíochtaí príomhshuime agus úis amháin atá sna sreafaí airgid conarthacha, breithnítear téarmaí conarthacha na hionstraime. Áirítear leis sin measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil téarma conarthach sa tsócmhainn airgeadais lena bhféadfaí uainiú nó méid na sreafaí airgid conarthacha a athrú a d'fhágfadh nach gcomhlíonfadh sí an coinníoll sin.

Dí-aithint

Dí-aithníonn an tSaoráid sócmhainn airgeadais nuair a théann na cearta conarthacha ar na sreafaí airgid ón tsócmhainn airgeadais in éag, nó nuair a dhéantar na cearta chun an sreabhadh airgid conarthach a fháil a aistriú in idirbheart ina ndéanann an tSaoráid rioscaí agus tairbhí úinéireacht na sócmhainne airgeadais a aistriú nó ina gcoinníonn sí go substaintiúil rioscaí agus tairbhí go léir na húinéireachta ach nach gcoinníonn sí rialú ar an tsócmhainn airgeadais.

Ar dhí-aithint sócmhainne airgeadais nó dliteanais airgeadais (Nóta 2.4.4), maidir leis an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne nó an dliteanais (nó an tsuim ghlanluacha arna leithdháileadh ar an gcion den tsócmhainn nó den dliteanas dí-aitheanta) agus an tsuim (i) den chomaoin a fuarthas nó a íocadh agus (ii) d'aon ghnóthachan nó caillteanas carnach a aithníodh in ioncam cuimsitheach eile, aithnítear an méid sin sa bhrabús nó sa chaillteanas ach amháin na gnóthachain nó na caillteanais charnacha a aithnítear in ioncam cuimsitheach eile le haghaidh ionstraimí cothromais arna dtomhas ar luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile a aistrítear chuig an gcúlchiste seachas brabús nó caillteanas ar dhiúscairt.

I gcomhthéacs an athchóirithe ar IBOR, maidir leis an measúnú a dhéanann an tSaoráid ar cé acu atá nó nach bhfuil athrú a dhéantar ar ionstraim airgeadais ar chostas amúchta substaintiúil, déantar an measúnú sin tar éis an beart praiticiúil a chur i bhfeidhm ar tugadh isteach é le Céim 2 den athchóiriú ar IBOR. I gcomhréir leis na leasuithe arna n-eisiúint ag IASB, ní dhí-aithníonn an tSaoráid ionstraim airgeadais a modhnaítear a sreafaí airgid mar iarmhairt dhíreach ar an athchóiriú agus a bhfuil a hathrú coibhéiseach go heacnamaíoch leis an mbonn roimhe sin chun na sreafaí airgid conarthacha a chinneadh (i.e. an bonn díreach roimh an athrú).

Athaicmiú

Ní athaicmítear sócmhainní airgeadais tar éis a n-aitheanta tosaigh, ach amháin sa tréimhse tar éis don tSaoráid a samhail ghnó a athrú chun sócmhainní airgeadais a bhainistiú.

Modhnú

Meastar go modhnaítear sócmhainn airgeadais arna tomhas ar chostas amúchta nuair a dhéantar a sreafaí airgid conarthacha a athchaibidliú nó a mhodhnú ar bhealach eile. D'fhéadfadh dí-aithint na sean-ionstraime airgeadais agus aithint na hionstraime airgeadais nua a bheith mar thoradh ar athchaibidlíocht nó modhnú.

Mar thoradh ar mhodhnú substaintiúil conarthach ar shreafaí airgid sócmhainne airgeadais arna thomhas ar chostas amúchta a mbíonn dí-aithint na sócmhainne airgeadais mar thoradh air, aithnítear an tsócmhainn airgeadais nua ag a luach cóir, agus taifeadtar an gnóthachan modhnaithe nó an tionchar caillteanais sa ráiteas ioncaim chomhdhlúite faoi 'Toradh ar oibríochtaí airgeadais'.

Meastar modhnú conarthach a bheith substaintiúil más rud é go bhfuil luach láithreach lascainithe na sreafaí airgid faoi na téarmaí athbhreithnithe (a lascainítear leis an nglanráta úis bunaidh) 10 % difriúil ar a laghad le luach láithreach lascainithe na sreafaí airgid atá fágtha den bhunsócmhainn airgeadais. Breithnítear freisin tosca cáilíochtúla amhail athrú san airgeadra ina n-ainmnítear an tsócmhainn airgeadais agus gnéithe comhshó.

I gcomhthéacs an athchóirithe ar IBOR, maidir leis an measúnú a dhéanann an tSaoráid ar cé acu atá nó nach bhfuil athrú a dhéantar ar ionstraim airgeadais ar chostas amúchta substaintiúil, déantar an measúnú sin tar éis an beart praiticiúil a chur i bhfeidhm ar tugadh isteach é le Céim 2 den athchóiriú ar IBOR. Leis an tSaoráid, nuashonraítear an glanráta úis, gan suim ghlanluacha na hionstraime airgeadais a mhodhnú má athraíonn an bonn chun sreafaí airgid conarthacha na hionstraime airgeadais a chinneadh, arna thomhas ar chostas amúchta, mar iarmhairt dhíreach ar an athchóiriú agus má tá an t-athrú coibhéiseach go heacnamaíoch leis an mbonn roimhe sin (i.e. an bonn díreach roimh an athrú).

Luachanna córa ionstraimí airgeadais a thomhas

Is éard is luach cóir ann an praghas a gheofaí chun sócmhainn a dhíol nó an praghas a d'íocfaí chun dliteanas a aistriú in idirbheart ordúil idir rannpháirtithe sa mhargadh ar dháta an tomhais sa phríomh-mhargadh, nó ina éagmais sin, sa mhargadh is buntáistí a bhfuil rochtain ag an tSaoráid air ar an dáta sin.

I gcás inarb infheidhme, déanann BEI thar ceann na Saoráide luach cóir ionstraime a thomhas trí úsáid a bhaint as an bpraghas a luaitear i margadh gníomhach le haghaidh na hionstraime sin. Meastar go bhfuil margadh gníomhach má tharlaíonn idirbhearta le haghaidh na sócmhainne nó an dliteanais le minicíocht agus méid leordhóthanach chun faisnéis faoi phraghsáil a sholáthar ar bhonn leanúnach.

I gcás nach féidir luachanna córa sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais a chláraítear ar an ráiteas maidir le staid airgeadais a dhíorthú ó mhargaí gníomhacha, cinntear iad le teicnící luachála éagsúla lena n-áirítear úsáid samhlacha matamaiticiúla. Tógtar an t-ionchur le haghaidh na samhlacha sin ó mhargaí inbhraite nuair is féidir, ach i gcás nach bhfuil sé sin indéanta, tá gá le méid áirithe breithiúnais chun luachanna córa a bhunú. Tá ar áireamh leis an teicníc luachála roghnaithe na tosca uile a chuirfeadh rannpháirtithe sa mhargadh san áireamh agus idirbheart á phraghsáil.

D'fhéadfaí a áireamh leis na teicnící luachála sin samhlacha glanluacha láithrigh agus sreafa airgid lascainithe, comparáid le hionstraimí comhchosúla arb ann do phraghsanna inbhraite sa mhargadh ina leith, samhlacha Black-Scholes agus samhlacha praghsála rogha iltéarmaí agus samhlacha luachála eile. Áirítear leis na toimhdí agus na hionchuir a úsáidtear i dteicnící luachála rátaí úis saor ó riosca agus bonnrátaí úis, raonta difríochta creidmheasa a úsáidtear chun meastachán a dhéanamh ar rátaí lascainithe, praghsanna bannaí agus cothromais, rátaí malairte airgeadra eachtraigh, praghsanna cothromais agus praghsanna innéacsanna cothromais, agus luaineachtaí praghsanna ionchasacha agus comhghaolta praghsanna ionchasacha.

Is é is aidhm do theicnící luachála teacht ar thomhas luacha chóir lena léirítear an praghas a gheofaí chun an tsócmhainn a dhíol nó an praghas a d'íocfaí chun an dliteanas a aistriú in idirbheart ordúil idir rannpháirtithe sa mhargadh ar dháta an tomhais.

Úsáideann an Banc samhlacha luachála a aithnítear go forleathan chun luach cóir ionstraimí airgeadais coitianta agus ionstraimí airgeadais níos simplí a chinneadh, amhail babhtálacha ráta úis agus babhtálacha airgeadraí nach n-úsáideann ach sonraí margaidh inbhraite agus a mbíonn breithiúnas agus meastachán bainistíochta teoranta ag teastáil ina leith. Bíonn praghsanna agus ionchuir shamhla inbhraite ar fáil go hiondúil sa mhargadh le haghaidh urrúis fiachais agus urrúis chothromais a liostaítear, díorthaigh a thrádáiltear ar mhalartán agus díorthaigh shimplí thar an gcuntar amhail babhtálacha rátaí úis. Mar thoradh ar infhaighteacht praghsanna margaidh agus ionchuir shamhla inbhraite, laghdaítear an gá atá le breithiúnas agus meastachán bainistíochta agus laghdaítear freisin an éiginnteacht a bhaineann le cinneadh luachanna córa. Bíonn infhaighteacht praghsanna margaidh agus ionchur inbhraite éagsúil ag brath ar na táirgí agus na margaí, agus d'fhéadfadh athruithe teacht ar an infhaighteacht sin bunaithe ar theagmhais shonracha agus ar choinníollacha ginearálta sna margaí airgeadais.

Maidir le hionstraimí níos casta, úsáideann an Banc a shamhlacha luachála féin a fhorbraítear ó shamhlacha luachála aitheanta. D'fhéadfadh sé nach mbeadh cuid d'ionchuir shuntasacha na samhlacha sin, nó iad go léir, inbhraite sa mhargadh, agus díorthaítear iad ó phraghsanna nó ó rátaí margaidh nó déantar meastachán orthu bunaithe ar thoimhdí. I measc samplaí d'ionstraimí lena mbaineann ionchuir shuntasacha dhobhraite, áirítear iasachtaí agus ráthaíochtaí áirithe nach ann d'aon mhargadh gníomhach ina leith. Éilítear le samhlacha luachála ina n-úsáidtear ionchuir shuntasacha dhobhraite méid níos airde breithiúnais agus meastacháin bainistíochta chun an luach cóir a chinneadh. Is gá breithiúnas agus meastachán bainistíochta go hiondúil chun an tsamhail luachála iomchuí a úsáidfear a roghnú, chun sreafaí airgid a bhfuil coinne leo amach anseo a chinneadh maidir leis an ionstraim airgeadais atá á luacháil, chun dóchúlacht nó mainneachtain contrapháirtithe agus réamhíocaíochtaí a chinneadh agus chun rátaí lascaine iomchuí a roghnú.

Déanann an tSaoráid luachanna córa a thomhas trí úsáid a bhaint as an ordlathas luacha chóir seo a leanas lena léirítear a thábhachtaí atá na hionchuir a úsáidtear chun na tomhais a dhéanamh:

— Leibhéal 1: ionchuir ar praghsanna margaidh luaite neamhchoigeartaithe iad i margaí gníomhacha le haghaidh ionstraimí comhionanna a bhfuil rochtain ag an tSaoráid orthu.

— Leibhéal 2: ionchuir seachas praghsanna luaite a áirítear laistigh de Leibhéal 1 atá inbhraite go díreach (i.e. mar phraghsanna) nó go hindíreach (i.e. arna ndíorthú ó phraghsanna). Áirítear leis an gcatagóir seo ionstraimí arna luacháil le praghsanna margaidh luaite i margaí gníomhacha le haghaidh ionstraimí comhchosúla, praghsanna luaite le haghaidh ionstraimí comhchosúla nó comhionanna i margaí a mheastar nach bhfuil chomh gníomhach céanna nó teicnící luachála eile inarb inbhraite iad na hionchuir shuntasacha go léir go díreach nó go hindíreach ó shonraí margaidh.

— Leibhéal 3: ionchuir nach bhfuil inbhraite. Áirítear leis an gcatagóir seo gach ionstraim ina n-áirítear leis an teicníc luachála ionchuir nach mbunaítear ar shonraí inbhraite agus ina bhfuil iarmhairt shuntasach ag na hionchuir dhobhraite ar luacháil na hionstraime. Áirítear leis an gcatagóir seo ionstraimí a luacháiltear bunaithe ar phraghsanna luaite le haghaidh ionstraimí comhchosúla inar gá coigeartuithe nó toimhdí dobhraite suntasacha chun na difríochtaí idir na hionstraimí a léiriú.

Aithníonn an tSaoráid aistrithe idir leibhéil an ordlathais luacha chóir ó dheireadh na tréimhse tuairiscithe inar tharla an t-athrú.

Lagú ar shócmhainní airgeadais

Tá IFRS 9 bunaithe ar shamhail réamhbhreathnaitheach caillteanais creidmheasa ionchasaigh ('ECL'). Bhunaigh BEI creat chun 'caillteanas creidmheasa ionchasach' a ríomh, ag brath ar staid an mhacraigheilleagair. Cuimsítear leis paraiméadair riosca creidmheasa thar am ar leith a thógáil (Dóchúlacht mainneachtana – 'PD' agus Caillteanas i gcás mainneachtana – 'LGD') bunaithe ar thoisc chórasach (timthriall creidmheasa) faoi thionchar an mhacraigheilleagair agus arna réamh-mheas trí réamhaisnéisí nó cásanna maicreacnamaíocha. Meán ualaithe dóchúlachta atá sa chaillteanas creidmheasa ionchasach deiridh de chaillteanais chreidmheasa ionchasacha na gcásanna maicreacnamaíocha faoi seach. Cuirtear an tsamhail lagaithe réamhbhreathnaitheach sin i bhfeidhm ar shócmhainní airgeadais arna dtomhas ar chostas amúchta, ar chonarthaí ráthaíochta airgeadais, agus ar ghealltanais cláir chomhardaithe.

Faoi IFRS 9, déantar liúntais caillteanais a thomhas de réir ceann de na boinn seo a leanas:

— Caillteanais chreidmheasa ionchasacha 12 mhí: is iad sin na caillteanais chreidmheasa ionchasacha a eascraíonn as teagmhais mhainneachtana fhéideartha laistigh de 12 mhí tar éis an dáta tuairiscithe; agus

— Caillteanais chreidmheasa ionchasacha saolré: is iad sin na caillteanais chreidmheasa ionchasacha a eascraíonn as gach teagmhas mainneachtana féideartha thar shaolré ionchasach ionstraime airgeadais.

Leagtar amach i gCaighdeán IFRS 9 samhail trí chéim le haghaidh lagú bunaithe ar athruithe ar cháilíocht chreidmheasa ó thráth na haitheanta tosaigh. Aicmítear ionstraimí airgeadais i gCéim 1 ach amháin na hionstraimí sin a n-aithnítear méadú suntasach ar riosca creidmheasa ó thráth na haitheanta tosaigh ina leith. Áirítear leis sin faisnéis agus anailís chainníochtúil agus cháilíochtúil araon, bunaithe ar shaineolas an Bhainc, lena n-áirítear faisnéis réamhbhreathnaitheach.

Is sócmhainní airgeadais iad sócmhainní ceannaithe nó tionscanta a bhfuil fadhbanna creidmheasa acu ('POCI') a meastar iad, ó thráth na haitheanta tosaigh, a bheith aicmithe mar Chéim 3. Maidir le sócmhainní airgeadais ceannaithe nó tionscanta a bhfuil fadhbanna creidmheasa acu, aithnítear sa ráiteas brabúis nó caillteanais na hathruithe carnacha sa chaillteanas creidmheasa ionchasach saoil ó thráth na haitheanta tosaigh.

Tá measúnú an Bhainc ar chéimniú IFRS9 bunaithe ar chur chuige seicheamhach lena n-úsáidtear faisnéis a bhaineann go sonrach le contrapháirtí nó le hionstraim, ar faisnéis í atá comhsheasmhach le treoirlínte agus nósanna imeachta inmheánacha, go háirithe na treoirlínte agus nósanna imeachta a chumhdaíonn spreagthaí luathrabhaidh, rátáil inmheánach (laghdú trí eang nó níos mó nuair a dhéantar comparáid leis an rátáil inmheánach stairiúil le haghaidh contrapháirtithe a bhfuil a rátáil inmheánach reatha faoi bhun an ghráid infheistíochta) agus riaráiste (níos mó ná 30 lá thar téarma).

Measann BEI, maidir leis na héifeachtaí ar lagú a eascraíonn as comhthéacs ginearálta na héiginnteachta agus na rioscaí éagsúla atá ag teacht chun cinn mar thoradh ar ionradh na Rúise ar an Úcráin, go léirítear iad i samhail réamhbhreathnaitheach ECL atá ann cheana a mheastar a bheith láidir go leordhóthanach chun teagmhais thromchúiseacha den sórt sin a chur san áireamh. Go háirithe, gabhadh na tionchair faoi seach go díreach trí na réamh-mheastacháin mhaicreacnamaíocha agus struchtúir théarmaí PD.

Measann BEI go bhfuil samhail réamhbhreathnaitheach ECL atá ann cheana láidir go leordhóthanach chun mórtheagmhais eacnamaíocha a chur san áireamh, a gabhadh go díreach trí na réamh-mheastacháin mhaicreacnamaíocha agus struchtúir théarmaí PD. Mar a nochtar faoi Nóta 3.2.3.8, cuireann BEI breithiúnas saineolach i bhfeidhm agus measúnú á dhéanamh ar riosca creidmheasa contrapháirtithe den sórt sin.

Má tharla méadú suntasach ar riosca creidmheasa, aistrítear an ionstraim airgeadais go Céim 2 ach ní mheastar go fóill go bhfuil fadhbanna creidmheasa aici. Má tá fadhbanna creidmheasa ag an ionstraim airgeadais, aistrítear an ionstraim airgeadais go Céim 3.

Chun neamhchosaintí Chéim 3 a shainaithint, cinneann an Banc cibé acu an ann nó nach ann d'fhianaise oibiachtúil ar neamhchosaint neamhthuillmheach. Meastar go bhfuil sócmhainn airgeadais ar mainneachtain nuair nach dócha go n-íocfadh an t-iasachtaí a oibleagáidí creidmheasa leis an tSaoráid ina n-iomáine, gan an tSaoráid dul i muinín birt nó nuair atá an t-iasachtaí níos mó ná 90 lá thar téarma ar aon oibleagáid creidmheasa ábhartha i leith na Saoráide.

Chuige sin, meastar go bhfuil sócmhainn airgeadais lagaithe nuair a chinntear gur dócha nach mbeadh sé ar a cumas ag an tSaoráid gach méid dlite de réir na mbuntéarmaí conarthacha nó luach coibhéiseach a bhailiú. Déantar neamhchosaintí creidmheasa aonair a mheasúnú bunaithe ar shaintréithe an iasachtaí, an staid airgeadais fhoriomlán, acmhainní agus taifead íocaíochta, na hionchais maidir le tacaíocht ó aon ráthóir atá freagrach ó thaobh airgeadais de agus, i gcás inarb infheidhme, luach inréadaithe aon chomhthaobhachta.

Déantar athbhreithniú agus anailís ar gach éileamh lagaithe go leathbhliantúil ar a laghad. Aon athrú tar éis sin ar mhéideanna agus ar uainiú na sreafaí airgid a bhfuil coinne leo amach anseo i gcomparáid leis na meastacháin roimh ré, beidh mar thoradh orthu athrú ar an bhforáil maidir le caillteanais chreidmheasa agus déanfar é a chur de mhuirear nó chun sochair an ráitis ioncaim. Ní dhéantar lamháltas i leith lagaithe a aisiompú ach amháin nuair atá feabhas tagtha ar an gcáilíocht chreidmheasa sa chaoi is go bhfuil dearbhú réasúnta ann go mbaileofar príomhshuim agus ús go tráthúil i gcomhréir le buntéarmaí conarthacha an chomhaontaithe éilimh. Déantar díscríobh i gcás ina meastar go bhfuil cuid d'éileamh, nó an t-éileamh ar fad, neamh-inbhailithe nó maite. Déantar díscríobhanna a mhuirearú in aghaidh laguithe a bunaíodh roimhe sin nó go díreach ar an ráiteas ioncaim agus laghdaítear leo méid príomhshuime éilimh. Aisghabhálacha páirteacha nó iomlána méideanna a díscríobhadh roimhe sin, cuirtear iad chun sochair an ráitis ioncaim. D'fhéadfadh sócmhainní airgeadais a díscríobhadh a bheith faoi réir gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin chun cloí le nósanna imeachta an Bhainc maidir le méideanna atá dlite a aisghabháil.

ECL a thomhas – Ionchuir, Toimhdí agus Teicnící

Tá feidhm ag tomhas ECL saolré maidir le sócmhainní Chéim 2 agus Chéim 3, agus tá feidhm ag tomhas ECL 12 mhí maidir le sócmhainní Chéim 1.

Ríomhadh na caillteanais chreidmheasa ionchasacha ar bhonn na n-athróg seo a leanas:

— Rátáil chreidmheasa agus Dóchúlacht mainneachtana ('PD') thar am ar leith,

— Caillteanas i gcás Mainneachtana thar am ar leith ('LGD'),

— Neamhchosaint ar mhainneachtain ('EAD').

Cinntear rátáil chreidmheasa contrapháirte ar dháta ar leith trí úsáid a bhaint as samhlacha cláir scórála atá curtha in oiriúint do na catagóirí éagsúla contrapháirtithe agus neamhchosaintí.

Déantar gach rátáil chreidmheasa a mhapáil chuig PD sonrach lena léirítear an dóchúlacht go mainneodh contrapháirt ar a hoibleagáid airgeadais, sna chéad 12 mhí eile, nó thar an gcuid atá fágtha de shaolré na hoibleagáide. Dá bhrí sin, is é atá sna rátálacha ionchur príomhúil chun struchtúr téarma PIT an PD le haghaidh neamhchosaintí a chinneadh. Bailíonn BEI faisnéis feidhmíochta agus mhainneachtana maidir le neamhchosaintí na Saoráide ar riosca creidmheasa. Déantar na sonraí a bhailítear a imroinnt de réir cineál tionscail agus cineál réigiúin. Déantar anailís le chéile ar thionscail agus ar réigiúin éagsúla a fhreagraíonn ar bhealach aonchineálach do thimthriallacha creidmheasa.

Úsáideann BEI samhlacha staitistiúla chun anailís a dhéanamh ar na sonraí a bhailítear agus meastacháin a ghiniúint ar PD saolré atá fágtha de neamhchosaintí agus ar an gcaoi a bhfuil coinne leis go dtiocfaidh athrú orthu sin mar gheall ar imeacht ama agus i bhfianaise cásanna maicreacnamaíocha sonracha.

Léiriú atá in LGD ar ionchas BEI maidir le cóimheas an chaillteanais ar neamhchosaint de thoradh mainneachtain contrapháirtí leis an tsuim gan íoc tráth na mainneachtana. Is féidir LGD a shainiú mar '1 – Ráta Aisghabhála' freisin. De réir tíreolaíochta agus cineál contrapháirte a chinntear meastacháin LGD den chuid is mó, agus is ann do chúig phríomhaicme neamhchosanta: Stáit cheannasacha, Institiúidí poiblí, Institiúidí airgeadais, Corparáidí, agus Maoiniú Tionscadail. Is féidir coigeartú breise a dhéanamh ar luachanna LGD bunaithe ar an táirge agus ar ghnéithe den neamhchosaint a bhaineann go sonrach le conradh.

Cuireann BEI faisnéis thar am ar leith agus faisnéis réamhbhreathnaitheach san áireamh ina mheasúnú ar cé acu ar tháinig nó nár tháinig méadú suntasach ar riosca creidmheasa ionstraime ó thráth a haitheanta tosaigh agus ina thomhas ar chaillteanais chreidmheasa ionchasacha.

Maidir le tomhas ECL, d'fhorbair BEI cur chuige samhaltaithe coinníollach ar a dtugtar samhail PIT PD chun struchtúir téarma PD a ríomh, ar struchtúir iad a bhaineann leis an méid seo a leanas:

— sainmhíniú ar fheidhm naisc atá réasúnta ó thaobh na heacnamaíochta de idir an timthriall creidmheasa agus athróga maicreacnamaíocha, agus

— sraith de thrí chás mhaicreacnamaíocha (aon chás bhunlíne amháin agus dhá chás lena léirítear cor chun donais agus téarnamh sa gheilleagar) ina bhfuil réadú féideartha ilbhliantúil maidir le OTI agus na dóchúlachtaí a bhaineann leo.

Úsáideann BEI macrashamhail leathstruchtúrtha iltíre agus ilchothromóide den gheilleagar domhanda le bloic thírshonracha chun cásanna maicreacnamaíocha a ghiniúint. Deartar an cás lárnach / cás bunlíne le bheith comhsheasmhach leis na réamhaisnéisí is déanaí ón gCoimisiún Eorpach. Deartar na cásanna dearfacha agus diúltacha bunaithe ar an gcás lárnach trí úsáid a bhaint as an tsamhail iltíre / ilchothromóide. Díorthaítear na cásanna as suaití ar OTI, arb é príomhthomhas na gníomhaíochta eacnamaíche é. Déantar na suaití ar fhíor-OTI a chalabrú chun luaineacht bhreathnaithe na hathróige a mhacasamhlú. Ina theannta sin, cuirtear breithiúnas saineolach i bhfeidhm, i gcás inarb iomchuí, chun méid agus marthanacht shuaití OTI a bheachtú. Dá thoradh sin, cinntear suaití in éineacht le feidhm meathlúcháin chun tionchar na suaití le himeacht ama a chinneadh. Dóchúlachtaí atá curtha i gceangal le gach cás, déantar iad a shainiú agus táscairí (luaineachta) an mhargaidh á léiriú mar aon le táscairí/rianairí a forbraíodh go hinmheánach agus a úsáidtear ar bhealach comhsheasmhach le himeacht ama chun an éiginnteacht a thaifeadadh.

Úsáidtear na luachanna réamh-mheasta céanna den timthriall creidmheasa leis an bpríomh-ionchur faoi chásanna maicreacnamaíocha éagsúla i samhlacha PIT PD agus PIT LGD de chuid BEI. Ríomhtar an timthriall creidmheasa ó rátaí íosghrádúcháin gníomhaireachta rátála sheachtrach agus ó na réamh-mheastacháin ar rátaí fáis bliantúla fíor-OTI chomh maith leis an leathadh idir rátaí úis fadtéarmacha agus gearrthéarmacha.

Léirítear le EAD an neamhchosaint ionchasach i gcás mainneachtana agus tá sé bunaithe ar an neamhchosaint reatha ar an gcontrapháirtí agus ar athruithe féideartha ar an méid reatha a cheadaítear faoin gconradh lena n-áirítear amúchadh. Is ionann EAD sócmhainne airgeadais agus a hollluach de réir na leabhar. Maidir le gealltanais iasachtaithe agus ráthaíochtaí airgeadais, cuirtear san áireamh in EAD an méid tarraingthe.

2.4.2.1 *Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim*

Sainíonn an tSaoráid airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim mar chuntais reatha, taiscí gearrthéarmacha nó páipéir thráchtála lena mbaineann aibíochtaí tosaigh de 3 mhí nó níos lú. Iompraítear airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar chostas amúchta sa ráiteas maidir le staid airgeadais.

2.4.2.2 *Sócmhainní airgeadais cisteáin*

Cuimsítear le sócmhainní airgeadais cisteáin bannaí luaite agus neamhluaite d'fhonn iad a shealbhú go dtí a n-aibíocht, agus páipéir thráchtála a bhfuil aibíochtaí tosaigh níos mó ná 3 mhí acu, agus aicmítear iad ar chostas amúchta dá bhrí sin.

Déantar na bannaí agus na páipéir thráchtála sin a thomhas ar a gcostas ar dtús, arb é atá ann an luach cóir móide aon chostas idirbhirt atá inchurtha go díreach. Déantar an difríocht idir an praghas iontrála agus an luach fuascailte a amúchadh i gcomhréir le modh an úis ghlain thar an gcuid atá fágtha de shaolré na hionstraime.

2.4.2.3 *Iasachtaí agus airleacain*

Féadfaidh ionstraimí fiachais amhail iasachtaí agus urrúis fiachais lena n-áirítear bannaí, nótaí nó deimhnithe arna n-eisiúint ag eintitis struchtúrtha a bhfuil sé i gceist iad a shealbhú go dtí a n-aibíocht agus na sreafaí airgid conarthacha a bhailiú, a bheith i bpunann na n-iasachtaí agus na n-airleacan.

Áirítear le hiasachtaí agus airleacain:

— Iasachtaí agus airleacain arna dtomhas ar chostas amúchta

— Iasachtaí agus airleacain arna dtomhas go héigeantach ar FVTPL.

Iasachtaí arna dtionscnamh ag an tSaoráid, aithnítear iad i sócmhainní na Saoráide nuair a dhéantar airgead a réamhíoc le hiasachtaithe. Codanna neamh-eisíoctha d'iasachtaí, taifeadtar iad lasmuigh den chlár comhardaithe ar a luach ainmniúil. Iasachtaí a fhaigheann pas i dtástáil SPPI, déantar iad a thaifeadadh i dtosach ar a gcostas (a nglanmhéideanna eisíoctha), arb é atá ann luach cóir an airgid thirim arna thabhairt chun an iasacht a thionscnamh, lena n-áirítear aon chostas idirbhirt, agus déantar iad a thomhas ar chostas amúchta ina dhiaidh sin trí úsáid a bhaint as modh an ghlanráta úis.

Aithnítear urrúis fiachais i sócmhainní na Saoráide nuair a dhéantar airgead a réamhíoc leis an eisitheoir agus d'fhéadfaidís a bheith i bhfoirm ionstraim fiachais a nasctar go conarthach nó ionstraim fiachais tráinse aonair. Codanna neamh-eisíoctha d'urrúis fiachais, taifeadtar iad lasmuigh den chlár comhardaithe ar a luach ainmniúil. Déantar urrúis fiachais a thomhas ar a gcostas ar dtús, arb é atá ann an luach cóir móide aon chostas idirbhirt atá inchurtha go díreach, agus tomhaistear iad ina dhiaidh sin ar chostas amúchta trí úsáid a bhaint as modh an ghlanráta úis. Déantar an difríocht idir an praghas iontrála agus an luach fuascailte a amúchadh i gcomhréir le modh an úis ghlain thar an gcuid atá fágtha de shaolré na hionstraime.

Tuairiscítear an beartas lagaithe maidir le hiasachtaí agus airleacain faoi Nóta 2.4.2.

Iasachtaí agus airleacain nach gcomhlíonann samhail ghnó nó critéar SPPI, déantar iad a thomhas ar FVTPL go héigeantach. Tá an teicníc tomhais luacha chóir a úsáidtear bunaithe ar theicníc sreafa airgid lascainithe nó luach leachtaithe.

Maidir le tionchar athchóiriú IBOR ar atomhas iasachtaí agus airleacan ar chostas amúchta, féach na míreanna tiomnaithe i Nóta 2.4.2 – Aicmiú agus Tomhas / Modhnú.

2.4.2.4 *Scaireanna agus urrúis toraidh athraithigh eile*

Tá dhá chineál infheistíochtaí cothromais sa tSaoráid: (i) infheistíochtaí cothromais díreacha agus (ii) cistí caipitil fiontair. Aithnítear na scaireanna agus urrúis toraidh athraithigh eile i dtosach ar luach cóir móide costais idirbhirt. Athruithe ina dhiaidh sin ar luach cóir, lena n-áirítear gnóthachain agus caillteanais in aistriú airgeadra eachtraigh, aithnítear iad sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas agus ar ioncam cuimsitheach eile faoin teideal glantoradh ar scaireanna agus urrúis toraidh athraithigh eile.

An chuid de na hinfheistíochtaí sin a gealladh ach nár tarraingíodh síos, déantar í a thaifeadadh mar ghealltanais chomhdhlúite lasmuigh den chlár comhardaithe ar a luach ainmniúil.

Luachanna córa ionstraimí airgeadais a thomhas

Cinntear luach cóir trí mhodh an ghlanluacha sócmhainní ('NAV') comhiomlánaithe a chur i bhfeidhm (ag glacadh leis dá réir, d'ainneoin margadhluach sofhionnta a bheith in easnamh, gurb é NAV an meastachán is fearr ar an luach cóir). Le haghaidh infheistíocht neamhluaite, i gcás nach féidir an luach cóir a dhíorthú ó mhargaí gníomhacha, cinntear an luach cóir trí theicnící luachála aitheanta a chur i bhfeidhm (Nóta 4.2.1).

Déantar an NAV atá inchurtha ina leith a choigeartú maidir le teagmhais a tharlaíonn idir dáta an NAV is déanaí atá ar fáil agus dáta an chláir chomhardaithe, a mhéid a mheasann an Coiste Bainistíochta go bhfuil coigeartú den sórt sin ábhartha. Déantar coigeartuithe ábhartha a leasú go dtí go nglacann an Bord Stiúrthóirí na Ráitis Airgeadais don bhliain. Ina leith sin, i bhfianaise chomhthéacs ghinearálta na neamhchinnteachta, rioscaí éagsúla a tháinig chun cinn de thoradh ionradh na Rúise ar an Úcráin agus na luaineachta atá le feiceáil ó thaobh feidhmíochta de, chuir an Banc feabhas ar a theicnící luachála chun meastachán a dhéanamh ar aon choigeartú ar luach cóir na n-infheistíochtaí cothromais le haghaidh na NAVanna nár thuairiscigh na bainisteoirí ciste ar dháta tuairiscithe ráitis airgeadais na Saoráide.

Le haghaidh infheistíochtaí sonracha nach féidir NAVanna a chinneadh go héasca ina leith, beidh gá le treoirlínte eile. Mar shampla, d'fhéadfaí na Treoirlínte Idirnáisiúnta maidir le Cothromas Príobháideach agus Caipiteal Fiontair ('IPEV'), a d'fhoilsigh Bord IPEV, a úsáid agus beidh gá le faireachán agus athbhreithniú níos mionsonraithe freisin. I gcomhréir leis an modh sin, aicmítear na cistí go hinmheánach i dtrí chatagóir:

— Catagóir I – cistí a ghlac ceanglais luacha chóir IFRS 13 nó Treoirlínte IPEV a ndéantar athbhreithniú sonrach orthu chun a áirithiú gur meastachán iontaofa ar an luach cóir atá sa NAV;

— Catagóir II – cistí a ghlac treoirlínte luachála eile (amhail 2001 EVCA mar a bhí) nó caighdeáin is féidir a mheas a bheith i gcomhréir le IFRS 13, ar féidir NAV coibhéiseach a ríomh ina leith; agus

— Catagóir III – cistí nár ghlac ceanglais luacha chóir IFRS 13 ná aon treoirlíne luachála eile i gcomhréir le IFRS 13.

Measúnú ar thionchar suntasach

Na rannpháirtíochtaí a fhaigheann an tSaoráid, léirítear leo go hiondúil infheistíochtaí i gcothromas príobháideach nó i gcistí caipitil fiontair. De réir chleachtas an tionscail, is é atá sna hinfheistíochtaí sin go hiondúil infheistíochtaí arna suibscríobh go comhpháirteach ag roinnt infheisteoirí, nach bhfuil ar chumas aon cheann díobh difear a dhéanamh leis féin d'oibríochtaí laethúla ná do ghníomhaíocht infheistíochta an chiste sin. Mar thoradh air sin, aon bhallraíocht ag infheisteoir i gcomhlacht rialaithe ciste den sórt sin, ní thugtar léi sin i bprionsabal aon teidlíocht don infheisteoir sin difear a dhéanamh d'oibríochtaí laethúla an chiste. Ina theannta sin, ní hiad infheisteoirí aonair i gciste cothromais phríobháidigh nó i gciste caipitil fiontair a chinneann beartais an chiste amhail beartais dáileacháin maidir le díbhinní nó dáileacháin eile. Is é bainistíocht an chiste a dhéanann cinntí den sórt sin go hiondúil ar bhonn an chomhaontaithe scairshealbhóirí lena rialaítear cearta agus oibleagáidí na bainistíochta agus gach scairshealbhóra den chiste. Ina theannta sin, cuirtear cosc go hiondúil leis an gcomhaontú scairshealbhóirí ar infheisteoirí aonair idirbhearta ábhartha a dhéanamh leis an gciste go déthaobhach, pearsanra bainistíochta a idirmhalartú, nó rochtain phribhléideach ar fhaisnéis theicniúil fhíor-riachtanach a fháil. Déantar infheistíochtaí na Saoráide i gcomhréir le cleachtas an tionscail a luaitear thuas, lena n-áirithítear nach rialaíonn an tSaoráid aon cheann de na hinfheistíochtaí sin ná nach bhfeidhmíonn sí aon tionchar suntasach orthu de réir bhrí IFRS 10 agus IAS 28, lena n-áirítear na hinfheistíochtaí sin a bhfuil breis is 20 % de na cearta vótála ag an tSaoráid ina leith.

2.4.3 Ráthaíochtaí airgeadais

Is éard atá i gconarthaí ráthaíochta airgeadais conarthaí a cheanglaíonn ar an tSaoráid íocaíochtaí sonraithe a dhéanamh chun an sealbhóir a aisíoc i ndáil le caillteanas a thabhaíonn an sealbhóir toisc go dteipeann ar fhéichiúnaí sonraithe íocaíochtaí a dhéanamh agus iad dlite i gcomhréir le téarmaí ionstraime fiachais.

Tugtar cuntas ar ráthaíochtaí airgeadais faoi IFRS 9 – Ionstraimí Airgeadais, mar 'Dhíorthaigh' nó mar 'Ráthaíochtaí Airgeadais', ag brath ar a ngnéithe agus a saintréithe mar a shainítear le IFRS 9.

Nochtar an beartas cuntasaíochta le haghaidh díorthach faoi Nóta 2.4.5.

Aithnítear ráthaíochtaí airgeadais i dtosach sa ráiteas maidir le staid airgeadais faoi 'Forálacha maidir le ráthaíochtaí arna n-eisiúint' ar luach cóir móide costais idirbhirt atá inchurtha go díreach i leith eisiúint na ráthaíochtaí airgeadais. Tráth na haitheanta tosaigh, comhfhreagraíonn an oibleagáid le híoc do Ghlanluach Láithreach insreafaí préimhe a bhfuil coinne leo nó don chaillteanas ionchasach tosaigh.

Tar éis na haitheanta tosaigh, déantar ráthaíochtaí airgeadais a thomhas ag an luach is airde díobh seo a leanas:

— Méid an liúntais caillteanais mar a chinntear faoi IFRS 9; agus

— An phréimh a aithníodh i dtosach lúide ioncam a aithnítear i gcomhréir le prionsabail IFRS 15.

Aon mhéadú nó laghdú ar an nglandliteanas (mar a thomhaistear in IFRS 9) a bhaineann le ráthaíochtaí airgeadais seachas íocaíocht glaonna ráthaíochta, aithnítear é sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas agus ar ioncam cuimsitheach eile faoi 'Athrú ar fhorálacha maidir le ráthaíochtaí'.

Aithnítear an phréimh a fhaightear sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas agus ar ioncam cuimsitheach eile in 'Ioncam ó tháillí agus ó choimisiúin' ar bhonn sceideal amúchta i gcomhréir le IFRS 15 thar shaolré na ráthaíochta airgeadais.

2.4.4 Dliteanais airgeadais seachas díorthaigh

Aicmiú agus tomhas

Dliteanais airgeadais

Déantar dliteanas airgeadais a thomhas ar chostas amúchta ach amháin i gcás dliteanas airgeadais:

— a ndéantar iad a thomhas go héigeantach ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas (e.g. dliteanais dhíorthacha); agus

— a ainmnítear mar dhliteanais arna dtomhas ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas.

Dí-aithníonn an tSaoráid dliteanas airgeadais nuair a dhéantar a oibleagáidí conarthacha a urscaoileadh, nó a chealú nó nuair a théann siad in éag.

2.4.5 Ionstraimí airgeadais díorthacha

Áirítear le hionstraimí airgeadais díorthacha babhtálacha trasairgeadra, babhtálacha ráta úis trasairgeadra agus babhtálacha airgeadraí gearrthéarmacha ('babhtálacha FX').

Aithnítear ionstraimí airgeadais díorthacha i dtosach ar bhonn an dáta trádála.

I ngnáthchúrsa a gníomhaíochta, féadfaidh an tSaoráid conarthaí babhtála a dhéanamh d'fhonn oibríochtaí sonracha trína dtugtar iasachtaí a fhálú nó réamhchonradh airgeadra a dhéanamh d'fhonn na staideanna airgeadra dá cuid a fhálú, ar suíomhanna airgeadra iad a ainmnítear in airgeadraí a thrádáiltear go gníomhach seachas an Euro, chun aon ghnóthachan nó caillteanas a tharlaíonn de dhroim luaineachtaí sa ráta malairte eachtraí a fhritháireamh.

Tomhaistear gach díorthach ag FVTPL agus tuairiscítear iad mar ionstraimí airgeadais díorthacha. Díorthaítear luachanna córa go príomha ó shamhlacha sreafa airgid lascainithe, samhlacha praghsála i leith conradh céadrogha agus ó luachana tríú páirtí.

Taifeadtar díorthaigh ar luach cóir agus iompraítear mar shócmhainní iad nuair a bhíonn luach cóir deimhneach acu agus iompraítear mar dhliteanais iad nuair a bhíonn luach cóir diúltach acu. Léirítear athruithe ar luach cóir ionstraimí airgeadais díorthacha sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas agus ar ioncam cuimsitheach eile faoi 'Athrú ar luach cóir ionstraimí airgeadais díorthacha'.

Faoi IFRS 9, cuireadh deireadh le ceanglais ladhrála maidir le díorthaigh leabaithe le haghaidh sócmhainní airgeadais nó dliteanais airgeadais agus, dá bhrí sin, láimhseáiltear an conradh hibrideach ina iomláine chun sócmhainní airgeadais nó dliteanas airgeadais a aicmiú dá réir.

2.4.6 Ranníocaíochtaí

Aithnítear ranníocaíochtaí ó na Ballstáit mar earraí infhaighte sa ráiteas maidir le staid airgeadais ar dháta an Chinnidh ón gComhairle lena socraítear an ranníocaíocht airgeadais atá le híoc ag na Ballstáit leis an tSaoráid.

Comhlíonann ranníocaíochtaí na mBallstát na coinníollacha seo a leanas agus aicmítear iad mar chothromas dá dhroim sin:

— mar a shainítear sa chomhaontú ranníocaíochta, tugtar an ceart leo do na Ballstáit cinneadh a dhéanamh ar úsáid ghlansócmhainní na Saoráide i gcás leachtú na Saoráide;

— tá siad san aicme ionstraimí atá fo-ordaithe do gach aicme ionstraimí eile;

— tá gnéithe comhionanna ag gach ionstraim airgeadais san aicme ionstraimí atá fo-ordaithe do gach aicme ionstraimí eile;

— ní áirítear leis an ionstraim aon ghné lena n-éileofaí go n-aicmeofaí mar dhliteanas í; agus

— na sreafaí airgid ionchasacha san iomlán is inchurtha i leith na hionstraime le linn a saolré, tá siad bunaithe go substaintiúil ar an mbrabús nó ar an gcaillteanas, ar an athrú ar na glansócmhainní aitheanta nó ar an athrú ar luach cóir ghlansócmhainní aitheanta agus neamhaitheanta na Saoráide le linn shaolré na hionstraime.

Aicmítear agus tomhaistear ranníocaíochtaí ar chostas amúchta sna ráitis airgeadais.

Is é atá sna ranníocaíochtaí ó na Ballstáit a íocadh amach na hAthshreabha atá ar Fáil a íocadh amach leis an gCoimisiún Eorpach agus leis an Ríocht Aontaithe. De réir an Chomhaontaithe Aistrithe, amhail ón mbliain 2023 agus go dtí an bhliain 2027, tráth nach déanaí ná an 31 Márta gach bliain, tuairisceoidh BEI, i scríbhinn, méid Athshreabha Shaoráid ACC atá ar fáil, agus méid Athshreabha Shaoráid na dtíortha agus na gcríoch thar lear atá ar fáil, arna gcarnadh faoi seach ón 31 Nollaig den bhliain roimhe sin (an 'Tuarascáil ar Athshreabha atá ar Fáil'). Déanfar idirdhealú sa Tuarascáil ar Athshreabha atá ar Fáil idir na hAthshreabha atá le haistriú chuig an gCoimisiún (Athshreabha ACC agus Athshreabha na dtíortha agus na gcríocha thar lear), agus na hAthshreabha atá le haistriú chuig an Ríocht Aontaithe ('RA'). Aithnítear na hAthshreabha atá ar Fáil sa ráiteas ar an staid airgeadais nuair a sheoltar iarratas ar íocaíocht chomhfhreagrach chuig an tSaoráid.

2.4.7 Ús agus ioncam comhchosúil

Déantar ús ar iasachtaí a thionscnaíonn an tSaoráid a thaifeadadh sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas agus ar ioncam cuimsitheach eile ('Ús agus ioncam comhchosúil') agus sa ráiteas maidir le staid airgeadais ('Iasachtaí agus airleacain') ar bhonn fabhraithe trí úsáid a bhaint as an nglanráta úis, arb é atá ann an ráta lena lascainítear go cruinn íocaíochtaí airgid measta nó fáltais amach anseo trí shaolré ionchasach na hiasachta do shuim ghlanluacha na hiasachta. Nuair a laghdaítear luach taifeadta iasachta mar thoradh ar lagú, leantar d'ioncam úis a aithint trí úsáid a bhaint as an nglanráta úis bunaidh a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an tsuim ghlanluacha nua.

Taifeadadh ús ar iasachtaí POCI sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas agus in ioncam cuimsitheach eile ('Ús agus ioncam comhchosúil') agus sa ráiteas maidir le staid airgeadais ('Iasachtaí agus airleacain') ar bhonn fabhraithe ag úsáid an ghlanráta úis arna choigeartú de réir creidmheasa, arb é atá ann an ráta lena lascainítear go cruinn íocaíochtaí airgid measta nó fáltais amach anseo trí shaolré ionchais na hiasachta do chostas amúchta na hiasachta.

Fóirdheontais úis a fhaightear le haghaidh acmhainní na Saoráide, tarchuirtear iad agus aithnítear iad mar choigeartú ar an bhfáltas éifeachtach, agus taifeadtar iad faoi 'Ús agus ioncam comhchosúil' sa ráiteas ioncaim le linn na tréimhse ó eisíocaíocht go haisíocaíocht na hiasachta fóirdheonaithe.

Tarchuirtear táillí gealltanais agus aithnítear san ioncam iad trí úsáid a bhaint as modh an úis ghlain le linn na tréimhse ó eisíocaíocht go haisíocaíocht na hiasachta lena mbaineann, agus cuirtear i láthair iad sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas agus ar ioncam cuimsitheach eile laistigh d'ús agus ioncam comhchosúil.

2.4.8 Fóirdheontais úis agus cúnamh teicniúil

Mar chuid dá gníomhaíocht, bainistíonn an tSaoráid fóirdheontais úis agus cúnamh teicniúil thar ceann na mBallstát.

An chuid sin de ranníocaíochtaí na mBallstát a leithdháiltear ar íocaíocht fóirdheontas úis agus cúnaimh theicniúil, ní thugtar cuntas uirthi in acmhainní ranníocóirí na Saoráide ach aicmítear í mar mhéideanna a dhlitear do thríú páirtithe. Feidhmíonn an tSaoráid an eisíocaíocht leis na tairbhithe deiridh agus ansin laghdaíonn sí na méideanna a dhlitear do thríú páirtithe.

Maidir le méideanna a ranníoctar i ndáil le fóirdheontais úis agus cúnamh teicniúil, i gcás nach ndeonaítear iad ina n-iomláine, déantar iad a athaicmiú mar ranníocaíocht leis an tSaoráid.

2.4.9 Ioncam úis ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim

Aithnítear ioncam úis ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas agus ar ioncam cuimsitheach eile de chuid na Saoráide ar bhonn fabhraithe.

2.4.10 Táillí, coimisiúin agus díbhinní

Táillí a fhaightear i ndáil le seirbhísí a sholáthraítear le linn tréimhse ama, aithnítear iad mar ioncam de réir mar a sholáthraítear na seirbhísí, agus táillí a thuillteartear ar chur i bhfeidhm gníomh suntasach, aithnítear iad mar ioncam nuair a thugtar an gníomh suntasach i gcrích. Cuirtear na táillí sin i láthair sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas agus ar ioncam cuimsitheach eile laistigh d'ioncam ó tháillí agus ó choimisiúin.

Díbhinní a bhaineann le scaireanna agus le hurrúis toraidh athraithigh eile, aithnítear iad nuair a dhearbhaítear iad agus cuirtear i láthair iad sa ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas agus ar ioncam cuimsitheach eile laistigh de ghlanghnóthachain réadaithe ar scaireanna agus urrúis toraidh athraithigh eile.

2.4.11 Cánachas

Sa Phrótacal ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, sonraítear go bhfuil sócmhainní, ioncaim agus maoin eile Institiúidí an Aontais díolmhaithe ó gach cáin dhíreach.

3 **Bainistiú Riosca**

Cuirtear faisnéis i láthair sa nóta seo ar neamhchosaint na Saoráide ar rioscaí creidmheasa agus airgeadais agus ar a bainistíocht agus ar a rialú ar na rioscaí sin, go háirithe na rioscaí príomhúla a bhaineann leis an úsáid a bhaineann sí as ionstraimí airgeadais. Is iad sin:

— riosca creidmheasa – an riosca caillteanais a eascraíonn as mainneachtain chliaint nó chontrapháirtí agus a thagann chun cinn ar neamhchosaint creidmheasa de gach cineál, lena n-áirítear riosca socraíochta ([25]);

— riosca leachtachta – an riosca nach bhfuil ar a chumas ag eintiteas méaduithe ar shócmhainní a chistiú agus oibleagáidí a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlite, gan caillteanais dho-ghlactha a thabhú;

— riosca margaidh – an riosca go ndéanfar difear d'ioncam eintitis nó do luach a shealúchas in ionstraimí airgeadais le hathruithe ar phraghsanna agus ar rátaí margaidh, amhail rátaí úis, praghsanna cothromais agus rátaí malairte eachtraí.

3.1 ***Eagrúchán na bainistíochta riosca***

Glacann BEI creat bainistíochta riosca na Saoráide ar bhonn leanúnach.

Déanann Stiúrthóireacht Bainistíochta Riosca BEI na rioscaí a bhfuil an tSaoráid neamhchosanta orthu a shainaithint go neamhspleách agus déanann sí measúnú, faireachán agus tuairisciú orthu go neamhspleách. Faoi chuimsiú creat faoina gcaomhnaítear an leithscaradh dualgas, tá an Bhainistíocht Riosca neamhspleách ar an Oifig Thosaigh agus soláthraíonn sí an dara tuairim ar na tograí uile a dhéanann an Oifig Thosaigh lena mbaineann impleachtaí riosca.

Ar leibhéal BEI, tuairiscíonn Príomhoifigeach Riosca an Ghrúpa ar Rioscaí Grúpa do Choiste Bainistíochta BEI faoi mhaoirseacht an chomhalta den choiste bainistíochta atá i gceannas ar riosca. Tá rochtain dhíreach ag Príomhoifigeach Riosca an Ghrúpa ar an gCoiste um Beartas Riosca agus féadfaidh sé nó sí scríobh go díreach chuig Bord Stiúrthóirí BEI agus dul i dteagmháil leis maidir le haon ábhar sa réimse a shanntar dó nó di.

3.2 ***Riosca creidmheasa***

Is é atá i riosca creidmheasa an caillteanas a d'fhéadfadh a eascairt as mainneachtain chliaint nó chontrapháirtí agus an caillteanas a thagann chun cinn ar neamhchosaint creidmheasa de gach cineál, lena n-áirítear socraíocht.

([25]) Sainmhínítear riosca socraíochta mar riosca go dtarlódh caillteanais fhéideartha mar gheall ar idirbhearta a fhanann gan socrú tar éis a ndáta seachadta dlite agus/nó mar gheall ar idirbhearta a socraítear níos déanaí ná caighdeán infheidhme an mhargaidh. Mar gheall ar chineál oibríochtaí na Saoráide, is iad na hionstraimí is ábhartha a ndéanann an riosca socraíochta difear dóibh na díorthaigh sin a dhéanann an Banc lena dtugtar malartú airgeadraí eachtracha le fios. Cumhdaítear riosca socraíochta a bhainistiú sna Treoirlínte maidir le Riosca Airgeadais.

3.2.1 Beartas maidir le riosca creidmheasa

Agus anailís chreidmheasa á déanamh ar chontrapháirteanna iasachta, déanann BEI measúnú ar an riosca creidmheasa agus ar an gcaillteanas ionchasach d'fhonn an riosca a chainníochtú agus a phraghsáil. D'fhorbair BEI Modheolaíocht Rátála Inmheánaí ('IRM') chun Rátálacha Inmheánacha a gcontrapháirteanna iasachtaí/ráthóra atá ábhartha ó thaobh creidmheasa de a chinneadh. Tá an mhodheolaíocht bunaithe ar chóras bileog scórála a chuirtear in oiriúint do gach mórchineál contrapháirte creidmheasa (e.g. Corparáidí, Institiúidí Airgeadais, etc.). Agus an Dea-Chleachtas Baincéireachta is infheidhme maidir le BEI agus na prionsabail a leagtar síos faoi Chomhaontú Idirnáisiúnta Basel maidir le Caipiteal (Basel II) araon á gcur san áireamh, gach contrapháirt atá ábhartha do phróifíl chreidmheasa idirbhirt shonraigh, aicmítear í i gcatagóirí rátála inmheánaí trí úsáid a bhaint as IRM le haghaidh an chineáil shonraigh contrapháirte. Sanntar Rátáil Inmheánach do gach contrapháirt lena léirítear a PD tar éis mionanailís ar ghnó agus ar phróifíl riosca airgeadais na contrapháirte agus ar a comhthéacs oibriúcháin riosca tíre. Déantar sainchoigeartuithe nuair is gá faoi bhreithniú thacaíocht mháthairchuideachta na n-eintiteas dlíthiúil nó thacaíocht an rialtais, agus ceadaítear leis an rátáil deiridh sáruithe chun faisnéis (e.g. praghsáil mhargaidh) nach gcuirtear san áireamh sa bhileog scórála a léiriú.

Sa mheasúnú creidmheasa ar mhaoiniú tionscadail agus in oibríochtaí iontaofa teoranta struchtúrtha eile, úsáidtear uirlisí riosca creidmheasa atá ábhartha don earnáil, atá dírithe go príomha ar infhaighteacht an tsreafa airgid agus ar acmhainneacht fiach-sheirbhíse. Áirítear ar na huirlisí sin anailís a dhéanamh ar chreat conarthach na dtionscadal, anailís chontrapháirte agus ionsamhlúcháin sreafa airgid. Ar an gcaoi chéanna le corparáidí agus institiúidí airgeadais, sanntar rátáil riosca inmheánach do gach tionscadal. Ar deireadh, déanann Roinn na hEacnamaíochta stáit lasmuigh den Aontas Eorpach a rátáil bunaithe ar shamhail staitistiúil.

Déantar faireachán ar gach rátáil inmheánach thar shaolré na hiasachta, agus tugtar cothrom le dáta go tréimhsiúil iad.

Tá teorainneacha sonracha ar leibhéal na n-idirbheart agus ar mhéid na gcontrapháirteanna infheidhme maidir le hoibríochtaí neamhcheannasacha, de réir mar is ábhartha. Socraítear teorainneacha contrapháirte ar leibhéal comhdhlúite na neamhchosanta grúpa, i gcás inarb infheidhme. Léirítear go hiondúil leis na teorainneacha sin, i measc nithe eile, méid chistí dílse na gcontrapháirteanna.

Chun an riosca creidmheasa a mhaolú, úsáideann BEI, i gcás inarb iomchuí agus ar bhonn cás ar chás, feabhsuithe creidmheasa éagsúla lena n-áirítear, i measc nithe eile, urrúis contrapháirtí nó urrúis a bhaineann le tionscadail, ráthaíochtaí agus clásail chonarthacha ag brath ar an gcineál iasachtaí agus ar an gcineál oibríochta.

Ní úsáideann an tSaoráid aon díorthach creidmheasa chun an riosca creidmheasa a mhaolú.

3.2.2 Neamhchosaint uasta ar riosca creidmheasa gan aon chomhthaobhacht ná feabhsú creidmheasa eile a chur san áireamh

Léirítear sa tábla seo a leanas an neamhchosaint uasta ar riosca creidmheasa le haghaidh chomhpháirteanna an ráitis maidir le staid airgeadais, lena n-áirítear díorthaigh. Léirítear an neamhchosaint uasta i bhfoirm chomhlán, roimh éifeacht an mhaolaithe mar thoradh ar úsáid comhthaobhachta.

(in EUR'000)

Neamhchosaint uasta	31.12.2023	31.12.2022
SÓCMHAINNÍ		
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	1 376 824	1 451 970
Méideanna is infhaighte ó ranníocóirí	85 321	85 321
Sócmhainní airgeadais cisteáin	-	73 003
Ionstraimí airgeadais díorthacha	55 765	75 852
Iasachtaí agus airleacain	1 683 312	1 849 786
Sócmhainní eile	616	950
Iomlán	**3 201 838**	**3 536 882**
Forálacha maidir le gealltanais iasachta	**- 19 038**	**- 16 583**
LASMUIGH DEN CHLÁR COMHARDAITHE		
Dliteanais theagmhasacha		
— Ráthaíochtaí eisithe	985	-

(in EUR'000)

Neamhchosaint uasta	31.12.2023	31.12.2022
Gealltanais		
— Iasachtaí neamh-eisíoctha	883 092	1 671 851
— Ráthaíochtaí neamheisithe	46 764	49 378
Iomlán lasmuigh den chlár comhardaithe	**930 841**	**1 721 229**
Neamhchosaint creidmheasa iomlán	**4 113 641**	**5 241 528**

3.2.3 Riosca creidmheasa ar iasachtaí agus ar airleacain

3.2.3.1 *Tomhas an riosca creidmheasa maidir le hiasachtaí agus airleacain*

Iasachtaí agus airleacain nó ráthaíochtaí arna ngabháil ar láimh ag an tSaoráid, tairbhíonn siad de mheasúnú riosca cuimsitheach agus cainníochtú ar mheastacháin maidir le caillteanas ionchasach a léirítear i nGrádú Iasachta ('LG'). Tá oibríochtaí faoi IFE (mar a thugtar tuairisc orthu i Nóta 25), cé is moite d'iasachtaí idirghafa, faoi réir Phrionsabail an tSainordaithe Ghinearálta maidir le Riosca mar a bheartaítear i dtreoirlínte BEI maidir le riosca creidmheasa agus cothromais. Bunaítear LGanna de réir critéir a nglactar go coitianta leo, bunaithe ar cháilíocht an iasachtaí, ar aibíocht na hiasachta, ar an ráthaíocht agus, i gcás inarb iomchuí, ar an ráthóir.

Cuimsítear leis an gcóras grádaithe iasachtaí na modheolaíochtaí, próisis, bunachair sonraí agus córais TF lena dtacaítear le measúnú ar riosca creidmheasa in oibríochtaí trína dtugtar iasachtaí agus le cainníochtú meastachán maidir le caillteanas ionchasach. Tá achoimre ann ar mhéid mór faisnéise arb é is cuspóir dó rangú coibhneasta rioscaí creidmheasa iasachtaí a chur ar fáil. Léirítear le LGanna luach láithreach leibhéal measta an 'chaillteanais ionchasaigh', arb é atá ann toradh mhainneachtain fhéideartha na bpríomhoibleagáideoirí, na neamhchosanta ar mhainneachtain, agus na déine caillteanais i gcás mainneachtana. Úsáidtear LGanna chun na gcríoch seo a leanas:

— mar chabhair le measúnú níos mionsonraithe agus níos cainníochtúla a dhéanamh ar rioscaí de dheasca iasachtaí;

— mar tháscaire ar athruithe ar rioscaí creidmheasa chun tosaíocht a thabhairt d'iarrachtaí faireacháin;

— mar thuairisc ar cháilíocht phunann na hiasachta ag aon dáta ar leith; agus

— mar ionchur i gcinntí maidir le praghsáil riosca.

Cuirtear na tosca seo a leanas san áireamh agus LG á chinneadh:

i) Acmhainneacht chreidmheasa an iasachtóra: Déanann an Bhainistíocht Riosca athbhreithniú ar iasachtaithe agus measúnú ar a n-acmhainneacht chreidmheasa go neamhspleách, bunaithe ar mhodheolaíochtaí inmheánacha agus ar shonraí seachtracha. I gcomhréir le Cur Chuige Basel III Bunaithe ar Rátálacha Inmheánacha atá roghnaithe, tá modheolaíocht rátála inmheánach (IRM) forbartha ag an mBanc chun rátálacha inmheánacha iasachtaithe agus ráthóirí a chinneadh. Tá sé sin bunaithe ar thacar de bhileoga scórála a bhaineann go sonrach le cineálacha contrapháirtithe sainmhínithe.

ii) Leis an gcomhghaol réamhshocraithe: déantar na seansanna go dtiocfaidh deacrachtaí airgeadais chun cinn go comhuaineach don iasachtaí agus don ráthóir araon a chainníochtú. Dá airde an comhghaol idir dóchúlachtaí mainneachtana an iasachtóra agus an ráthóra, is ísle luach na ráthaíochta agus dá bhrí sin is ísle (is measa) an LG.

iii) Luach ionstraimí ráthaíochta agus urrús: déantar measúnú ar an luach sin ar bhonn na teaglama d'acmhainneacht chreidmheasa an eisitheora agus den chineál ionstraime a úsáidtear.

iv) An ráta aisghabhála is infheidhme: is é sin an méid a nglactar leis a bheith aisghafa tar éis mainneachtain ag an gcontrapháirtí ábhartha arna shloinneadh mar chéatadán den neamhchosaint ábhartha ar iasachtaí.

v) An creat conarthach: cuirfidh creat conarthach fónta le cáilíocht na hiasachta agus cuirfidh sé feabhas ar a LG.

vi) Maidir le fad na hiasachta nó, ar bhonn níos ginearálta, le sreafaí airgid na hiasachta: i gcás ina mbeidh gach ní eile cothrom, dá fhaide tréimhse na hiasachta, is ea is airde an riosca go dtabhófar deacrachtaí maidir le seirbhísiú na hiasachta.

Déantar caillteanas ionchasach iasachta a ríomh trí na cúig eilimint a phléitear thuas a chur le chéile. Ag brath ar leibhéal an chaillteanais sin, sanntar iasacht do cheann amháin de na haicmí LG a liostaítear thíos:

'A' Iasachtaí príomhcháilíochta lena mbaineann trí fhochatagóir:

'A0' lena gcuimsítear iasachtaí do Bhallstát den Aontas nó iasachtaí arna ráthú ag Ballstát den Aontas lena mbaineann caillteanas ionchasach 0 %.

'A+' lena gcuimsítear iasachtaí arna ndeonú d'eintitis (nó arna ráthú ag eintitis) seachas Ballstáit an Aontais bhfuil aon ionchas ann go dtiocfaidh meath ar an gcáilíocht ina leith ar feadh thréimhse na n-iasachtaí sin.

'A-' lena n-áirítear na hoibríochtaí sin trína dtugtar iasachtaí i gcás inarb ann do roinnt amhrais maidir le coinneáil ar bun a stádais reatha ach lena bhfuil coinne go mbeidh teorainn le haon mhíbhuntáiste.

'B' Iasachtaí ardchaighdeáin: cineál sócmhainní atá iontu siúd a mothaíonn an Banc compordach ina leith, cé nach gcuirtear meath mionchúiseach amach anseo as an áireamh. Úsáidtear B+ agus B- chun dóchúlacht choibhneasta na féidearthachta go dtarlóidh meath den sórt sin a chur in iúl.

'C' Iasachtaí ardcháilíochta: rud a d'fhéadfadh a bheith ina shampla is ea iasachtaí neamhurraithe do bhainc agus do chorparáidigh dhaingne lena ngabhann cnap 7 mbliana, nó aibíocht amúchta choibhéiseach tráth a n-eisíocaíochta.

'D' Léiríonn an aicme rátála seo an teorainn idir iasachtaí lena mbaineann 'cáilíocht inghlactha' agus na hiasachtaí sin ar bhain roinnt deacrachtaí leo. Is leis na fo-aicmithe D+ agus D- is beaichte a chinntear an tairseach sin maidir le hiasachtaí a ghrádú. Is gá faireachán méadaithe a dhéanamh ar iasachtaí lena mbaineann rátáil D-.

'E' Áirítear leis an gcatagóir LG seo iasachtaí lena mbaineann próifíl riosca is mó ná an phróifíl riosca a nglactar leis go ginearálta. Áirítear leis freisin iasachtaí ar bhain fadhbanna tromchúiseacha leo le linn a saolré ar iasachtaí iad nach féidir a chur as an áireamh ina leith go sleamhnóidh siad i dtreo caillteanais. Ar an ábhar sin, déantar grinn-dhlúthfhaireachán ar na hiasachtaí. Leis na fo-aicmí E+ agus E-, déantar idirdhealú idir déine an phróisis faireacháin speisialta sin, agus bíonn na hoibríochtaí sin a ghrádaítear mar E- i riocht ina bhfuil féidearthacht láidir ann nach féidir seirbhís fiachais a choinneáil ar bun ar bhonn tráthúil agus dá bhrí sin go mbíonn gá le hathstruchtúrú fiachais de chineál éigin, rud as a bhféadfadh caillteanas lagaithe eascairt.

'F' Le F (teip) cuirtear in iúl gur iasachtaí atá i gceist a bhfuil rioscaí do-ghlactha ag baint leo. Ní féidir le hiasachtaí a ghrádaítear mar F- eascairt ach amháin as idirbhearta gan íoc ar bhain leo, tar éis an tsínithe, imthosca aimhleasacha móra eisceachtúla gan choinne. Gach oibríocht i gcás ina dtarlaíonn caillteanas préimhe don tSaoráid, grádaítear mar F iad agus cuirtear foráil shonrach i bhfeidhm.

Leis an tábla i roinn 3.2.3.3 taispeántar an anailís ó thaobh cháilíocht an chreidmheasa de a rinneadh ar phunann iasachta na Saoráide, bunaithe ar aicmí éagsúla LG ar a dtugtar tuairisc thuas.

3.2.3.2 *Anailís ar an neamhchosaint ar riosca creidmheasa an iasachtaithe*

Leis an tábla seo a leanas, taispeántar an uas-neamhchosaint (suim ghlanluacha) ar an riosca creidmheasa a bhaineann le hiasachtaí agus le hairleacain atá sínithe (eisíoctha agus neamh-eisíoctha) de réir chineál an iasachtóra, agus ráthaíochtaí arna soláthar ag ráthóirí á gcur san áireamh:

(in EUR 000)

An 31.12.2023	Ráthaithe	Feabhsuithe creidmheasa eile	Gan a bheith ráthaithe	Iomlán	% den Iomlán a eisíocadh
Institiúidí airgeadais	54 290	-	952 740	**1 007 030**	**60**
Corparáidí	155 653	-	293 302	**448 955**	**27**
Údaráis phoiblí	15 138	-	-	**15 138**	**1**
Stáit	-	-	212 189	**212 189**	**13**
Iomlán a eisíocadh	**225 081**	-	**1 458 231**	**1 683 312**	**100**
Neamh-eisíoctha	**43 200**	-	**820 854**	**864 054**	
Iomlán eisíoctha agus neamh-eisíoctha	**268 281**	-	**2 279 085**	**2 547 366**	

(in EUR 000)

An 31.12.2022	Ráthaithe	Feabhsuithe creidmheasa eile	Gan a bheith ráthaithe	Iomlán	den Iomlán a eisíocadh
Institiúidí airgeadais	64 625	-	1 095 467	**1 160 092**	**63**
Corparáidí	182 460	-	285 216	**467 676**	**25**
Údaráis phoiblí	18 902	-	218	**19 120**	**1**
Stáit	-	311	202 587	**202 898**	**11**
Iomlán a eisíocadh	**265 987**	**311**	**1 583 488**	**1 849 786**	**100**
Neamh-eisíoctha	**149 506**	-	**1 505 762**	**1 655 268**	
Iomlán eisíoctha agus neamh-eisíoctha	**415 493**	**311**	**3 089 250**	**3 505 054**	

Cuirtear de chúram ar an Stiúrthóireacht um Bainistíocht agus Faireachán Punann a bheith freagrach as faireachán a dhéanamh ar iasachtaithe agus ar ráthóirí, mar aon le faireachán airgeadais agus faireachán conarthach a bhaineann le tionscadail. Dá bhrí sin, déantar faireachán go leanúnach ar acmhainneacht creidmheasa iasachtaí, iasachtóirí agus ráthóirí na Saoráide, uair sa bhliain ar a laghad ach níos minice ar bhonn de réir mar is gá agus mar fheidhm de theagmhais chreidmheasa a tharlaíonn. Go háirithe, déanann an Stiúrthóireacht um Bainistíocht agus Faireachán Punann athbhreithniú chun a áirithiú go gcomhlíontar cearta conarthacha agus, i gcás ina dtiocfaidh meath ar rátáil agus/nó i gcás mainneachtain conarthaí, déantar gníomhaíocht feabhais. Saothraítear bearta maolaithe, cibé uair is gá i gcomhréir leis na treoirlínte maidir le riosca creidmheasa. Chomh maith leis sin, i gcás ina ndéantar athnuachan ar ráthaíochtaí bainc a fhaightear le haghaidh na n-iasachtaí dá chuid, áirithítear go n-athsholáthraítear iad sin nó go ngníomhaítear go tráthúil.

3.2.3.3 *Anailís ar cháilíocht chreidmheasa de réir chineál an iasachtaí*

Taispeántar leis na táblaí thíos an anailís ar cháilíocht chreidmheasa phunann iasachta na Saoráide an 31 Nollaig 2023 agus an 31 Nollaig 2022 de réir na n-iarratas ar Ghrádú Iasachtaí, bunaithe ar an neamhchosaint a síníodh (eisíoctha agus neamh-eisíoctha):

(in EUR 000)

An 31.12.2023		Ardghrád	Grád Caighdeánach	Íosriosca is inghlactha Riosca	Ardriosca	Gan ghrádú (*)	Iomlán	% den Iomlán
		A go B-	C	D+	D- agus faoina bhun			
Iasachtaí	Institiúidí airgeadais	270 520	276 133	268 648	508 180	-	**1 323 481**	**52**
	Corparáidí	51 505	53	564	347 992	194 441	**594 555**	**23**
	Údaráis phoiblí	-	15 138	-	-	-	**15 138**	**1**
	Stáit	50 858	2 164	12 907	548 263	-	**614 192**	**24**
Iomlán		**372 883**	**293 488**	**282 119**	**1 404 435**	**194 441**	**2 547 366**	**100**

(*) *Oibríochtaí iasachtaí arna dtomhas ar FVTPL.

(in EUR 000)

An 31.12.2022		Ardghrád	Grád Caighdeánach	Íosriosca is inghlactha Riosca	Ardriosca	Gan ghrádú (*)	Iomlán	den Iomlán
		A go B-	C	D+	D- agus faoina bhun			
Iasachtaí	Institiúidí airgeadais	293 458	349 628	103 133	1 030 131	-	**1 776 350**	**50**
	Corparáidí	96 413	52 092	-	703 374	226 750	**1 078 629**	**31**
	Institiúidí poiblí	-	18 902	-	-	218	**19 120**	**1**
	Stáit	51 976	2 771	8 363	567 845	-	**630 955**	**18**
Iomlán		**441 847**	**423 393**	**111 496**	**2 301 350**	**226 968**	**3 505 054**	**100**

(*) Oibríochtaí iasachtaí arna dtomhas ar FVTPL.

3.2.3.4 *Comhchruinnithe riosca sna hiasachtaí agus sna hairleacain*

3.2.3.4.1 *Anailís gheografach*

Bunaithe ar thír an iasachtaí, is féidir anailís a dhéanamh ar phunann iasachta na Saoráide de réir na réigiún geografach seo a leanas (in EUR 000):

Tír an iasachtaí	31.12.2023	31.12.2022
An Éigipt	260 529	309 312
An Chéinia	248 823	338 790
An Nigéir	218 521	266 294
An Aetóip	121 126	107 988
ACC réigiúnach	86 505	69 920
Oileán Mhuirís	84 331	93 509
Tóga	80 267	-
Barbadós	72 036	82 735
Ruanda	71 525	94 247
An tSaimbia	66 947	56 729
Camarún	48 616	56 586
An tSiombáib	35 546	23 147
Uganda	33 365	51 388
An Congó (Poblacht Dhaonlathach)	29 803	36 772
An tSeineagáil	28 729	38 153
An Nua-Chaladóin	26 425	31 684
An Tansáin	21 394	33 431
An Phoblacht Dhoiminiceach	16 768	25 879
Beinin	16 742	2 958

Tír an iasachtaí	31.12.2023	31.12.2022
Iamáice	15 138	18 902
An Ghuine	12 926	15 242
An Cósta Eabhair	9 644	10 976
An Mháratáin	9 374	11 029
Madagascar	9 287	-
Mailí	8 158	9 856
Oileáin Cayman	6 575	8 521
An Mhaláiv	6 476	9 587
Eswatini	6 453	1 515
Cabo Verde	6 254	9 016
Mósaimbíc	5 142	7 094
Saint Lucia	4 565	4 674
Buircíne Fasó	4 389	4 767
Gána	4 074	8 648
An Mhicrinéis	2 342	2 811
Na Séiséil	2 037	2 933
Polainéis na Fraince	1 838	3 118
Samó	344	645
Vanuatú	177	525
Háití	121	332
An Congó	-	73
Iomlán	**1 683 312**	**1 849 786**

3.2.3.4.2 *Anailís de réir earnáil tionsclaíochta*

Déantar anailís leis an tábla thíos ar phunann iasachta na Saoráide de réir earnáil tionscail an iasachtaí. Oibríochtaí a eisíoctar d'idirghabhálaí airgeadais ar dtús sula n-eisíoctar don tairbhí deiridh iad, tuairiscítear iad faoi 'Treasach agus eile':

(in EUR 000)

Earnáil tionsclaíochta an iasachtaí	31.12.2023	31.12.2022
Seirbhísí Airgeadais	1 012 001	1 160 133
Riarachán Poiblí	212 189	202 898
Leictreachas	187 701	193 597
Ceimiceáin	91 786	108 652
Teileachumarsáid	60 182	62 862
Cúram Sláinte	36 833	36 833

(in EUR 000)

Earnáil tionsclaíochta an iasachtaí	31.12.2023	31.12.2022
Seirbhísí Gnó, TF agus na Meáin Chumarsáide	33 638	31 127
Cógaisíocht agus Trealamh Míochaine	18 526	12 388
Bonneagar Aeriompair agus Muiriompair	15 138	18 902
Miotail agus Mianadóireacht	7 236	8 415
Earraí Infheistíochta	4 103	8 853
Athghabháil agus Athchúrsáil Dramhaíola	3 802	4 577
Ilfhóntais	177	525
Treasach agus eile	-	24
Iomlán	**1 683 312**	**1 849 786**

3.2.3.5 *Neamhchosaint ar riosca creidmheasa le haghaidh gach rátáil riosca inmheánach*

Úsáideann BEI modheolaíocht rátála inmheánach i gcomhréir leis an gCur Chuige Bunaithe ar Rátálacha Inmheánacha faoi Basel III. Tá rátáil inmheánach sannta do thromlach chontrapháirtithe na Saoráide de réir na modheolaíochta sin. Taispeántar miondealú leis an tábla thíos ar phunann iasachta na Saoráide de réir na rátála is fearr idir rátálacha inmheánacha an iasachtaí nó an ráthóra, i gcás ina mbeidh fáil orthu. I gcásanna nach mbeidh fáil ar rátáil inmheánach, úsáideadh an rátáil sheachtrach le haghaidh na hanailíse sin.

Taispeántar leis an tábla na neamhchosaintí sínithe (eisíoctha agus neamh-eisíoctha) agus na neamhchosaintí atá ualaithe ó thaobh riosca araon, bunaithe ar mhodheolaíocht inmheánach a úsáideann an tSaoráid ar mhaithe le teorainneacha a bhainistiú.

(in EUR 000)

	Grád coibhéiseach de chuid Moody	2023				
		Caillteanas creidmheasa ionchasach (ECL) ar feadh 12 mhí	ECL feadh na saolré nach bhfuil fadhbanna creidmheasa aige	ECL feadh na saolré a bhfuil fadhbanna creidmheasa aige	FVTPL	Iomlán
Iasachtaí agus airleacain ag costas amúchta						
Rátáil Inmheánach 1 - riosca creidmheasa fíorbheag	Aaa	-	47 534	-	-	**47 534**
Rátáil Inmheánach 2 - riosca creidmheasa an-íseal	Aa1 - Aa3	72 051	-	-	-	**72 051**
Rátáil Inmheánach 3 - riosca creidmheasa íseal	A1 - A3	10 428	-	-	-	**10 428**
Rátáil Inmheánach 4 - riosca creidmheasa measartha	Baa1 - Baa3	33 439	263 036	3 802	-	**300 277**
Rátáil Inmheánach 5 - contrapháirtí atá lag ó thaobh airgeadais de	Ba1 - Ba3	75 418	-	-	-	**75 418**
Rátáil Inmheánach 6 - ardriosca creidmheasa	B1 - B3	533 775	206 438	20 349	-	**760 562**
Rátáil Inmheánach 7 - riosca creidmheasa an-ard	faoi bhun Caa1	77 010	246 682	-	-	**323 692**
Rátáil Inmheánach 8 - contrapháirtí ar mainneachtain	faoi bhun Caa1 ach ar mainneachtain	-	-	17 860	-	**17 860**
Iasachtaí agus airleacain ag FVTPL		-	-	-	**182 080**	**182 080**
Liúntas caillteanais agus coigeartú FV		**- 10 964**	**- 24 674**	**- 14 976**	**- 55 976**	**- 106 590**
Suim ghlanluacha iasachtaí agus airleacan		**791 157**	**739 016**	**27 035**	**126 104**	**1 683 312**
Gealltanais iasachta						
Rátáil Inmheánach 2 - riosca creidmheasa an-íseal	Aa1 - Aa3	86 796	-	-	-	**86 796**
Rátáil Inmheánach 3 - riosca creidmheasa íseal	A1 - A3	1 687	-	-	-	**1 687**
Rátáil Inmheánach 4 - meánriosca creidmheasa	Baa1 - Baa3	10 000	-	-	-	**10 000**
Rátáil Inmheánach 5 - contrapháirtí atá lag ó thaobh airgeadais de	Ba1 - Ba3	82 770	-	-	-	**82 770**
Rátáil Inmheánach 6 - ardriosca creidmheasa	B1 - B3	327 995	45 990	-	-	**373 985**
Rátáil Inmheánach 7 - riosca creidmheasa an-ard	faoi bhun Caa1	28 089	30 537	-	-	**58 626**

(in EUR 000)

	Grád coibhéiseach de chuid Moody	2023				
		Caillteanas creidmheasa ionchasach (ECL) ar feadh 12 mhí	ECL feadh na saolré nach bhfuil fadhbanna creidmheasa aige	ECL feadh na saolré a bhfuil fadhbanna creidmheasa aige	FVTPL	Iomlán
Rátáil Inmheánach 8 - contrapháirtí ar mainneachtain	faoi bhun Caa1 ach ar mainneachtain	-	50 000	111 000	-	**161 000**
Gan aon rátáil inmheánach (*)		39 940	-	-	-	**39 940**
Iasachtaí agus airleacain ag FVTPL		-	-	-	**68 288**	**68 288**
Liúntas caillteanais agus coigeartú FV		**- 2 715**	**- 16 323**	-	-	**- 19 038**
Suim ghlanluacha na ngealltanas iasachta		**574 562**	**110 204**	**111 000**	**68 288**	**864 054**

(*) Comhaontuithe gníomhaireachta nach ann d'aon chontrapháirtí foluiteach ina leith ar an dáta tuairiscithe.

(in EUR'000)

	Grád coibhéiseach de chuid Moody	2022				
		Caillteanas creidmheasa ionchasach (ECL) ar feadh 12 mhí	ECL feadh na saolré nach bhfuil fadhbanna creidmheasa aige	ECL feadh na saolré a bhfuil fadhbanna creidmheasa aige	FVTPL	Iomlán
Iasachtaí agus airleacain ag costas amúchta						
Rátáil Inmheánach 1 - riosca creidmheasa fíorbheag	Aaa	-	56 320	-	-	**56 320**
Rátáil Inmheánach 2 - riosca creidmheasa an-íseal	Aa1 - Aa3	82 745	-	-	-	**82 745**
Rátáil Inmheánach 3 - riosca creidmheasa íseal	A1 - A3	421	-	-	-	**421**
Rátáil Inmheánach 4 - riosca creidmheasa measartha	Baa1 - Baa3	346 538	-	-	-	**346 538**
Rátáil Inmheánach 5 - contrapháirtí atá lag ó thaobh airgeadais de	Ba1 - Ba3	82 126	-	-	-	**82 126**
Rátáil Inmheánach 6 - ardriosca creidmheasa	B1 - B3	679 725	189 519	-	-	**869 244**
Rátáil Inmheánach 7 - riosca creidmheasa an-ard	faoi bhun Caa1	41 450	273 167	-	-	**314 617**

(in EUR'000)

	Grád coibhéiseach de chuid Moody	2022				
		Caillteanas creidmheasa ionchasach (ECL) ar feadh 12 mhí	ECL feadh na saolré nach bhfuil fadhbanna creidmheasa aige	ECL feadh na saolré a bhfuil fadhbanna creidmheasa aige	FVTPL	Iomlán
Rátáil Inmheánach 8 - contrapháirtí ar mainneachtain	faoi bhun Caa1 ach ar mainneachtain	-	-	63 474	-	**63 474**
Iasachtaí agus airleacain ag FVTPL		-	-	-	**142 263**	**142 263**
Liúntas caillteanais agus coigeartú FV		**- 11 370**	**- 28 817**	**- 21 303**	**- 46 472**	**- 107 962**
Suim ghlanluacha iasachtaí agus airleacan		**1 221 635**	**490 189**	**42 171**	**95 791**	**1 849 786**
Gealltanais iasachta						
Rátáil Inmheánach 2 - riosca creidmheasa an-íseal	Aa1 - Aa3	86 796	-	-	-	**86 796**
Rátáil Inmheánach 3 - riosca creidmheasa íseal	A1 - A3	316 707	-	-	-	**316 707**
Rátáil Inmheánach 4 - riosca creidmheasa measartha	Baa1 - Baa3	109 095	-	-	-	**109 095**
Rátáil Inmheánach 5 - contrapháirtí atá lag ó thaobh airgeadais de	Ba1 - Ba3	175 880	-	-	-	**175 880**
Rátáil Inmheánach 6 - ardriosca creidmheasa	B1 - B3	538 504	50 000	-	-	**588 504**
Rátáil Inmheánach 7 - riosca creidmheasa an-ard	faoi bhun Caa1	62 966	105 669	-	-	**168 635**
Rátáil Inmheánach 8 - contrapháirtí ar mainneachtain	faoi bhun Caa1 ach ar mainneachtain	-	-	50 000	-	**50 000**
Gan aon rátáil inmheánach (*)		44 982	-	-	-	**44 982**
Iasachtaí agus airleacain ag FVTPL		-	-	-	**131 252**	**131 252**
Liúntas caillteanais agus coigeartú FV		**- 4 834**	**- 11 749**	-	-	**- 16 583**
Suim ghlanluacha na ngealltanas iasachta		**1 330 096**	**143 920**	**50 000**	**131 252**	**1 655 268**

(*) Comhaontuithe gníomhaireachta nach ann d'aon chontrapháirtí foluiteach ina leith ar an dáta tuairiscithe.

Déanann BEI faireachán go leanúnach ar theagmhais lena ndéantar difear dá iasachtaithe agus dá ráthóirí. Go háirithe, déanann BEI measúnú ar bhonn cás ar chás ar a chearta conarthacha i gcás meathlú rátála agus tá bearta maolaithe á lorg aige. Chomh maith leis sin, coinníonn sé súil ghéar ar athnuachan ráthaíochtaí bainc a fhaightear dá iasachtaí chun a áirithiú go gcuirfear iasachtaí eile ina n-ionad nó go ndéanfar beart go tráthúil más gá.

3.2.3.6 *Riaráiste ar iasachtaí agus laguithe*

Sainaithnítear méideanna atá i riaráiste, déantar faireachán orthu agus déantar iad a thuairisciú de réir na nósanna imeachta a shainítear i 'Treoirlínte agus Nósanna Imeachta maidir le Faireachán Airgeadais' ar fud an bhainc. Tá na nósanna imeachta sin i gcomhréir le dea-chleachtais bhaincéireachta agus glactar iad le haghaidh na n-iasachtaí go léir atá á mbainistiú ag BEI.

Tá an próiseas faireacháin struchtúrtha chun a áirithiú (i) go mbraitear riaráiste féideartha agus go dtuairiscítear chuig na seirbhísí atá i gceannas iad leis an moill is lú is féidir; (ii) go gcuirfear cásanna criticiúla ar aghaidh go pras go dtí an leibhéal ceart oibríochtúil agus cinnteoireachta; (iii) go soláthraítear tuairisciú tráthrialta do bhainisteoireacht na Saoráide faoin stádas foriomlán.

Is féidir anailís a dhéanamh mar a leanas ar an riaráiste agus ar na laguithe ar iasachtaí agus ar airleacain:

(in EUR 000)

	Iasachtaí agus airleacain	Iasachtaí agus airleacain
	31.12.2023	31.12.2022
Suim ghlanluacha	**1 683 312**	**1 849 786**
ECL feadh na saolré a bhfuil fadhbanna creidmheasa aige		
Ollmhéid	17 860	63 474
Lagú - liúntas caillteanais	- 14 976	- 21 303
Suim ghlanluacha ECL saoil ag a bhfuil fadhbanna creidmheasa	**2 884**	**42 171**
Thar téarma ach gan fadhbanna creidmheasa		
Thar téarma, lena gcuimsítear		
0-30 lá	-	670
30-90 lá	23	118
90-180 lá	315	95
breis agus 180 lá	-	25
Suim ghlanluacha atá thar téarma ach gan fadhbanna creidmheasa	**338**	**908**
Suim ghlanluacha nach bhfuil thar téarma agus gan fadhbanna creidmheasa	**1 680 090**	**1 806 707**
Suim ghlanluacha iomlán na n-iasachtaí agus na n-airleacan	**1 683 312**	**1 849 786**

3.2.3.7 *Íogaireacht ar ECL i gcás dálaí eacnamaíocha amach anseo (in EUR 000)*

Bíonn ECL íogair i gcás breithiúnas agus toimhdí a dhéantar maidir le foirmliú cásanna réamhbhreathnaitheacha. Déanann BEI anailís íogaireachta ar an ECL a aithnítear ar aicmí ábhartha a shócmhainní.

Réamhaisnéisí maidir le dálaí eacnamaíocha amach anseo (trí chásanna maicreacnamaíocha), is ionchuir iad i samhail réamhaisnéise lena soláthraítear paraiméadair rioscaí coinníollacha, ar ionchur iad chun liúntas caillteanais a ríomh.

Díorthaítear na cásanna as suaití d'OTD, arb é an príomhthomhas ar ghníomhaíocht eacnamaíoch é. Déantar na suaití d'fhíor-OTI a chalabrú chun luaineacht na hathróige roimhe seo a mhacasamhlú. Ina theannta sin, cuirtear breithiúnas saineolaithe i bhfeidhm, i gcás inarb iomchuí, chun méid agus seasmhacht suaití d'OTI a bheachtú. Dá thoradh sin, cinntear suaití in éineacht le feidhm meathlúcháin chun tionchar na suaití le himeacht ama a chinneadh. Dóchúlachtaí atá curtha i gceangal le gach cás, déantar iad a shainiú agus táscairí (luaineachta) an mhargaidh á léiriú mar aon le táscairí/rianairí a forbraíodh go hinmheánach agus a úsáidtear go comhsheasmhach le himeacht ama chun an éiginnteacht a thaifeadadh. Braitheann ualú na suaití dearfacha agus diúltacha ar an gcothromaíocht idir rioscaí sa gheilleagar, ar shuaití meánacha diúltacha agus dearfacha EUR - 7 247 (2022: EUR - 9 908) agus EUR 6 007 (2022: EUR 8 356) agus a cuireadh i bhfeidhm faoi seach ar réamh-mheastacháin ráithiúla sa chleachtadh a rinneadh roimhe.

Taispeántar leis an tábla thíos an liúntas caillteanais ar iasachtaí agus ar airleacain faoi Chéim 1 agus 2. Rinneadh gach cás réamhbhreathnaitheach (e.g. bonnlíne, dearfach agus diúltach) a ualú 100 % seachas ualaí dóchúlachta cáis a chur i bhfeidhm ar fud na dtrí chás.

(in EUR 000)

	2023		
	Dearfach	Bonnlíne	Diúltach
Oll-neamhchosaint	2 258 365	2 258 365	2 258 365
Liúntas caillteanais	45 603	51 610	58 857

(in EUR 000)

	2022		
	Dearfach	Bonnlíne	Diúltach
Oll-neamhchosaint	3 229 247	3 229 247	3 229 247
Liúntas caillteanais	43 821	52 177	62 085

3.2.3.8 *Athchaibidlíocht ar iasachtaí agus staonadh*

Measann BEI gur iasachtaí staonta (i.e. iasachtaí, urrúis fiachais agus gealltanais iasachta) iad iasachtaí ar cuireadh síneadh le bearta staonta ina leith. Le bearta staonta, cuimsítear 'lamháltais' a chinneann BEI a dhéanamh i dtreo oibleagáideora a mheastar nach bhfuil in ann na téarmaí agus coinníollacha conarthacha fiach-sheirbhíse a chomhlíonadh i ngeall ar a dheacrachtaí airgeadais, chun é a chur ar a chumas don oibleagáideoir an fiachas a sheirbhísiú nó an conradh a athmhaoiniú, go hiomlán nó go páirteach. Caithfear le neamhchosaintí mar neamhchosaintí staonta más rud é go ndearnadh lamháltas, gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil aon mhéid thar téarma, nó má aicmítear an neamhchosaint mar neamhchosaint ar mainneachtain. Ní chaithfear le neamhchosaintí mar neamhchosaintí staonta i gcás nach bhfuil deacrachtaí airgeadais ag an oibleagáideoir.

I ngnáthchúrsaí gnó, bhraithfí meath na n-iasachtaí atá i gceist trí fhorálacha threoirlínte agus nósanna imeachta an Bhainc agus dhéanfaí faireachán air sula ndéanfaí athchaibidlíocht. Nuair a bheadh athchaibidlíocht déanta ina leith, leanfadh BEI de dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar na hiasachtaí sin. Má tá fadhb creidmheasa ag an ionstraim airgeadais aistreofar chuig Céim 3 í. Déanfar faireachán ar an iasacht go tráthrialta i gcomhréir le creat an Bhainc.

Ar na bearta agus na cleachtais staonta a chuireann BEI i gcrích mar chuid dá ghníomhaíochtaí athstruchtúrúcháin le linn na tréimhse tuairiscithe, áirítear síneadh a chur le haibíochtaí, gan ach caipiteal a chur siar, caipiteal agus ús a chur siar, sárú ar chúnaint ábhartha agus caipitliú riaráiste, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin.

Oibríochtaí atá faoi réir bearta staonta, tuairiscítear amhlaidh iad sa tábla thíos:

(in EUR 000)

	31.12.2023		31.12.2022	
	Tuillmheach	Neamhthuill-mheach	Tuillmheach	Neamhthuill-mheach
An líon conarthaí atá faoi réir cleachtais staonta	13	6	12	7
Luachanna de réir na leabhar (lena n-áirítear ús agus méideanna i riaráiste)	112 554	46 432	144 399	45 497
Liúntas ECL aitheanta	1 654	22 151	16 008	14 323
Ioncam úis i leith conarthaí staonta	8 594	1 776	7 745	2 280

(in EUR 000)

			Bearta staonta				
	31.12.2022	Síneadh a chur le haibíochtaí	Caipiteal agus ús a chur siar	Sárú ar chúnaint airgeadais ábhartha	Eile	Aisíocaíocht chonarthach foirceannadh conarthach agus/nó díscríobh chonarthach	31.12.2023
Institiúidí airgeadais	85 751	-	-	12 275	-	- 29 671	68 355
Corparáidí	104 145	-	-	-	-	- 13 514	90 631
Iomlán	**189 896**	-	-	**12 275**	-	**- 43 185**	**158 986**

3.2.4 Riosca creidmheasa ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim

Déantar cistí atá ar fáil a infheistiú i gcomhréir le sceideal oibleagáidí eisíocaíochta conarthacha na Saoráide. Ón 31 Nollaig 2023, agus ón 31 Nollaig 2022, bhí infheistíochtaí i bhfoirm taiscí bainc, deimhnithe taisce agus páipéir thráchtála.

Tá rátáil ag na heintitis údaraithe atá comhchosúil leis na rátálacha gearrthéarmacha agus fadtéarmacha a cheanglaítear le haghaidh láithrithe cisteáin BEI féin. I gcás ina ndeonaíonn níos mó ná gníomhaireacht rátála creidmheasa amháin rátálacha difriúla, is é an rátáil is ísle a bhíonn i réim. Is é EUR 50 000 000 (caoga milliún euro) an uasteorainn údaraithe le haghaidh gach banc údaraithe faoi láthair. Tá eisceacht ón riail sin tugtha do Societe Generale S. A., áit a bhfuil cuntais airgid oibriúcháin na Saoráide. Is é EUR 110 000 000 (céad agus a deich milliún euro) an teorainn creidmheasa ghearrthéarmach le haghaidh Societe Generale S. A. an 31 Nollaig 2023 agus an 31 Nollaig 2022. Tá feidhm ag an teorainn mhéadaithe maidir le suim an airgid thirim arna sealbhú ag na cuntais airgid oibriúcháin agus maidir leis na hionstraimí arna n-eisiúint ag an gcontrapháirtí sin agus atá i seilbh na punainne cisteáin.

Rinneadh na hinfheistíochtaí uile le heintitis údaraithe le haibíocht uasta 3 mhí ón dáta luacha. Tuairiscíodh na sáruithe uile ar theorainneacha na neamhchosanta creidmheasa do na sainordaitheoirí. An 31 Nollaig 2023 agus an 31 Nollaig 2022 bhí íosrátáil P-2 (coibhéis Moody) ar a laghad ar an lá socraíochta ag na taiscí téarma, páipéir thráchtála agus airgead ar láimh ar fad arna sealbhú ag punann chisteáin na Saoráide.

Taispeántar leis an tábla seo a leanas cás an airgid thirim agus na gcoibhéisí airgid thirim lena n-áirítear ús fabhraithe:

(in EUR'000)

Íosrátáil ghearrthéarmach (Téarma Moody)	Íosrátáil fhadtéarmach (Téarma Moody)	31.12.2023		31.12.2022	
P-1	Aaa	140 592	10 %	200 167	14 %
P-1	Aa2	29 951	2 %	24 955	2 %
P-1	Aa3	89 682	7 %	4 992	0 %
P-1	A1	360 831	26 %	300 627	21 %
P-1	A2	204 179	15 %	340 252	23 %
P-1	A3	346 275	25 %	491 224	34 %
P-2	A3	205 314	15 %	29 956	2 %
P-2	Baa1	-	0 %	59 797	4 %
Iomlán		**1 376 824**	**100 %**	**1 451 970**	**100 %**

3.2.5 Riosca creidmheasa maidir le díorthaigh

3.2.5.1 *Beartas maidir le riosca creidmheasa i gcás na ndíorthach*

Is éard atá sa riosca creidmheasa i leith na ndíorthach an caillteanas a thabhódh páirtí ar leith i gcás nach mbeadh an contrapháirtí eile sa mhargadh in ann a oibleagáidí conarthacha a urramú. Athríonn an riosca creidmheasa atá bainteach le díorthaigh de réir roinnt tosca (amhail rátaí úis agus malairte) agus ní chomhfhreagraíonn sé de ghnáth ach amháin do chion beag dá luach barúlach.

I ngnáthchúrsa a gníomhaíochta, féadfaidh an tSaoráid conarthaí babhtála a dhéanamh d'fhonn oibríochtaí sonracha trína dtugtar iasachtaí a fhálú nó conarthaí réamhairgeadra a dhéanamh, d'fhonn na staideanna airgeadra dá cuid a fhálú, ar staideanna airgeadra iad a ainmnítear in airgeadraí a thrádáiltear go gníomhach seachas an Euro. Forghníomhaíonn BEI na babhtálacha uile le contrapháirtí seachtrach. Maidir leis na babhtálacha a shocrú, is leis na Máistir-Chomhaontuithe Babhtála agus leis na hIarscríbhinní Tacaíochta Creidmheasa céanna atá sínithe idir BEI agus a chontrapháirtithe seachtracha a dhéantar amhlaidh.

3.2.5.2 *Tomhas an riosca creidmheasa maidir le díorthaigh*

Caitear leis na babhtálacha uile a fhorghníomhaíonn BEI agus a bhaineann leis an tSaoráid laistigh den chreat conarthach céanna agus de na modheolaíochtaí céanna á a chuirtear i bhfeidhm maidir leis na díorthaigh a ndearna BEI caibidlíocht ina leith chun a chríoch féin. Go háirithe, is é BEI a chinneann incháilitheacht na gcontrapháirtithe babhtála bunaithe ar na coinníollacha incháilitheachta céanna agus a chuirtear i bhfeidhm chun a chríoch féin maidir le babhtálacha ginearálta.

Tomhaiseann BEI an neamhchosaint ar riosca creidmheasa a bhaineann le babhtálacha agus le hidirbhearta díorthach trí úsáid a bhaint as an gcur chuige ar a dtugtar Neamhchosaint Neamhurraithe Reatha agus Neamhchosaint Fhéideartha Todhchaí maidir le tuairisciú agus faireachán a dhéanamh ar theorainneacha. Áirítear na díorthaigh a bhaineann leis an tSaoráid Infheistíochta go hiomlán sna méadrachtaí sin.

Déanann an tSaoráid babhtálacha airgeadra gearrthéarmacha malairte eachtraí ('Babhtálacha FX') chun riosca airgeadra a fhálú ar eisíocaíochtaí iasachtaí in airgeadraí seachas EUR. Baineann aibíocht 3 mhí ar a mhéad le babhtálacha FX agus déantar iad a thar-rolladh go tráthrialta. Maidir le méid barúlach bhabhtálacha FX, EUR 1 640,0 milliún a bhí ann an 31 Nollaig 2023 in aghaidh EUR 1 790,0 milliún an 31 Nollaig 2022. Maidir le luach cóir bhabhtálacha FX, EUR 45,8 milliún a bhí ann an 31 Nollaig 2023 in aghaidh EUR 71,1 milliún an 31 Nollaig 2022.

Déanann an tSaoráid conarthaí babhtálacha trasairgeadra chun riosca airgeadra a fhálú ar eisíocaíochtaí iasachta in airgeadraí seachas EUR. Baineann aibíocht fhadtéarmach le babhtálacha trasairgeadra. Maidir le méid barúlach bhabhtálacha FX, EUR 43,3 milliún a bhí ann an 31 Nollaig 2023 in aghaidh EUR 47,0 milliún an 31 Nollaig 2022. Maidir le luach cóir bhabhtálacha FX, EUR 10,0 milliún a bhí ann an 31 Nollaig 2023 in aghaidh EUR 4,8 milliún an 31 Nollaig 2022.

3.2.6 Riosca creidmheasa maidir le sócmhainní airgeadais cisteáin

Taispeántar leis an tábla seo a leanas cás na punainne cisteáin atá comhdhéanta go hiomlán de pháipéir thráchtála arna n-eisiúint ag focheannasaigh, bainc agus eintitis neamhbhainc lenar bhain aibíocht bhunaidh de bhreis agus 3 mhí. Is eisitheoirí incháilithe iad Ballstáit an Aontais, a ngníomhaireachtaí, bainc agus eintitis neamhbhainc. Is é EUR 50 000 000 (caoga milliún euro) an uasteorainn údaraithe le haghaidh gach eisitheoir údaraithe. D'fhéadfadh infheistíochtaí i mbannaí meántéarmacha agus fadtéarmacha a bheith incháilithe freisin, ag brath ar cheanglais maidir le leachtacht:

in EUR '000

Íosrátáil ghearrthéarmach (Téarma Moody)	Íosrátáil fhadtéarmach (Téarma Moody)	31.12.2023		31.12.2022	
P-1	Aa2	-	0 %	32 974	45 %
P-1	Aa3	-	0 %	4	0 %
P-1	A3	-	0 %	39 843	55 %
P-2	A3	-	0 %	182	0 %
Iomlán		-	**0 %**	**73 003**	**100 %**

3.3 ***Riosca leachtachta***

Tagraíonn riosca leachtachta do chumas eintitis méaduithe ar shócmhainní a chistiú agus oibleagáidí a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlite, gan caillteanais dho-ghlactha a thabhú. Is féidir é a roinnt idir riosca leachtachta cistiúcháin agus riosca leachtachta margaidh. Is éard is riosca leachtachta cistiúcháin ann an riosca nach mbeidh eintiteas in ann riachtanais a bhfuil coinne leo ná riachtanais nach bhfuil coinne leo maidir le sreabhadh airgid faoi láthair agus amach anseo a chomhlíonadh go héifeachtúil, gan difear á dhéanamh dá oibríochtaí laethúla ná dá staid airgeadais. Is éard is riosca leachtachta margaidh ann an riosca nach féidir le heintiteas suíomh ag praghas an mhargaidh a fhritháireamh ná a dhíothú go héasca i ngeall ar dhoimhneacht neamh-leordhóthanach sa mhargadh nó ar shuaitheadh sa mhargadh.

3.3.1 Bainistíocht riosca leachtachta

Is le ranníocaíochtaí bliantúla ó na Ballstáit a chistítear an tSaoráid go príomha, mar aon le hathshreabha a eascraíonn as oibríochtaí na Saoráide. Bainistíonn an tSaoráid a riosca leachtachta cistiúcháin go príomha trína glanriachtanais leachtachta agus na ranníocaíochtaí bliantúla is gá ó na Ballstáit a phleanáil.

Chun ranníocaíochtaí bliantúla na mBallstát a ríomh, déantar anailís ar phatrúin eisíocaíochta na punainne atá ann cheana agus atá ar na bacáin agus leantar den anailís sin ar feadh na bliana ar fad. Cuirtear teagmhais speisialta, amhail aisíocaíochtaí a dhéantar go luath, díolacháin scaireanna nó cásanna mainneachtana san áireamh chun ceanglais leachtachta bhliantúla a cheartú.

Chun an riosca leachtachta a laghdú a thuilleadh, coinníonn an tSaoráid cúlchiste leachtachta ar bun atá leordhóthanach chun aon eisíocaíocht airgid réamh-mheasta PIT a chumhdach, mar a chuireann Roinn Iasachtaíochta BEI in iúl go tréimhsiúil. Infheistítear cistí ar an margadh airgid agus ar na margaí bannaí i bhfoirm taiscí idirbhainc agus ionstraimí airgeadais gearrthéarmacha eile trí oibleagáidí eisíocaíochta airgid thirim na Saoráide a chur san áireamh. Is í Roinn Cisteáin an Bhainc a bhainistíonn sócmhainní leachtacha na Saoráide d'fhonn leachtacht iomchuí a choinneáil ar bun chun é a chur ar a chumas don tSaoráid a hoibleagáidí a chomhlíonadh. I gcomhréir le Cinneadh 2020/2233, déanfar athshreabha ó Shaoráid ACC a imscaradh faoi chuimsiú NDICI. Mar sin féin, tá infhaighteacht na n-athshreabha sin atá le haistriú coinníollach ar leibhéal leordhóthanach leachtachta a choinneáil faoin tSaoráid Infheistíochta.

Is fiú a thabhairt chun suntais nach ndéantar caipiteal a bhainistiú ach amháin ó thaobh leachtachta de, mar a thuairiscítear thuas.

I gcomhréir le prionsabal dheighilt na ndualgas idir an Oifig Thosaigh agus an Chúloifig, is faoi fhreagracht Roinn BEI um Phleanáil agus Shocrú Oibríochtaí a bhíonn oibríochtaí socrúcháin a bhaineann le hinfheistiú na sócmhainní sin. Thairis sin, maidir le húdarú na gcontrapháirtithe agus na teorainneacha le haghaidh infheistíochtaí cisteáin, mar aon le faireachán ar na teorainneacha sin, is faoi fhreagracht Stiúrthóireacht Bhainistíocht Riosca an Bhainc a bhíonn siad sin.

3.3.2 Riosca leachtachta a thomhas

Déantar anailís sna táblaí sa roinn seo ar dhliteanais airgeadais na Saoráide de réir aibíochta ar bhonn na tréimhse atá fágtha idir dáta an chláir chomhardaithe agus an dáta aibíochta conarthach (bunaithe ar shreafaí airgid neamhlascainithe).

I dtéarmaí dliteanais airgeadais neamhdhíorthacha, sealbhaíonn an tSaoráid gealltanais i bhfoirm codanna neamh-eisíoctha den chreidmheas faoi chomhaontuithe iasachta sínithe, codanna neamh-eisíoctha de chomhaontuithe suibscríofa/infheistíochta caipitil sínithe, ráthaíochtaí iasachta a deonaíodh, nó fóirdheontais úis ghealltа agus TA gealltа.

Baineann sprioc-am eisíocaíochta le hiasachtaí faoin tSaoráid. Mar sin féin, déantar eisíocaíochtaí ag amanna agus i méideanna lena léirítear dul chun cinn na dtionscadal infheistíochta foluiteach. Thairis sin, is idirbhearta iad iasachtaí na Saoráide a dhéantar i dtimpeallacht oibriúcháin atá sách luaineach, agus dá bhrí sin tá a sceideal eisíocaíochta faoi réir méid suntasach éiginnteachta.

Bíonn infheistíochtaí caipitil dlite nuair a eisíonn agus a luaithe a eisíonn bainisteoirí cistí cothromais glaonna bailí ar chaipiteal, rud lena léirítear an dul chun cinn ina ngníomhaíochtaí infheistíochta. De ghnáth, is é 3 bliana a bhíonn i gceist le tréimhse na tarraingthe anuas, agus is minic a chuirtear fad bliana nó 2 bhliain bhreise leis an tréimhse sin. Maireann roinnt gealltanas eisíocaíochta go deireadh thréimhse na tarraingthe anuas de ghnáth go dtí go ndiúscrófar infheistíochtaí foluiteacha an chiste go hiomlán, toisc go bhféadfadh sé nach leor leachtacht an chiste ó am go ham chun oibleagáidí íocaíochta a eascraíonn as táillí nó costais eile a chomhlíonadh.

Ní bhíonn ráthaíochtaí faoi réir gealltanais eisíocaíochta sonracha ach amháin i gcás ina nglaofar ráthaíocht. Laghdaítear méid na ráthaíochtaí atá gan íoc taobh le sceideal aisíocaíochtaí na n-iasachtaí ráthaithe.

Tarlaíonn eis-sreafaí airgid thirim a bhaineann le fóirdheontais úis ghealltа i gcás iasachtaí fóirdheonaithe arna maoiniú le hacmhainní an Bhainc féin. Dá bhrí sin, ní bhíonn in eis-sreafaí tuairiscithe ach gealltanais a bhaineann leis na hiasachtaí sin seachas méid iomlán na bhfóirdheontas úis neamh-eisíoctha geallta. Mar is amhlaidh i gcás iasachtaí, is éiginnte a sceideal eisíocaíochta.

Sa tábla, tagraíonn 'eis-sreabhadh ainmniúil comhlán' TA geallta in 'Próifíl aibíochta na ndliteanas airgeadais neamhdhíorthach' don chuid neamh-eisíoctha iomlán de chonarthaí sínithe TA. Baineann éiginnteacht shuntasach le patrún an ama eisíocaíochta. Maidir le heis-sreafaí airgid thirim a aicmítear sa tráinse aga '3 mhí nó níos lú', is iad sin méid na sonrasc atá gan íoc agus a fuarthas faoin dáta tuairiscithe.

Maidir le gealltanais le haghaidh dliteanais airgeadais neamhdhíorthacha nach mbaineann aon dáta aibíochta conarthach sainithe leo, aicmítear iad faoi 'Aibíocht Neamhshainithe'. Déantar gealltanais, a bhfuil iarraidh ar eisíocaíocht airgid taifeadta ina leith ar an dáta tuairiscithe, a aicmiú faoin tráinse aga ábhartha.

I dtéarmaí dliteanais airgeadais dhíorthacha, is éard atá sa phróifíl aibíochta sreafaí airgid comhlána neamhlascainithe conarthacha na gconarthaí babhtála lena n-áirítear babhtálacha trasairgeadra (CCS), babhtálacha ráta úis trasairgeadra (CCIRS), babhtálacha airgeadra gearrthéarmacha agus babhtálacha ráta úis.

(in EUR 000)

Próifíl aibíochta na ndliteanas airgeadais neamhdhíorthach an 31.12.2023	3 mhí nó níos lú	Breis agus 3 mhí go 1 bhliain	Breis agus 1 bhliain go 5 bliana	Breis agus 5 bliana	Aibíocht Neamhshainithe	Eis-sreabhadh ainmniúil comhlán
Eis-sreafaí le haghaidh iasachtaí atá geallta ach neamh-eisíoctha	49 019	6 000	-	-	828 073	883 092
Eis-sreafaí le haghaidh cistí infheistíochta geallta agus suibscríobh scaireanna	-	-	-	-	297 534	297 534
Eile (ráthaíochtaí neamheisithe sínithe ráthaíochtaí eisithe)	-	-	-	-	47 749	47 749
Eis-sreafaí le haghaidh fóirdheontais úis ghealltа	4 235	-	-	-	343 282	347 517
Eis-sreafaí le haghaidh TA geallta	849	-	-	-	25 343	26 192
Iomlán	**54 103**	**6 000**	-	-	**1 541 981**	**1 602 084**

(in EUR 000)

Próifíl aibíochta na ndliteanas airgeadais neamhdhíorthach an 31.12.2022	3 mhí nó níos lú	Breis agus 3 mhí go 1 bhliain	Breis agus 1 bhliain go 5 bliana	Breis agus 5 bliana	Aibíocht Neamhshainithe	Eis-sreabhadh ainmniúil comhlán
Eis-sreafaí le haghaidh iasachtaí atá geallta ach neamh-eisíoctha	87 210	21 208	-	-	1 563 433	1 671 851
Eis-sreafaí le haghaidh cistí infheistíochta geallta agus suibscríobh scaireanna	4 676	-	-	-	406 496	411 172
Eile (ráthaíochtaí neamheisithe sínithe ráthaíochtaí eisithe)	-	-	-	-	49 378	49 378
Eis-sreafaí le haghaidh fóirdheontais úis gheallta	-	-	-	-	350 282	350 282
Eis-sreafaí le haghaidh TA geallta	924	-	-	-	32 149	33 073
Iomlán	**92 810**	**21 208**	-	-	**2 401 738**	**2 515 756**

(in EUR 000)

Próifíl aibíochta na ndliteanas airgeadais neamhdhíorthach an 31.12.2023	3 mhí nó níos lú	Breis agus 3 mhí go 1 bhliain	Breis agus 1 bhliain go 5 bliana	Breis agus 5 bliana	Insreabhadh/eis-sreabhadh ainmniúil comhlán
CCS – Insreafaí	192	10 909	32 186	1 706	44 993
CCS – Eis-sreafaí	- 90	- 10 212	- 23 783	- 1 828	- 35 913
Babhtálacha airgeadra gearrthéarmacha – Insreafaí	1 640 000	-	-	-	1 640 000
Babhtálacha airgeadra gearrthéarmacha – Eis-sreafaí	- 1 597 068	-	-	-	- 1 597 068
Iomlán	**43 034**	**697**	**8 403**	**- 122**	**52 012**

(in EUR 000)

Próifíl aibíochta na ndliteanas airgeadais neamhdhíorthach an 31.12.2022	3 mhí nó níos lú	Breis agus 3 mhí go 1 bhliain	Breis agus 1 bhliain go 5 bliana	Breis agus 5 bliana	Insreabhadh/eis-sreabhadh ainmniúil comhlán
CCS agus CCIRS – Insreafaí	88	9 474	38 431	147	48 140
CCS agus CCIRS – Eis-sreafaí	- 108	- 11 965	- 30 450	- 146	- 42 669
Babhtálacha airgeadra gearrthéarmacha – Insreafaí	1 790 000	-	-	-	1 790 000
Babhtálacha airgeadra gearrthéarmacha – Eis-sreafaí	- 1 724 227	-	-	-	- 1 724 227
Iomlán	**65 753**	**- 2 491**	**7 981**	**1**	**71 244**

3.3.3 **Sócmhainní agus dliteanais airgeadais fadtéarmacha**

Leagtar amach leis an tábla seo a leanas na sócmhainní airgeadais agus na dliteanais airgeadais neamhdhíorthacha lena bhfuil coinne go n-aisghabhfar nó go socrófar iad níos mó ná 12 mhí tar éis an dáta tuairiscithe.

(in EUR 000)

	31.12.2023	31.12.2022
Sócmhainní airgeadais:		
Iasachtaí agus airleacain	1 755 831	1 922 784
Scaireanna agus urrúis toraidh athraithigh eile	820 713	797 341
Iomlán	**2 576 544**	**2 720 125**
Dliteanais airgeadais:		
Méid atá dlite do thríú páirtithe (*)	389 116	136 867
Forálacha maidir le gealltanais iasachta	19 038	16 583
Iomlán	**408 154**	**153 450**

(*) Áirítear sna méideanna atá dlite do thríú páirtithe na Fóirdheontais úis agus TA nár eisíocadh go fóill agus atá dlite do na Ballstáit, i gcás nach bhfuil an aibíocht sainithe den chuid is mó.

3.4 ***Riosca margaidh***

Is éard atá i riosca margaidh an riosca go ndéanfar difear d'ioncam eintitis nó do luach a shealúchas in ionstraimí airgeadais le hathruithe ar phraghsanna agus ar rátaí margaidh, amhail rátaí úis, praghsanna cothromais agus rátaí malairte eachtraí.

3.4.1 Riosca an ráta úis

Eascraíonn riosca an ráta úis as an luaineacht i luach eacnamaíoch staideanna atá faoi réir ráta úis, nó as luaineacht san ioncam a dhíorthaítear as na staideanna sin, i ngeall ar ghluaiseachtaí díobhálacha i rátaí úis.

Ní dhéantar difear don tSaoráid go díreach ag luaineacht a luacha eacnamaíoch ná ag neamhréireanna praghsála idir sócmhainní, dliteanais agus ionstraimí fálaithe difriúla toisc (i) nach mbíonn aon chostas iasachtaíochta díreach ar an tSaoráid ná aon dliteanas atá faoi réir ráta úis agus (ii) toisc go nglacann an tSaoráid le tionchar luaineachtaí na ráta úis ar na hioncaim óna hinfheistíochtaí.

Leis an tSaoráid, déantar íogaireacht na punainne iasachta agus na micreabhabhtálacha fálaithe dá cuid ar an luaineacht sa ráta úis a thomhas trí Luach Bonnphointe a ríomh.

Leis an Luach Bonnphointe, tomhaistear an gnóthachan nó an caillteanas i nglanluach láithreach na punainne ábhartha, i ngeall ar mhéadú 1 bhonnphointe (0.01 %) ar aibíochtaí rátaí úis a bhfuil a raon laistigh de thráinse aga sonraithe 'margadh an airgid – suas le 1 bhliain amháin', 'an-ghearr – 2 go 3 bliana', 'gearr – 4 go 6 bliana', 'meánach – 7 go 11 bhliain', 'fada – 12 go 20 bliain' nó 'fíor-fhada – breis agus 21 bhliain'.

Chun glanluach láithreach shreafaí airgid na n-iasachtaí a ainmnítear in EUR a chinneadh, úsáideann an tSaoráid cuar babhtála 3 mhí EUR. Déantar glanluach láithreach shreafaí airgid na n-iasachtaí a ainmnítear in airgeadraí nach airgeadraí EUR iad a chinneadh trí chuar babhtála 3 mhí EUR a úsáid móide bonn na babhtála trasairgeadra. I gcás na n-airgeadraí nach airgeadraí EUR iad agus nach bhfuil cuar lascaine atá iontaofa agus sách iomlán ar fáil ina leith, úsáidtear an cuar lascaine EUR nó USD ina áit.

Chun glanluach láithreach na micreabhabhtálacha fálaithe a ríomh, úsáideann an tSaoráid an cuar babhtála EUR le haghaidh sreafaí airgid a ainmnítear in EUR agus an cuar babhtála USD le haghaidh sreafaí airgid a ainmnítear in USD.

Mar a thaispeántar sa tábla seo a leanas, thiocfadh laghdú EUR 491k (amhail an 31 Nollaig 2022: laghdú EUR 500k) ar ghlanluach láithreach na punainne iasachta lena n-áirítear micreabhabhtálacha fálaithe amhail an 31 Nollaig 2023 dá mba rud é go n-aistreofaí suas go comhuaineach na cuair ráta úis ábhartha uile i gcomhthreo de réir 1 bhonnphointe.

(in EUR 000)

Luach bonnphointe An 31.12.2023	Airgead Margadh 1 bhliain amháin	An-Ghearr 2 bhliain go 3 bliana	Gearr 4 bliana go 6 bliana	Meánach 7 mbliana go 11 bhliain	Fada 12 go 20 bliain	Fíor-fhada Breis agus 20 bliana	Iomlán
Íogaireacht iomlán na n-iasachtaí agus na micreabhabhtálacha fálaithe	- 39	- 97	- 153	- 153	- 47	- 2	**- 491**

(in EUR 000)

Luach bonnphointe An 31.12.2022	Airgead Margadh 1 bhliain amháin	An-Ghearr 2 bhliain go 3 bliana	Gearr 4 bliana go 6 bliana	Meánach 7 mbliana go 11 bhliain	Fada 12 go 20 bliain	Fíor-fhada Breis agus 20 bliana	Iomlán
Íogaireacht iomlán na n-iasachtaí agus na micreabhabhtálacha fálaithe	- 34	- 98	- 154	- 162	- 50	- 2	**- 500**

3.4.2 Riosca malairte eachtraí

Is éard is riosca malairte eachtraí ('FX') ann le haghaidh na Saoráide an riosca go gcaillfear tuilleamh nó luach eacnamaíoch i ngeall ar ghluaiseachtaí díobhálacha rátaí FX.

Agus airgeadra cuntasaíochta tagartha i gceist (EUR le haghaidh na Saoráide), bíonn an tSaoráid nochta do riosca FX cibé uair a bhíonn neamhréir idir sócmhainní agus dliteanais a ainmnítear in airgeadra cuntasaíochta nach airgeadra tagartha é. Áirítear freisin le riosca FX éifeacht na n-athruithe ar luach na sreafaí airgid amach anseo a ainmneofar in airgeadra cuntasaíochta nach airgeadra tagartha é, e.g. íocaíochtaí úis agus díbhinne, i ngeall ar luaineachtaí i rátaí malairte.

3.4.2.1 *Riosca malairte eachtraí agus sócmhainní cisteáin*

Ainmnítear sócmhainní cisteáin na Saoráide in EUR nó USD.

Déantar riosca FX a fhálú trí bhíthin spot-idirbhearta agus réamh-idirbhearta trasairgeadra FX, babhtálacha FX nó babhtálacha trasairgeadra. Is féidir le Roinn Cisteáin BEI, i gcás ina meastar gur gá agus gurb iomchuí, aon ionstraim eile a úsáid, i gcomhréir le beartas an Bhainc, lena soláthraítear cosaint in aghaidh rioscaí margaidh a thabhaítear i dtaca le gníomhaíochtaí airgeadais na Saoráide.

3.4.2.2 *Riosca malairte eachtraí agus oibríochtaí arna maoiniú nó arna ráthú ag an tSaoráid*

Faightear ranníocaíochtaí Saoráide na mBallstát in EUR. Is féidir na hoibríochtaí arna maoiniú nó arna ráthú ag an tSaoráid mar aon le fóirdheontais úis a ainmniú in EUR, USD nó in aon airgeadra údaraithe eile.

Tagann neamhchosaint ar riosca malairte eachtraí (in aghaidh airgeadra tagartha EUR) chun cinn cibé uair a fhágtar idirbhearta arna n-ainmniú in airgeadraí seachas EUR gan fhálú. Leagtar amach treoirlínte fálúcháin riosca malairte eachtraí na Saoráide thíos.

3.4.2.2.1. *Fálú oibríochtaí a ainmnítear in USD*

Riosca FX arna ghiniúint le hoibríochtaí na Saoráide a ainmnítear in USD, cumhdófar ar bhonn comhiomlánaithe iad trí bhabhtálacha FX EUR/USD a úsáid, arna dtar-rolladh agus arna gcoigeartú i dtéarmaí an mhéid ar bhonn tréimhsiúil. Comhlíontar dhá chuspóir le babhtálacha FX a úsáid. Ar thaobh amháin, gintear an leachtacht is gá le haghaidh eisíocaíochtaí nua (iasachtaí agus cothromas) agus ar an taobh eile, coinnítear macra-fhálú FX ar bun.

Ag tús gach tréimhse, na sreafaí airgid atá le fáil nó le híoc in USD le linn na chéad tréimhse eile, measfar iad ar bhonn athshreabha/eisíocaíochtaí pleanáilte nó athshreabha/eisíocaíochtaí lena bhfuil coinne. Dá éis sin, déanfar babhtálacha FX atá ag teacht in aibíocht a thar-rolladh, agus déanfar a méid a choigeartú chun na riachtanais leachtachta USD ar a laghad atá réamh-mheasta le linn na chéad tréimhse eile a chumhdach.

Ar bhonn míosúil, déanfar suíomh FX USD a fhálú, más rud é go sáróidh sé na teorainneacha ábhartha, trí bhíthin spotoibríochta nó réamhoibríochta.

Laistigh de thréimhse thar-rollta, déanfar easnaimh leachtachta USD nach bhfuil coinne leo a chumhdach trí bhíthin oibríochtaí babhtála FX *ad hoc* agus déanfar barrachais leachtachta a infheistiú i sócmhainní cisteáin nó a chomhshó ina EUR más rud é gur tharla siad de thoradh méadú ar shuíomh FX.

3.4.2.2.2. *Fálú oibríochtaí a ainmnítear in airgeadraí seachas EUR nó USD*

Oibríochtaí na Saoráide a ainmnítear in airgeadraí seachas EUR agus USD, déanfar iad a fhálú trí chonarthaí babhtála trasairgeadra lena ngabhann an phróifíl airgeadais chéanna leis an Iasacht fholuiteach, ar choinníoll go bhfuil margadh babhtála ag feidhmiú.

Tá oibríochtaí ag an tSaoráid a ainmnítear in airgeadraí nach mbíonn féidearthachtaí fálúcháin ar fáil go héifeachtúil ina leith nó a mbíonn féidearthachtaí fálúcháin ar fáil ina leith ach ar ardchostas. Ainmnítear na hoibríochtaí sin in airgeadraí áitiúla ach socraítear in EUR nó in USD iad. Le creat riosca airgeadais na Saoráide, a d'fhormheas Coiste na Saoráide an 22 Eanáir 2015, tugtar an deis chun neamhchosaint na Saoráide a fhálú in airgeadraí áitiúla lena mbaineann comhghaol dearfach suntasach le USD go sintéiseach trí dhíorthaí a ainmnítear in USD. Airgeadraí áitiúla a fhálaítear go sintéiseach in éineacht le díorthaigh a ainmnítear in USD, tuairiscítear sa tábla i roinn 3.4.2.2.3 thíos iad faoin mír 'Airgeadraí áitiúla (faoi fhálú sintéiseach)', agus maidir leis na hairgeadraí áitiúla nach ndéantar a fhálú go sintéiseach le USD, tuairiscítear sa tábla céanna iad faoin mír 'Airgeadraí áitiúla (nach bhfuil faoi fhálú sintéiseach)'.

Ina theannta sin, i gcás iasachtaí a ainmnítear in airgeadraí seachas EUR, USD nó airgeadraí nach féidir fálú ina leith trí chonarthaí babhtála trasairgeadra, gearrann an tSaoráid comhchuid úis bhreise ar a dtugtar 'préimh FX' chun an riosca a bhaineann le dímheas féideartha in airgeadra áitiúil a mhaolú.

3.4.2.2.3 *Staid in airgeadra eachtrach (in EUR 000)*

Le táblaí an nóta seo, taispeántar staid na Saoráide in airgeadra eachtrach.

Cuirtear an staid in airgeadra eachtrach i láthair sna táblaí thíos i gcomhréir le Beartais Riosca na Saoráide (ar a dtugtar tuairisc i gcreat riosca airgeadais na Saoráide). Tá suíomh FX de réir na mBeartas Riosca bunaithe ar fhigiúirí cuntasaíochta agus sainítear an suíomh mar an comhardú idir sócmhainní agus dliteanais roghnaithe. Na sócmhainní agus na dliteanais a shainítear i suíomh FX de réir na mBeartas Riosca, roghnaítear iad chun a áirithiú nach ndéanfar an tuilleamh a chomhshó san airgeadra tuairiscithe (EUR) ach amháin nuair a fhaightear iad.

Áirítear an t-athrú luacha chóir ar scaireanna agus ar urrúis toraidh athraithigh eile i suíomh FX de réir na mBeartas Riosca, mar aon le laguithe ar iasachtaí agus ar airleacain. Déantar díorthaigh a áirítear sa suíomh FX de réir na mBeartas Riosca a mheas ag a luach ainmniúil seachas ag a luach cóir, chun iad a ailíniú le luach coinnithe na sócmhainní, arna mheas freisin ag a luach ainmniúil arna choigeartú leis an lagú le haghaidh iasachtaí.

Sna táblaí thíos, an chuid atá fágtha de na sócmhainní agus de na dliteanais, lena n-áirítear fabhruithe úis ar iasachtaí, díorthaigh agus fóirdheontais go príomha, cuirtear an chuid sin i láthair faoi 'Suíomh FX arna n-eisiamh ó Bheartais Riosca'.

An 31 Nollaig 2023	Sócmhainní agus dliteanais			Gealltanais agus dliteanais theagmhasacha
Airgeadraí	Suíomh FX de réir Beartais Riosca	Suíomh FX arna n-eisiamh ó Bheartais Riosca	Suíomh FX ar an gClár comhardaithe	
USD	- 194 166	- 16 111	- 210 277	306 161
Airgeadraí áitiúla (faoi fhálú sintéiseach) (*)				
KES	87 829	- 4 832	82 997	-
TZS	1 071	19	1 090	-

An 31 Nollaig 2023	Sócmhainní agus dliteanais			Gealltanais agus dliteanais theagmhasacha
Airgeadraí	Suíomh FX de réir Beartais Riosca	Suíomh FX arna n-eisiamh ó Bheartais Riosca	Suíomh FX ar an gClár comhardaithe	
DOP	16 663	122	16 785	-
UGX	20 283	221	20 504	-
RWF	55 837	367	56 204	-
Airgeadraí áitiúla (nach bhfuil faoi fhálú sintéiseach) (*)				
HTG, MUR, MZN, XOF, ZMW, BWP, JMD, NGN, ZAR	67 992	- 1 136	66 856	-
Iomlán na n-airgeadraí nach airgeadraí EUR iad	**55 509**	**- 21 350**	**34 159**	**306 161**
EUR	-	**3 489 673**	**3 489 673**	**1 344 972**
Iomlán EUR agus neamh-EUR	**55 509**	**3 468 323**	**3 523 832**	**1 651 133**

(*) Féach roinn 3.4.2.2.2 le haghaidh mínithe ar fhálú sintéiseach.

An 31 Nollaig 2022	Sócmhainní agus dliteanais			Gealltanais agus dliteanais theagmhasacha
Airgeadraí	Suíomh FX de réir Beartais Riosca	Suíomh FX arna n-eisiamh ó Bheartais Riosca	Suíomh FX ar an gClár comhardaithe	
USD	- 318 423	- 11 114	- 329 537	844 247
Airgeadraí áitiúla (faoi fhálú sintéiseach) (*)				
KES	129 513	36 883	166 396	-
TZS	7 355	123	7 478	-
DOP	24 533	301	24 834	-
UGX	32 632	489	33 121	-
RWF	75 037	698	75 735	-
Airgeadraí áitiúla (nach bhfuil faoi fhálú sintéiseach)*				
HTG, MUR, MZN, XOF, ZMW, BWP, JMD, NGN, ZAR	86 929	- 479	86 450	-
Iomlán na n-airgeadraí nach airgeadraí EUR iad	**37 576**	**26 901**	**64 477**	**844 247**
EUR	-	4 009 151	4 009 151	1 726 301
Iomlán EUR agus neamh-EUR	**37 576**	**4 036 052**	**4 073 628**	**2 570 548**

(*) Féach roinn 3.4.2.2.2 le haghaidh mínithe ar fhálú sintéiseach.

3.4.2.3 *Anailís íogaireachta le haghaidh malairt eachtrach*

Amhail an 31 Nollaig 2023, le dímheas 10 faoin gcéad ar EUR in aghaidh gach airgeadra nach airgeadra EUR iad, d'eascródh méadú ar acmhainní agus brabús na ranníocóirí arbh fhiú EUR 2,9 milliún é (an 31 Nollaig 2022: EUR 7,2 milliún). Le luachmhéadú 10 faoin gcéad ar EUR in aghaidh gach airgeadra nach airgeadra EUR iad, d'eascródh laghdú ar acmhainní agus brabús na ranníocóirí arbh fhiú EUR – 2,4 milliún é (an 31 Nollaig 2022: EUR – 5,9 milliún).

3.4.2.4 *Rátaí comhshó*

Úsáideadh na rátaí comhshó seo a leanas chun an clár comhardaithe a bhunú an 31 Nollaig 2023 agus 31 Nollaig 2022:

	31.12.2023	31 Nollaig 2022
Airgeadraí nach airgeadraí EUR iad		
Pula na Botsuáine (BWP)	14,78	13,59
Peso na Poblachta Doiminicí (DOP)	64,08	59,84
Dollair Fidsí (FJD)	2,39	2,32
Gourde Háití (HTG)	143,68	154,37
Dollar Iamáice (JMD)	168,22	161,59
Scillingí Chéinia (KES)	173,20	131,68
Ouguiyas na Máratáine (MRU)	43,35	39,04
Rúipithe Oileán Mhuirís (MUR)	48,56	46,83
Metical Mhósaimbíc (MZN)	69,98	67,54
Naira na Nigéire (NGN)	975,04	478,02
Francanna Ruanda (RWF)	1 385,07	1 132,20
Scillingí na Tansáine (TZS)	2 772,53	2 487,37
Scillingí Uganda (UGX)	4 178,00	3 965,00
Dollair na Stát Aontaithe (USD)	1,11	1,07
Francanna Phoblacht na hAfraice Láir CFA (XAF/XOF)	655,96	655,96
Rand na hAfraice Theas (ZAR)	20,35	18,10
Kvacha na Saimbia (ZMW)	28,45	19,28

3.4.3 Riosca praghais cothromais

Tagraíonn riosca praghais cothromais don riosca go dtiocfaidh laghdú ar luachanna córa na n-infheistíochtaí cothromais de thoradh na n-athruithe ar leibhéil na bpraghsanna cothromais agus/nó ar luach na n-infheistíochtaí cothromais.

Bíonn an tSaoráid neamhchosanta ar riosca praghais cothromais trína hinfheistíochtaí i gcistí cothromais dhírigh agus cistí caipitil fiontair.

Ní bhíonn luach na suíomhanna cothromais neamhliostaithe ar fáil go héasca chun faireachán a dhéanamh orthu agus chun iad a rialú ar bhonn leanúnach. I gcás suíomhanna den sórt sin, áirítear leis na táscairí is fearr dá bhfuil ar fáil praghsanna a dhíorthaítear ó aon teicníc luachála ábhartha.

Maidir leis an éifeacht ar acmhainní ranníocóirí na Saoráide (de thoradh athraithe ar luach cóir na punainne ionstraimí cothromais) i ngeall ar athrú +/-10 % ar luach infheistíochtaí cothromais dhírigh aonair agus infheistíochtaí caipitil fiontair, agus na hathróga eile uile á gcoimeád seasmhach, is é EUR 82,1 milliún agus EUR – 82,1 milliún faoi seach amhail an 31 Nollaig 2023 (EUR 79,7 milliún agus EUR – 79,7 milliún faoi seach amhail an 31 Nollaig 2022) atá i gceist léi.

4 **Luachanna córa ionstraimí airgeadais**

4.1 ***Aicmithe cuntasaíochta agus luachanna córa***

Taispeántar leis an tábla seo a leanas suimeanna glanluacha agus luachanna córa na sócmhainní airgeadais agus na ndliteanas airgeadais, lena n-áirítear a leibhéil san ordlathas cóirluacha. Ní áirítear leo sin faisnéis maidir le luach cóir le haghaidh sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais arna dtomhas ar chostas amúchta toisc gur comhfhogasú réasúnach ar an luach cóir í an tsuim ghlanluacha.

(in EUR 000)

An 31 Nollaig 2023	Suim ghlanluacha						Luach cóir			
	Ionstraimí airgeadais díorthacha	Scaireanna agus urrúis toraidh athraithigh eile	Airgead tirim, iasachtaí agus airleacain	Sócmhainní airgeadais cisteáin	Sócmhainní/ dliteanais airgeadais eile	Iomlán	Leibhéal 1	Leibhéal 2	Leibhéal 3	Iomlán
Sócmhainní airgeadais arna dtomhas go héigeantach ag FVTPL										
Ionstraimí airgeadais díorthacha	55 765	-	-	-	-	**55 765**	-	55 765	-	**55 765**
Ciste Caipitil Fiontair	-	693 042	-	-	-	**693 042**	-	-	693 042	**693 042**
Infheistíochtaí Cothromais Dhírigh	-	127 671	-	-	-	**127 671**	-	-	127 671	**127 671**
Iasachtaí agus airleacain	-	-	124 323	-	-	**124 323**	-	-	124 323	**124 323**
Sócmhainní airgeadais iomlána arna dtomhas go héigeantach ag FVTPL	**55 765**	**820 713**	**124 323**	-	-	**1 000 801**	-	**55 765**	**945 036**	**1 000 801**
Sócmhainní airgeadais arna dtomhas ar chostas amúchta										
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	-	-	1 376 824	-	-	**1 376 824**				
Iasachtaí agus airleacain	-	-	1 558 989	-	-	**1 558 989**				
Méideanna is infhaighte ó ranníocóirí	-	-	85 321	-	-	**85 321**				
Sócmhainní airgeadais cisteáin	-	-	-	-	-	-				
Sócmhainní eile	-	-	-	-	616	**616**				
Sócmhainní airgeadais iomlána arna dtomhas ar chostas amúchta	-	-	**3 021 134**	-	**616**	**3 021 750**				
Sócmhainní airgeadais iomlána	**55 765**	**820 713**	**3 145 457**	-	**616**	**4 022 551**				
Dliteanais airgeadais ar chostas amúchta										
Forálacha maidir le gealltanais iasachta	-	-	-	-	- 19 038	**- 19 038**				
Méideanna atá dlite do thríú páirtithe	-	-	-	-	- 427 828	**- 427 828**				
Dliteanais eile	-	-	-	-	- 3 338	**- 3 338**				
Dliteanais airgeadais iomlána arna dtomhas ar chostas amúchta	-	-	-	-	**- 450 204**	**- 450 204**				
Dliteanais airgeadais iomlána	-	-	-	-	**- 450 204**	**- 450 204**				

(in EUR 000)

An 31 Nollaig 2022	Suim ghlanluacha						Luach cóir			
	Ionstraimí airgeadais díorthacha	Scaireanna agus urrúis toraidh athraithigh eile	Airgead tirim iasachtaí agus airleacain	Sócmhainní airgeadais cisteáin	Sócmhainní/ dliteanais airgeadais eile	Iomlán	Leibhéal 1	Leibhéal 2	Leibhéal 3	Iomlán
Sócmhainní airgeadais arna dtomhas go héigeantach ag FVTPL										
Ionstraimí airgeadais díorthacha	75 852	-	-	-	-	**75 852**	-	75 852	-	**75 852**
Ciste Caipitil Fiontair	-	684 564	-	-	-	**684 564**	-	-	684 564	**684 564**
Infheistíocht Cothromais Dhíreach	-	112 777	-	-	-	**112 777**	-	-	112 777	**112 777**
Iasachtaí agus airleacain	-	-	95 604	-	-	**95 604**	-	-	95 604	**95 604**
Sócmhainní airgeadais iomlána arna dtomhas go héigeantach ag FVTPL	**75 852**	**797 341**	**95 604**	-	-	**968 797**	-	**75 852**	**892 945**	**968 797**
Sócmhainní airgeadais ag costas amúchta										
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	-	-	1 451 970	-	-	**1 451 970**				
Iasachtaí agus airleacain	-	-	1 754 182	-	-	**1 754 182**				
Méideanna is infhaighte ó ranníocóirí	-	-	85 321	-	-	**85 321**				
Sócmhainní airgeadais cisteáin	-	-	-	73 003	-	**73 003**				
Sócmhainní eile	-	-	-	-	950	**950**				
Sócmhainní airgeadais iomlána arna dtomhas ar chostas amúchta	-	-	**3 291 473**	**73 003**	**950**	**3 365 426**				
Sócmhainní airgeadais iomlána	**75 852**	**797 341**	**3 387 077**	**73 003**	**950**	**4 334 223**				
Dliteanais airgeadais ar chostas amúchta										
Forálacha maidir le gealltanais iasachta	-	-	-	-	- 16 583	**- 16 583**				
Méideanna atá dlite do thríú páirtithe	-	-	-	-	- 190 927	**- 190 927**				
Dliteanais eile	-	-	-	-	- 2 419	**- 2 419**				
Dliteanais airgeadais iomlána arna dtomhas ar chostas amúchta	-	-	-	-	**- 209 929**	**- 209 929**				
Dliteanais airgeadais iomlána	-	-	-	-	**- 209 929**	**- 209 929**				

4.2 ***Luachanna córa a thomhas***

4.2.1 Teicnící luachála agus ionchuir dhobhraite shuntasacha

Leagtar amach leis an tábla thíos faisnéis faoi na teicnící luachála agus na hionchuir dhobhraite shuntasacha a úsáidtear agus ionstraimí airgeadais á dtomhas, arna gcatagóiriú mar Leibhéal 2 agus 3 san ordlathas luacha chóir:

	Teicníc luachála	Ionchuir dhobhraite shuntasacha	Caidreamh idir ionchuir dhobhraite agus tomhas an luacha chóir
Ionstraimí airgeadais arna sealbhú ar luach cóir			
Ionstraimí airgeadais díorthacha	Sreabhadh airgid lascainithe: Déantar sreafaí airgid amach anseo a mheas bunaithe ar rátaí réamh-mhalairte/réamhrátaí úis (ó rátaí réamh-mhalairte inbhraite agus ó chuair toraidh ag deireadh na tréimhse tuairiscithe) agus ar réamhrátaí conartha/rátaí úis, arna lascainiú ag ráta lena léirítear riosca creidmheasa na gcontrapháirtithe éagsúla.	Cuair a úsáidtear chun sreafaí airgid a mheas agus a lascainiú, déantar iad a chalabrú le sonraí margaidh, agus tá aibíochtaí ag na babhtálacha sa phunann nach sáraíonn an aibíocht is faide atá ar fáil sna hionchuir. Dá bhrí sin, níl aon ionchur dobhraite ann.	Ní bhaineann le hábhar.
Ciste Caipitil Fiontair (VCF)	Modh maidir le glansócmhainní coigeartaithe: Déantar an luach cóir a chinneadh trí chéatadán úinéireachta na Saoráide san fheithicil fholuiteach a chur i bhfeidhm ar ghlanluach na sócmhainne arna léiriú sa tuarascáil is déanaí agus é coigeartaithe le haghaidh sreafaí airgid nó, i gcás ina mbeidh fáil air, trí luach beacht na scaireanna ar an dáta céanna a chur i bhfeidhm, arna gcur isteach ag an mBainisteoir Ciste faoi seach. Chun an t-eatramh a dhúnadh idir an Glanluach sócmhainní (NAV) is déanaí dá bhfuil ar fáil agus an tuairisciú ag deireadh na bliana, comhlíontar nós imeachta dá éis sin lena ndéantar athbhreithniú ar an teagmhas agus más gá, déantar an NAV tuairiscithe a choigeartú.	Coigeartú i ngeall ar an am atá caite idir dáta tuairiscithe deireanach VCF agus an dáta tomhais, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh: caiteachais oibriúcháin agus táillí bainistíochta, athruithe dá éis sin ar luach cóir shócmhainní foluiteacha VCF, dliteanais bhreise arna dtabhú, athruithe ar an margadh nó athruithe eile ar dhálaí eacnamaíocha.	Dá fhaide an tréimhse idir dáta tomhais an luacha chóir agus dáta tuairiscithe deireanach VCF, is airde an coigeartú le haghaidh am atá caite.
Infheistíocht Cothromais Dhíreach	Glansócmhainní coigeartaithe.	Coigeartú i ngeall ar an am atá caite idir dáta tuairiscithe deireanach na hinstitiúide infheistiúcháin agus an dáta tomhais, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh: caiteachais oibriúcháin, athruithe dá éis sin ar luach cóir shócmhainní foluiteacha na hinstitiúide infheistiúcháin, dliteanais bhreise arna dtabhú, athruithe ar an margadh nó athruithe eile ar dhálaí eacnamaíocha, méadú caipitil, díol an rialaithe/athrú ar an rialú.	Dá airde an lascaine indíoltachta, is ísle an luach cóir.

	Teicníc luachála	Ionchuir dhobhraite shuntasacha	Caidreamh idir ionchuir dhobhraite agus tomhas an luacha chóir
		Lascaine i ngeall ar an easpa indíoltachta (leachtacht) a chinntear faoi threoir praghsanna idirbhirt a bhí ann roimhe seo i dtaca le cothromais chomhchosúla sa tír/ réigiún, ó 5 agus 30 %.	
Iasachtaí ar luach cóir (IFE)	I gcás iasachtaithe ar gnóthais leantacha iad: Sreabhadh airgid lascainithe lena n-úsáidtear sreafaí airgid conarthacha/lena bhfuil coinne amach anseo arna lascainiú le ráta lascaine iomchuí arna choigeartú de réir riosca lena gcuimsítear an riosca is gné dhílis den iasacht (lena n-áirítear riosca creidmheasa an iasachtaí). Cuirtear an ráta lascaine i gcomparáid le haon tagarmharc margaidh ábhartha, sin nó déantar measúnú ar an ráta lascaine le haon tagarmharc den sórt sin. I gcás iasachtaithe nach gnóthais leantacha iad: Cur chuige na nglansócmhainní (cur chuige luach an leachtaithe).	Comhpháirteanna an ráta lascaine chun riosca creidmheasa an iasachtaí a léiriú i gcomparáid le rátaí an mhargaidh atá saor ó riosca.	Dá airde an ráta lascaine, is ísle an luach cóir

	Teicníc luachála	Ionchuir dhobhraite shuntasacha	Caidreamh idir ionchuir dhobhraite agus tomhas an luacha chóir
Ionstraimí airgeadais nach sealbhaítear ar luach cóir			
Iasachtaí agus airleacain	Sreafaí airgid lascainithe: Leis an tsamhail luachála úsáidtear sreafaí airgid conarthacha atá coinníollach ar neamhtharlú na mainneachtana ag an bhfiachóir agus ní chuirtear san áireamh aon luach comhthaobhachta ná aon chás ina n-íoctar aisíocaíochtaí go luath. Chun Glanluach Láithreach (NPV) na n-iasachtaí a fháil, leis an tsamhail a coinníodh, lascainítear sreafaí airgid conarthacha gach iasachta trí chuar lascaine margaidh coigeartaithe a úsáid. Déantar NPV na hiasachta aonair a choigeartú ansin chun an Caillteanas Ionchasach ábhartha lena mbaineann a chur san áireamh. Déantar na torthaí a shuimiú ansin chun luach cóir na n-iasachtaí agus na n-airleacan a fháil.	Ní bhaineann le hábhar.	Ní bhaineann le hábhar.

	Teicníc luachála	Ionchuir dhobhraite shuntasacha	Caidreamh idir ionchuir dhobhraite agus tomhas an luacha chóir
Sócmhainní airgeadais cisteáin	Sreafaí airgid lascainithe.	Ní bhaineann le hábhar.	Ní bhaineann le hábhar.

Agus IFRS 13 á chur i bhfeidhm, áirítear coigeartuithe luachála i luach cóir na ndíorthach amhail an 31 Nollaig 2023 agus 2022, is é sin:

— Coigeartuithe luachála creidmheasa (CVA), lena léirítear riosca creidmheasa contrapháirtí ar idirbhearta díorthacha, arbh fhiú EUR – 6,1k amhail an 31 Nollaig 2023 agus EUR – 6,1k amhail an 31 Nollaig 2022 iad.

— Coigeartuithe luachála dochair (DVA), lena léirítear riosca creidmheasa féin ar idirbhearta díorthacha, arbh fhiú EUR +7,2k amhail an 31 Nollaig 2023 agus EUR +7,2k amhail an 31 Nollaig 2022 iad.

4.2.2 Aistrithe idir Leibhéal 1 agus 2

Is é beartas na Saoráide na haistrithe idir Leibhéil a aithint ó dháta an teagmhais nó an athraithe ar imthosca ba chúis leis an aistriú.

In 2023 agus 2022 ní dhearna an tSaoráid aistrithe ó Leibhéal 1 go 2 nó ó Leibhéal 2 go 1 den ordlathas luacha chóir.

4.2.3 Luachanna córa Leibhéal 3

Luachanna córa Leibhéal 3 a réiteach

Cuirtear i láthair sna táblaí seo a leanas na hathruithe ar ionstraimí Leibhéal 3 ([26]) le haghaidh na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2023 agus an 31 Nollaig 2022:

(in EUR 000)

	Scaireanna agus urrúis toraidh athraithigh eile
Iarmhéid an 1 Eanáir 2023	**797 341**
Gnóthachain nó caillteanais a áirítear i mbrabús nó caillteanas:	
Dí-aithint an choigeartaithe luacha chóir i ngeall ar dhíolacháin	-
Athrú glanluacha chóir ar scaireanna agus ar urrúis toraidh athraithigh eile	- 15 142
Iomlán	**- 15 142**
Eisíocaíochtaí	101 100
Aisíocaíochtaí	- 32 560
Difríochtaí i rátaí malairte eachtraí	- 30 026
Iarmhéid an 31 Nollaig 2023	**820 713**

(in EUR 000)

	Scaireanna agus urrúis toraidh athraithigh eile
Iarmhéid an 1 Eanáir 2022	**697 631**
Gnóthachain nó caillteanais a áirítear i mbrabús nó caillteanas:	
Dí-aithint an choigeartaithe luacha chóir i ngeall ar dhíolacháin	99

([26]) cuirtear iasachtaí arna dtomhas ag FVTPL i láthair i Nóta 7.

(in EUR 000)

	Scaireanna agus urrúis toraidh athraithigh eile
Athrú glanluacha chóir ar scaireanna agus ar urrúis toraidh athraithigh eile	9 172
Iomlán	**9 271**
Eisíocaíochtaí	139 935
Aisíocaíochtaí	- 74 959
Difríochtaí i rátaí malairte eachtraí	25 463
Iarmhéid an 31 Nollaig 2022	**797 341**

In 2023 agus 2022 ní dhearna an tSaoráid aistrithe amach as Leibhéal 3 den ordlathas luacha chóir nó isteach ann.

Anailís íogaireachta

Maidir leis na héifeachtaí ar acmhainní ranníocóirí na Saoráide agus ráiteas ar bhrabús nó ar chaillteanas agus ar ioncam cuimsitheach eile mar gheall ar athrú +/- 10 % ar luach infheistíochtaí cothromais dhírigh agus infheistíochtaí caipitil fiontair agus na hathróga eile uile á gcoimeád seasmhach is é EUR 82,1 milliún agus EUR – 82,1 milliún faoi seach amhail an 31 Nollaig 2023 (EUR 79,7 milliún agus EUR – 79,7 milliún faoi seach amhail an 31 Nollaig 2022) atá i gceist leo.

5 Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

Tá an t-airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim comhdhéanta den mhéid seo a leanas:

(in EUR 000)

	31.12.2023	31.12.2022
Airgead ar láimh	146 494	328 079
Taiscí téarma	625 403	963 004
Páipéir thráchtála	599 507	159 506
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim sa ráiteas sreafa airgid	**1 371 404**	**1 450 589**
Ús fabhraithe	5 420	1 381
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim sa ráiteas maidir le staid airgeadais	**1 376 824**	**1 451 970**

6 Ionstraimí airgeadais díorthacha

Is iad seo a leanas príomh-chomhpháirteanna na n-ionstraimí airgeadais díorthacha a aicmítear mar ionstraimí a shealbhaítear le haghaidh trádála:

(in EUR 000)

An 31 Nollaig 2023	Luach Cóir		Méid barúlach
	Sócmhainní	Dliteanais	
Babhtálacha trasairgeadra	9 983	-	43 250
Babhtálacha FX	45 782	-	1 640 000
Ionstraimí airgeadais díorthacha iomlána	**55 765**	-	**1 683 250**

(in EUR 000)

An 31 Nollaig 2022	Luach Cóir		Méid barúlach
	Sócmhainní	Dliteanais	
Babhtálacha rátaí úis tras-airgeadra	4 778	-	47 033
Babhtálacha FX	71 074	-	1 790 000
Ionstraimí airgeadais díorthacha iomlána	**75 852**	-	**1 837 033**

7 **Iasachtaí agus airleacain**

7.1 ***Iasachtaí agus airleacain***

Taispeántar leis an tábla seo a leanas an réiteach ó iarmhéid tosaigh go dtí iarmhéid deiridh na n-iasachtaí agus na n-airleacan:

(in EUR 000)

	Iasachtaí domhanda (*)	Iasachtaí sinsearacha	Iasachtaí fo-ordaithe	Iomlán
Méid ainmniúil iasachtaí ar chostas amúchta an 1 Eanáir 2023	**1 236 887**	**563 277**	-	**1 800 164**
Eisíocaíochtaí	154 587	11 986	-	**166 573**
Díscríobh	-	-	-	-
Aisíocaíochtaí	- 219 739	- 67 902	-	**- 287 641**
Ús atá caipitlithe	-	-	-	-
Difríochtaí i rátaí malairte eachtraí	- 73 614	- 12 024	-	**- 85 638**
Méid ainmniúil iasachtaí ar chostas amúchta an 31 Nollaig 2023	**1 098 121**	**495 337**	-	**1 593 458**
Lagú - liúntas caillteanais an 1 Eanáir 2023	**- 37 604**	**- 22 798**	-	**- 60 402**
Glanathruithe ECL ar feadh 12 mhí	- 287	- 92	-	**- 379**
Glanathruithe ECL feadh na saolré nach bhfuil fadhbanna creidmheasa aige	- 1 060	4 887	-	**3 827**
ECL feadh na saolré a bhfuil fadhbanna creidmheasa aige	-	-	-	-
Aisiompú ECL feadh na saolré a bhfuil fadhbanna creidmheasa aige	5 205	402	-	**5 607**
Difríochtaí i rátaí malairte eachtraí	1 348	402	-	**1 750**
Lagú - liúntas caillteanais an 31 Nollaig 2023	**- 32 398**	**- 17 199**	-	**- 49 597**
Iasachtaí agus airleacain ar chostas amúchta an 31 Nollaig 2023	**1 065 723**	**478 138**	-	**1 543 861**
Méid ainmniúil iasachtaí ag FVTPL an 1 Eanáir 2023	**1 080**	**72 923**	**66 833**	**140 836**
Eisíocaíochtaí	-	37 092	3 572	**40 664**
Aisíocaíochtaí	-	- 514	-	**- 514**
Difríochtaí i rátaí malairte eachtraí	-	- 2 925	48	**- 2 877**
Méid ainmniúil iasachtaí ag FVTPL an 31 Nollaig 2023	**1 080**	**106 576**	**70 453**	**178 109**
Coigeartú luacha chóir an 1 Eanáir 2023	**- 1 080**	**- 26 420**	**- 17 732**	**- 45 232**

(in EUR 000)

	Iasachtaí domhanda (*)	Iasachtaí sinsearacha	Iasachtaí fo-ordaithe	Iomlán
Glanathrú FV	-	- 8 941	9	**- 8 932**
Difríochtaí i rátaí malairte eachtraí	-	378	-	**378**
Coigeartú luacha chóir an 31 Nollaig 2023	**- 1 080**	**- 34 983**	**- 17 723**	**- 53 786**
Iasachtaí agus airleacain ag FVTPL an 31 Nollaig 2023	-	**71 593**	**52 730**	**124 323**
Costas Amúchta	- 3 518	- 4 040	-	**- 7 558**
Ús	11 560	10 876	250	**22 686**
Iasachtaí agus airleacain an 31 Nollaig 2023	**1 073 765**	**556 567**	**52 980**	**1 683 312**

(*) Lena n–áirítear comhaontuithe gníomhaireachta

(in EUR 000)

	Iasachtaí domhanda (*)	Iasachtaí sinsearacha	Iasachtaí fo-ordaithe	Iomlán
Méid ainmniúil iasachtaí ar chostas amúchta an 1 Eanáir 2022	**1 260 960**	**549 115**	-	**1 810 075**
Eisíocaíochtaí	186 211	68 638	-	**254 849**
Aisíocaíochtaí	- 246 403	- 74 267	-	**- 320 670**
Difríochtaí i rátaí malairte eachtraí	36 119	19 791	-	**55 910**
Méid ainmniúil iasachtaí ar chostas amúchta an 31 Nollaig 2022	**1 236 887**	**563 277**	-	**1 800 164**
Lagú - liúntas caillteanais an 1 Eanáir 2022	**- 43 723**	**- 22 191**	-	**- 65 914**
Glanathruithe ECL ar feadh 12 mhí	- 7 009	- 750	-	- 7 759
Glanathruithe ECL feadh na saolré nach bhfuil fadhbanna creidmheasa aige	4 305	1 176	-	5 481
ECL feadh na saolré a bhfuil fadhbanna creidmheasa aige	-	- 393	-	- 393
Aisiompú ECL feadh na saolré a bhfuil fadhbanna creidmheasa aige	11 082	151	-	11 233
Difríochtaí i rátaí malairte eachtraí	- 2 259	- 791	-	- 3 050
Lagú - liúntas caillteanais an 31 Nollaig 2022	**- 37 604**	**- 22 798**	-	**- 60 402**
Iasachtaí agus airleacain ag costas amúchta an 31 Nollaig 2022	**1 199 283**	**540 479**	-	**1 739 762**
Méid ainmniúil iasachtaí ag FVTPL an 1 Eanáir 2022	**1 080**	**70 936**	**200 000**	**272 016**
Eisíocaíochtaí	-	5 644	-	**5 644**
Aisíocaíochtaí	-	- 4 544	- 133 167	**- 137 711**
Difríochtaí i rátaí malairte eachtraí	-	887	-	**887**

(in EUR 000)

	Iasachtaí domhanda (*)	Iasachtaí sinsearacha	Iasachtaí fo-ordaithe	Iomlán
Méid ainmniúil iasachtaí ag FVTPL an 31 Nollaig 2022	**1 080**	**72 923**	**66 833**	**140 836**
Coigeartú luacha chóir an 1 Eanáir 2022	**- 1 080**	**- 24 613**	**- 16 332**	**- 42 025**
Glanathrú FV	-	- 1 680	- 1 400	**- 3 080**
Difríochtaí i rátaí malairte eachtraí	-	- 127	-	**- 127**
Coigeartú luacha chóir an 31 Nollaig 2022	**- 1 080**	**- 26 420**	**- 17 732**	**- 45 232**
Iasachtaí agus airleacain ag FVTPL an 31 Nollaig 2022	-	**46 503**	**49 101**	**95 604**
Costas Amúchta	- 3 450	- 3 718	-	**- 7 168**
Ús	11 809	9 741	38	**21 588**
Iasachtaí agus airleacain an 31 Nollaig 2022	**1 207 642**	**593 005**	**49 139**	**1 849 786**

(*) Lena n-áirítear comhaontuithe gníomhaireachta

7.2 ***Lagú ar iasachtaí agus ar airleacain – Liúntais caillteanais***

(in EUR 000)

	2023 ECL feadh na saolré			
	Caillteanas creidmheasa ionchasach (ECL) ar feadh 12 mhí	ECL feadh na saolré nach bhfuil fadhbanna creidmheasa aige	ECL feadh na saolré a bhfuil fadhbanna creidmheasa aige	Iomlán
Iasachtaí agus airleacain ag costas amúchta				
Iarmhéid an 1 Eanáir 2023	**11 370**	**28 817**	**20 215**	**60 402**
Aistriú chuig ECL ar feadh 12 mhí	869	- 4 217	-	**- 3 348**
Aistriú chuig ECL feadh na saolré nach bhfuil fadhbanna creidmheasa aige	- 927	3 593	-	**2 666**
Glantomhas an liúntais caillteanais	- 993	- 4 333	- 2 873	**- 8 199**
Sócmhainní airgeadais nua arna dtionscnamh nó arna gceannach	1 470	1 188	-	**2 658**
Sócmhainní airgeadais atá dí-aitheanta	- 41	- 57	- 2 734	**- 2 832**
Difríochtaí i rátaí malairte eachtraí (*)	- 784	- 317	- 649	**- 1 750**
Iarmhéid an 31 Nollaig 2023	**10 964**	**24 674**	**13 959**	**49 597**

(in EUR 000)

	2022			
	ECL feadh na saolré			
	Caillteanas creidmheasa ionchasach (ECL) ar feadh 12 mhí	ECL feadh na saolré nach bhfuil fadhbanna creidmheasa aige	ECL feadh na saolré a bhfuil fadhbanna creidmheasa aige	Iomlán
Iasachtaí agus airleacain ag costas amúchta				
Iarmhéid an 1 Eanáir 2022	**3 565**	**33 268**	**29 081**	**65 914**
Aistriú chuig ECL ar feadh 12 mhí	2 293	- 7 061	-	**- 4 768**
Aistriú chuig ECL feadh na saolré nach bhfuil fadhbanna creidmheasa aige	- 489	3 160	-	**2 671**
Aistriú chuig ECL feadh na saolré a bhfuil fadhbanna creidmheasa aige	-	- 617	393	**- 224**
Glantomhas an liúntais caillteanais	4 101	- 2 472	- 6 045	**- 4 416**
Sócmhainní airgeadais nua arna dtionscnamh nó arna gceannach	1 878	1 670	-	**3 548**
Sócmhainní airgeadais atá dí-aitheanta	- 24	- 160	- 5 189	**- 5 373**
Difríochtaí i rátaí malairte eachtraí (*)	46	1 029	1 975	**3 050**
Iarmhéid an 31 Nollaig 2022	**11 370**	**28 817**	**20 215**	**60 402**

(*) Eisiatar gluaiseachtaí malairte eachtraí ó na suimeanna a thuairiscítear sa Ráiteas ar Bhrabús nó ar Chaillteanais agus ar Ioncam Cuimsitheach Eile chomh maith leis an Ráiteas maidir le hAthruithe ar Acmhainní Ranníocóirí.

8 **Scaireanna agus urrúis toraidh athraithigh eile**

Taispeántar leis an tábla seo a leanas an réiteach ón iarmhéid tosaigh go dtí an t-iarmhéid deiridh de na hInfheistíochtaí cothromais:

(in EUR 000)

	Cistí Caipitil Fiontair	Infheistíochtaí Cothromais Dhírigh	Iomlán
Costas amhail an 1 Eanáir 2023	**580 534**	**81 711**	**662 245**
Eisíocaíochtaí	101 100	-	**101 100**
Aisíocaíochtaí / díolacháin	- 32 560	-	**- 32 560**
Difríochtaí i rátaí malairte eachtraí	- 15 727	- 8 256	**- 23 983**
Costas amhail an 31 Nollaig 2023	**633 347**	**73 455**	**706 802**
Gnóthachain agus caillteanais neamhréadaithe amhail an 1 Eanáir 2023	**104 030**	**31 066**	**135 096**
Glanathrú ar ghnóthachain agus caillteanais neamhréadaithe	- 43 652	28 510	**- 15 142**
Dí-aithint an choigeartaithe luacha chóir mar gheall ar mhalartú cothromais	-	-	-
Difríochtaí i rátaí malairte eachtraí	- 683	- 5 360	**- 6 043**
Gnóthachain agus caillteanais neamhréadaithe amhail an 31 Nollaig 2023	**59 695**	**54 216**	**113 911**
Scaireanna agus urrúis toraidh athraithigh eile amhail an 31 Nollaig 2023	**693 042**	**127 671**	**820 713**

(in EUR 000)

	Cistí Caipitil Fiontair	Infheistíochtaí Cothromais Dhírigh	Iomlán
Costais an 1 Eanáir 2022	**493 161**	**77 478**	**570 639**
Eisíocaíochtaí	139 935	-	**139 935**
Aisíocaíochtaí / díolacháin	- 74 959	-	**- 74 959**
Babhtáil urrúis	-	3 598	**3 598**
Difríochtaí i rátaí malairte eachtraí	22 397	635	**23 032**
Costas an 31 Nollaig 2022	**580 534**	**81 711**	**662 245**
Gnóthachain agus caillteanais neamhréadaithe an 1 Eanáir 2022	**97 409**	**29 583**	**126 992**
Glanathrú ar ghnóthachain agus caillteanais neamhréadaithe	4 149	5 023	**9 172**
Dí-aithint an choigeartaithe luacha chóir i ngeall ar dhíolacháin	-	- 3 499	**- 3 499**
Difríochtaí i rátaí malairte eachtraí	2 472	- 41	**2 431**
Gnóthachain agus caillteanais neamhréadaithe an 31 Nollaig 2022	**104 030**	**31 066**	**135 096**
Scaireanna agus urrúis toraidh athraithigh eile an 31 Nollaig 2022	**684 564**	**112 777**	**797 341**

9 **Méideanna is infhaighte ó ranníocóirí**

Na méideanna de EUR 85,3 milliún (2022: EUR 85.3 milliún) is infhaighte ó ranníocóirí, tá siad comhdhéanta go hiomlán de ranníocaíocht na mBallstát atá glaoite ach nach bhfuil íoctha.

10 **Sócmhainní airgeadais cisteáin**

Tá an phunann chisteáin comhdhéanta de bhannaí luaite lena ngabhann aibíocht iarmhair is lú ná 3 mhí ar an dáta tuairiscithe. Taispeántar leis an tábla seo a leanas gluaiseachtaí na punainne cisteáin:

(in EUR 000)

Iarmhéid an 1 Eanáir 2023	**73 003**
Éadálacha	348 523
Aibíochtaí	- 421 278
Athrú ar amúchadh na préimhe/lascaine	- 248
Athrú ar ús fabhraithe	-
Iarmhéid an 31 Nollaig 2023	-

(in EUR 000)

Iarmhéid an 1 Eanáir 2022	-
Éadálacha	920 290
Aibíochtaí	- 847 608
Athrú ar amúchadh na préimhe/lascaine	247
Athrú ar ús fabhraithe	74
Iarmhéid an 31 Nollaig 2022	**73 003**

11 **Sócmhainní eile**

Is iad seo a leanas príomh-chomhpháirteanna na sócmhainní eile:

(in EUR 000)

	31.12.2023	31.12.2022
Méid is infhaighte ó BEI	616	940
Ráthaíochtaí airgeadais	-	10
Iomlán na sócmhainní eile	**616**	**950**

12 **Ioncam iarchurtha**

Tá príomh-chomhpháirteanna an ioncaim iarchurtha mar a leanas:

(in EUR 000)

	31.12.2023	31.12.2022
Fóirdheontas úis iarchurtha	47 313	51 498
Coimisiúin iarchurtha ar iasachtaí agus ar airleacain	1 202	919
Ioncam iarchurtha iomlán	**48 515**	**52 417**

13 **Forálacha maidir le gealltanais iasachta**

Taispeántar leis na táblaí seo a leanas an réiteach ón iarmhéid tosaigh go dtí an t-iarmhéid deiridh den liúntas caillteanais le haghaidh iasachtaí neamh-eisíoctha (gealltanais iasachta):

(in EUR 000)

	2023			
	Caillteanas creidmheasa ionchasach (ECL) ar feadh 12 mhí	ECL feadh na saolré nach bhfuil fadhbanna creidmheasa aige	ECL feadh na saolré a bhfuil fadhbanna creidmheasa aige	Iomlán
Gealltanais iasachta				
Iarmhéid an 1 Eanáir	**4 825**	**11 758**	-	**16 583**
Aistriú chuig ECL feadh na saolré nach bhfuil fadhbanna creidmheasa aige	- 163	1 955	-	**1 792**
Glantomhas an liúntais caillteanais	466	8 206	-	**8 672**
Sócmhainní airgeadais nua arna dtionscnamh nó arna gceannach	- 1 295	- 1 461	-	**- 2 756**
Sócmhainní airgeadais atá dí-aitheanta	- 1 120	- 4 118	-	**- 5 238**
Difríochtaí i rátaí malairte eachtraí	2	- 17	-	**- 15**
Iarmhéid an 31 Nollaig	**2 715**	**16 323**	-	**19 038**

(in EUR 000)

	2022			
	Caillteanas creidmheasa ionchasach (ECL) ar feadh 12 mhí	ECL feadh na saolré nach bhfuil fadhbanna creidmheasa aige	ECL feadh na saolré a bhfuil fadhbanna creidmheasa aige	Iomlán
Gealltanais iasachta				
Iarmhéid an 1 Eanáir	**1 693**	**14 909**	-	**16 602**
Aistriú chuig ECL feadh na saolré nach bhfuil fadhbanna creidmheasa aige	- 302	4 687	-	**4 385**
Glantomhas an liúntais caillteanais	3 147	- 6 797	-	**- 3 650**
Sócmhainní airgeadais nua arna dtionscnamh nó arna gceannach	428	354	-	**782**
Sócmhainní airgeadais atá dí-aitheanta	- 142	- 1 395	-	**- 1 537**
Difríochtaí i rátaí malairte eachtraí	1	-	-	**1**
Iarmhéid an 31 Nollaig	**4 825**	**11 758**	-	**16 583**

14 **Méideanna atá dlite do thríú páirtithe**

Is iad seo a leanas na príomh-chomhpháirteanna de mhéideanna atá dlite do thríú páirtithe:

(in EUR 000)

	31.12.2023	31.12.2022
Glanchaiteachais riaracháin ghinearálta is iníoctha le BEI	29 655	33 628
Méideanna eile is iníoctha le BEI	39 384	1 460
Fóirdheontais úis agus TA nach bhfuil eisíoctha go fóill agus atá dlite do na Ballstáit	358 789	155 839
Méideanna iomlána atá dlite do thríú páirtithe	**427 828**	**190 927**

15 **Dliteanais eile**

Is iad seo a leanas príomh-chomhpháirteanna na ndliteanas eile:

(in EUR 000)

	31.12.2023	31.12.2022
Aisíocaíochtaí iasachta a fhaightear roimh ré	2 727	1 790
Ioncam iarchurtha ó fhóirdheontais úis	611	629
Iomlán na ndliteanas eile	**3 338**	**2 419**

16 **Ranníocaíocht na mBallstát glaoite (in EUR 000)**

Ballstáit	Ranníocaíocht leis an tSaoráid	Ranníocaíocht le fóirdheontais úis agus cúnamh teicniúil	Iomlán Ranníoctha	Glaoite gan a bheith íoctha (*)
An Ostair	94 677	20 161	114 838	2 398

Ballstáit	Ranníocaíocht leis an tSaoráid	Ranníocaíocht le fóirdheontais úis agus cúnamh teicniúil	Iomlán Ranníoctha	Glaoite gan a bheith íoctha (*)
An Bheilg	138 169	28 441	166 610	3 249
An Bhulgáir	2 660	1 361	4 021	219
An Chróit	1 126	969	2 095	225
An Chipir	1 566	750	2 316	112
Poblacht na Seice	9 697	4 961	14 658	797
An Danmhairg	77 279	16 633	93 912	1 980
An Eastóin	992	521	1 513	86
An Fhionlainn	55 115	12 364	67 479	1 509
An Fhrainc	818 754	159 285	978 039	17 813
An Ghearmáin	823 467	173 107	996 574	20 580
An Ghréig	50 271	12 130	62 401	1 507
An Ungáir	9 230	4 295	13 525	615
Éire	27 921	7 387	35 308	940
An Iodáil	470 233	104 875	575 108	12 530
An Laitvia	1 364	709	2 073	116
An Liotuáin	2 248	1 138	3 386	181
Lucsamburg	10 395	2 194	12 589	255
Málta	526	253	779	38
An Ísiltír	187 913	40 256	228 169	4 777
An Pholainn	24 591	12 537	37 128	2 007
An Phortaingéil	39 250	9 557	48 807	1 197
An Rómáin	7 734	4 200	11 934	718
An tSlóvaic	4 231	2 248	6 479	376
An tSlóivéin	3 137	1 507	4 644	225
An Spáinn	250 314	63 448	313 762	7 932
An tSualainn	102 760	23 561	126 321	2 939
An Ríocht Aontaithe	506 075	120 148	626 223	-
Iomlán an 31 Nollaig 2023	**3 721 695**	**828 996**	**4 550 691**	**85 321**
Iomlán an 31 Nollaig 2022	**3 701 695**	**548 996**	**4 250 691**	**85 321**

(*) An 15 Samhain 2023, shocraigh an Chomhairle méid na ranníocaíochtaí airgeadais a bhí le híoc ag gach Ballstát amhail ón 21 Eanáir 2024. Amhail an 31 Nollaig 2023 bhí EUR 85,3 milliún fós gan íoc.

17 **Ranníocaíochtaí na mBallstát arna n-íoc amach**

(in EUR 000)

	an Coimisiún Eorpach			An Ríocht Aontaithe	Iomlán
	ACC	Tíortha agus Críocha Thar Lear	Iomlán		
Ranníocaíochtaí na mBallstát arna n-íoc amach amhail an 1 Eanáir 2023	-	-	-	-	-
Athshreabha i ndáil leis an mbliain 2021	251 000	7 000	**258 000**	44 386	**302 386**
Athshreabha i ndáil leis an mbliain 2022	236 883	6 732	**243 615**	41 912	**285 527**
Ranníocaíochtaí na mBallstát arna n-íoc amach amhail an 31 Nollaig 2023	**487 883**	**13 732**	**501 615**	**86 298**	**587 913**

De réir an Chomhaontaithe Aistrithe, amhail ón mbliain 2023 agus go dtí an 31 Nollaig 2027, déanfaidh an tSaoráid an méid atá ar fáil d'Athshreabha Shaoráid ACC agus d'Athshreabha Shaoráid na dTíortha agus na gCríoch Thar Lear a aistriú go bliantúil chuig an gCoimisiún. EUR 1 000 milliún agus EUR 35 mhilliún faoi seach atá sa mhéid táscach atá ar fáil d'Athshreabha Shaoráid ACC agus d'Athshreabha Shaoráid na dTíortha agus na gCríoch Thar Lear. Ina theannta sin, aistreoidh an tSaoráid chuig an Ríocht Aontaithe na méideanna a chomhfhreagraíonn do sciar na Ríochta Aontaithe de na hAthshreabha sin atá ar fáil. Cuirtear i láthair sa tábla thuas na hAthshreabha a eisíocadh cheana féin.

18 **Gealltanais agus dliteanais theagmhasacha**

(in EUR 000)

	31.12.2023	31.12.2022
Gealltanais		
Iasachtaí neamh-eisíoctha	883 092	1 671 851
Gealltanas neamh-eisíoctha i leith scaireanna agus urrúis toraidh athraithigh eile	297 534	411 172
Ráthaíochtaí eisithe	985	-
Fóirdheontais úis agus cúnamh teicniúil	422 758	441 630
Dliteanais theagmhasacha		
Ráthaíochtaí neamheisithe sínithe	46 764	49 378
Gealltanais agus dliteanais theagmhasacha iomlána	**1 651 133**	**2 574 031**

19 **Ús agus ioncam agus caiteachais chomhchosúla**

Is iad seo a leanas príomh-chomhpháirteanna an úis agus an ioncaim chomhchosúil:

(in EUR 000)

	Ón 01.01.2023 go dtí an 31.12.2023	Ón 01.01.2022 go dtí an 31.12.2022
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	36 668	1 999
Iasachtaí agus airleacain	95 137	82 162

(in EUR 000)

	Ón 01.01.2023 go dtí an 31.12.2023	Ón 01.01.2022 go dtí an 31.12.2022
Fóirdheontais úis	10 029	9 625
Sócmhainní airgeadais cisteáin	3 584	-
Ionstraimí airgeadais díorthacha	2 918	-
Iomlán an úis agus an ioncaim chomhchosúil	**148 336**	**93 786**

Is iad seo a leanas príomh-chomhpháirteanna an úis agus na gcaiteachas comhchosúil:

(in EUR 000)

	Ón 1.1. 2023 go dtí an 31.12.2023	Ón 1.1. 2022 go dtí an 31.12.2022
Ionstraimí airgeadais díorthacha	-	– 5 080
Sócmhainní airgeadais cisteáin	-	- 399
Ús iomlán agus caiteachais chomhchosúla	-	**– 5 479**

20 **Ioncam agus caiteachais ó tháillí agus ó choimisiúin**

Is iad seo a leanas príomh-chomhpháirteanna an ioncaim ó tháillí agus ó choimisiúin:

(in EUR 000)

	Ón 1.1.2023 go dtí an 31.12.2023	Ón 1.1.2022 go dtí an 31.12.2022
Táillí agus coimisiúin ar iasachtaí agus ar airleacain	1	42
Táillí agus coimisiúin ar ráthaíochtaí airgeadais	24	469
Ioncam iomlán ó tháillí agus ó choimisiúin	**25**	**511**

Is iad seo a leanas príomh-chomhpháirteanna na gcaiteachas ó tháillí agus ó choimisiúin:

(in EUR 000)

	Ón 1.1.2023 go dtí an 31.12.2023	Ón 1.1.2022 go dtí an 31.12.2022
Coimisiún arna íoc le tríú páirtithe maidir le scaireanna agus le hurrúis toraidh athraithigh eile	- 62	- 761
Caiteachais iomlána ó tháillí agus ó choimisiúin	**- 62**	**- 761**

21 **Glantoradh ar scaireanna agus ar urrúis toraidh athraithigh eile**

Is iad seo a leanas príomh-chomhpháirteanna an ghlantoraidh ar scaireanna agus ar urrúis toraidh athraithigh eile:

(in EUR 000)

	Ón 1.1.2023 go dtí an 31.12.2023	Ón 1.1.2022 go dtí an 31.12.2022
Glanfháltais	130	35
Ioncam díbhinne	6 555	15 225
Glanathrú ar an luach cóir	- 15 142	9 172
Glantoradh ar scaireanna agus ar urrúis toraidh athraithigh eile	**- 8 457**	**24 432**

22 **Glantorthaí malairte eachtraí**

Is iad seo a leanas na príomh-chomhpháirteanna de na glantorthaí malairte eachtraí:

(in EUR 000)

	Ón 1.1.2023 go dtí an 31.12.2023	Ón 1.1.2022 go dtí an 31.12.2022
Athluacháil suíomhanna FX		
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	- 123	6 687
Ionstraimí airgeadais díorthacha	86 071	- 194 033
Iasachtaí agus airleacain	- 89 458	50 951
Scaireanna agus urrúis toraidh athraithigh eile	- 30 026	25 464
Eile	3 479	- 934
Iomlán na hathluachála suíomhanna FX	**- 30 057**	**- 111 865**
Torthaí réadaithe ar bhabhtálacha FX (costas fálaithe)	**- 37 828**	**- 28 239**
Glantoradh malairte eachtraí	**- 67 885**	**- 140 104**

23 **Caiteachais riaracháin ghinearálta**

Is éard is caiteachais riaracháin ghinearálta ann na costais iarbhír a thabhaigh BEI as an tSaoráid a bhainistiú lúide ioncam a gineadh ó tháillí breithmheasa caighdeánacha arna muirearú ag BEI do chliaint na Saoráide go díreach.

Amhail an 31 Nollaig 2023, is é an méid a bhí sa chostas riaracháin ginearálta iomlán EUR – 29,7 milliún (an 31 Nollaig 2022: EUR – 33,6 milliún).

24 **Rannpháirtíocht le heintitis struchtúrtha neamh-chomhdhlúite (in EUR 000)**

Sainmhíniú ar eintiteas struchtúrtha

Is éard is eintiteas struchtúrtha ann eintiteas a dearadh ar bhealach nach tosca ceannasacha a bheidh sna cearta vótála ná sna cearta comhchosúla maidir le cinneadh a dhéanamh faoi cé a rialóidh an t-eintiteas. Le IFRS 12 tugtar faoi deara gur minic a bhíonn roinnt de na gnéithe seo a leanas nó na gnéithe uile seo a leanas ag eintiteas struchtúrtha:

— Gníomhaíochtaí srianta;

— Cuspóir caol dea-shainithe, amhail léas a bheidh éifeachtúil ó thaobh cánach de a chur i bhfeidhm, taighde agus gníomhaíochtaí forbartha a dhéanamh, foinse chaipitil nó chistiúcháin a sholáthar d'eintiteas nó deiseanna infheistíochta a sholáthar d'infheisteoirí trí rioscaí agus luaíochtaí a thabhairt ar aghaidh d'infheisteoirí ar rioscaí agus luaíochtaí iad atá bainteach le sócmhainní an eintitis struchtúrtha;

— Cothromas neamh-leordhóthanach chun ceadú don eintiteas struchtúrtha a ghníomhaíochtaí a mhaoiniú gan tacaíocht airgeadais fho-ordaithe;

— Maoiniú i bhfoirm ilionstraimí a bhfuil nasc conarthach eatarthu d'infheisteoirí lena gcruthaítear comhchruinnithe creidmheasa nó rioscaí eile (tráinsí).

Eintitis struchtúrtha neamh-chomhdhlúite

Tagraíonn an téarma 'eintitis struchtúrtha neamh-chomhdhlúite' do gach eintiteas struchtúrtha nach bhfuil faoi rialú na Saoráide agus áirítear leis an téarma leasanna in eintitis struchtúrtha nach bhfuil comhdhlúite.

Sainmhíniú ar Leasanna in eintitis struchtúrtha:

Le IFRS 12 sainmhínítear 'leasanna' go leathan chun aon rannpháirtíocht chonarthach nó neamhchonarthach lena nochtar an t-eintiteas tuairiscithe don inathraitheacht ó thaobh torthaí de ó fheidhmíocht an eintitis a chur san áireamh. I measc na samplaí de leasanna den sórt sin tá sealbhú leasanna cothromais agus cineálacha eile rannpháirtíochta amhail cistiú a sholáthar, tacaíocht leachtachta, feabhsuithe creidmheasa, gealltanais agus ráthaíochtaí don eintiteas eile. Sonraítear le IFRS 12 nach gá go mbeidh leas ag eintiteas tuairiscithe in eintiteas eile díreach i ngeall ar ghnáthchaidreamh idir custaiméir agus soláthróir agus ar an gcúis sin amháin.

Tugtar tuairisc leis an tábla thíos ar na cineálacha eintiteas struchtúrtha nach gcomhdhlúthaíonn an tSaoráid ach a bhfuil leas aici iontu.

Cineál eintitis struchtúrtha	Cineál agus cuspóir	Ús arna shealbhú ag an tSaoráid
Maoiniú Tionscadail - iasachtaíocht d'Fheithiclí Sainchuspóireacha ('SPV')	Idirbhearta atá in Idirbhearta Maoiniúcháin Tionscadail (Oibríochtaí PF) i gcás ina mbraithfidh an tSaoráid, chun a fiachas a sheirbhísiú, ar iasachtaí a ngintear an t-aon fhoinse ioncaim dá chuid nó an phríomhfhoinse ioncaim dá chuid le sócmhainn amháin nó le líon teoranta sócmhainní atá á maoiniú le fiachas den sórt sin nó le sócmhainní eile atá ann cheana agus lena bhfuil nasc conarthach leis an tionscadal. Is minic a mhaoinítear oibríochtaí PF trí SPV.	Glanmhéideanna eisíoctha; Ioncam úis.
Oibríochtaí caipitil fiontair	Maoiníonn an tSaoráid cistí caipitil fiontair agus cistí infheistíochta. Comhthiomsaíonn agus bainistíonn cistí caipitil fiontair agus cistí infheistíochta airgead ó infheisteoirí atá ag lorg scaireanna cothromais phríobháidigh i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide ag a bhfuil acmhainneacht láidir fáis agus a thugann maoiniú do thionscadail bhonneagair.	Infheistíochtaí in aonaid/scaireanna arna n-eisiúint ag an eintiteas caipitil fiontair; Díbhinní arna bhfáil mar ioncam díbhinne.

Taispeántar leis an tábla thíos suimeanna glanluacha na n-eintiteas struchtúrtha na n-eintiteas struchtúrtha neamh-chomhdhlúite ina bhfuil leas ag an tSaoráid ar an dáta tuairiscithe, mar aon le huas-neamhchosaint na Saoráide ar chaillteanas i ndáil leis na heintitis sin. Áirítear leis an uas-neamhchosaint ar chaillteanas na suimeanna glanluacha agus na gealltanais neamh-eisíoctha gaolmhara.

		31.12.2023		31.12.2022	
Cineál eintitis struchtúrtha	Fotheideal	Suim ghlanluacha	Uas-neamhchosaint ar chaillteanas	Suim ghlanluacha	Uas-neamhchosaint ar chaillteanas
Cistí caipitil fiontair	Scaireanna agus urrúis toraidh athraithigh eile	693 042	725 781	684 564	1 091 122
Iomlán		**693 042**	**725 781**	**684 564**	**1 091 122**

Ní sholáthraíonn an tSaoráid aon tacaíocht d'eintitis struchtúrtha seachas an maoiniú faoi seach.

25 **2Imchlúdach maoiniúcháin an tionchair (in EUR 000)**

I Mí an Mheithimh 2013 d'fhormheas an Comhchoiste Aireachta idir ACC agus an tAontas Eorpach an prótacal airgeadais nua le haghaidh an 11[ú] Ciste Eorpach Forbraíochta (CEF), lenar cumhdaíodh an tréimhse 2014-2020.

Comhaontaíodh dearlaic nua EUR 500 milliún le haghaidh na Saoráide Infheistíochta, ar ar tugadh 'imchlúdach maoinithe tionchair' nó 'IFE', lenar cuireadh é ar a cumas don tSaoráid tacú le tionscadail lena ngealltar tionchar forbraíochta an-ard agus na rioscaí níos mó a bhaineann le hinfheistíochtaí den sórt sin á n-iompar ag an tSaoráid. Baineann féidearthachtaí nua leis an imchlúdach sin chun iasachtaíocht na Saoráide don earnáil phríobháideach a fheabhsú trí infheistíochtaí sna hionstraimí seo a leanas:

Cistí cothromais a bhfuil tionchar sóisialta acu - á gcur chun cinn ag pobal atá ag teacht chun cinn de bhainisteoirí cistí cothromais phríobháidigh a chuireann maolú na saincheisteanna sóisialta nó comhshaoil ag croílár straitéis infheistíochta a gcistí ach lena ndírítear fós ar an inbhuanaitheacht ar leibhéil an chiste agus a institiúidí infheistiúcháin araon.

Iasachtaí d'idirghabhálaithe airgeadais - (e.g. institiúidí micreamhaoiniúcháin, bainc áitiúla agus comharchumainn) a oibríonn i dtíortha ACC nach féidir le BEI maoiniú iontu a bhreithniú - go háirithe san airgeadra áitiúil - faoi na treoirlínte atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le riosca creidmheasa, e.g. i ngeall ar ardrioscaí sa tír, luaineacht an airgeadra nó easpa tagarmharcanna praghsála. Is é príomhchuspóir na n-iasachtaí sin tionscadail a chistiú ag a bhfuil ardtionchar forbraíochta, go háirithe i réimse na tacaíochta do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga (MSEnna) agus don talmhaíocht, réimsí nach mbíonn incháilithe le haghaidh maoiniúcháin na Saoráide de ghnáth.

Ionstraimí lena n-éascaítear comhroinnt rioscaí - ar ionstraimí iad a bhíonn i bhfoirm ráthaíochtaí céadchaillteanais ('píosaí céadchaillteanais') lena n-éascaítear oibríochtaí comhroinnte riosca de chuid BEI le hidirghabhálaithe airgeadais áitiúla (bainc thráchtála go príomha) chun leasa FBManna agus tionscadal beag nach ndéantar freastal mar is cóir orthu agus a chomhlíonann na Critéir maidir le Maoiniú Tionchair i gcásanna inar sainaithaíodh bearna sa mhargadh i ndáil le rochtain ag FBManna/tionscadail bheaga ar mhaoiniú. Cheapfaí struchtúr na bpíosaí céadchaillteanais mar fhrithráthaíocht i bhfabhar tráinsí ráthaíochta sinsearaí arna gcistiú ag BEI - faoin tSaoráid Infheistíochta - agus ag Institiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta/Institiúidí Airgeadais Forbraíochta eile, rud lena ngintear éifeacht ghiarála shubstaintiúil.

Maoiniú díreach - trí fhiachas (i.e. iasachtaí) nó ionstraimí cothromais i dtionscadail ag a bhfuil tionscnóirí fónta a bhfuil taithí agus ardtionchair ó thaobh na forbraíochta de acu, ach lena mbainfidh, áfach, ionchais níos airde maidir le caillteanais agus le deacrachtaí chun an infheistíocht a aisghabháil (riosca de chineál cothromais lena mbaineann ionchas níos airde ná an t-ionchas a bhíonn i gceist de ghnáth maidir le caillteanais). Cuireann BEI critéir roghnúcháin agus incháilitheachta dhochta i bhfeidhm le haghaidh na hionstraime sin, toisc gurb amhlaidh leis na tionscadail sin, d'ainneoin a n-ardtionchair forbraíochta, nach mbeidís in ann critéir maoiniúcháin inghlactha a chomhlíonadh (i.e. ionchas íseal go n-aisghabhfar an infheistíocht nó go ndéanfar na caillteanais a fhritháireamh trí rátaí úis / thorthaí cothromais).

Le IFE ceadaítear éagsúlú a dhéanamh chun earnálacha nua a chuimsiú freisin, amhail sláinte agus oideachas, talmhaíocht agus slándáil bia, agus ionstraimí nuálacha nua a fhorbairt chun rioscaí a chomhroinnt. In 2016, méadaíodh inniúlacht maoiniúcháin IFE go dtí EUR 800 milliún trí chuid d'IFE a cheapadh ina chuid imrothlach.

Ó thaobh cúrsaí airgeadais agus cuntasaíochta de, is cuid de phunann na Saoráide é IFE agus tugtar cuntas air i ráitis airgeadais bhliantúla fhoriomlána na Saoráide.

Léirítear sa tábla seo a leanas na suimeanna glanluacha agus na méideanna atá geallta, ach neamh-eisíoctha, de réir an chineáil sócmhainne:

Cineál infheistíocht IFE	Fotheideal	Tomhas	Oll-luach de réir na leabhar amhail an 31.12.2023	Liúntas caillteanais / Méid coigeartaithe FV amhail an 31.12.2023	Suim ghlanluacha amhail an 31.12.2023	Méid neamh-eisíoctha amhail an 31.12.2023	Méid coigeartaithe ECL lasmuigh den chlár comhardaithe amhail an 31.12.2023
Iasachtaí d'idirghabhálaithe airgeadais	Iasachtaí agus airleacain	Costas amúchta	73 423	- 1 522	71 901	7 749	- 334
Oibríochtaí iasachta dírí	Iasachtaí agus airleacain	FVTPL	152 155	- 58 759	93 396	68 288	-

Cineál infheistíocht IFE	Fotheideal	Tomhas	Oll-luach de réir na leabhar amhail an 31.12.2023	Liúntas caillteanais / Méid coigeartaithe FV amhail an 31.12.2023	Suim ghlanluacha amhail an 31.12.2023	Méid neamh-eisíoctha amhail an 31.12.2023	Méid coigeartaithe ECL lasmuigh den chlár comhardaithe amhail an 31.12.2023
Cistí cothromais a bhfuil tionchar sóisialta acu	Scaireanna agus urrúis toraidh athraithigh eile	FVTPL	110 572	9 936	120 508	58 572	-
Rannpháirtíochtaí cothromais dhírigh	Scaireanna agus urrúis toraidh athraithigh eile	FVTPL	58 889	41 490	100 379	14	-
Ionstraimí lena n-éascaítear comhroinnt rioscaí	Ráthaíochtaí eisithe	an ceann is airde ó thaobh cur chuige de (*)	-	-	-	44 264	-
Iomlán			**395 039**	**- 8 855**	**386 184**	**178 887**	**- 334**

(*) Chun mionsonraí a fháil, féach ar an roinn 'tomhas dá éis sin' de Nóta 2.4.3.

Cineál infheistíocht IFE	Fotheideal	Tomhas	Oll-luach de réir na leabhar an 31.12.2022	Liúntas caillteanais/Méid coigeartaithe FV amhail an 31.12.2022	Suim ghlanluacha an 31.12.2022	Méid neamh-eisíoctha an 31.12.2022	Méid coigeartaithe ECL lasmuigh den chlár comhardaithe an 31.12.2022
Iasachtaí d'idirghabhálaithe airgeadais	Iasachtaí agus airleacain	Costas amúchta	79 778	- 3 454	76 324	64 345	- 632
Oibríochtaí iasachta dírí	Iasachtaí agus airleacain	FVTPL	104 709	- 45 224	59 485	67 215	-
Cistí cothromais a bhfuil tionchar sóisialta acu	Scaireanna agus urrúis toraidh athraithigh eile	FVTPL	94 385	23 802	118 187	79 393	-
Rannpháirtíochtaí cothromais dhírigh	Scaireanna agus urrúis toraidh athraithigh eile	FVTPL	59 429	26 939	86 368	14	-
Ionstraimí lena n-éascaítear comhroinnt rioscaí	Ráthaíochtaí eisithe	an ceann is airde ó thaobh cur chuige de (*)	-	-	-	46 878	-
Iomlán			**338 301**	**2 063**	**340 364**	**257 845**	**- 632**

(*) Chun mionsonraí a fháil, féach ar an roinn 'tomhas dá éis sin' de Nóta 2.4.3.

Tá Prionsabail an tSainordaithe Ghinearálta maidir le Riosca á gcur i bhfeidhm ag BEI i leith oibríochtaí iasachta dírí de chuid IFE (gan Iasachtaí d'idirghabhálaithe airgeadais a áireamh), mar a bheartaítear i dTreoirlínte BEI maidir le Rioscaí Creidmheasa agus Cothromais, agus chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le hoibríochtaí iasachta dírí de chuid IFE ar bhonn a luacha chóir. De réir na modheolaíochta, comhlíonann an Banc Measúnú Riosca Cáilíochtúil (QRA) ag a bhfuil sé d'aidhm measúnú a dhéanamh ar fhóntacht na réasúnaíochta infheistíochta agus ar inmharthanacht inchreidte oibríochtaí den sórt sin ó thaobh gnó de.

26 **Faisnéis a nochtadh maidir le páirtithe gaolmhara**

Shainaithin an tSaoráid BEI mar pháirtí gaolmhar i gcomhthéacs IAS 24, ós rud é gur thug Ballstáit an Aontais sainordú do BEI an tSaoráid a bhainistiú i gcomhréir le forálacha an chreata dhlíthiúil is infheidhme, lena n-áirítear faireachán a dhéanamh ar a cuid oibríochtaí go dtí go ndéanfar aisíocaíocht iomlán, agus toisc go soláthraíonn sé príomhsheirbhísí pearsanra bainistíochta (Coiste Bainistíochta BEI agus Coiste Iniúchóireachta BEI). I ndáil leis sin, tá BEI i dteideal a chostais iarbhír arna dtabhú chun an tSaoráid a bhainistiú lúide an t-ioncam a ghintear ó tháillí meastóireachta caighdeánacha a ghearrann BEI go díreach ar chliaint na Saoráide a aisghabháil. Chun tuilleadh sonraí a fháil maidir le luach saothair, féach Nóta 23.

27 **Teagmhais dá éis sin**

Níor tharla aon teagmhas ábhartha tar éis dháta an chláir chomhardaithe lena gceanglófaí coigeartú a dhéanamh, ná aon ní a nochtadh, sna ráitis airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023.

I gcomhthéacs ionradh na Rúise ar an Úcráin agus a iarmhairtí eacnamaíocha níos leithne, leanann an Banc de dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar an gcás go háirithe mar chuid den athbhreithniú ar an teagmhas dá éis.